

# Treoirleabhar Acmhainne don Fhoghlaim Teaghlaigh

Tionscnamh Foghlama  
Teaghlaigh, Co. an Chláir



Treoirleabhar  
Acmhainne  
don  
**Fhoghlaim**  
**Teaghlaigh**

Tionscnamh Foghlama  
Teaghlaigh, Co. an Chláir

## Treoirleabhar Acmhainne don Foghlaim Teaghlaigh

Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir,  
Láirionad Oideachais Aosaigh agus Phobail,  
Páirc Ghnó Clonroad, Inis, Co. an Chláir.  
Teil. (065) 6824819

Suíomh Idirlín: <http://homepage.eircom.net/~famlearn>

© Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh, Co. an Chláir  
© Selected reading; Na scríbhneoirí

An chéad chló i mbÉarla ag Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir

Clóbhailte in Éirinn ag: Snap Printing,  
16 Briarhill Business Park,  
Ballybrit, Galway.

Dearadh: Avril Cairns  
AViD Graphic Design  
Luimneach.

Léaráidí: Niav Murphy

Ábhar scríofa ag Jan Godfrey  
agus eager curtha air ag: Moira Greene

Le cuidiú ó: Loretta Hughes  
Dara MacAleer  
Pauline Murphy  
Mary Reid

Aistriúchán Gaeilge: Antain Mac Lochlainn  
Áine Úí Foghlú

Profáil an leagain Ghaeilge: Séamas Ó Murchú

Typists: Niamh Ní Mhuirchú  
Aoife O'Mahoney  
Máirín Úí Niaidh (leagan Gaeilge)

Comhordaitheoir Photopak: Maura Dempsey  
Fótagrafaíocht: Aidan Sweeney

Photopak clóbhailte ag: Ryle Printers  
Eastát Tionsclaíoch Chluain Dolcáin,  
Baile Átha Cliath 22

Gach ceart ar cosaint. Tá cosaint ar an bhfoilseachán seo in Éirinn ag an Acht um Chóipcheart, 1963, agus i dtíortha eile ag reachtaíocht den chineál céanna. Is féidir cead a bhronnadh codanna áirithe den treoirleabhar seo a fhoilsíú lena n-úsáid i gclár foghlama teaghlaigh. Téigh i dteagmháil, más é do thoil é, le Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir le sonraí a fháil.

## Treoirleabhar Acmhainne don Fhoghlaim Teaghlaigh

Faigheann Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir urraíocht ó:

Coiste Gairmoideachais an Chláir  
Scéim Scríbhneoireachta agus Léitheoireachta an Chláir

Dearadh agus táirgeadh an Pacáste Acmhainne d'Fhoghlaim Teaghlaigh ón Chiste Dubuis, Congregation of the Sisters of Charity of the Incarnate Word, Houston, Texas, SAM.

Faigheann an foilseachán seo tacaíocht ó Fhostaíocht Phobail FÁS agus faigheann sé maoiniú ón Aontas Eorpach.

Fuair an tionscadal deontas sa tréimhse 1995-1997 ó Scéim Fhostaíochta an AE Integra (ar tugadh Horizon air roimhe seo).

Maoiníodh an obair phíolótach ag Bliain Idirnáisiúnta an Teaghlaigh, 1994.

Bainisteoir Tionscadail: Dr. Seán Conlan, Eagraitheoir Oideachais Aosaigh, CGE an Chláir

Foireann Tionscadail: Jan Godfrey, Comhordaitheoir Foghlama Teaghlaigh  
Mary Reid, Comhordaitheoir Foghlama Teaghlaigh 1996-1997  
Maura Dempsey, Comhordaitheoir Photopak  
Moira Greene, Eagraitheoir Litearthachta Aosaí  
Loretta Hughes, Oide Acmhainne  
Pauline Murphy, Oide  
Maura O'Connell, ball fairne 1996-1997

Coiste Comhairleach: Sr. Geraldine Collins, Teiripí Teaghlaigh, Bord Sláinte an Láriarthair  
Mr. Michael Connolly, Cigire Scoile, Inis,  
Mr. John Gilmartin, Comhairleoir Scoile, Pobalscoil Inis,  
Sr. Cecilia Guinane, Oifigeach Ceangail Baile-Scoil,  
Coláiste Mhuire,  
Mr. Pat Hanrahan, Oide, Scoil Chríost Rí, Cloughleigh,  
Dr. Kyran Kennedy, , Stiúrthóir, Lárionad Oideachais an Chláir.

## Focal Buíochais

Is de thoradh mórán uaireanta an chloig comhoibrithe le daoine aonair, teachlaigh, scoileanna, eagraíochtaí, áisíneachtaí agus gnóthaí áitiúla a tháinig an Pacáiste Acmhainne don Fhoghlaím Teaghlaigh ar an saol. Is mian le bainisteoir agus le foireann oibre Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir buíochas ó chroí a ghabháil leo seo a leanas as a gcabhair leis an tionscnamh:

An tOllamh Peter Hannon, Ph.D, Ollscoil Sheffield as ar thug sé de spreagadh agus de thacaíocht fhial don tionscnamh.

Andrea Mearing, Stiúrthóir, *Learning Together*, Norfolk agus an foireann agus na tuismitheoirí as ucht a gcuid comhairle agus moltaí.

An tSiúr Ignatia O'Driscoll ó Shiúracha na Carthanachta don Focal Ionchollaithe, as an tsuim a léirigh sí agus an spreagadh a thug sí don tionscnamh.

Na húdair, na heagarthóirí agus na foilsitheoirí a thug cead dúinn roinnt sleachta a chur i gcló.

Mary Lyons, Maor CE, agus a comhghleacaithe ag an Ionad Oideachais Aosach & Pobail as a gcuid moltaí cuiditheacha, a gcabhair le clósriobh agus léamh profaí agus a gcuid focal molta i rith an tionscnaimh.

Eagraithe agus oidí litearthacht aosach ó scéimeanna litearthachta mórrhimpeall na tíre a ghlac páirt i gceardlanna traenála píolótacha agus a chuir a dtuairimí ar fáil.

Scoileanna, áisíneachtaí, eagraíochtaí agus tuismitheoirí i gCo. an Chláir a chabhraigh le tionscnaimh phíolótacha le cúig bliana anuas, go háirithe an tSr. Mary McMahon agus Kathleen Redmond, Scoil Náisiúnta Naomh Seanán i gCill Rois agus tuismitheoirí na háite a thug tacáiocht agus a ghlac páirt sa chéad chúrsa foghlama teaghlaigh i gCo. an Chláir.

Jane Mohally, Karen McCarthy agus an foireann agus na páistí go léir ag an Ionad Acmhainne do Chúram Leanaí sa Chláir, Inis.

Tuismitheoirí, seantuismitheoirí, páistí agus daoine eile a d'oibrigh go foighneach le foireann Photopak.

Seirbhísí in Inis a chuir a gcuid oifigí ar fáil d'foireann Photopak: Banc AIB, An Post, Banc na hÉireann, Cruaearraí Brohan, Bus Éireann agus Iarnród Éireann, Scoil Náisiúnta na mBráithre Críostaí, Leabharlann de Valera, Dunnes Stores, An Láirionad Dóiteán, Mearbhia Enzo, Sr. Pharnell, Siopa Fitzpatrick, Br. na Tuláí, Bácús O'Connor, Siopa Leabhar O'Mahony, Paperchase, Xtra-vision.

Gnóthaí, áisíneachtaí agus eagraíochtaí eile a chabhraigh le Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir ar bhealaigh eile le cúig bliana anuas.

## Réamhrá

Is mór an pléisiúr é a bheith bainteach le cur le chéile an Phacáiste Acmhainne don Fhoghlaím Teaghlaigh. Is de thoradh mórán blianta oibre ar an láthair agus taighde ag foireann dhíograiseach d'oibrithe a tháinig an Pacáiste seo ar an saol. Is beag a ceapadh agus túis á chur leis an togra seo sna laethanta tosaigh in iarthar an Chláir i 1994 go mbeadh seasamh chomh docht is atá inniu ag foghlaim teaghlaigh in Éirinn i réimse an Aosoideachais leis an bhfoilseachán nua seo, agus is le cabhair airgid ó Integra do 'Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir' (1996-1997) a cuireadh é seo i gcrích.

Chuir Coiste Gairmoideachais an Chláir agus an Scéim Léitheoireachta & Scríbhneoireachta do Cho. an Chláir suim i bhfoghlaím teaghlaigh mar thoradh ar mhórán fiosruithe ó aosfhoghlaimeoirí litearthacha agus comhairle á lorg acu maidir le tacú le forbairt oideachasúil a bpáistí féin. Tar éis cúig bliana tá sé soiléir go raibh firinne sa chéad léargas maidir leis an gceangal ó ghlúin go glúin a bhaineann le litearthacht agus an cumas atá ann do ról na dtuismitheoirí san fhoghlaím.

Déanann na fiontair fhoghlama teaghlaigh, a bhíonn ag obair le páistí agus tuismitheoirí araon, iarracht aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí eadar-ghlún a bhaineann le míbhuntáistí oideachasúla. Cuirtear chuige ón dtuismitheoir/caomhnóir go dtí an leanbh. Tá an Pacáiste Acmhainne don Fhoghlaím Teaghlaigh bunaithe ar phrionsabail agus ar chleachtais aosoideachais, maraon le taithí na múinteoirí réamh-scoile agus bunscoile, agus rannpháirtíocht na dtuismitheoirí.

Táim cinnte go gcabhróidh foilsíú an Phacáiste Acmhainne don Fhoghlaím Teaghlaigh agus an Treoirleabhar Acmhainne a bhaineann leis, na leabhair shaothair do thuismitheoirí, an bunPhotopak, leabhar scéalaíochta agus an póstaer go mór le hobair d'eagraíochta agus aghaidh á tabhairt agaibh ar na ceisteanna eadar-ghlún atáanois chomh soiléir sin san obair bhunúsach oideachasúil.




Dr. Seán Conlan  
Eagraitheoir Aosoideachais  
CGO an Chláir

Clár	Leathanach
<b>Réamhrá</b>	<b>10-26</b>
<b>1 Ag Tosnú</b>	<b>27-42</b>
<b>2 Múinteoir gach Tuismitheoir</b>	<b>43-60</b>
<b>3 Labhraímis faoi...</b>	<b>61-82</b>
<b>4 Rannta, amhráin agus dánta</b>	<b>83-100</b>
<b>5 Scéalaíocht</b>	<b>101-122</b>
<b>6 Leabhair a léamh le chéile</b>	<b>123-142</b>
<b>7 An cló timpeall orainn</b>	<b>143-162</b>
<b>8 Fonn scríbhneoireachta</b>	<b>163-190</b>
<b>9 An ghnáthscríbhneoreacht</b>	<b>191-208</b>
<b>10 Gafa le Mata</b>	<b>209-228</b>
<b>11 Ag spraoi le mata</b>	<b>229-250</b>
<b>12 Leabhar a dhéanamh</b>	<b>251-268</b>
<b>13 Ceann cursa</b>	<b>269-284</b>
<b>14 Ag déanamh ceangal</b>	<b>285-298</b>
<b>Léitheoireacht roghnaithe</b>	<b>299-338</b>

Réamhrá

## TIMPEALL AN TI

TREASA NÍ AILPÍN



FEARHAS MAC LOCHLAINN  
a rinne na pictiúr



## Clár

Lch.

Ó litearthacht teaghlaigh go foghlaim teaghlaigh

10-19

Cad is litearthacht teaghlaigh ann? 10

Ag fiosrú fréamhacha na litearthachta 11

Modhanna litearthacht teaghlaigh 15

Litearthacht teaghlaigh in Éirinn 16

Ag forbairt an Phacáiste Acmhainne  
d'Fhoghlaim Teaghlaigh

20-26

Ag cur dea-chleachtais chun cinn 20

Cad atá sa Phacáiste Acmhainne don Foghlaim Teaghlaigh? 21

Smaointe d'úsáid an Phacáiste Acmhainne  
don Foghlaim Teaghlaigh 24

Siombailí 26



## Ó litearthacht teaghlaigh go foghlaim teaghlaigh

### Cad is litearthacht teaghlaigh ann?

Ina leabhar *Family Literacy: Young Children Learning to Read and Write*, chuir Denny Taylor (1983) inár láthair an nath litearthacht teaghlaigh mar bhealach le cur síos a dhéanamh ar chleachtais léitheoireachta agus scríbhneoireachta a thug sí faoi deara le linn di a bheith ag déanamh staidéir eitneagrafaíoch ar shé theaghlaich Meiriceánacha ar feadh trí bliana. Thug taighde Taylor faoi deara go háirithe na bealaí ina dtosnaíonn páistí óga ag léamh agus ag scríobh agus iad ag fiosrú agus ag aithris gníomhaíochtaí sóisialta laethúla. Chuir Taylor fianaise ar fáil freisin a thaispeáineann go mbíonn tionchar ar thaithí litearthachta scoile ag cleachtais aonair an teaghlaigh.

Ó shin i leith úsáidtear an téarma litearthacht teaghlaigh mar mhórthéarma chun cur síos a dhéanamh ar réimse leathan de chláir litearthachta go mbíonn fócas eadar-ghlún acu ina ndearadh agus ina gcur i láthair. Cé go mbaineann buntomhas aosach-leanbh leis na cineálacha seo clár, d'fhéadfadh gur seantuismitheoir, deartháir/deirfiúr níos sine nó cúnntóir múinteora chomh maith le tuismitheoir a bheadh i gceist. Sé an fócas a bhíonn ag na cláir seo, mar shampla *Read Aloud Parent Clubs* nó *StaR (Story Telling and Retelling)* ná na deiseanna atá ann do pháistí le leabhair a léamh agus labhairt faoi scéalta, a mhéadú. (Dickinson, 1994)

Go háirithe, úsáidtear an téarma litearthacht teaghlaigh chun cur síos a dhéanamh ar chineál ar leith fiontar cláir, a dhéanann iarracht deireadh a chur leis an dteip scolaíochta ó ghlúin go glúin agus an easpa oideachais tríd an fócas a chur ar thuismitheoirí agus ar pháistí ag an am céanna, agus scileanna bunúsacha aosacha agus luathoideachas do leanaí á gcur ar fáil. Cuirtear béim sna cláir litearthachta teaghlaigh seo ar gurb iad na tuismitheoirí na chéad mhúinteoirí agus gurb iad is tábhactaí agus gur cheart iad a spreagadh agus tacú leo sa ról seo. Cuid lárnach de chláir litearthachta teaghlaigh é forbairt a dhéanamh ar fhíorpháirtnéireachtaí idir na páistí, na tuismitheoirí agus na múinteoirí, rud a chabhróidh leis an gcumas foghlama baile agus scoile.

Sé a bhíonn mar aidhm ag clár litearthachta bunaithe ar an modh seo ná:

- \* feabhas a chur ar scileanna agus ar dhearcadh thuismitheoirí atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil;
- \* feabhas a chur ar an gcaidreamh a bhíonn ann idir an tuismitheoir agus an páiste;
- \* feabhas a chur ar scileanna forbartha na bpáistí óga;
- \* caidreamh níos fearr a spreagadh idir an baile agus an scoil;
- \* tuismitheoirí agus páistí a aontú le chéile mar chuid de thaithí deimhnitheach oideachasúil.

### Ag leagan bunchloch do litearthacht teaghlaigh

Tá an bhunchloch theoriciúil do litearthacht teaghlaigh bunaithe ar:

- \* na ceachtanna a fhoghlaimítear as stráitéisí a triaileadh cheana;
- \* taighde tathagach a spreagann teacht ar thuiscintí nua agus sainmhínithe nua ar cad is litearthacht;
- \* saothar síceolaithe feasachta agus teoiricí sóisialta teanga agus foghlama á gceapadh acu.

Tugadh faoi deara le cláir a triaileadh cheana go raibh tábhacht le cúlra an teaghlaigh agus rannpháirtfacht na dtuismitheoirí sa litearthacht agus sa scolaíocht, ach bunaíodh iad seo go mór ar an dtuiscint 'go bhféadfadh cláir oideachasúla a bheadh dírithe go speisialta ar chúiteamh a thabhairt as míbhuntáiste sochafoch-eacnamaíoch'. Sampla go bhfuil eolas maith air dá leithéid seo, a forbraíodh sna Stáit Aontaithe sna seascaidí is ea *Project Headstart*, mar ar tugadh an deis do leanaí ó theaghlaigh faoi 'mhíbhuntáiste'

## Ó litearthacht teaghlaigh go foghlaim teaghlaigh

freastal ar chlár feabhsaithe réamhscoile a chuir béim ar scileanna ullmhaithe léitheoreachta agus forbairt teanga. Níor áirigh an clár seo tuismitheoirí go díreach sa phróiseas foghlama, ach is amhlaidh a dhein sé iarracht a chúiteamh leis na páistí ar chonacthas dá raibh in easnamh orthu sa bhaile. (Wolfendale, 1996)

Sna seachtoidí agus sna hochtoidí luatha bhí cláir in SAM, i Sasana agus sa Nua Shéalaínn dírithe ar thuismitheoirí a bheith páirteach i bhforbairt scileanna léitheoreachta a bpáistí. Mar chuid de na cláir seo úsáideadh modhanna a bhí seanbhunaithe chun eisteacht le páistí ag léamh, mar shampla 'léamh beirte' (Glynn, 1996) agus 'stop, cabhraigh, mol' (Topping 1996). Bhí cláir eile dírithe ar a chinntíú go raibh níos mó bainte ag leanáil le leabhair roimh dhul ar scoil dóibh. Níor ghlac aon cheann de na fiontair seo san áireamh, áfach, cén leibhéal litearthacha a bhí ag na tuismitheoirí, ná níor thugadar aitheantas don timpeallacht bhaile féin mar fhoinsse do thaithí uimhríochta agus litríochta. (Wolfendale agus Topping, 1996)

Le cabhair thaithí na gclár seo agus lucht taighde agus oideachais ag féachaint siar ar an tairbhe a baineadh astu, tosnaíodh ar suntas a thabhairt do ghníomhaíochtaí níos leithne ar nós:

- \* an éifeacht a bhíonn ag clár léitheoreachta scoile-baile ar bhaill eile den chlann
- \* conas a d'fhreastlódh clár ar riachtanaisí chomh maith le scileanna léitheoreachta a fhorbairt;
- \* an suntas a bhaineann le haitheantas a thabhairt don bhaile mar ionad foghlama;
- \* an tábhacht a bhaineann le cur le taithí an linbh roimh ré i gcomhtháacs sóisialta an teaghlaigh. (Wolfendale 1996)

### Ag fiosrú fréamhacha na litearthachta:

Thacaigh an obair a dhein líon suntasach taighdeoirí leis an tábhacht a bhaineann le fócas a chur ar an rud a tharlaíonn do pháiste sula sroicheann sé/sí an seomra ranga seachas an fócas a bhí ann roimhe sin ar a dtarlaíonn sa seomra ranga, agus iad ag fiosrú conas go díreach a fhoghlaímíonn páistí conas léamh. Ina leabhar *The theory of Emergent Literacy*, chomhdhlúthaithe Nigel Hall (1987) tortaí roinnt staidéar taighde a thug dúshlán na dtuiscintí coinbhinsiúnacha gur scil neodrach gan luach-thionchar an léitheoreacht agus gur fearr a mhúintear é ar bhealach a bheadh de réir córais agus oird ar leith. Chuir sé an tuairim chun cinn mar mhalaire, go 'n-eascaíonn' litearthacht ó thabhairt faoi deara agus rannpháirtíocht an linbh i gcleachtais fhiúntacha litearthachta sa bhaile agus lasmuigh de. (Féach léitheoreacht roghnaithe 1: *The discovery of emergent literacy* le Nigel Hall.)

I measc daoine eile, luaigh Hall saothar taighdeora ón Nua Shéalaínn, Marie Clay. Mar mhalaire ar an tuairim a bhí ann cheana gur túis úrnua a bhí ann do gach leanbh, léirigh staidéar Clay ar a mbíonn ar eolas ag leanáil óga roimh dhul ar scoil dóibh i dtaobh an fhocail chlóite go mbaineann tábhacht agus suntas leis na coincheapa a fhoghlaímíonn siad faoin bhfocal clóite sula dtéann siad ar scoil in aon chor. Tríd an taithí a bhíonn acu go léifí leabhair arís is arís dóibh, foghlaímíonn leanáil i dtaobh a ndéanann léitheoirí, m.sh. a súile a úsáid le féachaint ar an leathanach, a láhma a úsáid le breith ar an leabhar, cuspóir a bheith ann chun léitheoreachta, leideanna mínithe a aithint. Foghlaímíonn siad freisin conas a oibríonn téacs, m.sh. gur as focail, marcanna agus spásanna atá ábhar léitheoreachta déanta suas, go bhfuil sé éagsúil ó phictiúirí, nó go bhfuil ceangal ann idir an focal clóite agus an focal scríofa. (Hall, 1987)

## Ó litearthacht teaghlaigh go foghlaim teaghlaigh

D'fhéach Yetta Goodman, duine tábhachtach eile ó thaobh taighde luathlitearthachta de ar fhorbairt na litearthachta mar iompar foghlamtha a tharlaíonn go nádúrtha tríd an taithí agus an bhaint a bhíonn ag an leanbh leis an bhfocal clóite i gcomhthéacsanna sóisialta go mbíonn taithí acu orthu. Fuair sí amach gur féidir go mbeadh cuid den fhoghlaim seo ag tarlú de thimpiste, mar shampla nuair a aithníonn leanbh pacáiste bídh a aithníonn sé/sí, nó cárta breithe; agus go dtarlaíonn foghlaim eile nuair a dhéantar an gníomh arís is arís, ar nós i gcás nuair a léitear leabhar. Cabhraíonn na cleachtaí forbartha seo leis an leanbh an rud ar a dtugann Yetta Goodman 'fréamhacha' na litearthachta a bhunú sa leanbh. (Pléite in Weinberger, 1996, pp 3-4; Hall 1987, pp 7-9)

D'fhéach Goswami agus Bryant (1990) ar an tionchar a bhíonn ag éisteacht agus ag aithris rannta ó aois óg ar fhorbairt litearthachta an linbh. Fuaireadar amach go bhforbraíonn an leanbh feasacht ar phátrún fhuaimé as an mbaint a bhíonn acu le rannta leanaí, rannta ráiméise, ceolfhógraí agus amhrán. Níos déanaí, agus iad ag foghlaim conas léamh, chabhraigh an tuiscint a bhí acu ar phátrún fhuaimé leo cosúlachtaí a dhéanamh idir fhocail a mbíonn na túis-fhuaiméanna nó na críoch-fhuaiméanna céanna acu. Stráitéis úsáideach ab ea é seo chun cabhrú leo focail nua a fhoghlaim agus freisin chun cabhrú leo litriú a fhoghlaim. (Weinberger, 1996)

I staidéar eile a bhí thírithe ar an gceangal idir chaint agus léitheoireacht, d'fhiosraigh Carol Fox (1983) na gnéithe inste sa scéalaíocht i measc ghrúpa leanaí ó thrí bliana go leith d'aois go sé bliana d'aois. Fuair sí amach gur chabhraigh sé go mór le cumas inste na bpáistí féin nuair a léadh scéalta dóibh. Bhain na páistí úsáid go fairsing agus go héasca as cleasanna scéalaíochta, mar shampla chun an scéal a chur i láthair, chun maisiú a dhéanamh ar an scéal le sonrái mínithe, chun suim an lucht éisteachta a spreagadh agus iad a choimeád ar bís. Bhí úsáid fhairsing á baint as 'teanga na leabhar' acu agus a gcuid scéalta féin á gcumadh acu. Léirigh staidéar Fox go bhfoghlaimíonn leanaí a lán mar gheall ar rialacha casta na scéalaíochta mar thoradh ar a dtaití féin leis na leabhair agus go mbíonn leibhéal tuisceana acu a bhíonn i bhfad thar na téacsanna sa 'scéim léitheoireachta' a úsáidtear sna scoileanna. (pléite in Hall, 1987, pp. 35-37)

Dhírigh Catherine Snow a cuid taighde ar an 'gcaint' a dhéantar le linn na léitheoireachta. Fuair sí amach go mbíonn 'caint na léitheireachta' i bhfad níos casta ná aon chaint a deineadh le linn cúram linbh nó le linn na himeartha. Chuir Snow i gcás gur fearr féachaint ar an léitheoreacht mar 'mhicreá-thimpeallacht', seachas mar ghníomhaíocht, mar a chítear go minic é. Laistigh den 'timpeallacht' seo is gnách go dtarlaíonn rudaí airithe, mar shampla:

- foghlaimítéar focail nua,
- fiafraítear na ceisteanna 'cad é' agus 'cén fáth',
- faightear fíricí amach,
- feictear an ceangal idir saol an duine féin agus saol daoine eile.

Thuairimigh Snow chomh maith leis seo go mbíonn baint ag an léitheoreacht a dhéanann an tuismitheoir leis an leanbh le conas smaoineamh agus conas labhairt chomh maith le conas léamh. (Snow, 1994)

De thoradh staidéar a dhéanamh ar thimpeallachtaí liteartha, cuireadh taighde Shirley Brice Heath (1983) ag obair i dtrí phobal éagsúla i gCarolina Thuaidh agus Theas, agus thug sí orthu seo Maintown, Roadville agus Trackton. D'aimsigh Heath difríochtaí cultúrtha sa bhealach inar fhoghlaim leanaí conas ciall agus úsáid a bhaint as an bhfocal clóite, agus fuair sí go raibh difríochtaí idir an bealach a bhaineann leanaí úsáid as labhairt agus scríobh chun a gcuid eolais ar an domhan a chur i dtuiscint.

## Ó litearthacht teaghlaigh go foghlaim teaghlaigh

Mar shampla, bhí na cleachtais liteartha ó thaobh mar a léifi leabhar éagsúil go maith ó phobal go pobal. I Maintown, bhí an léitheoireacht an-chosúil leis an léitheoireacht a dhéantar ar scoil, na tuismitheoirí ag léamh dá bpáistí agus ag an am céanna ag cur ceisteanna maidir lena raibh á léamh, ag spreagadh comhrá samhlaíoch agus cruthaitheach agus ag moladh iarrachtaí a bpáistí leis an scéal a athinsint ó na pictiúir nó óna samhlaíocht féin. Chonaic léitheoirí i bpobal Roadville iad féin mar 'na léitheoirí' agus na leanaí mar 'na héisteoirí'. Bhí an tríú cur chuige ag pobal Trackton sa léitheoireacht, mar ar úsáideadh 'an leabhar' mar phointe tosaithe agus as sin gur glacadh tuiscint scéalaíochta béal chucu féin, ina raibh an insint greanta le samhlaíocht agus le fiscean. Chuir Heath i gcás go mbeadh leanaí a bhí ag dul ar scoil agus taithí litearthachta acu a bhí éagsúil ón gcóras scoile ag tosnú le míbhuntáiste. Ní toisc easpa taithí ar litearthacht é seo, ach toisc difríochtaí cultúrtha idir thimpeallacht an bhaile agus na scoile. Tá obair thábhachtach déanta ag a taighde ó thaobh daoine a dhíriú ar an bhfíric i gcúrsaí litearthachta gur fréamhaithe sa chleachtas sóisialta a bhíonn an litearthacht seachas an fócas a bheith ar na scileanna. (Pléite in Czerniewska, 1992, pp. 11-15)

(Féach léitheoireacht roghnaithe 2: *What is early literacy development?* le Jo Weinberger.)

### Múinteoir gach tuismitheoir:

Cuireadh an fócas ar ról na dtuismitheoirí ag tacú leis na leanaí agus staidéar á dhéanamh ar an dtimpeallacht bhaile mar chéad fhoinsí luath-fhorbairt litearthachta do leanaí. Dhein an tOll. Peter Hannon, Ph. D. ó Ollscoil Sheffield, taighdeoir ar luath-litearthacht leanaí atá go mór faoi mheas, mionstaidéar ar conas a d'fhéadfá tacú le tuismitheoirí agus iad ag cabhrú lena bpáistí scileanna litearthachta a forbairt. Toradh suntasach a tháinig ar an taighde seo ná, seachas mar a chreidtear i dtaobh an 'drochthuismitheora', go dteastaíonn ó gach tuismitheoir cabhrú lena bpáistí, cuma cén leibhéal litearthachta a bhíonn acu féin. (Hannon 1995) Thacaigh a chomhghleacaí ó Sheffield, An Dr. Jo Weinberger leis an toradh seo sa staidéar a dhein sí ar thaithí éagsúla litearthachta, ar ról na dtuismitheoirí agus ar forbairt litearthachta na bpáistí. Tacaítear arís leis na tortaí taighde seo ón toradh a bhíonn ar scéimeanna litearthachta aosoideachais, áit a raibh an mhian le cabhrú lena bpáistí mar phríomhspreagadh ag daoine le freastal ar ranganna litearthachta.

Sa tionscnamh *REAL* (*Raising Early Achievement in Literacy*), chum agus thionscnaigh foireann taighde Sheffield creat do rannpháirtíocht tuismitheoirí sa litearthachthar cheithre réimse – ábhar clóite timpeallachta, leabhair, scríbhneoireacht agus scileanna béal teanga. Cuireann an creat béim ar ról na dtuismitheoirí mar mhúinteoirí ó dhúchas agus iad ag soláthar:

- Deiseanna d'fhoghlaim a bpáistí;
- Aitheantas ar iarrachtaí a bpáistí;
- Eadaraghníomh ag tacú leis na hiarrachtaí seo;
- Múnlóireacht chun aithris ar scileanna litearthachta a spreagadh. (Nutbrown & Hannon, 1996) Tá ancreat ORIM curtha i bhfeidhm i móráin tionscnamh i Sasana agus bhí tionchar suntasach aige seo ar 'Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir'. (Féach léitheoireacht roghnaithe 3: *Understanding the Case for Involvement* le Peter Hannon)

### An ról a bhaineann le headaraghníomh sóisialta:

Má tá rud amháin coitianta a bhaineann leis na fiontaí litearthachta teaghlaigh, is é an mhian go méadófaí an t-eadaraghníomh idir thuismitheoirí agus leanaí. Go deimhin féin, fiú amháin an coincheap 'litearthacht teaghlaigh', admhaítear leis go bhfuil baint an-tábhachtach ag eadaraghníomh sóisialta le litearthacht. Mar thoradh air seo, agus

## Ó litearthacht teaghlaigh go foghlaim teaghlaigh

sinn ag cur leis an suntas a bhaineann le headarghníomh sóisialta gur cheart agus aon chlár á leagan amach againn (pé an ag spreagadh na scéalaíochta, ag fiosrú ábhar clóite sa timpeallacht, nó ag caint faoi leabhair é), go gcuirfi béim an-mhór ar fhorbairt scileanna béal teanga.

Tacaíonn saothar Jerome Bruner leis an bhfócas a chur ar eadarghníomh sóisialta agus forbairt na litearthachta. Fear é Bruner a chreideann go ndéantar cumas teanga agus cumas foghlama a fhorbairt i bpáistí le próiseas eadarghníomh sóisialta. Creideann Bruner, atá go mór faoi thionchar an tsíceolaí Rúsigh, Lev Vygotsky, go rugtar gach naónán le cumas feasa ó dhúchas a ullmhaíonn iad chun teangacha a fhoghlaim:

- an cumas le díriú ar aidhm nó cuspóir foghlama a bheith acu;
- an cumas le cumarsáid a dhéanamh agus feidhmiú go sóisialta;
- an cumas le pátrúin, ord agus comhleanúint a aithint
- an cumas le ginearálta agus teibíocht a chur i bhfeidhm ar a gcuind foghlama.

Ón nójmead a rugtar iad, tá naónáin dírithe ar aidhmeanna i dtreo caidrimh shóisialta (m.sh. ag lorg aitheantaí ón máthair/príomhchaomhnóir) agus cabhraítear leo a bheith caidreamhach tríd an úsáid a bhaineann siad as na 'buanna feasa' dúchasacha seo. Leanann forbairt na teanga ansin mar thoradh ar mhian an naónáin le teagmháil a dhéanamh. Chomh luath is a thosnaíonn leanai ar chumas teanga a bheith acu, cuireann úsáid na teanga féin na cumais fheasa dúchasacha eile a bhíonn acu ag gníomhú, ag cur ar a gcumas tuiscintí níos leithne a bheith acu chun pleanáil, tógaint, teibíocht agus ginearálta agus teibíocht a chur i bhfeidhm ar a dtugann siad faoi deara agus ar a dtáithíonn siad. Ar deireadh, ós rud é gurb é an mhian chun teagmhála a spreagann sealbhú na teanga, sé an t-eadárghníomh sóisialta a chuireann na tuismitheoirí ar fáil d'fhorbairt teanga a bpáistí an chabhair is mó a thugann siad dóibh. (Bruner 1994)

Cuireann Bruner i gcás go dtarlaíonn páirtnéireacht ar leith idir naónáin agus a dtuismitheoirí ón bhfíorthosach, an leanbh ag lorg agus an tuismitheoir ag freagairt, agus spreagadh agus ag treorú. Mar a chuir Hannon i gcás, tuairimíonn Bruner go bhfuil cineálacha ar leith iompair a bhíonn ag tuismitheoirí a bhíonn bunaithe ar chreatanna eadarghníomhacha sóisialta, mar shampla gnáthphátrúin oibre agus imeartha a chabhraíonn leis an bhfoghlaim. Leis na pátrúin seo go mbíonn taithí ag an bpáiste orthu ar nós 'peek-a-boo', léitheoireacht in éineacht, am folchta nó béisí, bíonn ar chumas na dtuismitheoirí (a bhfuil sáreolas acu cheana féin ar chumas agus ar thuiscint a bpáiste féin) feabhas a chur ar chumas teanga agus foghlama a bpáistí. Ní hamháin go bhfoghlaimíonn na páistí urlabhra nua, ach freisin foghlaimíonn siad:

- conas a gcuind urlabhra a leathnú isteach i gcomhthéacsanna nua;
- conas plé leis na coinníollacha sóisialta a bhaineann le tascanna éagsúla caidrimh;
- conas leanúint le topaíci áirithe agus seansanna á dtógaínt;
- conas fios a bheith acu cad é gur fiú trúcht air;

i bhfocail eile, conas caidreamh go héifeachtach agus úsáid á bhaint as teanga. (Pléite i Garton & Pratt, 1989, pp. 44-48)

Baineann teoiricí caidrimh sóisialta Bruner (agus teoiricí lucht tuairimíochta eile) leis an bhforbairt a thagann ar léitheoireacht, scríbhneoireacht agus scileanna uimhriúla. Ós rud é gur toradh é foghlaim na teanga ar an intinn sóisialta agus chaidrimh a bhíonn ag leanai, má thugtar deiseanna dóibh rannpháirtíochta fhiúntach a bheith acu i ngníomhaíochtaí léitheoireachta agus scríbhneoireachta agus in úsáid uimhreacha chun smaointe agus eolas a chur i dtuiscint, sé is dóichí ná go bhfeicfidh siad gur leathnú dá gcuind scileanna teanga iad na scileanna seo. Sé sin, aimseoidh siad cuspóir foghlama dóibh féin.

## Ó litearthacht teaghlaigh go foghlaim teaghlaigh

Tá forbairt tagtha, dá bhrí sin ar litearthacht teaghlaigh mar thoradh ar thaighde tathagach litearthacha agus teanga, maraon leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó thionscnaimh luatha a bhí dírithe ar dheacrachtáil litearthacha agus mar a leanadar ó ghlúin go glúin. Tá coincheap seo 'litearthacht teaghlaigh' éirithe mar thoradh ar:

- athrú meoin: in ionad an baile a fheiscint mar ionad easnaimh, é a fheiscint mar ionad lán deiseanna foghlama;
- tuiscint níos soiléire gurb iad tuismitheoirí (go háirithe) agus baill teaghlaigh an linbh féin is fearr a fhéadann spreagadh a thabhairt d'fhorbairt teanga agus litearthacha;
- an tuiscint go bhfuil comhthéacs sóisialta ann don litearthacht díreach mar atá don labhairt;
- an t-aitheantas atá tugtha don bhfíric go bhfuil an spreagadh céanna ann do leanaí le foghlaim conas léamh agus scríobh, is atá ann dóibh le foghlaim conas caint, sé sin an mhian le bheith ábalta caidreamh a dhéanamh go sóisialta.

### Modhanna litearthachta teaghlaigh

Aithnítear na cláir phíolótacha *Parents and Child Education* (PACE) a cuireadh ar bun i Kentucky i 1986 ar na chéad chláir litearthacha theaghlaigh. I gcroílár na gclár seo bhí:

- oideachas litearthacha do thuismitheoirí,
- clár réamhscolaíochta d'ardchaighdeán,
- grúpa tacaíochta oideachais do thuismitheoirí,
- eadarghníomhaíocht rialta idir thuismitheoirí agus leanaí.

Is i mbunscoileanna a bhí na tograí bunaidh go léir lonnaithe agus d'fhreastail na dtuismitheoirí agus na leanaí go léir ar an togra ar feadh trí nó ceithre lá gach seachtain le linn na scoilbhliana. Mar chuid bhereise den chlár tugadh spreagadh do thuismitheoirí oibriú go deonach i slite éagsúla sna scoileanna, agus mar seo, iad ag fáil taithí oibre, ag cur aithne ar fhoireann oibre na scoile agus ag éirí níos compordáí i dtimpeallacht na scoile. Dúradh go raibh dea-thorthaí ar an obair: mhéadaigh mianta oideachais na dtuismitheoirí dá bpáistí sa todhchaí, tháinig feabhas ar leibhéal litearthachta na dtuismitheoirí agus tháinig feabhas ar scileanna foghlama na bpáistí. D'fhás clár PACE agus deineadh an Kenan Trust Family Literacy Project de, agus táthar ag leanúint leis ó shin ar fud na Stát Aontaithe faoin ainm National Centre for Family Literacy. Tá maoiniú á dhéanamh ag Roinn Oideachais SAM ar chlár náisiúnta darb ainm Even Start, a chuireann seirbhísí ar fáil do theaghlaigh ina bhfuil páistí ó aois a mbeirthe go seacht mbliana d'aois. (Connors, 1996)

I 1993 mhaoinigh rialtas na Breataine ceithre scéim phíolótach do litearthacht teaghlaigh a bhunaigh an *Basic Skills Agency*. Bhí na cláir bunaithe ar an múnla Meiriceánach ach ghlacadar isteach freisin eilimintí de thionscnaimh eile ón mBreatain a bhí dírithe ar thuismitheoirí a bheith rannpháirteach i léitheoireacht a bpáistí, ar nós obair na dtraigheoíri ó Sheffield atá luaite cheana féin. Siad na trí haidhmeanna a bhain leis na cláir thaispeántais seo ná: 'feabhas a chur ar litearthacht na bpáistí, cumas na dtuismitheoirí le cabhrú lena bpáistí agus litearthacht na dtuismitheoirí'. (Brooks et al, 1996)

Thuairiscigh an achoimre fheidhmitheach sa tuarascáil mheasúnaithe a chuir an *National Foundation for Educational Research* (NFER) ar fáil, gur comhlíonadh, tríd is tríd, aidhmeanna an togra. Rinne páistí dul chun cinn suntasach sna trí gnéithe de fhorbairt teanga – léitheoireacht, scríbhneoireacht agus scileanna béal. Maidir le cumas na dtuismitheoirí le cabhrú lena bpáistí, bhí méadú suntasach ar 'ghníomhaíochtaí litearthacha baile' agus ar eadarghníomhaíocht idir thuismitheoirí agus leanaí. Dúirt tuismitheoirí go raibh níos mó féinmhuijnín acu maidir lena gcumas féin agus gur éirigh leo an fhéinmhuijnín seo a chur i bhfeidhm ar a bpáistí. Léirigh tuismitheoirí, leis,

## Ó litearthacht teaghlaigh go foghlaim teaghlaigh

feabhas ar a gcuid scileanna litearthachta féin, agus thug nócha cúig foin gcead de na tuismitheoirí lán nó páirt-aitheantas leo ar leibhéal de *City & Guilds Wordpower*. Chomh maith leis seo, bhraith na tuismitheoirí go raibh 'droichead' déanta acu idir chleachtais scoile agus gníomhaíochtaí baile agus go rabhadaranois ábalta plé níos fíorr le múinteoirí a bpáistí. Thairis seo, léirigh an measúnú a rinneadh gur lean na buntáistí agus an dul chun cinn fiú tar éis gur chríochnaigh na páistí agus na tuismitheoirí an cúrsa.

(Brooks et al, 1996)

(Féach léitheoireacht roghnaithe 4: *The Effectiveness of Family Literacy* le Keith Topping)

### Litearthacht Teaghlaigh in Éirinn

Deineadh *Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir* a forbairt chun freagairt don ngá a mheas Scéim Léitheoireachta & Scríbhneoireachta an Chláir a bheith ann le clár a forbairt a chabhródh le tuismitheoirí go raibh scileanna laga litearthachta agus uimhríochta acu, chun go gcaobhróidís lena bpáistí féin foghlaim. I Meán Fómhair na bliana 1994 bunaíodh ár gcead fhiontar foghlama i gceantar i gCill Rois, baile beag in iarthar an Chláir atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta. Maoiníodh é seo le deontas ó Choiste Idirnáisiúnta Bhliain an Teaghlaigh. Reachtáileadh cúrsa sé seachtaine a chuir an bhéim ar fheabhas a chur ar an eadarghníomhaíocht a bhíonn ag tuismitheoirí agus leanáí agus chun forbairt a dhéanamh ar forbairt teanga agus ar a raibh ar eolas faoina raibh i gcló sa timpeallacht. Ina dhiaidh sin reachtáileadh an cúrsa píolótach gairid seo i mórán láithreacha eile i gCo. an Chláir.

I rith na gcúrsaí píolótacha, léirigh tuismitheoirí ó chodanna éagsúla de Cho. an Chláir na cúiseanna céanna imní maidir le riachtanais oideachasúla a bpáistí agus a gcoinníollacha féin. Bhí fonn láidir ar na tuismitheoirí tacaíocht a thabhairt dá bpáistí go háirithe ó thaobh obair bhaile de, ach bhraitheadar go raibh bac ar a gcumas é sin a dhéanamh toisc an chúlra oideachais a bhí acu féin agus toisc nach raibh cur amach acu ar chodanna de churaclam na bunscoile agus ar fhormhór de churaclam na meánscoile. Bhí imní orthu go bhfágfadh a bpáistí féin an scoil sula mbeadh an dara leibhéal críochnaithe acu toisc go raibh a fhios acu óna dtaiathí féin an bac a chuirfeadh sé seo orthu agus post á lorg acu. Bhraitheadar freisin go rabhadar imeallaithe ó chultúr na scoile. Dar le cuid acu níor spéis leis an gcóras scolaíocha a bpáistí, agus bhí a gcáil imithe rompu mar pháistí nach n-éireodh go maith leo choíche. Ba léir gur theastaigh rud éigin níos mó ná na cúrsaí gairide seo chun plé leis na fadhbanna níos leithne a bhí ann.

I mí Eanair 1996 le cabhair airgid ón EU Human Resource Initiative, *EMPLOYMENT-INTEGRA* (HORIZON roimhe sin), agus le tacáiocht ó Choiste Gairmoideachais Cho. an Chláir, An Bord Oideachais Aosach agus Scéim Léitheoireachta & Scríbhneoireachta Cho. an Chláir, bunaíodh an chéad chláir 'litearthacht teaghlaigh' in Éirinn.

Bhunaigh *Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir* a gcead chláir ar *Thionscnamh Litearthachta Teaghlaigh an Kenan Trust* agus an múnla taispeántais a bhí ar bun i Norwich, Sasana, darbh ainm *Learning Together*. Roimh an togra a chur ar bun i gCo. an Chláir, chuaigh na heagraithe i gcomhairle leis an Ollamh Peter Hannon i Sheffield agus freisin le Andrea Mearing, Stiúrthóir Togra i Norwich. Tar éis plé a dhéanamh leis an Ollamh Hannon bheartaigh lucht an togra glacadh leis an stráitéis ORIM mar chreat lárnach, ach chuireadar an cúigiú gné - an uimhríocht - san áireamh.

I Norwich agus an fhoireann ag féachaint ar an gclár *Learning Together* á chur i bhfeidhm, bhéimnígh an Stiúrthóir Andrea Mearing go raibh gníomhaíochtaí ar nós múscailt mhisneach na dtuismitheoirí agus nascanna dearfacha a chruthú leis na scileanna chomh tábhachtach céanna do rathúnas an chláir is a bhí na gníomhaíochtaí

## Ó litearthacht teaghlaigh go foghlaim teaghlaigh

a bhí dírithe ar scileanna tuismitheoireachta agus scileanna eadarghníomhaíochta an linbh/tuismitheora. Mhol sí leis go n-úsáidfí an téarma *foghlaim teaghlaigh* seachas *litearthacht teaghlaigh* mar gur fearr a léiríonn an téarma sin an cur chuige ionlánach i ndearadh an chláir.

D'aithin tuairimí eile ó fhoireann Norwich (maraon le dul i gcomhairle le daoine rannpháirteacha in Inis) cúiseanna imní tuismitheoirí a chuaigh thar scóp fócais na mblianta tosaigh. Bheartaigh an fhoireann dá bhrí sin cláir a fhorbairt le chéile a bheadh dírithe ar thacaíocht leanúnach a chur ar fáil do thuismitheoirí, go háirithe i leith cabhair a chur ar fáil le hobair bhaile do leanaí bunscoile agus cabhair a chur ar fáil don leanbh níos sine teacht isteach ar an meánscolaíocht ar a chompord.

### Múnláí Clár:

D'fhorbair *Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir* agus chuireadar ar fáil trí múnláí clár ag an *Lárionad Oideachais Aosach & Pobail* in Inis:

**Baineann Spraoi le Foghlaim:** clár 60 uaire an chloig ina raibh tuismitheoirí agus leanaí rannpháirteach i ghníomhaíochtaí foghlama bunaithe sa bhaile agus iad dírithe ar fheabhas a chur ar dhul chun cinn an linbh ar scoil.

**Cabhair le hObair Bhaile:** clár 16 uaire an chloig dírithe ar mhuinín an tuismitheora a fhorbairt agus cabhrú le tuismitheoirí tacaíocht a thabhairt dá bpáistí leis an obair bhaile.

**Ag Dul ar Aghaidh:** clár 12 uaire an chloig a thug an deis do thuismitheoirí aghaidh a thabhairt ar chuid de na cúiseanna imní a bhí acu maidir lena bpáistí a bheith ag aistriú ón mbunscoil go dtí an mheánscoil.

Cuireadh áiseanna cúraim linbh ar fáil dóibh siúd go raibh leanaí an-óga acu, maraon le seomra réamhscoile, áit a bhféadfadh leanaí foghlaim taobh le taobh lena dtuismitheoirí. Bhí seomra na leanaí dírithe ar ghníomhaíochtaí foghlama baile a chur chun cinn. Ag amanta éagsúla i rith an chláir d'oibrigh tuismitheoirí agus leanaí le chéile ar ghníomhaíochtaí foghlama a bhí pléite agus forbartha ag na tuismitheoirí ina gcuid seisiún féin.

Go háirithe i rith na seisiún *Baineann Spórt le Foghlaim* bhí an cláonadh ag máithreacha ceisteanna eile ardú a bhain lena suímh féin. Dhein an fhoireann iarracht plé leis na ceisteanna seo trí sheisiúin a reachtáil dírithe ar leithéidí láimhseáil airgid, sláinteachas agus bia agus garchabhair. Tugadh spreagadh do thuismitheoirí freisin féachaint ar na deiseanna eile a bhí á dtairiscint ag an *Lárionad Oideachais Aosach & Pobail*. Chonacthas mar thoradh suntasach breise ar an gclár gur ghlac go leor tuismitheoirí páirt i gcúrsaí eile a bhí ar bun.

Bhí fealsúnaíocht a bhí dírithe go hiomlán ar an bhfoghlaimeoir ag baint le gach gné den dearadh agus den fhorbairt a bhain leis an togra. Beartaíodh na cláir i gcomhar leo siúd a bhí páirteach iontu agus ba chuid mhór de gach cúrsa é an measúnú leanúnach a rinne na tuismitheoirí féin ar an obair. Beartaíodh go dtosnófaí an obair go díreach ag leibhéal na dtuismitheoirí féin, agus meas á léiriú ar chumais na dtuismitheoirí mar a bhí acu. Cé gur díródh ar litearthacht, spreagadh agus féin-iomhá na dtuismitheoirí a fheabhsú, d'aithníodar go raibh tuismitheoirí – fiú i gcoinníollacha a bhí go mór faoi mhíbhuntáiste – gníomhach cheana féin ag iarraidh cabhrú lena bpáistí foghlaim, go

## Ó litearthacht teaghlaigh go foghlaim teaghlaigh

háirithe le léitheoireacht.

Síos tríd an togra bhí polasaí comhoibrithe dlúth i bhfeidhm idir na tuismitheoirí, an tseirbhís oideachais aosach agus na bunscoileanna áitiúla. Bhí an comhoibriú seo dírithe ar cheangail a fheabhsú idir scoileanna agus na tuismitheoirí a bhraith go dtí sin go rabhadar imeallaithe ag an gcóras oideachais, agus chun fonn páirtnéireachta níos mó san oideachas a spreagadh. Ar na comhghníomhaíochtaí idir an fhoireann fhoghlama teaghlaigh agus foireann na scoile áitiúil bhí: tuiscint níos fearr a thabhairt do na tuismitheoirí ar a mbeiffí ag súil leis sa scoil, ag cur deiseanna ar fáil chun go bhféadfadh na tuismitheoirí bualadh leis na múinteoirí ó na scoileanna áitiúla go neamhfhoirméálta, agus ag spreagadh plé dearfach ar aon fhadhbanna a bheadh ann. Mhínigh gach taobh na príomhcheisteanna, dar leo féin, agus pléadh leo ansin trí chláir na dtograí. Bhí an cur chuige oscailte agus freagrach seo riachtanach do rathúnas an togra.

Le linn na n-agallamh don tuairisc mheasúnaithe, bhí na tuismitheoirí an-deimhnitheach ina dtuairimí maidir lena gcuid ranpháirtíochta sa chlár.

Thuairiscíodar:

- gur chuir an pháirt a ghlacadar sa togra feabhas mór ar a gcuid caidrimh lena bpáistí;
- gur tháinig feabhas ar a gcuid scileanna litearthachta agus uimhríochta féin;
- gur léigh siad leabhair níos minice dá bpáistí féin agus go raibh níos mó muiníne acu as a gcumas féin le leabhair a roghnú;
- go raibh níos mó misnígh acu maidir le dul i dteaghmáil leis an scoil;
- gurb é an tairbhe is mó agus is suntasaí a bhaineadar as an gclár ná an bhrefis féin-mhisnígh a thug sé dóibh maraon le meon níos dearfa i leith na foghlama.

I mí Dheireadh Fómhair 1997 bhí *Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir* mar urraitheoirí ar chomhdháil náisiúnta ar foghlaim teaghlaigh agus d'fhreastail breis is 100 toscaire air. Bhí an tOllamh Peter Hannon ó Ollscoil Sheffield agus stiúrthóir *Learning Together*, Andrea Mearing i láthair mar aoi-chainteoíri. Thug Mary Reid, a bhí mar stiúrthóir ar *Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir* cur síos ar imeachtaí an tionscnaimh agus rianaigh sí na príomhcheisteanna go gcaithfí plé leo le forbairt bhreise a dhéanamh ar foghlaim teaghlaigh in Éirinn. Bhí toradh spreagúil agus díograiseach ar an gcomhdháil. Ba shoiléir, cé gur rud nua in Éirinn é a leithéid le *Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir*, go raibh spéis le fada an lá ag daoine anseo i bhfoghlaim teaghlaigh.

Ó shin i leith, tá roinnt fiontar i bhfoghlaim teaghlaigh tosnaithe ar fud na tíre. Ar nós mar atá i dtíortha eile atá ag plé le foghlaim teaghlaigh tá roinnt slite éagsúla le cur chuige á dtrial chun freagairt do na riachtanais agus do na hábhair shuime éagsúla a bhíonn ag daoine, ag braith ar an maoiniú agus tacáiochtaí eile a bhíonn ar fáil. Beidh sé tábhachtach anois in Éirinn taithí agus tuairimí a roinnt le chéile agus réimse fiontar á gcur i bhfeidhm, agus é ar intinn múnláí dea-chleachtais a aimsiú chun go bhféadfai iad a aithris agus a chur i bhfeidhm ar fud na tíre.

## Ó litearthacht teaghlaigh go foghlaim teaghlaigh

### Tagairtí:

- Brooks, G. Gorman, T. Harman, J. Hutchinson, D. Wilkin, A. (1996) **Family Literacy Works**, London: National Foundation for Education Research and The Basic Skills Agency.
- Bruner, J. (1994) 'From Communicating to Talking' in Stierer B. and Maybin, J. (ed.) **Language, Literacy and Learning in Educational Practice**. Clevedon: Multilingual Matters.
- Connors, L. (1996) 'Developments in Family Literacy in the United States', in Wolfendale, S. & Topping, K., **Family Involvement in Literacy**. London: Cassell Education.
- Czerniewska, P. (1992) **Learning About Writing**. Oxford: Blackwell.
- Dickinson, D. (1994) **Bridges to Literacy**, Oxford: Blackwell.
- Fox, C. (1993) **At The Very Edge Of The Forest**. London: Cassell.
- Garton, A. & Pratt, C. (1989) **Learning to be Literate**. London: Blackwell.
- Glynn, T. (1996) 'Pause, Prompt, Praise: reading tutoring procedures for home and school partnership' in Wolfendale, S. and Topping, K., **Family Involvement in Literacy**. London: Cassell.
- Goswami, U. and Bryant P. (1990) **Phonological Skills and Learning to Read**. Hove: Lawrence Erlbaum Associates.
- Hall, N. (1987) **The Emergence Of Literacy**. London. Hodder and Stoughton.
- Hannon, P. (1995) **Literacy Home and School**. London: The Falmer Press.
- Heath, S.B. (1983) **Ways with Words: Language, Life and Work in Communities and Classrooms**. Cambridge: Cambridge University Press.
- Heath, S.B. (1994) 'What no Bedtime Story Means: Narrative Skills at Home and School' in Maybin, J. (ed.) **Language and Literacy in Social Practice**. Clevedon: Multilingual Matters.
- Irish National Teachers' Organisation (1995) **Early Childhood Education, Issues and Concerns**. Dublin, INTO.
- Nutbrown, C. and Hannon, P. (1997) **Preparing for Early Literacy Education with Parents: a Professional Development Manual**. England: NES Arnold.
- Snow, C. (1994) 'Enhancing Literacy Development: Programs and Research Perspectives' in Dickinson, D., **Bridges to Literacy**. Cambridge, USA: Blackwell.
- Taylor, D. (1983) **Family Literacy: Young Children Learning to Read and Write**. London: Heinemann Educational Books.
- Topping, K. (1996) 'The Effectiveness of Family Literacy' in Wolfendale, S. and Topping K. **Family Involvement in Literacy**, London: Cassell.
- Topping, K. (1996) 'Tutoring Systems for Family Literacy' in Wolfendale, S. and Topping K. **Family Involvement in Literacy**. London: Cassell.
- Weinberger, J. (1996) **Literacy goes to School**, London: Paul Chapman.
- Wolfendale, S. (1996) 'Transitions and continuities in Home-School Reading and Literacy' in Wolfendale, S. and Topping, K. **Family Involvement in Literacy**. London: Cassell.
- Wolfendale, S. & Topping, K. (1996) **Family Involvement in Literacy**. London: Cassell Education.

## Ag forbairt an Phacáiste Acmhainne d'Fhoghlaim Teaghlaigh

### Ag cur dea-chleachtais chun cinn

Is gné nua go maith den bhfoghlaim fós an foghlaim teaghlaigh. Ó thaithí daoine aonair fós a thagann mórán de na scéalta a bhaineann lena fheabhas a oibríonn sé in áiteanna, agus fiú nuair a chuirtear fianaise ó thaighde ar fáil, is minic gur tréimhse taighde gairid a bhíonn i gceist. Is gá go ndéanfaí níos mó taighde agus monatóireachta ar a dtéann ar aghaidh sna cláir a ithnítear mar 'foghlaim teaghlaigh'. Cé go bhfuil an léargas ar foghlaim teaghlaigh fós beagán doiléir, tá na heilimintí a bheadh riachtanach le clár rathúil a chur ar bun, ag tosnú ag teacht chun solais. Agus an treoirleabhar seo á scríobh againn tá iarracht déanta againn ar an eolas atá ann faoi láthair ó thaithí a chur san áireamh agus moltaí á ndéanamh againn maidir le cad is dea-chleachtas ann ó thaobh cur chuige an teaghlaigh i leith na foghlama.

Ar na moltaí áirítear:

- \* Aitheantas a thabhairt go bhfuil na tuismitheoirí sa ghrúpa ar a bhfuil tú dírithe cheana féin ag glacadh páirt ghníomhach i dtacú le foghlaim a bpáistí. Daingnigh a gcuid iarrachtaí agus bain triail as cur leo le dearcadh deimhnitheach.
- \* Cuir an clár in oriúint do riachtanais an phobail áitiúil, ach bíodh gach tosach beag. Is féidir le heagrú agus le hábhar na gclár a bheith casta. Is fusa cur le do chlár agus breis daoine a mhealladh chuige má bhíonn dea-theist air, seachas aidhmeanna rómhóra a bheith agat ón tosach.
- \* Déan comhoibriú leis na hásíneachtaí agus leis na seirbhísí cuí atá sa phobal áitiúil. Cuir ar an eolas iad maidir le do phleananna agus tabhair cuireadh dóibh tacaíocht a thabhairt duit. Bí soiléir maidir le scóp agus le fócas do chláir agus ná tabhair aon gheallúintí a rachadh thar na teorainneacha seo.
- \* Bunaigh nascanna idir an mbaile agus an scoil. Bí i gcomhairle go minic le foireann teagaisc na scoile. Tabhair cuireadh do bháill foirne go rialta labhairt leis na tuismitheoirí ar ábhair éagsúla, mar shampla, mar a mhúintear an léitheoireacht inniu. Déan socruithe chun gur féidir le tuismitheoirí cuairt a thabhairt ar an scoil.
- \* Déan socruithe taistil agus cúram linbh agus bí réidh chun plé le fadhbanna a thiocfaidh chun cinn gan aon amhras i rith an chúrsa. Mar shampla, bí tuisceanach maidir le rannpháirtíocht níos déanaí más gá do thuismitheoir briseadh a ghlacadh ón gcúrsa.
- \* Bain úsáid as foireann oibre go bhfuil taithí cheana féin acu ar aosoideachas agus ar luathodeachas. Áirigh traenáil trasfoirne chun comhoibriú agus cothromáiocht a spreagadh.
- \* Roghnaigh topaicí, gníomhaíochtaí agus ábhair a bheidh oriúnach do riachtanais agus ábhair shuime an ghrúpa ar a bhfuil tú dírithe. Más gá, cum do chuid féin.
- \* Cuir leis an gclár foirméálta le hábhar is féidir a thabhairt abhaile ar nós leabhar, puipéad scéalaíochta, cluichí déanta sa mbaile agus pacáistí scríbhneoireachtá.
- \* Cuir deiseanna ar fáil do thuismitheoirí le foghlaim dóibh féin chomh maith lena bpáistí. Ach bí cúramach go dtuigeann tú nach bhfeiceann mórán tuismitheoirí go bhfuil aon bhaint ag a bhfoghlaim féin leis an gceist ar dtús. Bíodh meas agat orthu dá réir seo agus cuir do sheisiúin in oriúint.

## Ag forbairt an Phacáiste Acmhainne d'Fhoghlaim Teaghlaigh

- Bí cinnte go gcloítear le dea-chleachtas aosoideachais. Tabhair spreagadh do thuismitheoirí páirt a ghlagadh i ndearadh agus in ábhar an chúrsa. Lean le polasaí dlúth comhoibrithe síos tríd agus 'measúnaigh' an cúrsa le chéile ag deireadh an chláir.

### Pacáiste Acmhainne d'Fhoghlaim Teaghlaigh

Tá an Pacáiste Acmhainne d'Fhoghlaim Teaghlaigh curtha le chéile ag foireann an tionscnaimh agus iad siúd a chabhraigh leo chun a gcuid smaointe ar fhoghlaim teaghlaigh a roinnt le daoine eile. Chun go mbeadh teacht ag réimse agus líon leathan de dhaoine, ag eagraíochtaí agus ag áisíneachtaí gur suim leo a leithéid a chur ar bun dóibh féin ar an ábhar seo, tá sé i gceist go mbeadh an cúrsa mar atá leagtha amach sa phacáiste:

Soghluaise	Tá an iliomad moltaí, smaointe agus gníomhaíochtaí taitneamhacha sa <i>Pacáiste Acmhainne d'Fhoghlaim Teaghlaigh</i> a bheadh oiriúnach do chláir fhoghlama teaghlaigh. Is furasta na hábhair agus an trealamh uile a theastaíonn do na seisiúin a iompar i mbút an ghluaisteáin.
In acmhainn	Ar mhaite le costas an chúrsa a choimeád chomh híseal agus is féidir, ní theastaíonn ríomhairí ná trealamh closamhairc d'aon chuid de na gníomhaíochtaí seo, ach mar sin féin má tá siad seo ar fáil is cinnte gur féidir úsáid a bhaint astu. Is féidir formhór an ábhair a theastaíonn do na seisiúin seo a bhailíú sa mbaile, nó san ionad, nó is féidir iad a cheannach ar chostas beag. D'fhéadfadh freisin go dtabharfadhbh eagraíochtaí áitiúla roinnt ábhar ar iasacht nó mar bhorntanas.
Oiriúnaitheach	Mar a bhaineann le dea-chleachtas oideachais, ba cheart go nglacfaí san áireamh riachtanais oideachasúla gach grúpa foghlama teaghlaigh nuair atá cursa á bheartú. Dá bhrí sin tá sé i gceist go mbeadh solúbthacht ag baint leis na seisiúin. Mar shampa, b'fhéidir gur mhaith leat cuid de na gníomhaíochtaí a chur in oiriúint go speisialta don ngrúpa áirithe atá agat; ní cuid de na gníomhaíochtaí a úsáid i seisiún ar leith ach gan iad a úsáid i seisiún eile, nó b'fhéidir cuid de na topaíci a áireamh i gclár eile.

### Cad atá le fáil sa *Pacáiste Acmhainne don Foghlaim Teaghlaigh*?

Sa *Pacáiste Acmhainne d'Fhoghlaim Teaghlaigh* gheobhaidh tú:

- an *Treoirleabhar Acmhainne d'Fhoghlaim Teaghlaigh*,
- *Photopak* ina bhfuil pictiúir de ghnáth-ghníomhaíochtaí laethúla teaghlaigh a bhaineann le litearthacht agus le huimhríocht,
- *Pacáistí Tuismitheora* le gníomhaíochtaí gur fiú triail a bhaint astu sa bhaile,
- póstaer foghlama teaghlaigh – *Fadó fadó don bhfoghlaim...*,
- teastais don gcúrsa.

### An *Treoirleabhar Acmhainne d'Fhoghlaim Teaghlaigh*

Tá an creat bunúsach coincheapach sna ceithre sheisiún déag sa *Treoirleabhar Acmhainne d'Fhoghlaim Teaghlaigh* do chlár a chabhródh le tuismitheoirí an cumas foghlama is mó is féidir a bhaint amach in atmaisféar teaghlaigh d'fhoínn forbairt a dhéanamh ar litearthacht agus ar uimhríocht. Béimnítear grúp-ghníomhaíochta i ngach seisiún agus bíonn sé i gceist go mbainfí leas praiticiúil foghlama as gach seisiún ar feadh dhá uair an chloig. Moltar do na háisitheoirí go n-eagrófaí gach seisiún ar bhealach a cheadódh briseadh de ar a laghad deich nó cúig nóiméad déag, maraon le

## Ag forbairt an Phacáiste Acmhainne d'Fhoghlaim Teaghlaigh

ham a cheadú le féachaint ar aon ábhar a fhaightear ar iasachta ar nós leabhar, cluichí, fístípeanna agus clos-téipeanna. Sa treoirleabhar freisin tá ábhar léitheoreacht mar chúlra oiriúnach agus liosta moltaí eile maidir le hacmhainní a thabharfadhbh tacaíocht bhereise agus clár foghlama teaghlaigh á chur i bhfeidhm.

**Seisiún 1 - Ag tosnú** - fiosraíonn sé seo go mion an coincheap a bhaineann le foghlaim teaghlaigh agus pléitear aidhmeanna agus mianta na dtuismitheoirí féin i leith an chúrsa. Tabharfaidh an chéad seisiún deis mhaith le topaíciú a mholadh mar bhereis ar an gclár lárnach agus d'fhéadfaí iad sin a áireamh ansin sa mhór-chlár. Is gá freisin sa chéad seisiún seo am a cheadú dóibh siúd atá páirteach ann teacht i dtaití ar a chéile, a bheith ar a gcompord lena chéile agus a bheith soiléir i dtaobh na mbunrialacha.

**Seisiún 2 - Múinteoir gach Tuismitheoir** - tosnaíonn an seisiún seo le fiosrú ar ról na dtuismitheoirí mar chéad mhúinteoirí a bpáistí. Ag tosnú le plé ar na scileanna iomadúla atá müinte cheana ag tuismitheoirí dá bpáistí, forbraíonn an seisiún le scrúdú ar na rólanna a bhaineann le 'múinteoir' agus 'foghlameoir', conas a fhoghlaimíonn páistí agus cén fáth gurb iad na tuismitheoirí na daoine cearta san áit cheart le tacú leis an bhfoghlaim sin. Sa seisiún seo freisin fiosraítear na trí príomhstíleanna foghlama agus cuirtear i láthair an coincheap a bhaineann le cur chuige ilchéadfach san foghlaim.

**Seisiún 3 - Labhraímis faoi** - grinnbhreithniú é seo ar an tábhacht a bhaineann le forbairt teanga béis. Spreagtar na tuismitheoirí le bheith ag caint go luath agus go minic lena bpáistí, agus go háirithe tairbhe a bhaint as na gníomhaíochtaí laethúla iomadúla gur féidir scileanna teanga a thógáil timpeall orthu. Pléann na tuismitheoirí an difríocht idir an chaint sa mbaile agus an chaint sa seomra ranga maraon leis na bealaí inar féidir na leanáí a ullmhú do chleachtais an tseomra ranga. I ngach ceann de na seisiún a leanann, caitear am freisin ag scrúdú an fhoclóra a theastaíonn chun páirt a ghlacadh i gcomhrá mar gheall ar gníomhaíochtaí a bhaineann le léitheoreacht, le scríbhneoireacht agus le mata.

**Seisiún 4 - Rannta, amhráin agus dánta** - tá gníomhaíochtaí anseo a chabhraíonn le tuismitheoirí tuiscent a fhorbairt ar na buncsileanna fóneolaíochta (pátrún fhuaimé), ag díriú go háirithe ar na rannta. Fiosraíonn an seisiún mórán de na féidearthachtaí a bhaineann le feasacht fóneolaíochta a spreagadh trí ghnáthgníomhaíochtaí laethúla ina mbíonn rannta, dánta agus amhráin.

**Seisiún 5 – Scéalaíocht** - dearadh é seo lena léiriú do thuismitheoirí mar a chabhraíonn eolas ar struchtúr scéil ar nós síscéalta le scileanna scríbhneoireachta agus léitheoreacht a fhorbairt go hón. Cuirtear stráitéisí cruthaitheacha i láthair na dtuismitheoirí a chabhraíonn le taitneamh a bhaint as scéalta a insint, mar shampla, puipéideacht shimplí, éide agus cluichí.

**Seisiún 6 – Leabhar a léamh le chéile** –féachann sé seo ar gníomhaíochtaí a cumadh chun eadarghníomhú na dtuismitheoirí lena bpáistí dírithe ar leabhair a chur chun cinn. Caitheann tuismitheoirí am ag scrúdú agus ag déanamh anailíse ar litríocht pháistí. Moltar dóibh a gcuid smaointe féin a fhorbairt maidir le cad is 'leabhar maith' ann dóibh féin agus dá bpáistí. Fiosraíonn an seisiún seo stráitéisí a thacaíonn le luathscileanna léitheoreachta a bpáistí.

**Seisiún 7 - An cló timpeall orainn** - scrúdaíonn sé seo na deiseanna iomadúla chun an tairbhe is mó is féidir a bhaint as ár ngnáth-thajthí laethúil leis na rudaí atá i gcló 'ar fud na háite'. Sa seisiún seo, díritear an fócas ar an bpobal agus ar an mbaile, mar áis luachmhar foghlama.

## Ag forbairt an Phacáiste Acmhainne d'Fhoghlaim Teaghlaigh

**Seisiún 8 - Fonn scríbhneoireachta** - iarrtar ar thuismitheoirí ar dtús féachaint ar a ndearcadh féin i leith na scríbhneoireachta. Foghlameoidh na tuismitheoirí i dtaobh na scileanna a bhaineann le scríbhneoireacht a fhoghlaim, déanfar plé ar na hiarrachtaí a dhéanann na páistí ar scríbhneoireacht roimh dhul ar scoil dóibh, agus scrúdóidh sé na bealaigh inar féidir le tuismitheoirí tacú níos fearr le hiarrachtaí a bpáistí agus iad ag scríobh.

**Seisiún 9 - Am Ghnáthscríbhneoireacht** - fiosraíonn sé seo luathfhorbairt na scileanna scríbhneoireachta trí na gníomhaíochtaí iomadúla imearthá a bhíonn ag páistí, na rudaí a thugann siad faoi deara i dtaobh imeachtaí scríbhneoireachta sa mbaile agus sa phobal níos leithne, agus a n-iarrachtaí féin le dul i mbun na scríbhneoireachta go dáiríre le cuspóir dearfa ar intinn acu. Ar nós na seisiún ar scileanna léitheoireachta agus inste béal, déanann na seisiún seo iarracht freisin féachaint ar roinnt de na bealaí cur chuige a úsáidtear níos déanaí sa seomra ranga gur féidir bunchloch a leagan dóibh sa mbaile.

**Seisiún 10 - Gafa le Mata** - féachann sé seo ar na bealaí iomadúla ina mbíonn leanaí i dteaghmáil le mata ó lá go lá sa bhaile. Iarrtar ar thuismitheoirí fiosrú a dhéanamh ar chuid de na huirlísi mata a fhaightear sa teach agus smaoineamh ar na focail mhatamaiticiúla go léir a mbainimid úsáid astu chun cur síos a dhéanamh ar rudaí, chun smaointe a chur i dtuiscint agus chun fadhbanna a réiteach. Iarrtar ar thuismitheoirí freisin cur chuige praiticiúil a dhéanamh i réiteach roinnt fíor-fadhbanna a bhuaileann leo sa saol agus machnamh a dhéanamh ar conas a d'fhéadfaidís a bpáistí a tharraingt isteach sna gníomhaíochtaí seo.

**Seisiún 11 – Ag spraoi le mata** - díríonn sé seo ar na gníomhaíochtaí iomadúla praiticiúla agus taitneamhacha baile a spreagann luath-thuiscint ar choinchéapa bunúsacha uimhriúla. Eagraítear é seo trí 'ionaid fhoghlama' áit a dtugtar cuireadh do thuismitheoirí triail a bhaint as gníomhaíochtaí mata agus cluichí i suíomh praiticiúil. Fiosraíonn an seisiún seo freisin an luach oideachasúil a bhaineann le cluichí agus críochnaíonn sé le gníomhaíocht imearthá.

**Seisiún 12 - Leabhar a Dhéanamh** - seisiún ann féin é seo a thaispeáineann do thuismitheoirí mar is féidir le leabhair shimplí de dhéantús baile mórán gnéithe den fhoghlaim a ghlacadh san áireamh. B'fhéidir go dteastódh ó na háisitheoirí é seo a úsáid tar éis na seisiún 'léitheoireachta' agus 'scríbhneoireachta', ós rud é gur céim nádúrtha é le glacadh tar éis a bheith ag léamh agus ag éisteacht le scéalta. Ach mar sin féin, d'fhéadfai é a úsáid ag aon am i rith an chláir. Baineann formhór an tseisiún le pleanáil agus le cruthú leabhar de dhéantús baile.

**Seisiún 13 - Ceann Cúrsa** - díríonn sé seo ar ghníomhaíochtaí a spreagann na tuismitheoirí le hathbhreithniú a dhéanamh ar a dtáithí uile le linn an chúrsa agus comhtháthú a dhéanamh ar a gcuid foghlama. Cuirtear béis ar leith ar na nascanna a aithint atá ann idir na gnéithe éagsúla foghlama, teanga béal, léitheoireacht, scríbhneoireacht agus mata. Leagann an leabhar scéalaíochta *Jason's Day* síos an bhunchloch don togra deiridh, atá cumtha chun go dtaitneodh sé le gach sórt foghlameora trí an-chuid moltaí a chur ar fáil do thógáil togra.

## Ag forbairt an Phacáiste Acmhainne d'Fhoghlaim Teaghlaigh

**Seisiún 14 - Ag déanamh ceangal** - thíronn sé seo ar thuismitheoirí a spreagadh le féachaint ar a gcuid riachtanas agus a gcuid ábhar suime oideachasúla féin. Ar na gníomhaíochtaí atá ann tá fiosrú ar acmhainní pobail d'fhoghlaim bhreise agus do thacaíocht teaghlaigh. Sa seisiún seo freisin tá measúnú cursa agus moltaí do ghníomhaíochtaí deiridh ceann cursa.

### ***Na Leabhair Shaothair***

Sraith de sheacht leabhair shaothair is ea *Na Leabhar Shaothair* a dearadh ar mhaithé le breis ábhair a chur ar fáil do na gníomhaíochtaí i ngach seisiún. Ar na gníomhaíochtaí atá iontu tá na Gníomhaíochtaí Baile, a thugtar ag deireadh gach seisiún, maraon le heolas agus le smaointe praiticiúla a chabhródh le tuismitheoirí tacú leis an bhfoghlaim sa bhaile.

- |                                 |                                  |
|---------------------------------|----------------------------------|
| A - Ag Tosnú;                   | Múinteora gach Tuismitheoir      |
| B - Labhraímis faoi;            | Rannta, amhrán agus dánta.       |
| C - Leabhair a léamh le chéile; | An Cló Timpeall orainn.          |
| D - Fonn scríbhneoireachta;     | An Ghnáthscríbhneoireacht.       |
| E - Gafa le Mata;               | Ag spraoi le Mata.               |
| F - Leabhar a Dhéanamh;         | Ceann Cúrsa; Ag déanamh ceangal. |

### ***Photopak***

Sraith de chaoga grianghraf atá anseo de theaghlaigh ag glacadh páirt le i ngníomhaíochtaí laethúla sa bhaile agus sa phobal. Tá réimse de dheiseanna foghlama teaghlaigh sa bhaile agus sa phobal i ngach grianghraf. Tá sé i gceist go mbeadh an fótaphacáiste ina áis bhreise le húsáid d'an-chuid de na gníomhaíochtaí seisiúin.

### ***Smaointe d'úsáid an Phacáiste Acmhainne don Foghlaim Teaghlaigh***

Agus clár foghlama teaghlaigh á dhearadh, mar a bhíonn le gach dea-chleachtas aosoideachais, ba cheart go mbeadh mórán de bhéim an chúrsa ar chur chuige dirithe ar an bhfoghlameoir. Molaimid, sula ndearbhaíonn tú ábhar do chúrsa, go rachfá i gcomhairle leis na tuismitheoirí sin go bhfuil fonn orthu an cursa a dhéanamh, eolas a chur ar a gcuid riachtanas agus a gcuid ábhar suime agus smaoineamh ar conas is dóichí a fhreastalófar orthu seo i rith an chúrsa. Beartaigh agus cuir in oiriúint do sheisiúin dá réir sin, ag glacadh san áireamh an buiséad atá agat féin agus an t-am atá ceadaithe don gcúrsa. B'fhéidir go n-úsáidfeá na ceithre sheisiún déag nó díreach go roghnófá roinnt gníomhaíochtaí samplacha le háireamh i do chlár. Seo thíos roinnt moltaí:

- \* **Tairg cursa samplach chun coincheap foghlama teaghlaigh a mhíniú.**  
Bain feidhm as seisiúin roghnaithe chun cursa gairid samplach a rith agus tú ag díriú ar thopaic nó dhó, mar shampla, Leabhair agus Scéalaíocht. Bealach furasta agus neamhchostasach é seo le suim a spreagadh san fhoghlaim teaghlaigh.
- \* **Tairg clár 'do thuismitheoirí amháin'.**  
Áirigh na seisiúin ar fad atá curtha i láthair anseo, maraon le seisiúin bhreise aofsfoghlama do mhúnla cláir a bheadh 'do thuismitheoirí amháin' agus na gníomhaíochtaí tuismitheoir/leanbh ag tarlú sa bhaile. Seo an chéad rogha eile is lú costas do ghrúpaí atá ag dul i mbun cláir fhoghlama teaghlaigh.

## Ag forbairt an Phacáiste Acmhainne d'Fhoghlaim Teaghlaigh

- **Tairg clár 'tuismitheora agus linbh'.**

Is furasta na seisiúin a chur in oiriúint do mhúnla a d'oirfeadh do thuismitheoir agus do leanbh. Níl le déanamh ach na topaicí atá os do chomhair a chur i gcomparáid le gníomhaíochtaí cuí do na seisiúin linbh, agus ansin bain úsáid as na Gníomhaíochtaí Baile mar ghníomhaíochtaí tuismitheora/linbh laistigh d'am an chúrsa. Múnla níos costasaí agus níos casta é seo agus teastaíonn breis ball foirne chuige maraon le pleanáil chúramach agus ionad reachtála níos mó.

- **Bain úsáid as na seisiúin mar chuid de chlár iomlán.**

Is féidir cúrsaí foghlama teaghlaigh a áireamh i gcuraclam cláir eile. Mar shampla, d'fhéadfá roinnt de na seisiúin a áireamh i gcuraclam cursa ar scileanna tuismitheoireachta nó cúram linbh. D'fhéadfá freisin roinnt seisiún a úsáid ag an am céanna le cúrsaí eile, mar shampla, cumarsáid nó forbairt phearsanta.

- **Leathnaigh amach na seisiúin chun domhain-fhócas a thabhairt ar thopaic nó dhó**

Cuireann gach seisiún roinnt gníomhaíochtaí roghnaithe ar fáil atá diríthe ar leanaí óga. D'fhéadfaí, áfach, topaicí ar nós leabhar nó scéalta agus scileanna scríbhneoireachta a phlé sna haoisghrápaí uile, ó naónáin agus leanaí réamhscoile trí na haoiseanna éagsúla go haois fhásta.

Chomh luath is atá an cursa tosnaithe, lean ar aghaidh ag 'seiceáil' leis na tuismitheoirí ó am go ham, féachaint conas atá ag éirí leo. Feicfidh tú, de réir mar a éiríonn tuismitheoirí níos compordúla, gur dócha go bhféachfaidh siad níos faide ná an chéad ábhar suime a bhí acu sa chúrsa (sé sin a bpáistí ag foghlaim) agus féachaint anois ar an tsuim atá acu féin san fhoghlaim. Is féidir leat teacht i gcabhair ar an bpróiseas seo trí mholtáí a dhéanamh do sheisiúin bhereise, ag cur ranganna samplacha ar bun, ag bunú nascanna leis an bhfoireann teagaisc aosoideachais áitiúil, ag tairscint seisiún bhereise, ag tairiscint treoirsheirbhís oideachais mar chuid de do chlár.

**Go n-éirí an t-ádh leat!**

## Siombailí



Pacáiste Gníomhaíochtaí do Thuismitheoirí, atá freisin sa Treoirleabhar Acmhainne



Gníomhaíochtaí don mbaile, atá freisin i Leabhair Shaothair na dTuismitheoirí.



Is gá an Photopak don ngníomhaíocht seo.



Teastóidh ón áisitheoir smeach-chairt agus marcar a úsáid don ghníomhaíocht seo



Teastóidh ón áisitheoir ábhair a bhailiú agus a eagrú roimh ré.



Moltaí ón oiliúnaí chun feabhas nó faid a chur le gníomhaíochtaí agus seisiúin.

## Nótaí breise

### Inscne

Mar seo a leanas a thugamar faoi chothromaíocht inscne sa téarmaíocht tríd an leabhar:  
Úsáidtear an forainm baineann sna seisiúin a bhfuil corruimhreacha orthu.  
Úsáidtear an forainm fireann sna seisiúin a bhfuil réidhuimhreacha orthu.

### 'Na Tuismitheoirí'


Tagraítear dóibh siúd atá rannpháirteach sa chúrsa mar 'na tuismitheoirí'. Tagairt ghinearálta é seo d'áisitheoirí chun go bhféadfaidís é a úsáid ag tagairt dóibh siúd atá páirteach sa chúrsa agus é ar intinn acu gurb iad príomh-chaomhnóirí an linbh atá i gceist.

### Nótaí Seisiúin

Fágtaí leathanach folamh ag deireadh gach seisiún do do chuid nótaí féin ar gach seisiún. Ba cheart duit fótachóip a dhéanamh de seo de réir mar is gá.

1

Ag Tosnú








### Sa seisiún seo beidh na tuismitheoirí:

- ag teacht i dtaití ar na coincheapa a bhaineann le foghlaim teaghlaigh;
- ag plé a gcuid aidhmeanna agus a gcuid mianta don gcúrsa;
- á gcur féin ar a gcompord laistigh den ngrúpa;
- ag cnuasach eolais maidir le dátaí, amanna, tacaíocht atá ar fáil;
- ag cur lena n-eolas maidir leis na héagsúlachtaí idir an bhaile agus an scoil a bhaineann leis an bpróiseas foghlama.

Cur síos	Tasc	Am	Lth.
Réamhrá		10 nóim.	30
 Cad is clár foghlama teaghlaigh ann?			31
Cúthailbhrieadh	1	10 nóim.	32
Cad atá i mbosca?	2	20 nóim.	33
Ag féachaint ar fhoghlaim	3	20 nóim.	34
Ag féachaint ar fhoghlaim scoile agus baile	4	20 nóim.	35
 Foghlaim scoile agus baile			36
A mBítear ag súil leis agus bunú bunrialacha	5	20 nóim.	37
 Topaicí lárnacha agus topaicí eile			38
Achoimre Seisiúin		10 nóim.	39
Gníomhaíocht Bhaile 1- Ag foghlaim sa bhaile			39
 Ag foghlaim sa bhaile			40
Nótaí Seisiúin			41-42



## Réamhrá

### Ag ullmhú:



Sula dtosnaionn tú gach seisiún, socraigh na cathaoireacha go neamhfhoirmeálta i gciорcal nó i leathchiorcal. Má tá sé i gceist agat aon tascanna praiticiúla a chur san áireamh, bíodh boird ar fáil agat freisin. Cinntigh go bhfuil go leor teasa agus solais ann. Bíodh an smeach-chairt réidh agat roimh ré.



Cruthaigh taispeántas feiceálach de ghníomhaíochtaí foghlama teaghlaigh le go bhféachfadhbh na tuismitheoirí orthu. Bain úsáid as pictiúir Photopak, do phictiúir féin, póstaeir, srl.



Beidh tú ag tagairt do **Leabhar Saothair A, Ich.2 - Cad is clár foghlama teaghlaigh ann?**


Scriobh na heochair-fhrásáí ar smeach-chairt.

### Cad le déanamh:

De réir mar a thagann na tuismitheoirí, cuir fáilte rompu agus tabhair cuireadh dóibh féachaint ar an taispeántas feiceálach fad is atá an grúpa ag teacht le chéile. Nuair atá tú le tosnú, cuir tú féin in aithne agus mínígh beagán i dtaobh do ghrúpa nó d'eagraíochta.

Tagair do **Leabhar Saothair A, Ich.2 - Cad is clár foghlama teaghlaigh ann?** Déan é a phlé.





## Cad is clár foghlama teaghlaigh ann?

Aithnítear le clár foghlama teaghlaigh gurb iad na tuismitheoirí na múinteoirí is túisce agus is fearr a bhíonn ag páistí.

Ceann de na haidhmeanna a bhaineann le clár foghlama teaghlaigh ná spreagadh agus tacaíocht a thabhairt duit sa ról atá agat mar chéad-mhúinteoir do linbh.

Aithnítear sna clár foghlama teaghlaigh go bhfuil a lán saghasanna deiseanna ann chun a bheith ag foghlaim sa teaghlaigh.

Is é an dara haidhm a bhaineann leis an gclár ná féachaint ar na gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh cabhrú le do pháiste an tairbhe is mó is féidir a bhaint as foghlaim baile.


Aithnítear le clár foghlama teaghlaigh freisin gur daoine gnóthacha iad tuismitheoirí agus gur minic a bhíonn sé deacair dóibh am saor a bheith acu dóibh féin.

An tríú haidhm a bhaineann leis an gclár ná roinnt ama agus aga a chur ar fáil duit féin le labhairt faoi d'ábhar spéise féin i gcúrsaí foghlama agus más maith leat, leas a bhaint as deiseanna aosfhoghlama i rith agus tar éis an chláir.

Baineann clár foghlama teaghlaigh le:

- cothú scileanna
- cothú féinmhuiiníne
- roinnt smaointe
- sult a bhaint as!





## Cúthailbhriseadh

Mura bhfuil aithne ag na tuismitheoirí atá i do ghrúpa ar a chéile cheana féin, b'fhéidir gur mhaith leat tosnú le 'cúthailbhriseadh' gairid.

### Uillmhúchán:



Teastóidh smeachchairt agus marcair uait

### Cad le déanamh:

Mínigh do na tuismitheoirí gurb é an cuspóir a bhaineann le cúthailbhriseadh ná daoine a chur ar a suaimhneas agus éirí compordach laistigh den ghrúpa. Uaireanta bíonn rannpháirtithe míshásta i gcúrsa, ní hé mar go mbíonn an cúrsa rófhada, ná ródheacair, ach mar nach mbíonn siad ar a suaimhneas le daoine eile a bhíonn páirteach. Cabhróidh an seisiún gairid seo le tuismitheoirí aithne a chur ar a chéile.

Iarr ar na tuismitheoirí suí in aice le duine éigin nach bhfuil aithne acu orthu agus labhairt lena chéile ar feadh timpeall cúig nóiméad, ag cinntiú go gcuireann siad iad féin in aithne agus go bhfaigheann siad beagán amach mar gheall ar a chéile (ainmneacha a bpáistí, mianta sa chúrsa, conas a chuala siad faoin gcúrsa). Abair leo tar éis cúig nóiméad go n-iarrfar orthu a bpáirtnéirí a chur in aithne don ngrúpa ar fad.

Fad atá tú ag cloisint ó gach ball den ngrúpa, déan nóta ar an smeachchairt d'aon rud a dúradh i dtaobh an chúrsa nó mianta na ndaoine atá ann don gcúrsa. Nuair atá cloiste agat ó gach duine, gabh buíochas leo as a bhfuil ráite acu, agus inis dóibh, ag deireadh an chéad seisiún seo, go dtabharfaidh tú gearr-léargas dóibh ar do phleananna don chuid eile den gcúrsa. Inis dóibh cé go bhfuil súil agat go rachaidh na pleananna seo fad áirithe maidir le mianta an ghrúpa, gur féidir an cursa a chur in oiriúint dá gcuid riachtanas.





## Cad atá sa bhosca?

### Uillmhúchán:



Teastóidh: go leor boscaí de thoisí éagsúla, marcar, Blu-Tack, páipéar, roinnt rudaí tí a spreagfadh smaointe don gníomhaíocht seo (m.sh. bróga, bréagáin, litreacha, pinn luaidhe).

### Cad le déanamh:

Roinn na tuismitheoirí i mbeirteanna agus tabhair bosca, marcar agus páipéar do gach beirt.

Abair leis na tuismitheoirí cur síos a dhéanamh ar a mboscaí agus a gcomhairle a chur le chéile maidir leis na húsáidí a d'fhéadfaí a bhaint as na boscaí.

Tar éis deich nóiméad, iarr ar gach beirt labhairt faoi roinnt de na smaointe a bhí acu maidir leis an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as a mbosca féin. Is féidir leo a liosta a ghreamú ar a mbosca mar thagairt. Nuair atá rud éigin ráite ag gach beirt, iarr ar na tuismitheoirí smaoineamh ar conas a thángadar ar na smaointe maidir le conas a mboscaí a úsáid.

### Mar shampla, ar:

- úsáideadar a gcuid samhlaíochta?
- phléadar smaointe le páirtnéirí?
- fhéach siad cad a bhí á dhéanamh ag daoine eile?
- dheineadar méid agus cruth na rudaí a bhí le dul sa bhosca a mheas?
- chuireadar an bosca i gcomparáid le rudaí eile a bheadh den méid céanna?
- smaoiníodar ar an meáchan agus ar théagar an bhosca?
- smaoiníodar ar chruth an bhosca a athrú, m. sh. é a ghearradh?
- smaoiníodar ar an chuma a bhí air a athrú trí é a dhathú nó páipéar a chur air?
- chuimhin leo boscaí eile a úsáideadh cheana?
- tháistáladar rudaí a bhí fágtha timpeall a d'fhéadfaí a chur sa bhosca?
- smaoiníodar ar shuímh éagsúla, m.sh. stóráil, imirt linbh?

Iarr ar na tuismitheoirí smaoineamh ar leanaí beaga agus chomh ceanúil is a bhíonn siad ar a bheith ag imirt le boscaí.

*An gceapann tú go mbeadh aon chuid de na gníomhaíochtaí seo ar bun ag do pháiste féin agus élí ag imirt le bosca?*



## Ag féachaint ar an bhfoghlaim

### Uillmhúchán:



Teastóidh SMEACH-CHAIRT AGUS MARCAIR.

### Cad le déanamh:

Scríobh na focail AG FOGHLAIM i lár leathanaigh ar an SMEACH-CHAIRT. Larr ar na tuismitheoirí a gcomhairle a chur le chéile mar gheall ar an bhfoghlaim. Larr orthu gach rud a ritheann leo a insint duit agus iad ag smaoineamh ar an bhfoghlaim.

Scríobh a bhfuil le rá acu ar an SMEACH-CHAIRT móirthimpeall ar na focail AG FOGHLAIM. Lón leathanaigh bhereise más gá. Nuair atá deireadh ráite acu iarr orthu machnamh a dhéanamh ar chuid dá gcuid smaointe féin.

Mar shampla, ar:

#### Ainmníodar

- áiteanna ina ndéantar foghlaim?
- daoine a aithníonn siad leis an bhfoghlaim?
- gníomhaíochtaí a shamhláíonn siad leis an bhfoghlaim?
- ábhair don bhfoghlaim?
- modhanna foghlama?

#### Labhraíodar ar

- bhráithstintí agus mothúcháin phearsanta a shamhláíonn siad leis an bhfoghlaim?
- chuíseanna go ndéanfaí foghlaim?
- scrúduithe nó meastacháin?
- rathúnais nó teipeanna na foghlama?
- intleacht, cuimhne, nó stíleanna foghlama?

#### Aimsíodar

- tascanna foghlama ar leith?
- taithí foghlama a bhí acu cheana?
- sainscileanna nó saineolas a d'fhoghlaímíodar?
- eochairfhocail nó nathanna a bhí cloiste go minic acu mar gheall ar an bhfoghlaim?

#### Ceisteanna le plé:

- An samhláimid saghasanna áirithe foghlama le háiteanna áirithe?
- Cad a shamhláimid leis an bhfoghlaim sa phobal nó san ionad oibre?
- Cén cineálacha rudaí a fhoghlaímítear sa bhaile?



## Ag féachaint ar an bhfoghlaim baile agus scoile

### Uillmhúchán:

Roghnaigh ceann de na trí roghanna don ngníomhaíocht seo agus ullmhaigh do chuid ábhar.




Tagair do **Leabhar Saothair A, lth.3 - Foghlaim baile agus scoile**.

### Cad le déanamh:

Is minic nach dtugann tuismitheoirí go leor creidiúna dóibh féin mar mhúinteoir nádúrtha a linbh ná dá mbaile féin mar thimpeallacht nádúrtha foghlama don leanbh. Sé is cuspóir leis an gceacht seo ná béis a chur ar na gnéithe dearfacha go léir a bhaineann le timpeallacht foghlama an bhaile agus a mhíniú gur dhá chineál éagsúil foghlama an fhoghlaim a dhéantar ar scoil agus an fhoghlaim a dhéantar sa bhaile. Níl sé i gceist go ndéanfaí beag d'fhoghlaim na scoile, ach go dtarraingeofaí aird ar an gcomh-fhiúntas a bhaineann leis an bhfoghlaim baile.

Tá trí shlí ann inar féidir dul i mbun an cheachta seo. Moltar duit an modh is fhearr a oireann do do ghrúpa féin a roghnú.

- 1 Cuirigí bhur gcomhairle le chéile ar smaointe a bhaineann le foghlaim baile agus foghlaim scoile. Tabhair spreagadh do na tuismitheoirí ag iarraidh orthu rud éigin a ainmniú a d'fhoghlaimíodar ar scoil agus rud éigin a d'fhoghlaimíodar sa bhaile. Fiafraigh síortha ar mhaith leo an dá rud a chur i gcomparáid agus na ceisteanna seo a leanas á gcur acu: Cé a mhúin na cúraimí seo duit? An duine ar comhaois leat féin a bhí ann nó duine níos sine? Ar tá stáladh do chumas sa chúram seo riamh, féachaint ar thug tú leat i gceart é? An tú féin nó duine éigin eile a spreag an fhoghlaim?
  
- 2 Déan fótacóip agus gearr amach gach frása ar **Foghlaim baile agus scoile**. Cuir píosa páipéir smeach-chairt ar a mbeadh na focail *Foghlaim Baile agus Foghlaim Scoile* ar an urlár agus an dá rannóg á n-aithint agat. Scaip amach ar an urlár na frásáí atá gearrtha amach agat agus iarr ar an ngrúpa bailiú timpeall ar an leathanach agus a bheartú cé acu rannóg inar cheart do gach frása dul. Tabhair téip nó Blu-Tack don ngrúpa chun go ngreamoidís na frásáí ar an leathanach ón smeachchairt.
  
- 3 Déan fótachóip den leathanach **Foghlaim baile agus scoile** agus ansin scrios amach timpeall leath de na frásáí. Iarr ar na tuismitheoirí machnamh a dhéanamh ar gach ráiteas i dtaobh na foghlama agus iarr orthu na spásanna a líonadh ar an leathanach ar aghaidh amach. Mar shampla, b'fhéidir go gcuirfeá ceist: *Má deirimid go mbaineann solúbthacht le foghlaim bhaile, cad a déarfaimis maidir le foghlaim scoile?*



## Foghlaim bhaile agus scoile

Curtha in oiriúint ó 'Literacy Home and School' le Peter Hannon, lth. 39, The Falmer Press, 1995.

Foghlaim Bhaile	Foghlaim Scoile
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Roghnaíonn na leanáí na rudaí ba mhaith leo féin a fhoghlaim.</li> <li>• Baineann fusacht agus spraoi leis an bhfoghlaim.</li> <li>• Is féidir le páistí bheith páirteach i ngníomhaíocht fhoghlama uair ar bith.</li> <li>• Seans nach dtiocfaidh leanáí ar choinchéapa san ord is fusa don bhfoghlaim.</li> <li>• Tá mórán deiseanna ann don leanbh aird an duine fhásata a bheith dírithe orthu.</li> <li>• Feidhmíonn na daoine fásata mar dhaoine óna nglactar sampla foghlama.</li> <li>• Ní thástáltar foghlaim an linbh go foirmeálta.</li> <li>• Bíonn deiseanna ann do chomhráite fada.</li> <li>• Is minic a áirítear leanáí d'aoiseanna éagsúla sa bhfoghlaim.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Caithfidh múinteoirí curaclaim réamh-bheartaithe a leanúint.</li> <li>• Is minic gur cosúil le hobair chruaidh an fhoghlaim.</li> <li>• Foghlaimítar de réir amchláir.</li> <li>• Foghlaimíonn leanáí scileanna céim ar chéim.</li> <li>• Roinntear aird an duine fhásata ar mhórán leanáí.</li> <li>• Feidhmíonn na daoine fásata mar oidí a mhúineann scileanna éagsúla.</li> <li>• Déantar measúnú leanúnach ar fhoghlaim an pháiste.</li> <li>• Bíonn teorainn leis na deiseanna comhrá.</li> <li>• Déantar an fhoghlaim le leanáí comhaoiseacha.</li> </ul>



20 náim..



## A mbítear ag súil leis agus bunú bunrialacha

### Uillmhúchán:



Scríobh na príomhthopaití díospóireachta ar bhunrialacha ar smeach-chairt, agus spás breise á fhágaint agat do chinní a ghlahtar.



Tagair do **Leabhar Saothair A, Ith. 4 - Topaicí lárnacha + Topaicí eile**.

### Cad le déanamh:

#### Ag bunú bunrialacha

Don rannóg seo, mínigh an riachtanas a bhaineann le bunrialacha a bhunú - tuiscint idir bhaill an ghrúpa, an t-áisitheoir agus na hurraithe maidir le conas a fheidhmeoidh an grúpa fad a mhairfidh an cúrsa.

Tosnaigh an plé le haon pholasaithe eagraíochta a d'fhéadfadh a bheith ann (m.sh. cosc ar thobac) a mhíniú do na tuismitheoirí agus ansin rianaigh na rudaí a mbeifeá ag súil leo. Ansin liostáil na príomhcheisteanna do phlé grúpa agus do chinneadh-ghlacadh.


Ag deireadh an phlé, déan achoimre ar a bhfuil glactha leis agus féach arís ar na cinní a glacadh. Tabhair le tuiscint do na tuismitheoirí go mbeidh cóip de na bunrialacha seo ar fáil do gach éinne don chéad seisiún eile.

#### A mbítear ag súil leis

Cuir i láthair imlíne den gcúrsa atá beartaithe go dtí seo. Tagair do **Leabhar Saothair A, Ith.4 - Topaicí lárnacha + Topaicí eile**.

Cuir i gcuimhne do na tuismitheoirí go mbaineann solúbthacht leis an gcúrsa agus nach bhfuil gach seisiún réamh-bheartaithe. Beidh aischothú á lorg agat i rith an chúrsa chun gur féidir leat dul siar ar sheisiúin agus cinn eile a bheartú.

Tabhair spreagadh do na tuismitheoirí smaoineamh ar thopaití eile go gcuirfidís suim iontu. Mínigh dóibh, cé go mb'fhéidir go bhfuil siad ag freastal ar an gcúrsa ar mhaithe le cabhrú lena bpáistí, go mb'fhéidir gur mhaith leo teacht i dtír ar dheiseanna ar mhaithe leo féin, go háirithe nuair atá áiseanna cúram linbh agus tacaíochtaí eile ar fáil.



**Topaicí Lárnacha**

+

**Topaicí Eile**

- |                               |  |
|-------------------------------|--|
| 1 Ag Tosnú                    | • Ríomhairí                                    |
| 2 Múinteoir gach Tuismitheoir | • Ealaín agus ceardaíocht                      |
| 3 Labhraímis faoi . . .       | • Garchabhair                                  |
| 4 Rannta, amhráin agus dánta  | • Sláinteachas teaghlaigh                      |
| 5 Scéalaíocht                 | • Strus-láimhseáil                             |
| 6 Leabhar a Léamh             | • Ag plé le hiompar leanáí                     |
| 7 An Cló timpeall orainn      | • Láimhseáil airgid                            |
| 8 Fonn scríbhneoireachta      | • Ag cabhrú le páistí níos sine leis an litriú |
| 9 An Ghnáthscríbhneoireacht   | • Ag caint le múinteoir do thuismitheora       |
| 10 Gafa le Mata               | • Treallús                                     |
| 11 Ag spraoi le mata          | • Feasacht tomholtóra                          |
| 12 Leabhar a Dhéanamh         |  |
| 13 Ceann Cúrsa                |  |
| 14 Ag déanamh ceangal         |  |

**Do chuidse moltaí:**



## Achoimre Seisiún

Déan achoimre ar an seisiún agus athbhreithniú á dhéanamh agat ar:

- sainmhíniú ar chlár foghlama teaghlaigh,
- a mbítear ag súil leis agus bunrialacha,
- dátaí, amanta, tacaíocht atá ar fáil,
- ceisteanna.

Tagair don leathanach flipchairte ar **Féachaint ar fhoghlaim - Gníomhaíocht 3** agus freisin ar an bplé a dhéantar i **Foghlaim bhaile agus scoile - Gníomhaíocht 4**.

Mínigh do na tuismitheoirí gur mhaith leat sa tseachtain atá romhat go ndéanfaidís machnamh ar a gcuid smaointe agus tuairimí féin maidir le conas, cén áit, agus cé leis a tharlaíonn an fhoghlaim, go háirithe sa bhaile acu féin.



## Gníomhaíocht Bhaile 1 - Ag foghlaim sa bhaile


Tá an **Ghníomhaíocht Bhaile - Ag foghlaim sa bhaile** deartha sa tslí go spreagfaí tuismitheoirí le leanúint ar aghaidh ag smaoineamh is ag machnamh ar cad iad na cineálacha foghlama a tharlaíonn sa bhaile agus conas a tharlaíonn an fhoghlaim seo.

D'fhéadfá a mholadh, i rith na seachtaine atá romhat, go bhféadfaidís fiosrú a dhéanamh maidir le foghlaim sa bhaile.

Léigh na treoracha agus na ceisteanna ar an leathanach saothair agus déan iad a phlé ina n-iomlán chun a chinntiú go bhfuil na tuismitheoirí uile ar a gcompord leis an gceacht.

Cinntigh go dtuigeann siad nach gá go scríobhfaí na freagraí síos.

Sé an cuspóir ná go bhféadfadh na tuismitheoirí a mbíonn tugtha faoi deara acu a phlé nuair a thagann siad ar ais chuig an rang an tseachtain dár gcionn.



## Ag foghlaim sa bhaile

Le linn na seachtaine atá romhat, déan nota de ar a laghad ceithre ócáid a dtugann tú faoi deara do pháiste ag léiriú scile atá foghlamtha sa bhaile.

Roinnt samplaí:



ag féachaint ar leabhar



ag preabadh téide



ag úsáid an leithris



ag péinteáil pictiúir

### Scileanna

1.

2.

3.

4.

### Smaoinigh ar:

Ar roghnaigh do pháiste na scileanna seo a fhoghlaim?

---



---

Cé hiad na baill teaghlaigh a bhí páirteach i gcabhrú le do pháiste foghlaim?

---



---

Cé mhéid ama a bhí ag do pháiste don bhfoghlaim?

---



---

Conas a bhí a fhios agat gur fhoghlaim do pháiste na scileanna seo?

---



---


Ar labhair tú féin is do pháiste i dtaobh mar a d'éirigh léi?

Cad a dúirt tú?

---



---



## Nótaí Seisiúin

Cad a d'oirbhrigh go maith sa seisiún seo?

---

---

---

An raibh aon deacrachartaí ann?

---

---

---

Cén t-aischothú a fuair tú ó na tuismitheoirí mar gheall ar an seisiún seo?

---

---

---

Cad a dhein tú chun a chinntiú gur áiríodh ábhair shuime agus riachtanais éagsúla?

---

---


---

An bhfuil aon rud ann a dhéanfaidh tú ar bhealach éagsúil an chéad uair eile?

---

---

---



## Nótaí Seisiúin

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---


---

---


---

2

Múinteoir  
gach  
Tuismitheoir







### Sa seisiún seo beidh ar thuismitheoirí:

- deiseanna foghlama sa bhaile a aithint;
- plé a dhéanamh ar na príomheilimintí a bhaineann le taithí foghlama rathúil;
- a gcuid tréithe féin mar mhúinteoirí a bpáistí a aithint;
- a gcuid eolais ar stíleanna foghlama éagsúla a mhéadú.

Cur síos	Tasc	Am	Lth.
Réamhrá		10 nóim.	46
<b>Múinteoir gach Tuismitheoir</b>	1	<b>20 nóim.</b>	<b>47</b>
<b>Múinteoirí agus foghlaimeoirí</b>	2	<b>30 nóim.</b>	<b>48</b>
<b>Ceistneoir ar stíleanna foghlama</b>	3	<b>20 nóim.</b>	<b>49</b>
 Aimsigh do stíl fhoghlama féin			50-51
 Trí phríomhstíl fhoghlama			52
<b>Plé ar fhoghlaím</b>	4	<b>20 nóim.</b>	<b>53</b>
 Mar a fhoghlaímíonn páistí			54
<b>Gaothrán ainmneacha</b>	5	<b>20 nóim.</b>	<b>55</b>
 Gaothrán ainmneacha			56
Achoimre Seisiúin		10 nóim.	57
Gníomhaíocht Bhaile 2 - Stíleanna Foghlama sa bhaile			57
 Stíleanna Foghlama sa bhaile			58
Nótaí Seisiúin			59-60



## Réamhrá

### Uillmhúchán:



Teastóidh SMEACH-CHAIRT AGUS MARCAIR UAIT.

DÉAN CÓIP DE NA BUNRIALACHA DO GACH TUISMITHEOIR.

### Cad le déanamh:

Tosnaigh an seisiún ag tagairt arís do na bunrialacha agus ag athbhreithniú **Gníomhaíocht Bhaile 1 - Ag foghlaim sa bhaile.**

Léigh trí na ceisteanna agus iarr ar na tuismitheoirí a gcuid tuairimí a roinnt le chéile.

Ar thaitin an ghníomhaíocht leo?


Cad a fuaireamar amach mar gheall ar conas a tharlaíonn an fhoghlaím laistigh dá dteaghlach féin?


Scríobh a gcuid freagraí ar an SMEACH-CHAIRT.

Mínigh go bhféachfar níos mó ar an bpróiseas foghlama i seisiún an lae inniu.

### Scríobh ar an SMEACH-CHAIRT:

- Cén fáth go bhfuil dúchas an mhúinteora i ngach tuismitheoir?
- Conas a mhúineann tuismitheoirí a bpáistí
- Conas a fhoghlaímíonn páistí?





## Múinteoir gach Tuismitheoir

### Uillmhúchán:



Teastóidh smeach-chairt, marcair agus Blu-Tack uait.

### Cad le déanamh:

Sé cuspóir an chleachtaidh seo ná féachaint ar ról na dtuismitheoirí mar mhúinteoirí a bpáistí. Tagair siar do **Gníomhaíocht Bhaile 1 - Ag foghlaim sa bhaile** agus fiafraigh de na tuismitheoirí:

*Cad iad na scileanna eile atá múinte agat do do pháistí?*

Lioстáil a gcuid freagraí ar an smeach-chairt

Roinnt samplaí: ag foghlaim conas siúl, labhairt, iad féin a ghléasadh, a gcuid bréagán a phiocadh suas, an leithreas a úsáid, dathanna a aithint, rudaí a ainmniú, contúirtí a aithint, a bheith cairdiúil nó béasach, liathróid a chaitheamh nó breith air, bosa a bhualadh, amhrán a chanadh.

Roinn na tuismitheoirí i dtrí nó i gceithre ghrúpa. Tabhair leathanach smeach-chairte, marcar agus Blu-Tack do gach grúpa. Iarr ar na tuismitheoirí ceann de na tascanna foghlama atá ainmnithe a roghnú agus ansin gach rud gur féidir leo a ainmniú a d'fhéadfadh a bheith tar éis cabhrú lena bpáistí an cúram nó an scil seo a fhoghlaim.

Tar éis deich nó cúig níoméad déag, tabhair an grúpa ar ais le chéile agus iarr aischothú orthu.

Nuair atá gach grúpa tar éis a dtuairimí a thabhairt, féach ar a bhfuil ráite acu agus léirigh na cosúlachtaí.

### Mar shampla:

- ag soláthar deiseanna do chleachtadh
- ag soláthar ábhair
- ag soláthar tacáiochta
- ag léiriú conas rud éigin a dhéanamh
- ag aithint láidreachtaí agus laigeachtaí
- ag tabhairt cabhrach nuair is gá
- ag caint faoin gníomhaíocht
- ag tabhairt moladh agus spreagadh
- bheith foighneach

Mínigh dóibh nuair a bhíonn tuismitheoirí ag eadarphlé lena bpáistí sa bhaile gur minic a bhíonn an oiread sin ag dul ar aghaidh ag an am céanna, gur deacair dóibh an t-am a bheith acu le tabhairt faoi deara i gceart cé chomh héifeachtach is atá siad féin mar mhúinteoirí a gcuid leanaí. Cabhróidh na gníomhaíochtaí sa chlár foghlama teaghlaigh leis na tuismitheoirí na láidreachtaí seo a aithint agus a fhorbairt.



## Múinteoirí agus foghlaimeoirí

### Uillmhúchán:



Teastóidh smeach-chairt, marcair agus cártai-innáachs uait.

Scríobh na ceisteanna a bhaineann leis na **tascanna foghlama** ar chártaí innáachs.

Roinnt moltaí do **cheisteanna tascanna foghlama**:

- Conas a imríonn tú cluiche cártaí simplí ar nós SNAP?
- Conas a filleadh tú léine/geansaí?
- Conas a chóiríonn tú an bord?
- Conas a imríonn tú náideanna agus crosanna?
- Conas a aimsíonn tú rud éigin sa pháipéar nuachta áitiúil, mar shampla fógraí rangaithe nó amanna na scannán?

Soláthair na tacaí is gá leis na tascanna seo a 'mhúineadh'.

### Cad le déanamh:

Tá an chéad cheacht eile cumtha ar mhaithé le go dtabharfaí breis faoi deara i dtaobh mar a bhíonn agus eadarghníomhú ar bun idir mhúinteoirí agus fhoghlaimeoirí.

Roinn an rang i mbeirteanna. Iarr ar gach beirt duine amháin a ainmniú mar fhoghlaimeoir agus duine amháin a ainmniú mar mhúinteoir. Iarr ar na beirteanna **ceist tasc foghlama** amháin a roghnú. Sa ról-aithris, ba cheart don 'múinteoir' múineadh don 'bhfoghlaimeoir' conas an tasc a dhéanamh. Má bhíonn an t-am agat chuige, iarr ar na beirteanna tasc eile a roghnú agus ansin iarr orthu na rólanna a mhalartú.

Tar éis deich nó cúig nóiméad déag, tabhair na tuismitheoirí go léir ar ais le chéile agus iarr orthu na tascanna a phlé.

### Ceisteanna d'fhoghlaimeoirí:

- Conas a bhráith sé a bheith i d'fhoghlaimeoir?
- Cad a dhein do mhúinteoir a chabhraigh leat foghlaim?
- Cad a bhí deacair?
- Cad gur bhain tú taitneamh as?
- Ar thug an ceacht seo aon léargas duit ar thaithí foghlama do pháistí féin?

### Ceisteanna do mhúinteoirí:

- Conas a bhráith sé a bheith i do mhúinteoir?
- Cad a dhein tú a chabhraigh le d'fhoghlaimeoir?
- An raibh sé deacair?
- Cad gur bhain tú taitneamh as?
- Ar chuir an ceacht seo le do thuiscint ar do ról mar mhúinteoir?

Mar chríoch ar an gceacht seo iarr ar na tuismitheoirí machnamh a dhéanamh ar na slite gur foghlaimeoirí freisin iad na múinteoirí.



## Ceistneoir ar stíleanna foghlama

### Uillmhúchán:



Teastóidh smeach-chairt, marcair agus Blu-Tack uait.



Tagair do **Leabhar Saothair A, Ith. 6-7 Aithin do stíl foghlama agus Ith.8 - Trí phríomhstíl foghlama.**

### Cad le déanamh:

Scaip an ceistneoir ar stíleanna foghlama. Léigh gach ceist os ard chun a chinntiú gur féidir leis na daoine fásta ag a bhfuil deacrachtá foghlama bheith lánpháirteach ann. Ceadaigh go leor ama do na tuismitheoirí lena bhfreagraí a líonadh isteach. Nuair atá críochnaithe acu, iarr orthu a chomhaireamh cé mhéid uair a d'fhreagraíodar le a, b, nó c.

Mínigh dóibh gur ar mhaithe le spórt a dhein sibh an gníomhaíocht áirithe seo le féachaint ar stíleanna foghlama. Cuir béim ar go bhfoghlaimímid go léir ar bhealaigh éagsúla - le radharc, éisteacht nó gluaiseacht fhisiciúil. Tá rogha andearfach ag roinnt daoine maidir leis an mbealach inar fearr leo foghlaim, agus tá daoine eile ann gur cuma leo conas a foghlaimíonn siad. larr a dtuairimí.

- *Cad a b'fhiú é do stíl foghlama féin a bheith ar eolas agat?*
- *Cad a b'fhiú é stíl foghlama do pháiste féin a bheith ar eolas agat?*


Iarr ar na tuismitheoirí machnamh a dhéanamh ar chuid de na stráitéisí múinteoireachta is coitianta sa seomra ranga:

- ag scríobh eolais ar an gclár dubh,
- ag dul i mbun gníomhaíochtaí praiticiúla,
- ag aithris na haibítire,
- ag baint úsáide as 'féach agus abair' chun focail agus litreacha a mhúineadh.

Mínigh nuair a bhíonn dea-chleachtas i bhfeidhm sa seomra ranga go ndéanann múinteoirí iarracht éagsúlacht a chur i bhfeidhm agus ábhar á chur i láthair acu, chun dul in oriúint do stíleanna foghlama éagsúla.

### Ceisteanna diospóireachta:

- *Conas a d'fhéadfadh an tasc foghlama tionchar a bheith aige ar an stíl foghlama? m.sh. ag foghlaim conas gluaisteán a thiomáint, ag baint trial as oideas nua, ag foghlaim conas ríomhairí a úsáid?*
- *Conas a théann an timpeallacht foghlama i bhfeidhm ar an taithí foghlama?*
- *Cad iad na dála eile a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar dheiseanna foghlama?*
- *Cad iad na difríochtaí idir foghlaim bhaile agus foghlaim scoile go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar stíleanna aonair foghlama?*




## Aimsigh do stíl fhoghlama

Curtha in oiriúint ón gCeistneoir ar Stíleanna Foghlama i Learning in Practice le Rosamund Philips, NALA 1996.


Roghnaigh freagra AMHÁIN a, b, nó c do gach ceist.

1. **Nuair atá tú ag dul in áit éigin nach raibh tú ann riamh cheana, an maith leat**
  - a) treoracha i scríbhinn a bheith agat?
  - b) duine éigin a bheith ann a déarfadh leat conas é a shroichint?
  - c) é a fháil amach duit féin de réir a chéile mar go bhfuil tú go maith ar threo-aimsíú?
2. **Agus tú ag litriú, an ndéanann tú**
  - a) iarracht an focal a fheiceáil?
  - b) iarracht an focal a fhuaimníú?
  - c) an focal a scríobh síos, féachaint an bhfuil an 'chuma cheart' air?
3. **Nuair a bhíonn tú crosta,**
  - a) an bhfanann tú ciúin, ag cur do chuid ciúnais i bhfeidhm ar dhaoine eile?
  - b) an gcuireann tú i dtuiscint go mear é, le liúraigh srl.?
  - c) an n-imíonn tú leat go crosta, do dhoirne teann agus d'fhiacla teannta ar a chéile?
4. **Nuair a bhíonn am spártha agat an fearr leat**
  - a) féachaint ar an teilifís, dul chuig an bpictiúrlann, cluiche físeáin a imirt?
  - b) éisteacht leis an raidió nó le téipeanna/dlúthdhioscaí, dul go dtí coirmcheoil nó uirlis cheoil a sheinm?
  - c) rud éigin fisiciúil a dhéanamh ar nós spóirt, nó dul ag rince?
5. **Nuair a bhíonn rud tábhachtach le plé agat, an fearr leat**
  - a) cruinniú díreach leis an duine atá i gceist, nó cúpla nota a scríobh i dtaobh ar mhaith leat a rá?
  - b) an guthán a úsáid?
  - c) labhairt faoi i rith gníomhaíochta eile ar nós siúlóide nó béis a ithe?
6. **Nuair a bhíonn tú ag caint,**
  - a) an labhraíonn tú go tapa, go háirithe nuair a bhíonn tú corraithe?
  - b) an mbaineann tú taitneamh as éisteacht, ach fós gur maith leat a bheith ag caint?
  - c) an n-úsáideann tú a lán geáitsí láimhe agus coirp?



## Aimsigh do stíl fhoghlama

7. An mbíonn a fhios ag daoine eile conas a bhraitheann tú
  - a) ón chuma atá ar d'aghaidh?
  - b) ó do ghuth?
  - c) ó do chuid geáitsíochta?
  
8. Nuair a deir duine éigin rud deas fút, an maith leat
  - a) é a fháil i scríbhinn?
  - b) é a chloisteáil?
  - c) an moladh a bheith fisiciúil, mar shampla barróg a fháil ó dhuine?
  
9. Nuair a dhéanann tú iarracht a thuiscent cén aoibh atá ar dhuine,
  - a) an bhféachann tú ar aghaidh an duine de ghnáth?
  - b) an n-éisteann tú lena ghlór?
  - c) an bhféachann tú ar a gheáitsí?
  
10. Nuair a bhíonn tú leamh, síomhaoin den suíomh
  - a) an bhféachann tú timpeall ort ag faire nó ag scribleáil?
  - b) an labhraíonn tú leat féin nó le daoine eile?
  - c) an mbíonn tú ag útamáil?
  
11. Nuair a bhíonn tú ag foghlaim,
  - a) an maith leat taispeántais, léaráidí nó póstaer a fheiceáil?
  - b) an maith leat éisteacht le treoracha, cainteanna agus léachtaí?
  - c) an fearr leat páirt ghníomhach a bheith agat ann, le gníomhaíochtaí nó cleachtaí?
  
12. Nuair a insíonn duine éigin a uimhir ghutháin duit,
  - a) an scríobhann tú síos í chomh tapa agus is féidir leat?
  - b) an ndéanann tú í a aithris arís agus arís eile duit féin?
  - c) an samhlaíonn tú tú féin agus an uimhir á dialú agat?



## Trí phríomhstíl fhoghlama

### 'a' is mó

Más 'a' is mó a bhí mar fhreagraí agat, is é is dóichí ná gur foghlaimeoir fisiúil tú. Braitheann tú ar an bhféachaint mar an stráitéis is éifeachtúla agus is fusa duitse.

#### Daoine gur foghlaimeoirí fisiúla iad:

- is fearr leo léarscail ná treoracha ó bhéal;
- is maith leo scribleáil;
- feiceann siad focail ina gceann;
- is cuimhin leo a bhfuil feicthe acu seachas a bhfuil cloiste acu;
- is maith leo eolas a léamh i dtreoracha;
- tá siad néata agus bíonn ord agus eagarr ag baint leo.

### 'b' is mó

Más 'b' is mó a bhí mar fhreagraí agat, is é is dóichí ná gur foghlaimeoir ó chluas tú. Is fearr a fhoghlaimíonn tú agus tú ag éisteacht agus ag caint.

#### Daoine gur foghlaimeoirí ó chluas iad:

- labhraíonn siad leo féin;
- bogann siad a mbeola fad atá siad ag léamh;
- déanann siad aithris ar eolas amach os ard chun é a fhoghlaim;
- tá siad cainteach, is breá leo díospóireacht;
- is maith leo na focail a léamh amach fad atá siad ag foghlaim conas litriú;
- cuimhníonn siad ar a bhfuil cloiste acu seachas ar a bhfuil feicthe acu.

### 'c' is mó

Más 'c' is mó a bhí mar fhreagraí agat, is é is dóichí ná gur foghlaimeoir cinéiteach tú. Foghlaimíonn tú ó mhothúcháin agus ó gluaiseacht. Is maith leat an tasc a dhéanamh chun é a fhoghlaim i gceart.

#### Daoine gur foghlaimeoirí cinéiteacha iad:

- is deacair leo suí síos;
- foghlaimíonn siad ó bheith ag déanamh agus ag láimhseáil;
- smaoíníonn siad níos fearr agus iad ag gluaiseacht nó ag siúl;
- úsáideann siad gníomh-fhocail;
- úsáideann siad geáitsí go minic;
- is maith leo focail a chóipeáil agus cleachtadh a dhéanamh ar iad a scríobh fad atá siad ag foghlaim conas litriú;
- cuimhníonn siad níos fearr ar rudaí atá déanta acu;
- is i gluaiseacht na matán is fearr atá a mbealaí foghlama.



20 níomh



## Plé ar an bhfoghlaim

### Uillmhúchán:



Teastóidh smeach-chairt, marcair agus Blu-Tack uait.



Tagair do **Leabhar Saothair A, Ith. 9 - Mar a fhoghlaimíonn páistí.**

### Cad le déanamh:

Pléigh **Leabhar Saothair A, Ith. 9 - Mar a fhoghlaimíonn páistí.**

Cabhraigh leis na tuismitheoirí an ceangal a dhéanamh idir na rudaí a d'fhiosraíodar i **nGníomhaíochtaí 1, 2 agus 3** agus na pointí a deineadh i dtaobh fhoghlaim pháistí.

Iarr orthu machnamh a dhéanamh ar stíleanna foghlama a bpáistí féin.

### Ceisteanna le cur:


*An bhfuil do pháiste:*

- *ina éisteoir/ceisteach?*
- *ina fhairire/géarchúiseach?*
- *ina dhéantóir/cleachtóir?*
- *ag foghlaim de réir meascán de stíleanna?*

*An gceapann tú go mb'fhéidir go n-athródh stíleanna foghlama le haois agus le forbairt?*

Mar chríoch, inis dóibh go léiríonn staidéir ar an gceist gur fearr a fhoghlaimíonn daoine nuair a fheiceann siad, nuair a chloiseann siad, nuair a deir siad agus nuair a dhéanann siad.





## Mar a fhoghlaimíonn páistí

Is fearr a fhoghlaimíonn páistí nuair is féidir leo taithí dhíreach a bheith acu le tascanna foghlama. Ar na gníomhaíochtaí is mó a chabhraíonn le foghlaim na bpáistí a chur chun cinn tá siad sin a thugann:

- deiseanna le feiscint, braith, cloisint, mothú agus blaiseadh;
- deiseanna le fiosrú, triail a bhaint as rudaí agus cleachtadh a dhéanamh;
- áiteanna ar a bhfuil taithí acu chun rudaí nua a fhoghlaim, mar shampla an baile nó an pobal áitiúil;
- eadarghníomh le tuismitheoirí, cairde, deartháireacha, deirfiúracha agus gaolta eile;
- deiseanna do chomhrá, do cheisteanna a chur agus do chineálacha eile cleachtas teanga;
- spreagadh agus moladh;
- deiseanna le tascanna foghlama a roghnú agus a phleanáil;
- tnútháin réadúla;
- deis a fheiceáil go bhfuil fiúntas ag baint lena bhfuil bainte amach acu.





20 nőim.



## Gaothráin ainmneacha

### Ullmhúchán:



Tagair do **Leabhar Saothair A, Ith. 10 - Gaothráin ainmneacha**.



Teastóidh páipéar A4 nó páipéar ceirde, seanirisí, siosúr agus taos.

Ullmhaigh gaothráin ainmneacha samplach.


### Cad le déanamh:


Téigh chuit **Leabhar Saothair A, Ith. 10 - Gaothráin ainmneacha** agus taispeáin an gaothráin ainmneacha atá ullmhaithe agat.

Iarr ar na tuismitheoirí gaothráin ainmneacha a dhéanamh dá bpáistí agus úsáid a bhaint as irisí, siosúr agus taos.

Ar chríochnú na gníomhaíochta duit, roinneadh gach éinne na gaothráin ainmneacha.


Pléigh conas a d'fhéadfáí an gaothráin ainmneacha a úsáid chun cabhrú le páistí foghlaim conas a n-ainmneacha féin a aithint.






## Gaothráin ainmneacha

- 1 Comhair an méid litreacha atá in ainm do pháiste. Cuir an méid sin fillte sa pháipéar (ar nós cairdín).
- 2 Scríobh na litreacha a bhaineann le hainm do pháiste trasna barr gach fillidh.
- 3 Ag tosnú leis an gcéad litir in ainm do pháiste, gearr amach roinnt mhaith pictiúr ó iris go bhfuil an chéad fhuaim chéanna acu. Greamaigh síos an filleadh iad faoin gcéad litir.
- 4 Lean sa tslí chéanna do gach litir in ainm do pháiste.






## Achoimre Sheisiúin

Déan athbhreithniú ar na coincheapa tábhachtacha sa seisiún seo agus ceist á cur agat:

- *Conas go bhfuil dúchas an mhúinteora i ngach tuismitheoir?*
- *Cad iad na trí phríomhstíl fhoghlama?*
- *Conas a fhoghlaimíonn páistí?*


Cuir i láthair **Gníomhaíocht Bhaile** mar uirlis chun stíleanna foghlama a bpáistí a thabhairt faoi deara.



## Gníomhaíocht Bhaile 2 - Stíleanna foghlama sa bhaile

Cuir i láthair **Gníomhaíocht Bhaile 2 - Stíleanna foghlama sa bhaile**, leagan eile den **gCeistneoir stíleanna foghlama** gur féidir leis na tuismitheoirí é a úsáid chun stíleanna foghlama éagsúla a bpáistí a fhiosrú. Cuir i gcuimhne dóibh gur cuid thábhachtach de spreagadh forbairt scileanna é go n-aithneofaí buanna foghlama an pháiste. Freisin, nuair a chaitheann tuismitheoirí an t-am ag tabhairt a bpáistí faoi deara, is minic go mbíonn iontas orthu faoin méid a bhíonn foghlamtha ag a bpáistí cheana fén.

Léigh trí **Gníomhaíocht Bhaile 2** leis an ngrúpa. Cuir i gcuimhne do na tuismitheoirí nach n-iarrfar orthu ach a bhfuil tugtha faoi deara acu a roinnt. Is féidir freagraí scríofa a bheith ann más maith le daoine ach ní bhaileofar iad.



## Stíleanna foghlama sa bhaile

Caith roinnt ama ag féachaint ar conas a fhoghlaimíonn do pháiste.

Sea      Ní hea

An gcuimhníonn do pháiste ar na rudaí a deir tú leis a dhéanamh?

An mbaineann do pháiste taitneamh as a bheith páirteach i gcomhrá agus as éisteacht le daoine eile?

An maith leis éisteacht le téipeanna agus féachaint ar fhístéipeanna?

An maith leis féachaint ar leabhair agus irisí?

An maith leis líníocht agus dathú?

An maith leis féachaint ar dhaoine eile ag déanamh rud éigin sula mbainfidh sé féin triail as?

An dtaitníonn gníomhaíocht láimhe leis ar nós taos imeartha nó uisce?

An maith leis rudaí a dhéanamh agus a thógáil?

An mbaineann sé taitneamh as spórt, rince agus gníomhaíochtaí gluaiseachta?

Cad eile a thug tú faoi deara?

---




---



---



---



## Nótaí Seisiúin

Cad a d'oibrigh go maith sa seisiún seo?

.....  
.....  
.....  
.....

An raibh aon fhadhbanna ann?

.....  
.....  
.....  
.....

Cén t-aischothú a fuair tú ó na tuismitheoirí faoin seisiún seo?


.....  
.....  
.....  
.....

Cad a dhein tú chun ábhair shuime agus riachtanais éagsúla a chur san áireamh?

.....  
.....  
.....  
.....

An bhfuil aon rud ann a dhéanfaidh tú ar bhealach éagsúil an chéad uair eile?

.....  
.....  
.....  
.....



Nótaí Seisiúin

# 3

Labhraímis  
faoi...








### Sa seisiún seo déanfaidh na tuismitheoirí:

- tábhacht na cainte i gcúrsaí foghlama a phlé;
- deiseanna oiriúnacha a aimsiú le bheith ag caint lena bpáistí;
- cleachtadh a fháil ar conas scileanna maithe éisteachta a aithint;
- triail a bhaint as cluichí a chuidíonn le scileanna cainte a fhorbairt.

Reimse	Tasc	Am	Lth.
Réamhrá		10 nóim.	64
Dálaí sóisialta	1	25 nóim.	65-66
Caint na scoile	2	25 nóim.	67
 Caint na scoile			68-69
Ceisteanna oscailte agus ceisteanna iata	3	20 nóim.	70-71
 Ceisteanna oscailte agus ceisteanna iata			72
 Ag caint le do pháiste féin			73
Scileanna éisteachta	4	20 nóim.	74-75
 Cúrsaí Éisteachta			76
Cluichí a chothaíonn scileanna labhartha & éisteachta 5		20 nóim.	77
 Cluichí le haghaidh cainte agus éisteachta			78
Achoimre ar an seisiún		10 nóim.	79
Gníomhaíocht bhaile 3 – Ag caínt agus ag éisteacht le do pháiste féin			79
 Súil ar chúrsaí cainte agus éisteachta			80
 Ag caint agus ag éisteacht le do pháiste féin			81
Nótaí an tSeisiúin			82



## Réamhrá

### Uillmhúchán:



Beidh smeach-chairt agus marcóirí de dhíth ort.

### Stiúradh na gníomhaíochta:

#### Caith súil siar ar **Ghníomhaíocht Bhaile 2 – Stíleanna foghlama sa teaghlaach.**

Cuir túis leis an seisiún le míniú ar na hábhair seo a leanas. Ar feadh fada go leor, níor thuig oideachasóirí na ceangail atá ann idir forbairt chainte an pháiste agus foghlaim na léitheoireachta. Glacadh leis gur dhá scil ar leith a bhí sa teanga labhartha agus sa teanga scríofa. Inniu, tuigtear go bhfuil ceangail thábhachtacha idir an chaint a fhoghlaim agus léamh agus scríobh a fhoghlaim. Chomh maith leis sin, tá forbairt scileanna cainte an pháiste ag teastáil le go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh in imeachtaí ranga.

Mínigh go bhfuil sé de dhúchas an pháiste agus na dtuismitheoirí, ó bhreith an pháiste ar aghaidh, cumarsáid a dhéanamh le chéile.

### Ábhair phlé:

*An cuimhin leo aon cheann de na bealaí ina ndearna siad féin cumarsáid leis an bpáiste tar éis dó/di teacht chun an tsaoil?*

### Freagraí samplacha:

- teagmháil súl
- gothaí gnúise
- labhairt i nglór deas suaimhneasach
- a bheith ag labhairt leis an mbabaí go minic
- freagra a thabhairt ar fhuaiméanna a dhéanadh an babaí, durdáil, plobarnach nó caoineadh
- tadhall

*An cuimhin leo cén chaoi ar mhúin siad dá bpáistí féin conas labhairt?*

### Freagraí samplacha:

- focail a rá arís is arís eile
- an páiste a spreagadh am ar bith a ndéanadh sé/sí fuaim a bhí cosúil le focal
- labhairt leis an pháiste le linn dóibh a bheith á bheathú nó á chóiriú
- ainm a thabhairt ar na rudaí a ndíreodh an páiste a mhéar ina dtreo
- cluichí a imirt
- amhráin a cheol agus ramáis bheaga a rá

Mínigh dóibh go gcabhraíonn gach ceann de na gníomhaíochtaí seo leis na páistí chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh.



## Dálaí Sóisialta

### Uillmhúchán:



Beidh smeach-chairt, marcóirí agus *Blu-Tack* de dhíth ort.



Roghnaigh meascán de chártaí *Photopak* a léiríonn daoine ag caint le chéile, nó gearr pictiúir amach as irisí a léiríonn tuismitheoirí agus páistí ag caint le chéile..

Greamaigh na cártáí *Photopak* de leathanaigh smeach-chairte agus déan bolgán cainte a tharraingt le haghaidh gach caractair iontu.

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Roinn na tuismitheoirí i ngrúpaí beaga agus tabhair leathanach smeach-chairte do gach grúpa. Bíodh na pictiúir greamaithe de na leathanaigh seo, agus bolgán chainte os a gcionn. Iarr ar na tuismitheoirí plé a dhéanamh ar cad é a mheasann siad atá ag titim amach sna pictiúir agus abair leo a bhfuil á rá ag na caractair a scríobh isteach sna bolgán chainte.

In diaidh deich nóiméad nó cúig nóiméad nó mar sin, abair le muintir an ranga teacht le chéile arís agus lig dóibh an méid a scríobh siad sna bolgán chainte a chur i láthair a chéile. Mínigh go bhfuil dálaí sóisialta ar leith á léiriú i ngach ceann de na pictiúir go léiríonn siad páistí ag idirghníomhú le tuismitheoirí. Meabhráigh dóibh go bhfuil seantaithí acu féin ar na dálaí seo, agus gurb é sin an fáth nach raibh mórán deacracha acu buille faoi thuairim a thabhairt ar cad é a bhí á rá ag na caractair sna pictiúir. Is iontach an deis iad na dálaí sóisialta seo chun cuidiú le páistí scileanna teanga a fhoghlaim. Tá comhthéacs cinnte ag baint leis na gnáthimeachtaí sóisialta seo a éascaíonn an fhoghlaim.

Sna himeachtaí seo, is gnách go mbíonn na páistí ag iarraidh cumarsáid a dhéanamh le daoine a bhfuil aithne mhaith acu orthu (máthair, athair, deirfiúr, deartháir, seanathair nó seanmháthair) agus is beag athrú a bhíonn ar an teanga a úsáidtear ó uair go chéile (béisite, folcadh, ag cur orthu a gcuid éadaí, súgradh).

Iarr ar na tuismitheoirí a machnamh a dhéanamh faoi dhálaí sóisialta sa bhaile. Chomh maith le focail agus frásáí a mhúineadh do na páistí, an féidir leo smaoineamh ar aon rud eile a mhúineann siad dóibh mar gheall ar ghnáthchomhrá sa bhaile?



## Dálaí Sóisialta

### Freagraí samplacha:

- fanacht lena seal féin
- frásáí múinte agus caint bhéasach
- mothúcháin a chur in iúl ina gcuid cainte
- féachaint ar dhuine le linn duit a bheith ag caint leis/léi
- geáitsíocht a úsáid chun tacú lena gcuid cainte
- ceisteanna a chur agus a fhreagairt
- na huaireanta atá oiriúnach agus nach bhfuil oiriúnach le haghaidh cainte
- na cuspóirí éagsúla atá ann le haghaidh cainte
- ton do ghutha a athrú
- rudaí a dhéanamh agus tú ag caint

Cuir ar a síle dóibh nach focail amháin a bhíonn á bhfoghlaim ag páistí de réir mar a fhoghlaimíonn siad conas labhairt, ach chomh maith leis sin go mbíonn siad ag cur eolais ar conas a iompraíonn daoine iad féin i ndálaí sóisialta ar leith. Déantar na focail agus an t-iompar a fhí isteach ina cheile in aigne an pháiste go dtí go mbíonn seanchleachtadh acu orthu ar na gnáthócáidí seo.



## Caint na Scoile

### Uillmhúchán:



Roghnaigh cártaí Photopak a léiríonn daoine ag caint le chéile. Más féidir ar chor ar bith é, déan iarracht teacht ar phictiúir in írisí a léiríonn múinteoirí agus páistí ag caint le chéile sa seomra ranga, sin nó páistí ag caint ina measc féin.



Scríobh na ceannteidil seo a leanas: **caint an bhaile** agus **caint na scoile** ag barr leathanach smeach-chairte. Beidh ort cártaí a ullmhú le haghaidh **caint an bhaile** agus **caint na scoile**. Leis sin a dhéanamh, scríobh gach abairt de na habairtí seo thíos ar chárta innéacs ar leith.

### Caint an bhaile:

Seo, déanfaimid seo le chéile. Cuideoidh mise leat.

An bhfuil ocras ort? An bhfuil tú ag iarraidh greim le hithe?

Cén fáth nach dtéann tú amach le bheith ag súgradh?

Ná bí ag caint agus do bhéal lán agat.

Múscail, a ghiolla na leisce.

Ssshhh, tá an leanbh ina chodladh.

Tóg leat na rudai sin agus ná fág ina luí ar an urlár iad.

An bhfuil tú ag iarraidh mé scéal a insint duit?

### Caint na scoile:

Tá leathuair an chloig agaibh leis seo a dhéanamh.

Tá sé in am do Big Break.

Tá am sosa ann. Bígí ar ais i gceann fiche bomaite.

Cuir suas do lámh, más mian leat a bheith ag caint.

Tá tú mall. An é nár chuala tú an clog?

Ciúnas.

Anois, cuirfidim slacht ar an áit sula n-imeoimid.

Tógaigí amach bhur gcuid leabhar.




Déan tagairt do **Leabhar Saothair B, leathanach 2 – An chaint agus an scoil**

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Taispeán na pictiúir a léiríonn dálaí scoile agus mínigh gur dálí shóisialta nua do na páistí atá sa scoil. Tá rialacha agus gnásanna cumarsáide ar leith ag baint leis an scoil. Cuir ceisteanna mar seo a leanas ar na tuismitheoirí:

- Cén chaoi a bhfuil dálaí na scoile difriúil ó dhálaí an bhaile?
- Cad é atá le rá acu maidir leis na chéad laethanta a chaitheann an páiste i rang nua?
- Cén chaoi a bhfuil an taithí sin difriúil óna dtaithí sa bhaile?



## Caint na Scoile

Déan na tuismitheoirí a roinnt i ngrúpaí beaga. Tabhair na cártaí **caint an bhaile** agus **caint na scoile** do na grúpaí éagsúla. Fiafraigh de na tuismitheoirí cén áit is dóiche a mbeadh na habairtí le cloisteáil, sa scoil nó sa bhaile. Abair le gach grúpa na cártaí a ghreamú faoi na ceantteidil **caint an bhaile** nó **caint na scoile** ar an smeach-chairt. An féidir leo fén smaoineamh ar thuilleadh difríochtaí idir caint an bhaile agus caint na scoile?

Cuir críoch leis an ngníomhaíocht le plé ar **Leabhar Saothair, leathanach 2 – an chaint agus an scoil**.



D'fhéadfáí cuireadh a thabhairt do dhuine de na Múinteoirí Naónán sa bhunscoil áitiúil agus comhrá a bheith ann faoi na gnásanna a bhaineann leis an chéad chúpla lá ar scoil.

Nuair a théann an páiste ar scoil i dtosach, tá sé tábhachtach go rachadh sí i dtaithí ar ghnásanna an tseomra ranga le go mbeadh muinín aici aisti fén i mbun cainte ann.

Cuidigh le do pháiste fén eolas a chur ar thimpeallacht an tseomra ranga.

Sula dtéann do pháiste ar scoil ar chor ar bith, bí ag imirt cluichí léi ag ligean oraibh fén gur sa scoil atá sibh.

Is minic a bhíonn deirfiúr nó deartháir sásta a bheith 'ag múineadh' dá ndeirfiúr nó dá ndeartháir óg.

Nuair a théann an páiste ar scoil, lig di bheith ina 'múinteoir' agus bíodh ról an fhoghlaimeora agat fén nó ag páiste atá níos sine ná í.

Beidh deis ag an bpáiste ansin a tuiscint fén a léiriú ar cad é go díreach a dhéanann múinteoirí agus cad iad na rudaí a mbíonn siad ag súil leo.

Níor mhiste iarraidh ar an bpáiste pictiúr a tharraingt de sheomra ranga nó tú fén cuidiú léi a leithéid de phictiúr a tharraingt.

**Cuir ceisteanna mar gheall ar áiteanna:**

Cá mbíonn tusa i do shuí?

Cá mbíonn an múinteoir ina shuí?

Cá bhfuil an leithreas?

Cá bhfágann tú do chóta agus do mhála?


**Cuir ceisteanna mar gheall ar am:**

Cá huair a bhíonn sos agaibh? Cad é a dhéanann tú le linn an tsosa?

**Cuir ceisteanna mar gheall ar theanga:**

Cad é a deir tú nuair is mian leat dul go dtí an leithreas?

Cén t-ainm a thugann sibh ar an múinteoir?



## Caint na Scoile

**Cuir ceisteanna mar gheall ar imeachtaí áirithe:**

*Cad é an chéad rud a dhéanann sibh nuair a bhaineann sibh an scoil amach?*

**Cuir ceisteanna faoi rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn leo:**

*An raibh dúil agat sa scéal a léigh an múinteoir inniu? Cén fáth?*





## Ceisteanna Oscailte agus Ceisteanna iata

### Ullmhúchán:



Beidh smeach-chairt agus marcóirí de dhíth ort.

Bíodh ábhair phlé ullmhaithe agat chun gur féidir léargas a thabhairt ar cheisteanna oscailte agus ceisteanna iata, mar shampla, páistí, cláir theilifise, siopadóireacht, scannáin, bia agus araile..



Déan tagairt do **Leabhar Saothair, B, Ich.3 – Ceisteanna Oscailte agus Ceisteanna iata agus Ich. 4 – Ag caint le do pháiste féin.**

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Scríobh na ceisteanna seo a leanas ar an smeach-chairt:

- *Cad iad na rudaí ar maith le páistí labhairt fúthu?*
- *Cén áit sa bhaile is mó a mbíonn comhrá idir na tuismitheoirí agus daoine eile?*
- *Cén uair is mó a bhíonn comhrá ann?*
- *Cén cineál comhrá a chloiseann na páistí sa bhaile?*

Caith roinnt nóiméad ag plé na gceisteanna seo leis na tuismitheoirí agus fiafraigh díobh ansin:

- *An dtiocfadh libh aon cheann de na ceisteanna seo a fhreagairt le freagra lom 'Is ea/ní hea'?*
- *Cén friotal a d'úsáidfeá chun freagra 'Is ea/ní hea' a fháil?*

Scríobh síos na samplaí a sholáthraíonn siad ar an smeach-chairt.

Mínigh do na tuismitheoirí go dtugtar **ceisteanna oscailte** ar cheisteanna den chineál atá tú i ndiaidh a chur orthu. Táthar ag súil go ndéanfaidh an té atá á cheistiú, go ndéanfaidh sé breis eolais a chur ar fáil seachas 'Is ea' nó 'Ní hea' lom a thabhairt mar fhreagra.

Déan tuilleadh plé ar an ábhar seo le **Leabhar Saothair, B, Ich. 3 – Ceisteanna oscailte agus ceisteanna iata.**

Bain úsáid as cuid de na hábhair atá ullmhaithe agat chun an difear idir ceisteanna oscailte agus ceisteanna iata a léiriú. Nuair is dóigh leat go dtuigeann na tuismitheoirí an coincheap, abair leo dul isteach i ngrúpaí beirte agus tabhairt ábhar cainte ar leith do gach duine den bheirt. Is é atá le déanamh acu ná agallamh a chur ar an duine eile faoin ábhar cainte a tugadh dó/di. Ba chóir go mairfeadh an t-agallamh cúig nóiméad nó mar sin agus gur ceisteanna iata amháin a bheadh á gcur. Abair leo ansin na hábhair chainte a mhálatú lena chéile agus an t-agallamh a dhéanamh ag baint úsáide as ceisteanna oscailte.



## Ceisteanna oscailte agus ceisteanna iata

Cuir an rang i gceann a chéile ansin agus iarr orthu a dtuairimí i leith na gníomhaíochta a nochtadh.


Ábhair phlé:

- An raibh ort machnamh níos déine a dhéanamh chun **ceist oscailte** a fhreagairt? Cén fáth?
- An raibh sé níos fusa duit **ceist oscailte** a chumadh? Cén fáth, dar leat?
- An mbíonn sé níos fusa ceist a chumadh/a fhreagairt má bhíonn spéis agat san ábhar? Cén fáth, dar leat?

Cuir ar a súile dóibh go ndéanann **ceisteanna oscailte** páistí a spreagadh chun a machnamh a dhéanamh faoi na rudaí atá le rá acu agus eagair a chur ar a gcuid cainte. Más fíor go gcuidíonn **ceisteanna oscailte** le comhrá a spreagadh is fíor freisin nach féidir fanacht ina muinín an t-am ar fad. Tá uaireanta ann agus bíonn **ceisteanna iata** níos oriúnaí. Fiafraigh de na tuismitheoirí an féidir leo féin smaoineamh ar uaireanta ina mbeadh **ceisteanna iata** níos oriúnaí ná ceisteanna oscailte. Abair leo a bheith ag smaoineamh ar na rudaí sin a mbíonn tionchar acu ar stíl an chomhrá.

Cuir críoch leis an ngníomhaíocht seo trí iarraidh ar na tuismitheoirí spléachadh a thabhairt ar **Leabhar Saothair, B, Ich.4 – Ag caint le do pháiste féin**.





## Ceisteanna oscailte agus ceisteanna iata

I gcás ceisteanna iata, bítear ag súil le freagra 'is ea' nó 'ní hea', nó b'fhéidir freagra de chineál eile nach bhfuil ach focal amháin ann:

'An raibh lá maith agat ar scoil inniu?'

'An bhfuil tú ag iarraidh ispíní a bheith agat don dinnéar?'

'An ndeachaigh tú chun an tsiopa?'

I gcás ceisteanna oscailte, bítear ag súil le breis eolais agus is gnách go gcaithfear machnamh éigin a dhéanamh chun an cheist a fhreagairt:

'Cad é a rinne sibh sa scoil inniu?'


'Cad é atá tú a iarraidh don dinnéar?'

'Cén áit a ndeachamar inniu?'

'An dtig leat aon rud a insint dom faoin bpictiúr?'

Nuair is **ceist oscailte** a chuirtear ar an bpáiste, caithfidh sé/sí tuilleadh focal a úsáid chun an cheist a fhreagairt. Is ionann sin agus a rá go gcaithfidh sé/sí a c(h)uid smaointe a chur in eagarr d'fhoinn an cheist a fhreagairt mar is ceart.





## Ag caint le do pháiste féin

Cuir am ar fáil chun labhairt leis an bpáiste. Is é an chéad chéim i dtreo scileanna léitheoireachta an pháiste a fhorbairt ná í a spreagadh chun scileanna cainte a fhoghlaim.

Tabhair deiseanna don pháiste a cuid smaointe a chur i bhfriotal. Ná déan dearmad go bhfuil deiseanna cainte ag baint le gach uile rud a dhéanaimid – cluichí a imirt, siopadóireacht, bonnóga a bhácáil agus araile.

Iarr ar an bpáiste gníomhartha a mhíniú duit, cur síos ar rudaí nó tuairimí agus smaointe a chur i bhfriotal. Cuir ceisteanna a thosaíonn le cé, cá huair, cá háit, cén fáth agus cén chaoi.

Bí ag múineadh ainmneacha rudaí don pháiste. Iarr uirthi a méar a shíneadh i dtreo rudaí éagsúla agus na rudaí sin a ainmniú. Bí ag iarraidh uirthi cosúlachtaí agus éagosúlachtaí idir rudaí a thabhairt faoi deara.

Bí ag múineadh focal di a bhaineann le suíomh agus treo, am, méid agus cruth.

Thar gach rud eile, cuir in iúl don pháiste go síleann tú cuid mhór dá hiarrachtaí cainte. Bí á moladh agus á spreagadh go minic.

Cuideoidh seo le:

- scileanna foclóra a fhorbairt,
- scileanna cumarsáide a fhorbairt,
- féinmhuijnín a chothú.

Ní i gcónaí a bhíonn an t-am agat chun comhrá a bheith agat le do pháiste, agus bíonn amanna ar leith a oireann do theaghlaigh ar leith. Deir roinnt mhaith tuismitheoirí gurb iad na hamanna is fearr ná iad seo a leanas:

- |  |   |
|--|---|
| • am dinnéir, lóin agus araile             | • am luí                                |
| • am folctha                               | • i ndiaidh an obair bhaile a chríochnú |
| • sa charr                                 | • le linn siúlóide                      |
| • le linn dóibh a bheith ag siopadóireacht | • le linn dóibh a bheith ag cócaireacht |

Cad iad na hamanna is fearr a oireann daoibhse?



## Scileanna Éisteachta

### Uillmhúchán:



Beidh SMEACH-CHAIRT AGUS MARCÓIRÍ DE DHÍTH ORT.



DÉAN TAGAIRT DO **Leabhar Saothair B, Ich 5 – Cúrsaí Éisteachta.**

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Gabh siar an méid a dúirt tú i dtosach an tseisiúin. Abair leo arís go bhfoghlaímíonn páistí an chaint sa chaoi is go mbeidh siad in ann cumarsáid a dhéanamh. Is mian leis an bpáiste comhrá ceart a dhéanamh le daoine eile, agus is cuid thábhachtach de sin scileanna éisteachta a fhoghlaim.

Chomh maith leis sin, tá sé tábhachtach scileanna éisteachta a mhúineadh do pháistí d'fhonn iad a dhéanamh réidh le dul chun na scoile. Bíonn ar pháistí tréimhsí fada a chaitheamh ag éisteacht leis an múinteoir ag míniú rudaí dóibh nó ag tabhairt treoracha dóibh. Caithfidh na páistí scileanna foghlama éistitheacha a fhoghlaim agus, chuige sin, caithfidh siad a bheith in ann éisteacht go lán-eifeachtach.

Níor mhiste do na tuismitheoirí triail a bhaint as an ngníomhaíocht éisteachta seo. Scríobh teachtaireacht ghearr ar phíosa páipéir. Ag labhairt i gcogar duit, inis an teachtaireacht don duine is gaire duit agus iarr ar an duine sin an teachtaireacht a insint i gcogar don duine is gaire dó síud agus lean ar aghaidh mar sin go dtí go bhfuil an teachtaireacht cloiste ag gach aon duine sa seomra. Abair leis an duine deireanach an teachtaireacht a rá os ard agus, ina dhiaidh sin, an teachtaireacht scríofa a léamh amach. Is gnách go mbíonn an dá leagan difriúil go maith ó chéile! Fiafraigh de na tuismitheoirí cén fáth nár éirigh leo focail na teachtaireachta scríofa a thabhairt slán san athinsint?

Iarr ar na tuismitheoirí dreas dianmhachnaimh a dhéanamh ar:

*Cad é atá i gceist againn nuair a deirimid scileanna maithe éisteachta?*

Breac síos a gcuid smaointe ar an SMEACH-CHAIRT.

### Freagraí samplacha:

- aire a bheith agat ar an méid atá á rá
- teagmháil súl a choimeád
- an chuma a bheith ort gur spéis leat a bhfuil á rá, gan a bheith ag déanamh rudaí eile le linn don duine a bheith ag caint
- an cainteoir a fhreagairt ar bhealach cuí



20 nóm.



## Scileanna Éisteachta

- gan briseadh isteach ar an gcaint
- ceisteanna a chur
- tú féin a bheith in ann cuntas a thabhairt ar an eolas atáthar i ndiaidh a insint duit

Ní miste leideanna a thabhairt, má mheasann tú gur gá sin.

### Ábhair phlé:

- Rinne sibh gníomhaíocht ina raibh oraibh ceisteanna oscailte agus ceisteanna iata a úsáid. Cén cineál ceiste is mó a chuir iallach ar an agallóir a aird a dhíriú ar an gcaint? Cén fáth sin, meas sibh?
- Cad iad na comharthaí a chuireann in iúl nach bhfuil duine ag éisteacht?
- Conas a mhothaíonn tú féin nuair is dóigh leat nach bhfuiltear ag éisteacht leat?


Abair leo gur chóir do thuismitheoirí na scileanna seo a úsáid sa ghnáthchomhrá a bhíonn acu lena gcuid páistí féin. Bealach éifeachtach is ea é chun dea-scileanna éisteachta a mhúineadh do pháistí.

Mar fhocal scoir, meabhraigh dóibh go gcabhraíonn cluichí agus scéalta le páistí scileanna maithe éisteachta a fhoghlaim.

Cuir críoch leis an seisiún trí thagairt do **Leabhar Saothair B, Ich. 5 – Cúrsaí Éisteachta.**

Gach seans go spreagfadh an chaint seo ar scileanna éisteachta, go spreagfadh sé plé níos leithne ar scileanna idirphearsanta. Má tharlaíonn sin, níor mhiste a lua leis na tuismitheoirí go bhféadfaí seisiún breise a chur ar fáil mar gheall ar scileanna cumarsáide do dhaoine fásta.





## Cúrsaí Éisteachta

Is é an bealach is fearr chun scileanna maithe éisteachta a mhúineadh don pháiste ná tú féin éisteacht léi.

**Seo roinnt smaointe:**

- Amharc sna síle uirthi le linn duit a bheith ag caint léi.
- Bí foighneach.
- Tabhair a saíth ama di chun a bhfuil le rá aici a rá nó chun a scéal a insint.
- Abair féin rud éigin faoin méid a bhí le rá aici.
- Cuir **ceisteanna oscailte** uirthi chun í a spreagadh le breis eolais a sholáthar.
- Iarr ar an bpáiste a scéal a insint nó an t-eolas a thabhairt do dhuine eile den teaghlach.
- Cothaigh féith na fiosrachta inti.
- Bí ag lorg a tuairimí féin faoi chúrsaí.
- Lig di labhairt gan a cuid cainte a bhriseadh.
- Bí á moladh as fanacht go foighneach lena seal cainte féin.
- Tabhair buíochas di as eolas a thabhairt duit.

Bhur gcuid smaointe féin:

---



---



---



---



---



---



---



---



---



---



---



---



---



---



---



---



---



---



---



---



---



## Cluichí a chothaíonn scileanna labhartha agus éisteachta

### Uillmhúchán:



Beidh smeach-chairt agus marcóirí de dhíth ort.



Déan tagairt do **Leabhar Saothair B, Ich. 6 – Cluichí le haghaidh cainte agus éisteachta.**

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Luaigní leis na tuismitheoirí go bhfuil bealaí ann chun páistí a spreagadh chun cainte seachas díreach a bheith ag comhrá leo, agus gur féidir leas a bhaint as cluichí, scéalta, ramáis agus amhráin. Sa roinn dheireanach seo, féachfaimid ar roinnt cluichí a chothaíonn an fhorbairt teanga.

Fiafraigh de na tuismitheoirí an féidir leo féin smaoineamh ar aon chluichí a chothaíonn caint agus éisteacht.

Scríobh síos a gcuid moltaí ar an smeach-chairt.

**Déan tagairt do **Leabhar Saothair, B, Ich.6 – Cluichí le haghaidh cainte agus éisteachta.****


An bhfuil moltaí na dtuismitheoirí áirithe cheana?

An bhfuil tuilleadh acu le cur leis an liosta?

Déan cinnte go bhfuil eolas ag gach duine ag na cluichí atá luaite.

Taispeáin conas cuid de na cluichí a imirt, más gá sin.





## Cluichí le haghaidh cainte agus éisteachta

- \* Cloiseann mo chluaisín beag (*I hear with my little ear*)
- \* Chuaigh mé chun an tsiopa ag ceannach... (*I went to the shop to buy...*)
- \* Chuaigh mé chun an zú ag féachaint ar... (*I went to the zoo to see...*)
- \* Aibítir na nAinmhithe
- \* Fiche Ceist
- \* Go Fish
- \* Simon Says
- \* Céimeanna Móra agus Céimeanna Beaga (*Giant Steps and Baby Steps*)
- \* Biongó
- \* Cluichí Boird

Bhur gcuid smaointe féin:

---



---



---



---



---



---



---




---



---



10 nolm.



## Achoimre ar an Seisiún

Déan súil siar ar an seisiún trí iarraidh ar na tuismitheoirí a machnamh a dhéanamh faoi na smaointe is mó a bhí á bplé i seisiún an lae inniu.

### Ceisteanna:

- Cén fáth a bhfuil sé chomh riachtanach sin go mbeadh an páiste in ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh (ag caint agus ag éisteacht)?
- Conas a théann dea-scileanna cainte agus éisteachta chun sochair don pháiste agus é/í ar scoil?
- Ar spreag seisiún an lae inniu smaointe ar bith a mbainfidh sibh triail astu leis na páistí sa bhaile?

Déan tagairt do **Leabhar Saothair B, Ich.7 – Súil ar chúrsaí cainte agus éisteachta.** Mínigh dóibh gurb é seo an chéad cheann de cheithre leathanach a dhíríonn ar ghné amháin de na scileanna cumarsáide atá á bhforbairt ag na páistí. Beifear ag caitheamh síule ar an gcaint agus ar an éisteacht, ar an léamh, ar an scríobh agus ar an mhatamaitic.

Is féidir leis na tuismitheoirí dul chun cinn na bpáistí a thaifead trí na 'bolgáin' éagsúla a dhathú de réir mar a thugann siad faoi deara go bhfuil na scileanna seo sealbhaithe ag na páistí. Léigh agus déan plé ar na scileanna a áirítear sna leathanaigh seo. Tabharfaidh sibh faoi deara go bhfuil bolgáin ann gan aon rud scríofa iontu. Fágadh bán iad chun gur féidir le tuismitheoirí scileanna eile a bhreacadh isteach a bhfuil baint acu le próiseas foghlama na cainte agus na héisteachta.




## Gníomhaíocht Bhaile 3 - Ag Caint agus ag Éisteacht le do Pháiste


Léigh trí **Gníomhaíocht Bhaile 3 – Ag caint agus ag éisteacht le do pháiste féin.**

Pléigh na gníomhaíochtaí a bhfuiltear ag iarraidh triail a bhaint astu le linn na seachtaine.

Cuir i gcuimhne dóibh go mbeifear ag súil leo labhairt sa chéad seisiún eile faoi na rudaí a thug siad faoi deara agus na gníomhaíochtaí á ndéanamh acu.



## Súil ar chúrsai cainte agus éisteachta



Ainm

Aois

Déan fótachóip le haghaidh gach páiste de réir mar is gá.



## Ag caint agus ag éisteacht le do pháiste féin

Roghnaigh ceann de na gníomhaíochtaí seo agus bain triail as í a dhéanamh le do pháiste féin am éigin le linn na seachtaine:

1. Ceisteanna oscailte agus ceisteanna iata
2. Ceann de na cluichí le haghaidh cainte agus éisteachta
3. Súil ar chaint agus ar éisteacht

Cén ghníomhaíocht a roghnaigh tú?

---



---



---

Cá huair a bhain tú triail as an ngníomhaíocht seo?

---



---



---

Cad é a d'fhoghlaim tú mar gheall ar scileanna cainte agus éisteachta an pháiste?

---



---



---

Ar bhain tú féin agus an páiste sult as an ngníomhaíocht? Cad iad na rudaí a thaitin leat?


---



---



---



## Nótaí an tSeisiúin

Cad iad na rudaí ar éirigh go maith leo sa seisiún seo?

---

---

---

An raibh aon deacrachartaí ar leith ann?

---

---

---

Ar nocht na tuismitheoirí aon tuairim i leith ábhar an tseisiúin seo?

---

---

---

Cad é mar a rinne tú freastal ar riachtanais agus ábhair spéise éagsúla?

---

---

---

An bhfuil aon ní ann a dhéanfá ar shlí eile dá mbeadh seisiún mar seo le reáchtáil agat arís?

---

---

---

# 4

Rannta,  
amhráin agus  
dánta







### Sa seisiún seo, beidh na tuismitheoirí:

- ag plé cé chomh tábhachtach is atá ramáis, amhráin agus dánta maidir le scileanna léitheoireachta a fhorbairt;
- ag scrúdú an cheangail idir feasacht fuaiméanna agus scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta a fhorbairt;
- deiseanna a mholadh chun ramáis, amhráin agus dánta a chur i láthair na bpáistí.

Réimse	Tasc	Am	Lth.
Réamhrá		10 nóim.	86
<b>An cuimhin libh na ramáis seo?</b>	1	20 nóim.	87
 An cuimhin libh na ramáis seo?			88
<b>Patrúin fuaimé</b>	2	30 nóim.	89-90
 Patrúin fuaimé a chloisteáil			91
<b>Spórt is spraoi – ramáis a chumadh</b>	3	10 nóim.	92
<b>Amhráin agus ramáis ghníomhaíochta</b>	4	15 nóim.	93-94
 Amhráin agus ramáis ghníomhaíochta			95
<b>Ramáis le haghaidh ghnáthimeachtaí an lae</b>	5	30 nóim.	96-97
Achoimre ar an seisiún		10 nóim.	98
Gníomhaíocht bhaile 4 – Ag baint spraoi as ramáis			98
 Ag baint spraoi as ramáis			99
Nótaí an tSeisiún			100



## Réamhrá

### Uillmhúchán:



Bíodh dornán maith leabhar do pháistí ar taispeáint. Ba chóir go mbeadh ramáis sna leabhair seo.

Bíodh dornán maith téipeanna do pháistí ar taispeáint agus ramáis, amhráin agus dánta orthu.

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Caith súil siar ar **Ghníomhaíocht bhaile 3 – Ag caint agus ag éisteacht le do pháiste féin.**

Iarr orthu a dtuairimí a noctadtadh i dtaobh **Súil ar chúrsaí cainte agus éisteachta.**

Ar chuidigh **Súil ar chúrsaí cainte agus éisteachta** leis na tuismitheoirí scileanna a gcuid páistí a thabhairt faoi deara?


Ar thug siad aon scileanna faoi deara nach bhfuil luaite in **Súil ar chúrsaí cainte agus éisteachta?**

Ramáis nó rannta beaga páistí is ábhar don seisiún seo. Is maith le páistí ramáis a chloisteáil agus a aithris. Is maith leo freisin focail a chumadh a dhéanann rím le chéile. Ní dócha go dtéann lá thart nach gcloiseann páistí ramáis bheaga agus go leor leor rudaí a bhaineann úsáid as rím, cuir i gcás amhráin agus ábhar fógraíochta agus poiblíochta. Measann oideachasóirí go dtéann an taithí luath seo ar rím chun sochair do na páistí agus go gcuindíonn sé leo eolas a chur ar phatrúin fuaime i bhfocail. Tá an scil seo an-tábhachtach do pháistí le linn dóibh a bheith ag foghlaim na léitheoireachta.

Abair leis na tuismitheoirí go dtig leo féachaint ar na leabhair nó éisteacht leis na téipeanna atá ar taispeáint.

Cuir in iúl dóibh gur féidir na leabhair agus na téipeanna a bhaint amach ar iasacht.





## An cuimhin libh na ramáis seo?

**Uillimhúchán:**



Beidh smeach-chairt agus marcóirí de dhíth ort.



Déan tagairt do **Leabhar Saothair B, Ich. 9 – An cuimhin libh na ramáis seo?** agus déan cóipeanna de chuid de na ramáis le cur ar an smeach-chairt. .

**Stiúradh na gníomhaíochta:**

Léigh amach na ramáis atá ar an smeach-chairt agus cuir na ceisteanna seo a leanas:

- *An cuimhin le haon duine agaibh na ramáis seo?*
- *An cuimhin libh aon ramás eile?*

Iarr ar na tuismitheoirí dul ag obair i ngrúpaí beirte ag iarraidh cuimhneamh ar thuilleadh ramás. Nuair a bheidh sé sin déanta acu, abair leo a gcuid oibre a chur i láthair grúpa beirte eile. Cuir an rang go léir i gceann a chéile arís agus scríobh liosta de na ramáis ar an smeach-chairt.

**Ábhair phlé:**

- *Cá huair a d'fhoghlaím sibh na ramáis seo?*
- *Cén fáth, meas sibh, a gcoinnímid cuimhne ar ramáis?*

**Freagraí samplacha:**

- Bím á n-aithris do mo pháistí féin.
- Dúirt mé chomh mion minic sin iad.
- Tá siad cliste ar bhealach gur furasta cuimhne a choinneáil orthu.
- Tá rithim ag baint leo.
- Fanann siad sa chuimhne.
- Tá a fhios ag an saol mór iad.

Gabh go dtí **Leabhar Saothair, B, Ich. 9 – An cuimhin libh na ramáis seo?**


Léigh trí na ramáis agus cuir plé ar bun ina dtaobh

**Ceisteanna:**

- *Cad iad na focail a dhéanann rím le chéile?*
- *Cén áit sa ramás ina bhfuil siad?*
- *An gcaithfidh litriú na bhfocal a bheith cosúil le chéile le go ndéanfaidh siad rím le chéile?*
- *An bhfuil samplaí ann d'fhocail atá difriúil ó chéile maidir le litriú ach a dhéanann rím le chéile mar sin féin?*
- *Cad é atá i gceist againn nuair a deirimid 'rím'?*

Scríobh síos a gcuid moltaí ar an smeach-chairt nó déan féin sainmhíniú a sholáthar ar cad é is 'rím' ann:

- Bíonn rím ann nuair a bhíonn críoch na bhfocal cosúil le chéile ó thaobh fuaime de.
- Is é is 'rím' ann ná rann nó dán.



## An cuimhin libh na ramáis seo?

Aon, dó,  
Capall is bó,  
Trí, ceathair,  
Bróga leathair,  
Cúig, sé,  
Cupán tae,  
Seacht, ocht,  
Seanbhean bhocht,  
Naoi, deich,  
Císte te / Pingin go leith.

...

Tic, tac, tú,  
Péire bróg nua.  
Cuirfidh mise an tairne,  
Is cuirfidh tusa an crú.

...

Is maith liom bainne  
Is maith liom tae  
Is maith liom codladh  
Go meánlae.

...

Tá capaillín ag Seáinín,  
Hup, hup, hup!  
Tá ba ag Páidín,  
Sup, sup, sup!  
Tá gamhna ag Máirín,  
Suc, suc, suc!  
Tá cearca ag Áine,  
Tiuc, tiuc, tiuc!

...

Ar maidin inné,  
Mharaigh mé gé.  
Bhí an scian róghéar  
Is ghearr mé mo mhéar.

...

"A sheanbhean, a sheanbhean,  
A sheanbhean, a sheanbhean,  
A sheanbhean, a sheanbhean,  
An n-óláfá tae?"  
"D'ólafainn", arsa an tseanbhean,  
"Dá mbeadh siúcra agus bainne ann.  
D'ólafainn lán an channa de,  
Dá bhfaighinn uait é."

...

Bhí mise lá ag dul Bóthar an Sop,  
Is cé a chasfaí dom ach Micilín Dod.  
Shuigh sé síos is chas sé port,  
Is bhí m'asal ag damhsa gur briseadh  
a chos.

...

"A bhoilgín, a bhoilgín,  
an n-íosfá cáca?"  
"D'íosfainn", a deir boilgín,  
"is lán a' phláta!"

...

Rabhlaí Rabhlaí suas le falla,  
Rabhlaí Rabhlaí, anuas den bhfalla.  
Dá dtiocfad na Fianna is Tuatha De  
Danann,  
Ní chuirfidís Rabhlaí Rabhlaí mar a  
bhí sé cheana

...

Gugaillí gug,  
Mo cheaircín dubh.  
Suíonn sí ar nead  
Is beireann sí ubh.  
Ubh inné is ubh inniu,  
Gugaillí gug,  
Mo cheaircín dubh.

...



## Patrúin fuaime

### Uillmhúchán:



Beidh smeach-chairt agus marcóirí de dhíth ort.

Ar chártaí innéacs, scríobh síos roinnt focal a thosaíonn agus a chríochnaíonn le fuaimeanna comhchosúla.

**Samplaí d'fhuaiméanna tosaigh:** bróg, brat, bronnn; traein, trá, trom; seas, seacht, searbh.

**Samplaí d'fhuaiméanna deiridh:** ceo, beo, feo; buan, cuan, suan; grá, crá, fleá.

Roghnaigh focail a bhfuil na patrúin chéanna fuaime/litrithe acu.

Déan cúpla sampla de gach ceann.



Déan tagaírt do **Leabhar Saothair, B, Ich. 10 – Patrúin fuaime a chloisteáil**.

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Mínigh go bhfuil sé cruthaithe go bhfuil ceangal idir feasacht ríme, foghlaim na léitheoireachta agus foghlaim scileanna litrithe. Is dóigh le hoideachasóirí anois gur fusa do pháistí patrúin litrithe a aithint agus a choinneáil ina gcuimhne má tá taithí acu cheana féin ar chosúlachtaí a aimsiú i bhfuaiméanna tosaigh agus deiridh i bhfocail.

Déan na tuismitheoirí a roinnt i ngrúpaí beaga agus cuir thart na cártaí innéacs a bhfuil na fuaimeanna deiridh scríofa orthu. Iarr orthu na samplaí a léamh agus iarracht a dhéanamh ar na patrúin fuaime deiridh a aithint. Má tá an chuma air go bhfuil deacrachtáil acu leis an ngníomhaíocht seo, féadann tú na cártaí a léamh amach os ard agus iarraidh orthu an patrún fuaime deiridh a aithint.

### Ábhair phlé:

- *An aithníonn sibh na patrúin fuaime seo?*
- *An féidir libh cuimhneamh ar fhocail eile a bhfuil an patrún litrithe céanna ag baint leo?*
- *An féidir libh cuimhneamh ar fhocail eile a bhfuil an patrún céanna fuaime le cloisteáil ina ndeireadh?*

Scríobh síos a gcuid freagraí ar an smeach-chairt.

Is é an chéad chéim eile ná iarraidh orthu féachaint ar na cártaí a bhfuil na patrúin fuaime tosaigh scríofa orthu.



## Patrúin fuaime

### Ábhair phlé:

- \* An aithníonn sibh na patrúin fuaime seo?
- \* An féidir libh cuimhneamh ar fhocail eile a bhfuil an patrún litrithe céanna ag baint leo?
- \* An féidir libh cuimhneamh ar fhocail eile a bhfuil an patrún céanna fuaime le cloisteáil ina ndeireadh?

Scríobh síos a gcuid freagraí ar an smeach-chairt.

### Ábhair phlé:

- \* Cad iad na straitéisí a d'úsáid sibh chun patrúin fuaime tosaigh agus deiridh a oibriú amach?
- \* An amhlaidh a dúirt sibh na focail os íseal ar dtús agus iarracht a dhéanamh ansin iad a litriú?
- \* An amhlaidh a smaoinigh sibh ar fhocail atá ar eolas agaibh agus ansin rogha a dhéanamh eatartha?

Arís, ba chóir béim a leagan ar thábhacht na fuaime: na páistí sin atá eolach ar chosúlachtaí i bpatrúin fuaime tosaigh agus deiridh, is fearr a éiríonn leo ceangal a chruthú idir patrúin fuaime agus patrúin litreacha.


Tá an-tábhacht ag baint leis an tuiscint, nó an fheasacht seo i leith patrún fuaime, go háirithe ag túis agus ag deireadh focal. Is iad na téarmaí a úsáideann saineolaithe oideachais le cur síos air ná feasacht patrún fuaimeanna nó feasacht fhóneolaíoch.

### Ábhair phlé:

- \* Cén chaoi a bhféadfadh **feasacht patrún fuaimeanna** a bheith úsáideach le linn don pháiste a bheith ag foghlaim na léitheoireachta?
- \* Cén chaoi a bhféadfadh **feasacht patrún fuaimeanna** a bheith úsáideach ó thaobh litrithe de?
- \* An measann sibh go n-aithníonn bhur gcuid páistí patrúin fuaime faoin am seo?
- \* Cad é mar a d'fhoghlaim siad an scil sin?

Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas thíos ar straitéisí a chothaíonn feasacht an pháiste maidir le patrúin fuaime.

Gabh go dtí **Leabhar Saothair B, Ich. 10 – Patrúin fuaime a chloisteáil**.



## Patrúin fuaime a chloisteáil

Nuair a fhoghlaimíonn páistí conas fuaimeanna áirithe a shamhlú le litreacha áirithe istigh i bhfocail, is amhlaidh atá feasacht patrún fuaimeanna bainte amach acu. Aithníonn siad patrúin fuaime atá cosúil le chéile, go háirithe ag túis agus ag deireadh focal. Cuidíonn an scil seo leo ceangal a dhéanamh idir patrúin fuaime agus patrún litreacha. Scil an-tábhachtach atá ann agus an páiste ag foghlaim conas léamh agus conas focail a litriú.

### Roinnt smaointe chun feasacht patrún fuaimeanna a chothú i do pháiste féin:

- Cuidigh leis an bpáiste ramáis a fhoghlaim agus a aithris.
- Dírigh aird an pháiste ar phatrún fuaime i bhfocail a fheiceann agus a chloiseann an páiste gach uile lá, mar shampla i gceoilíní (*jingles*) teilifíse nó raidió.
- Bí ag canadh amhrán nó ag éisteacht leo – 'Teddy Beag Álainn', 'Andaí Leisciúil'.
- Déan iarracht an páiste a chur ag smaoineamh ar fhocail a dhéanann rím lena ainm féin, fiú más focail gan chiall atá iontu.
- Le linn duit a bheith ag insint scéalta, bain úsáid as focail a dhéanann rím le chéile nó a bhfuil an fhuaim chéanna ina dtosach nó ina ndeireadh: "Háigh hó hum a dúirt an fathach" nó " Bhí Labhrás Lacha ag splaiseáil go spleodrach".

### Smaointe le haghaidh rannchluichí:

- Abair focal agus iarr ar an bpáiste focal a aimsiú a dhéanann rím leis
- Aithris ramás éigin agus fág focal amháin ar lá, féachaint an féidir leis an bpáiste an bhearna a lónadh, mar shampla:

Chuaigh an mhuc seo chun aonaigh

D'fhan an mhuc seo sa bhaile

Fuair an mhuc seo im agus arán

Agus ní bhfuair an mhuc seo \_\_\_\_\_ (tada/dadaidh).

- Caith focal éigin isteach nach bhfuil sa dán in aon chor, féachaint an dtig leis an bpáiste an botún a cheartú. Mar shampla:
 

A haon, a dó, a trí,  
Lucha beaga buí;  
Ag ithe blúire cáise

I ngan fhios do bhean an fheirmeora (bhean an tí).
- Bí ag imirt an chluiche úd "Feicim le mo shúile cinn (*I spy*), rud éigin a thosaíonn le, nó a dhéanann rím le..."



## Spórt is spraoi – ramáis a chumadh

### Uillmhúchán:



Beidh smeach-chairt agus marcóirí de dhíth ort.

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Seo gníomhaíocht għairid spraoi nár mhiste triail a bhaint aisti roimh am sosa nó má tá am fágħta i dtreо dheireadh an tseisiúin.

- Abair leis na tuismitheoirí go mbeidh muintir an ranga ag cumadh ramáis dá gcuid féin.
- D'fhéadfá cúpla eochairfhocal a bhreacadh síos ar an smeach-chairt.

Cuir i gcás, Cathal, rásáil, páirc agus thart. Thiocfadh na focail sin a úsáid chun rann mar seo a chumadh:

Is coinín é Cathal  
a chónaíonn sa pháirc;  
ag rith is ag rásáil  
is ag preabaireacht thart.

Má tá an chuma ar na tuismitheoirí go bhfuil spéis acu sa għnīomhaíocht, nior mhiste iarraidh orthu dайн ħażi beag a chumadh bunaithe ar ainmneacha a gcuid pásti nō fiú ar a sloinne féin. D'fhéadfá dul i mbun na gníomhaíochta seo ar shlí eile, agus ramáis a thabhairt dóibh a bhfuil bearnaí fágħta iontu. Caithfidh na tuismitheoirí ansin na bearnaí a liónadh, ag úsáid na bhfocal atá breacħha síos agat ar an smeach-chairt.



Thiocfadh seisiún déanta puipéad a reáchtáil chun straitéisí a chur ina láthair le haghaidh gnéithe den drámaíocht a fhí isteach i ramáis, i rannta, in amhráin agus i bhfilíocht.





## Amhráin agus ramáis ghníomhaíochta

Ullmhúchán:



Déan tagairt do **Leabhar Saothair, B, Ich. 11 – Amhráin agus ramáis ghníomhaíochta**.

Bíodh téipeanna réidh agat ar a bhfuil **amhráin ghníomhaíochta** le cloisteáil. Seans go mbeidh tú ag iarraidh téip de do chuid féin a ullmhú agus leathanaigh a scaipeadh ar a bhfuil na hamhráin ghníomhaíochta is mó a thaitníonn leat. Is furasta teacht ar na hamhráin atá luaite i **Leabhar Saothair**.

Stiúradh na gníomhaíochta:

Gabh siar go dtí **Gníomhaíocht 2 – patrúin fuaime**.

Iarr ar na tuismitheoirí a machnamh a dhéanamh faoi na straitéisí a d'úsáid siad chun na patrúin fuaimeanna ar gach cárta a oibriú amach.

Bheifeá ag súil le freagraí den chineál seo:

- iad a léamh amach os ard
- éisteacht leis na focail

Meabhraigh do na tuismitheoirí an plé a rinneadh le linn **Sheisiún 2** mar gheall ar na trí stíl éisteachta atá ann:

- foghlaim trí rudaí a fheiceáil (físúil)
- foghlaim trí éisteacht (éistitheadh)
- foghlaim trí thadhall (cinéistéiseach)

Gníomhaíocht éistitheadh is ea patrúin fuaimeanna a chloisteáil agus leas a bhaint astu. Ní gach aon pháiste a dtig leis/léi fuaimeanna a aithint go héasca, áfach, agus seans go mbeidh orthu leas a bhaint as ceann eile dá gcéadfaí chun go mbeidh siad in ann eolas a chur ar phatrúin fuaimeanna. Is dá bharr sin a theastaíonn gníomhaíochtaí **ilchéadfaíocha**, is é sin gníomhaíochtaí ina n-úsáidtear na céadfaí uile go léir. Clúdaíonn na gníomhaíochtaí seo gach ceann de na stíleanna foghlama agus, dá bhrí sin, is mó an seans go sásóidh siad riachtanais gach cineál foghlameora.

Iarr ar na tuismitheoirí moltaí a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí ríme a chuimsíonn na stíleanna foghlama go léir.





## Amhráin agus ramáis ghníomhaíochta

B'fhéidir go molfadh duine de na tuismitheoirí geáitsíocht a chur leis na hamhráin. Mura ndeir, cuir tusa an moladh ina láthair.

Seinn roinnt **amhrán gníomhaíochta** ar téip.

Gabh go dtí **Leabhar Saothair B, Ich. 11 – Amhráin agus ramáis ghníomhaíochta**.

Déan amhrán nó dhó a chanadh, ag baint úsáide as geáitsíocht (ní miste na hamhráin ar fad a dhéanamh má tá suim mhór ag na tuismitheoirí sa ghníomhaíochta).

### Ábhair phlé:

Cad iad na stíleanna foghlama atá i gceist sa ghníomhaíochta seo?

### Freagraí samplacha:

#### Éisteacht – Éistitheach

An t-amhrán agus an rím san amhrán a chloisteáil.

#### Feiceáil – Físiúil

Ag féachaint ar dhuine i mbun cibé geáitsíchta a cumadh le haghaidh an amhráin.

#### Tadhall – Gluaiseacht – Cinéistéiseach


Ag gluaiseacht de réir mar a mholtar san amhrán.

*Maidir le hamhráin agus ramáis ghníomhaíochta, cén chaoi a sásáíonn siad riachtanais gach cineál foghlaiméora?*



Tabhair cuireadh do cheoltóir teacht chuig ceann de na seisiúin, go háirithe ceoltóir a chumann nó a sheinneann amhráin do pháistí.





## Amhráin agus ramáis ghníomhaíochta

Lámh, lámh eile,  
A haon, a dó,  
Cos, cos eile,  
A haon a dó,  
Súil, súil eile,  
A haon, a dó,  
Cluas, cluas eile,  
A haon a dó.  
Ceann, srón, béal, smig,  
Sin iad na fiacla istigh! /  
Sin agat mo scéal uilg!

\*\*\*

Chuaigh an mhuicín seo ar an aonach,  
D'fhan an mhuicín seo ag baile;  
Fuair an mhuicín seo arán is im;  
Ní bhfuair an mhuicín seo dada;  
"Bhíoc, bhíoc, bhíoc", arsa an bainbhín,  
"Tá ocras orm".

\*\*\*

A ladhairicín, a ladhaircín,  
Crom do cheann go glic.  
Níl tú mór,  
beag go leor;  
A ladhaircín, a ladhaircín, a mhic.

\*\*\*

Buail bos  
Gread cos  
Cas timpeall  
Is glac sos.

\*\*\*

Roille, roille, ráinne,  
Timpeall linn i bhfáinne –  
Ríleo ró, ríleo ró!  
Suas san aer le mo choisín ó!

\*\*\*

Ring-a-ring-a-rósáí,  
Buidéal lán de *phosies*.  
Ceann duitse is ceann domsa,  
Is síos linn go léir!


\*\*\*

Buail do bhosa,  
Buail do bhosa,  
Bosa beaga míne.  
Buail do bhosa,  
Buail do bhosa,  
Is gheobhaidh tú féirín Dé hAoine!

Buail do ghlúine,  
Buail do ghlúine,  
Glúine beaga míne.  
Buail do ghlúine,  
Buail do ghlúine,  
Is gheobhaidh tú féirín Dé hAoine!

Buail do chose,  
Buail do chose,  
Cosa beaga míne.  
Buail do chose,  
Buail do chose,  
Is gheobhaidh tú féirín Dé hAoine!

\*\*\*





## Ramáis le haghaidh ghnáthimeachtaí an lae

### Uillmhúchán:



Beidh smeach-chairt agus marcóirí de dhíth ort.



Beidh roinnt irisí, siosúr, gliú agus leathanaigh A4 de dhíth ort chomh maith.

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Mínigh do na tuismitheoirí gur gníomhaíocht í seo a ceapadh chun straitéis eile a chur ina láthair a chuideoidean leo feasacht patrún fuaimeanna a chothú ina gcuid páistí. Le linn **Sheisiún 2** agus **Sheisiún 3**, phléamar conas deiseanna foghlama a dhéanamh de ghnáthimeachtaí an lae. Na gníomhaíochtaí seo atá fréamhaithe sa saol réadúil, cabhraíonn siad leis na páistí ceangal a aithint idir rudaí éagsúla ar shláí gur fusa dóibh scileanna nua a fhorbairt agus cuimhne a choinneáil orthu.

Bíodh dreas dianmhachnaimh ann, ag cuimhneamh ar ghnáthimeachtaí a mbíonn na páistí páirteach iontu. Scríobh na freagraí síos ar an smeach-chairt.

### Freagraí samplacha:

- folcadh
- a gcuid éadaigh a chur orthu
- béalte
- súgradh
- am luí
- dul amach le haghaidh siúlóide nó turas gluaisteáin
- an bord a réiteach le haghaidh béisí
- bréagáin a thógáil den urlár
- súgradh le peata madra, cait agus araile

Roghnaigh ceann de na gnáthimeachtaí sin chun na deiseanna ríme a léiriú dóibh, mar shampla, folcadh:

*Splis spleais splí  
Seo gasúr 'tá le ní*

*Splis spleais spleis  
Isteach san uisce leis*

*Splis spleais splean  
Cé hé an strainséir glan?*



## Ramáis le haghaidh ghnáthimeachtaí an lae

Is é an dara céim den ghníomhaíocht seo ná leid fhisíúil éigin a thabhairt do na páistí chun go gcoinneoidh siad cuimhne ar an ramás. Is féidir sin a dhéanamh trí phictiúr a thabhairt dóibh a léiríonn cibé gníomh is ábhar don ramás. Abair leis na tuismitheoirí go dtig leo úsáid a bhaint as na hirisí, gliú, páipéar agus siosúr. Iarr orthu dul isteach i ngrúpaí agus ramás a chumadh le haghaidh cinn de na gnáthimeachtaí atá scríofa ar an smeach-chairt.

Is é an fáth a n-iarrtar orthu dul isteach i ngrúpaí ná chun iad a spreagadh chun cabhrú le chéile agus smaointe a chur i láthair a chéile. Bíodh sin mar atá, caithfidh gach tuismitheoir rann dá c(h)uid féin a chumadh. Ar ndóigh, féadann na tuismitheoirí dul i mbun na gníomhaíochta ar shlí éigin eile, más mian leo.

### Mar shampla:

B'fhéidir go mbeadh cuid de na tuismitheoirí ag iarraidh an ramás a chumadh sa bhaile i gcuideachta na bpáistí.


B'fhéidir go mbeadh cuid acu nach bhfuil ag iarraidh na ramáis a scríobh síos.

B'fhéidir go bhfuil cuid acu ag iarraidh sraith ramás a chumadh.

Fág am ag deireadh na gníomhaíochta do roinnt ramás.

Spreag na tuismitheoirí le triail a bhaint as ramáis na ngnáthimeachtaí i rith na seachtaine.






## Achoimre ar an Seisiún

Iarr ar na tuismitheoirí a machnamh a dhéanamh faoi na coincheapa is mó a bhí á bplé i seisiún an lae inniu agus gabh siar ar na sainmhínithe a tugadh níos luaithe ar rím agus ar fheasacht patrún fuameanna..

### Ábhair phlé:

- Cén fáth a gcoinníonn páistí cuimhne ar ramáis?
- Conas a théann feasacht patrún fuameanna chun sochair do pháistí agus iad i mbun léitheoireachta?
- Conas a théann feasacht patrún fuameanna chun sochair do pháistí agus iad i mbun léitheoireachta?
- An bhfuil aon smointe agat féin conas na gníomhaíochtaí ríme a úsáid le do pháistí féin?

Déan tagairt do **Leabhar Saothair B, Ich.7 – Súil ar chúrsaí cainte agus éisteachta.** Abair leis na tuismitheoirí leanúint orthu ag faire scileanna cainte agus éisteachta a gcuid páistí.




## Gníomhaíocht Bhaile 4 – Ag baint spraoi as ramáis

Léigh trí **Gníomhaíocht Bhaile 4 – Ag baint spraoi as ramáis** ina n-iarrtar ar na tuismitheoirí triail a bhaint as ceann de na gníomhaíochtaí ríme.

Cuir i gcuimhne do na tuismitheoirí nach gcaithfidh siad freagraí scríofa a sholáthar ar na ceisteanna sa gníomhaíocht seo ach go mbeifear ag súil leo labhairt faoi na rudaí a thug siad faoi deara le linn an chéad seisiún eile.

Chomh maith leis sin, iarr ar na tuismitheoirí a bheith ag faire amach le haghaidh ceoilíní raidió nó teilihís, póstaer nó aon chineál fógraíochta a úsáideann rím nó patrúin fuameanna tosaigh nó deiridh.



## Ag baint spraoi as ramáis

Roghnaigh gníomhaíocht ón leathanach **Patrúin fuaime a chloisteáil**.

Cén ghníomhaíocht a roghnaigh tú?

---

---

---

Ar bhain do pháiste taitneamh as an ngníomhaíocht? Cad iad na gnéithe den ghníomhaíocht a thaitin leis/léi?

---

---

---

---

Cad é a d'fhoghlaim tú mar gheall ar scileanna cainte agus éisteachta an pháiste?

---

---

---

---


An bhfuil aon cheoilíní (jingles) raidió nó teilifís ar eolas ag do pháiste? Cad iad?

---

---

---

---



## Nótaí an tSeisiúin

Cad iad na rudaí ar éirigh go maith leo sa seisiún seo?

.....  
.....  
.....

An raibh aon deacrachartaí ar leith ann?

.....  
.....  
.....

Ar nocht na tuismitheoirí aon tuairim i leith ábhar an tseisiúin seo?

.....  
.....  
.....

Cad é mar a rinne tú freastal ar riachtanais agus ábhair spéise éagsúla?


.....  
.....  
.....

An bhfuil aon ní ann a dhéanfá ar shlí eile dá mbeadh seisiún mar seo le reáchtáil agat arís?

.....  
.....  
.....

# 5

## Scéalaíocht







### Sa seisiún seo, beidh na tuismitheoirí:

- ag scrúdú phatrúin na scéalaíochta;
- ag plé na gcúiseanna a bhfuil an oiread sin tábhachta ag baint leis an scéalaíocht maidir le forbairt scileanna teanga;
- ag aimsiú deiseanna scéalaíochta sa bhaile.

Réimse	Tasc	Am	Lth.
Réamhrá		10 nóim.	104
<b>Patrúin sa scéalaíocht</b>	1	20 nóim.	<b>105-106</b>
 Oideas scéalaíochta			107-108
<b>Bíonn scéal le hinsint ag gach uile dhuine</b>	2	20 nóim.	<b>109-110</b>
 Greille scéalaíochta			111
<b>Páistí ag scéalaíocht</b>	3	20 nóim.	<b>112-113</b>
 Ag cabhrú le do pháiste scéal a athinsint			114
<b>Casadh sa scéal</b>	4	60 nóim.	<b>115-116</b>
 Casadh sa scéal			117
 Puipéid a dhéanamh			118
Achoimre ar an seisiún		10 nóim.	119
Gníomhaíocht bhaile 5 – Scéalaíocht			119
 Scéalaíocht			120
Nótaí an tSeisiúin			121-122



## Réamhrá

### Uillmhúchán:



Beidh smeach-chairt agus marcóirí de dhíth ort.

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Caith súil siar ar **Gníomhaíocht Bhaile 4 – Ag baint spraoi as ramáis**.

Mínigh dóibh go mbeidh seisiún an lae inniu dírithe ar scileanna cainte chomh maith.

Beidh na tuismitheoirí ag fáil amach conas a chabhraíonn an scéalaíocht le páistí agus iad ag foghlaim na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta.


Meabhraigh do na tuismitheoirí rud a dúradh le linn na seisiún eile, gurb iomaí deis fhoghlama atá le fáil sa bhaile. Le linn dóibh a bheith sa bhaile, bíonn tuiscant mhaith ag páistí ar cé hiad féin agus cén áit a bhfuil siad. Is sa bhaile is mó a mhothaíonn siad féinmhuiníneach.

Mínigh dóibh gur mór an chabhair dóibh eolas a chur ar dhornán scéalta a chloiseann siad go mion is go minic. Is amhlaidh gur creatlach atá ina leithéid seo de scéal, creatlach a bhfuil taithí acu air agus a ligeannt dóibh a machnamh a dhéanamh ar ghnéisithe ar nós friotail, smaointe, mothúcháin, cora an tsaoil agus dearcadh daoine eile.

### Ábhair phlé:

- Cé a bhíonn ag insint scéalta i bhur dteach féin?
- Céard is ábhar do na scéalta seo?
- An bhfuil scéalta ar leith ann a bhfuil dúil mhór ag na páistí iontu agus a iarrann siad arís is arís eile?
- An mbíonn scéalta á n-insint ag na páistí iad féin?





## Patrúin sa scéalaíocht

### Uillmhúchán:



Beidh smeach-chairt agus marcóirí de dhíth ort.



Bíodh dornán leabhar scéalaíochta agat ina bhfuil scéalta iomráiteacha ar nós '**Na Trí Mhuicín Bheaga**' nó '**Drochlá Ruairí**'.

Scríobh cuid de na ramáis ó **Sheisiún 4 – An cuimhin libh na ramáis seo?** ar an smeach-chairt.



Déan tagairt do **Leabhar Saothair B, leathanaigh 13-14 – Oideas scéil.**

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Is é cuspóir na gníomhaíochta seo ná scéalta a úsáid atá ar eolas ag na tuismitheoirí, féachaint le plé a spreagadh i dtíortha eile sin a bhaineann le scéalta a chumadh, cuimhne a choinneáil orthu agus iad a athinsint. (Nóta eolais: má mheasann tú nach bhfuil na scéalta a lúaitear sa phacáiste seo oiriúnach do na tuismitheoirí, ní miste scéalta eile a roghnú, mar shampla scéalta ón mbíobla, bailéid, finscéalta, miotais).

Taispeáin na leabhair scéalaíochta do na tuismitheoirí.

### Ábhair phlé:

- *An bhfuil an scéal seo ar eolas acu go léir?*
- *Cad é a tharlaíonn sa scéal seo?*
- *An dtiocfadh leat an scéal seo a athinsint ó chuimhne?*
- *Cad iad na rudaí a chuidíonn linn cuimhne a choinneáil ar ord na n-eachtraí sna scéalta seo, agus iad a athinsint?*

Mínigh dóibh go ndéantar scéalta a bhunú ar chreatlach. Má tá eolas againn ar bhunphatrúin na scéalaíochta is fearr a éireoidh linn cuimhne a choinneáil ar scéalta agus iad a athinsint. Treoir atá ann don té atá ag iarraidh scéalta dá chuid féin a insint.

Maidir le scéalta a léamh, a insint agus a roinnt le chéile, tá siad ar chuid de na rudaí is tábhactaí ar féidir le tuismitheoirí agus páistí a dhéanamh le chéile (nó daoine eile den teaghlaigh ach oiread). Taithí atá ann a chuidíonn leis na páistí scileanna riachtanacha a fhoghlaím a bheidh á gcur i bhfeidhm acu agus iad ag foghlaim na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta:

- cuimhneamh ar mhiongnéithe an scéil;
- na miongnéithe a eagrú in ord ar leith;
- an t-eolas atá acu ar phatrúin scéalaíochta a úsáid chun an méid atá le tarlú sa scéal a thuar;
- an t-oideas scéalaíochta a úsáid chun scéalta dá gcuid féin a insint agus, níos faide anonn, chun iad a scríobh.



## Patrúin scéalaíochta

Dírigh aird na dtuismitheoirí ar na trí ramás ar leathanach na smeach-chairte.

Iarr orthu féachaint ar na ramáis seo.

### Ábhair phlé:

- Tá cuntas i ngach ceann de na dánta seo ar eachtra éigin a thit amach. Cad í an eachtra atá i gceist i ngach ramás acu?
- An fusa dúinn cuimhne a choinneáil ar na ramáis seo má tá eolas againn ar na heachtraí a thiteann amach iontu?
- An ndéarfá go bhfuil scéalta á n-insint sna ramáis seo?
- Cad is 'scéal' ann, dar leat?
- An bhféadfá rud éigin breise a chur leis na ramáis seo chun scéalta a dhéanamh díobh?


Is féidir léargas a thabhairt ar na cúrsaí seo le **Leabhar Saothair B, leathanaigh 13-14 – Oideas Scéil**.

### Ábhair phlé:

- Conas a úsáideann an t-údar an chócaireacht chun ealaín na scríbhneoireachta a léiriú?
- Cad é a chuir an t-údar le scéal Iníon Bheag Uí Mhoiféid chun scéal a dhéanamh de?
- An féidir leis na tuismitheoirí an t-oideas scéalaíochta a chur i bhfeidhm ar scéal eile, mar shampla **Na Trí Mhuicín Bheaga**?

Scríobh treoracha an oidis ar an smeach-chairt, féachaint an féidir leis an tuismitheoirí an scéal úd Na Trí Mhuicín Bheaga (nó scéal eile a roghnaigh tú féin) a athinsint de réir an oidis.





## Oideas scéalaíochta

Is iomaí oideas scéalaíochta ann. Seo ceann ar mhaith liom sibhse triail a bhaint as.

**1. Abair leo i dtosach báire cad é atá sa phota agat.**

(*Is iomaí bealach le túis a chur le scéal: Fadó fadó... Bhí fear ann uair amháin... Is cuimhin liom an t-am...*)

Ar chuala sibh iomrá riamh ar Matilda Ní Mhoiféid?

**2. Déan na codanna éagsúla den scéal a mheascadh isteach ina chéile: cé, céard, cén uair agus cén áit.**

(*Iníon Uí Mhoiféid atá sa scéal áirithe seo, agus í i mbun glantacháin ina teachín féin Dé Sathairn, ach ní chaithfidh sibhse cloí leis sin.*)

An cuimhin leat Matilda Ní Mhoiféid, an fústaire beag úd a bhíodh i gcónaí ag tabhairt amach faoi na páistí a bheith ag rith tríd an ngarraí is aici? Tá sí ina cónaí sa teachín beag láimh le Crosbhealach Chailleach na gCearc. Bhuel, chaith sí Dé Sathairn na seachtaine seo a chuaigh thart ag glanadh an tí. Is í a bhí bródúil as a teachín beag féin! Ní bhfaighfeá duine níos pointeáilte ná Matilda. Chaith sí an lá ar fad ag ní na mballaí, ag sciúradh na dtíleanna, ag glanadh amach na bpriosanna, ag scuabadh ar shiúl na dtéad a bhí déanta ag na damháin alla, ag bualadh dusta as na rugaí, ag cur snasa ar throscán, agus glanadh loirg na méar ó na doirse agus na fuinneoga. Ní raibh seomra sa teach a tháinig slán ó ruraig ghlantacháin Matilda.


Bhí an oíche ann faoin am a raibh sí réidh. Bhí lá mór oibre déanta aici agus shíl sí go raibh bonnachán beag tuillte aici. Agus an bhfuil a fhios cad é an bia is mó a raibh dúil ag Matilda ann? Gruth agus meadhg, mura miste leat! Is ea, gruth agus meadhg, nó duine ar leith a bhí in Matilda is againne! Bhí sí díreach réidh le suí síos ar a tuiféad ag breathnú ar Ros na Rún agus babhla breá te aici líonta lán de ghruth agus de mheadhg...

**3. Caith rud beag trioblóide isteach agus fág an t-iomlán ar bogfhiuchadh.**

(*Bíonn i gcónaí trioblóid éigin sna scéalta seo, ní bheadh suim againn iontu mura mbeadh. Fad is atá Matilda ag súil le sos a bheith aici táimid ag súil le heachtra éigin titim amach...*)

Bhí leath i ndiaidh a seacht ann nuair a fuair sí failí suí síos ar a tuiféad agus an béis ba mhilse léi ar domhan a ithe. Chuir sí Ros na Rún ar siúl. Bhí Deirdre ag maigrneach faoi fhearr glic éigin a bhí i ndiaidh bob a bhualadh uirthi agus í a fhágáil i bpriosún. ‘Och, och! A leithéid d’óinseach,’ a dúirt Iníon Uí Mhoiféid. ‘Dá mbeadh a leathoiread oibre le déanamh aici is atá le déanamh agamsa, is beag am a bheadh aici le cur amú ar chúrsaí grá agus ar bhligeaird an bhéil bhinn.’

Díreach leis sin, thuig Matilda nach raibh sí ina haonar ach go raibh neach éigin istigh sa seomra. Ní raibh sí in ann é a fheiceáil ná a lámh a leagan air, ach bhí



## Oideas scéalaíochta

sé ag cur uaignis uirthi mar sin féin... Dar léi go raibh sé ag teacht ina cóir, cibé rud a bhí ann. Bhí neach éigin ag teacht ina treo...

I gceann bomaite fuair sí radharc ar neach dorcha éigin a chaith místá bagrach uirthi féin agus ar a cuid grutha agus meidhg...

Dúirt an neach, 'Bhuel, síleann tusa go bhfuil lá mór oibre déanta agat, an síleann? Ar smaoinigh tú riamh cad é an dochar atá déanta agat inniu, tú féin agus do chuid oibre? Scrios tú mo theaghlach go léir agus d'fhág tú gan teach gan dídean muid.'

### 4. Caith isteach an réiteach.

(Is maith atá a fhios againn, ar ndóigh, gur damhán alla atá sa strainséir ach an bhfuil a fhios againn cad é atá ag dul a tharlú? An amhlaidh a thabharfaidh Iníon Uí Mhoiféid cic maith don damhán alla agus suí síos arís ag amharc ar Ros na Rún arís? An féidir go bhfuil údar maith gearáin ag an damhán alla bocht?)

D'fhan Iníon Uí Mhoiféid ina suí agus a dhá shúil sáite sa damhán alla. Caithfidh sé go raibh a súile, agus a cluasa, ag cliseadh uirthi. Léim sí ina seasamh, ag ligean dá babhla titim uaithi, agus mar a bhualfeá do dhá bhois ar a chéile, rith sí amach ar an doras.

### 5. Déan é a thástáil. Is féidir i gcónaí é a athrú mura bhfuil sé do do shásamh.

(Sílim go bhfanfaimid dílis don traidisiún sa chás áirithe seo...)

Níor bhac sí le hamharc siar thar a gualainn. Ní fhaca sí an gruth agus an meadhg ag sileadh amach as an mbabhla briste ar an urlár glan nite.

### 6. Bíodh críoch shona air mar scéal.

(Is é sin le rá, don damhán alla...)

Ach chonaic an damhán alla é agus ba mhór an pléisiúr a bhain sé as an díoltas beag seo. Shocraigh sé é féin ar an tuiféad agus d'amharc ar an gcuid eile de Ros na Rún agus é chomh sásta le rí.

(Bhuel, bhí an lá leis an damhán alla sa deireadh thiar thall, ach ná síl gurb é sin deireadh an scéil ar fad. Gach seans go bhfuil Iníon Uí Mhoiféid ag freastal ar ranganna karate san ionad oideachais áitiúil. Beidh tuilleadh scéalta le hinsint faoi Matilda!)



## Bíonn scéal le hinsint ag gach uile dhuine

### Uillmhúchán:



Beidh smeach-chairt agus marcóirí de dhíth ort.



Déan tagairt do **Leabhar Saothair B, Ich.15 – An greille scéalaíochta**.

Déan **An greille scéalaíochta** a chóipeáil ar leathanach SMEACH-CHAIRTE.

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Iarr ar na tuismitheoirí a machnamh a dhéanamh faoi na scéalta a insíonn siad dá gcuid páistí.

Cad iad na foinsí atá acu le haghaidh scéalta agus smaointe?

### Freagraí samplacha:

- teilihís/raidió
- scannáin/nuacht
- cuimhní ar a n-óige féin
- ramáis/rannta
- imeachtaí/ócáidí scoile
- scéalta a chloisteáil ó dhaoine eile
- peataí
- ócáidí teaghlaigh
- bréagáin/rudaí eile a bhfuil seaneolas ag na páistí orthu
- a dtaithí saoil féin

Meabhraigh dóibh go dtig scéalta a chumadh faoi gach rud faoin ngréin.

Tá scéalta stairiúla ann (athinsint ar eachtraí a thit amach san am atá thart) agus scéalta ficsin (insint shamhalta ar eachtraí nó ar eispéiris áirithe).

Bíonn scéalta ann ina mbíonn meascán den stair agus den fhicsean, mar shampla an scannán úd '**Titanic**'.

Níl le déanamh ag an scéalaí ach na carachtair agus na heachtraí éagsúla a fhí isteach i gcreatlach scéalaíochta. Bhí sampla amháin againn de chreatlach scéalaíochta i **nGníomhaíocht 1, Oideas Scéil**. Tá creatlach eile le fáil in **an Greille scéalaíochta**. Arís ba chóir leas a bhaint as scéal a bhfuil eolas ag gach duine air, cuir i gcás '**Na Trí Muicíní Bheaga**', le léargas a thabhairt ar an gcreatlach a chuirtear ar fáil sa Ghreille. Is féidir ansin iarraigdh ar na tuismitheoirí a gcuid scéalta féin a chumadh.


Déan na tuismitheoirí a roinnt i ngrúpaí. Déan **an Greille scéalaíochta** a chóipeáil ar an SMEACH-CHAIRT. Tabhair roinnt peann luaidhe agus páipéis do gach grúpa agus abair leis na tuismitheoirí bunclocha scéil a chur ar fáil.




## Bíonn scéal le hinsint ag gach uile dhuine

Fan roinnt nóiméad sula n-iarrann tú orthu a smaointe a chur i láthair. In ionad gach grúpa a gcuid smaointe ar fad a chur ar fáil, ba chóir do ghrúpa amháin Carachtar a mholadh, agus grúpa eile ansin Frithcharachtar a mholadh agus grúpa eile ansin Tréimhse Ama a mholadh agus dá réir sin. Is gnách go mbíonn an-spórt ag baint le creatlach scéil a chuirtear ar fáil ar an gcaoi seo.

Nuair atá gach bosca sa **Ghreille** líonta agat is féidir dul céim eile chun tosaigh agus nathanna scéalaíochta a chaitheamh isteach ar nós 'Fadó fadó...' agus 'Má tá bréag ann, bíodh, mar ní mise a chum ná a cheap é'.





## An greille scéalaíochta

CARACHTAR	Cé hé príomhphearsa an scéil?
FRITHCHARACTAR	Cé eile atá sa scéal? Cé hé an 'drochdhuine'?
TRÉIMHSE AMA	Cén tréimhse a bhfuil an scéal suite ann?
IONAD/SUÍOMH	Cén áit a bhfuil an scéal suite ann?
PRÍOMHEACHTRAÍ	Cad iad na rudaí atá le titim amach le linn an scéil?
FADHB	Cad iad na deacrachaí agus na fadhbanna atá le sárú ag na carachtair sa scéal?
CRÍOCH	Conas a chuirtear críoch ar an scéal? Críoch shona? Críoch bhrónach?



## Páistí ag scéalaíocht

### Uillmhúchán:



Beidh SMEACH-CHAIT agus MARCÓIRÍ de dhíth ort.



DÉAN TAGAIRT DO **Leabhar Saothair B, Ich.16 – Ag cabhrú le do pháiste scéal a athinsint.**

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Fiafraigh de na tuismitheoirí an amhlaidh a d'inis a gcuid páistí scéalta dóibh riamh, nó dá seantuismitheoirí, dá ndeirfiúracha/deartháireacha nó fiú amháin dá gcuid peataí nó dá gcuid bréagán.

CÉN CINEÁL SCÉALTA A BHÍONN Á N-INSINT ACU?

Scríobh síos na freagraí ar an SMEACH-CHAIT.

Mínigh dóibh go bhfuil an scéalaíocht ina cuidiú do pháistí agus iad ag iarraidh scileanna teanga a fhorbairt agus eagarr a chur ar a gcuid smaointe. Éisteann páistí leis na scéalta a insítear dóibh agus bíonn fonn orthu féin scéalta a insint. Tá bealaí ar leith ann ina dtig le tuismitheoirí an tsuim seo sa scéalaíocht a spreagadh agus cabhrú le hiarrachtaí na bpáistí.

Bealach amháin acu sin is ea a samhlaíocht a spreagadh trí mheán an tsúgartha, le bábóga, le béisíni, le fíoracha a ghearradh amach as cairtchlár nó le puipéid bheaga.

Bealach eile is ea an páiste a 'thionlacan' céim ar chéim trí scéal éigin atá ar eolas aige/aici, féachaint lena athinsint. Tá sampla le fáil i **Leabhar Saothair B, Ich 16 – Ag cabhrú le do pháiste scéal a athinsint.**

Bealach eile fós is ea cluiche scéalaíochta a imirt. B'fhurasta cluiche a dhéanamh den dá ghníomhaíocht úd **Oideas Scéil agus an Greille scéalaíochta**. Bheadh ar na páistí, cuir i gcás, codanna an scéil a scairteadh amach nó na boscaí in **an Greille scéalaíochta** a lónadh. NÓ D'FHÉADFA TRIAIL A BHANT AS CINEÁL SCÉIL AR A DTUGTAR **Scéal na n'Ach'** AIR.

Iarr ar na tuismitheoirí triail a bhaint as a leithéid de scéal a chumadh. Cuireann duine acu túis leis an scéal le habairt éigin a chuireann síos ar charachtar agus ar rud éigin a bhí sé nó sí ag iarraidh a dhéanamh. Cuireann gach duine i ndiaidh a chéile abairt leis an scéal, abairt amháin ag cur síos ar eachtra ámharach éigin agus an chéad abairt eile ag cur síos ar eachtra mhí-ámharach.

Mar shampla:

An chéad duine: Bhí cailín beag ann uair amháin agus ba mhian léi dul ag siúl sa choill ACH

An dara duine: Ní raibh fios an bhealaigh aici go rómhaith agus is amhlaidh a chuaigh sí ar strae. Bhí sí ag fuaidreamh thart ar feadh i bhfad ACH



## Páistí ag scéalaíocht

An tríú duine: Faoi dheireadh chonaic sí teachín beag deas faoi bhrat eidhinn istigh i lár na gcrann ACH

An ceathrú duine: Ní raibh aon duine ann a d'inseodh fios an bhealaigh chun an bhaile di ACH

An cúigiú duine: Ar ámharaí an tsaoil, bhí trí bhabhla bracháin fágtha ar an mbord ag muintir an tí. Bhí ocras an domhain ar an gcailín beag ACH


Agus is féidir leanúint den scéal ar feadh chomh fada agus is mian libh.

Iarr ar na tuismitheoirí a machnamh a dhéanamh faoi conas a chuidíonn an struchtúr scéalaíochta seo le páistí a gcumas scéalaíochta a fhorbairt.

### Freagraí samplacha:

- Caithfidh na páistí a n-aird a dhíriú ar an gcluiche.
- Tá tú curtha leis an scéal cheana féin, agus caithfidh na páistí smaointe a aimsiú leis an scéal a choinneáil ag imeacht.
- Díríonn sé aird na bpáistí ar ghnéithe ar leith den scéalaíocht.
- Cuireann sé struchtúr ar fáil do na páistí chun gur féidir leo a gcuid smaointe a eagrú.
- Is féidir le tuismitheoirí leideanna a thabhairt má éiríonn an scéal róchasta do na páistí.
- Is féidir leis na tuismitheoirí treo an scéil a athrú más gá.
- Bíonn deiseanna ag na tuismitheoirí na páistí a mholadh agus a spreagadh.





## Ag cabhrú le do pháiste scéal a athinsint

Roghnaigh scéal a bhfuil eolas maith agaibh beirt air.	<b>'An dtig leat scéal Ainnir na Gruaige Finne agus na dTrí Bhéar a insint dom?'</b>
larr ar an bpáiste tosú ag fíorthús an scéil.	<b>'Bhí trí bhéar ann uair amháin.'</b>
Dírigh a haird ar ghnéithe ar leith.	<b>"Agus cén fáth ar tháinig Ainnir na Gruaige Finne go dtí teachín na dtrí bhéar?"</b>
Bí ag cur ceisteanna a chabhróidh léi cuimhne a choinneáil ar an scéal.	<b>'Agus cad é a tharla nuair a shuigh sí ar chathaoir an Bhéirín Bhig?'</b>
Bí ag tabhairt leideanna di má éiríonn. an scéal beagán casta di.	<b>'Bhris an chathaoir fúithi, nár bhris? Agus chuaigh Ainnir na Gruaige Finne suas an staighre go dtí na seomraí leapa. Agus cad é an chéad leaba ar luigh sí síos uirthi?'</b>
Cuir an scéal ar mhalairt treo más gá.	<b>'Ach níor tháinig na béir abhaile láithreach bonn, ar tháinig? Cad é a tharla ar dtús?'</b>
Bí á moladh agus á spreagadh go minic.	<b>'B'in scéal iontach. Go raibh maith agat as é a insint dom.'</b>



## Casadh sa scéal

### Uillmhúchán:



Bí cinnte agus na hábhair seo a bheith réidh agat:



le haghaidh puipéid a dhéanamh – seanstocaí, tiúbán chairtchláir ó rolláí pháipéar leithris nó cistine, páipéar daite, olann, siosúr, gliú agus marcóirí.

le haghaidh cultacha a dhéanamh – hataí, scaifeanna, seanseodra.

áiseanna eile – bréagáin éagsúla

Déan puipéad stoca amháin agus puipéad eile de thiúbán cairtchláir chun a léiriú do na tuismitheoirí conas iad a dhéanamh.



Déan tagairt do **Leabhar Saothair B, Ich.17 – Casadh sa Scéal**  
do **Bileog Saothair B, Ich.18 – Puipéid a dhéanamh**.

Ba chóir roinnt leabhar a bheith agat a léiríonn conas casadh a chur i scéal.

'Has Anyone Seen Jack?', by Tony Bradman (Frances Lincoln)

'Prince Cinders', by Babette Cole (Puffin)

'A Rugrats' Night Before Christmas', by David Lewman (Simon & Schuster)

'Rugrats Once Upon a Reptar', by Kitty Richards (Simon & Schuster)

'The True Story of The 3 Little Pigs', by Jon Scieszka (Puffin)

'The Stinky Cheese Man And Other Fairly Stupid Tales', by Jon Scieszka (Puffin)

'Jim and The Bean Stalk', by Raymond Briggs (Puffin)

'King Change-a-lot', by Babette Cole (Puffin)

'Beware of Boys', by Tony Blundell (Puffin)

'The Paper Bag Princess', by Robert Munsch (Scholastic)

'Little Lumpty', by Miko Imai (Walker)


'Princess Smarty Pants', by Babette Cole (Puffin)

'Nice Work, Little Wolf!', by Hilda Offen (Puffin)

### Stiúradh na gniomhaíochta:

Tá dhá chuid sa ghníomhaíocht seo, **Casadh sa Scéal**. Is gníomhaíocht í atá ag cur leis an obair a rinneadh leis **an Ghreille scéalaíochta** agus a chuireann deiseanna ar fáil do thuismitheoirí agus dá bpáistí chun scéalta a chumadh agus a athinsint. Gheobhaidh na tuismitheoirí straitéisí ann chun samhláiocht agus scileanna scéalaíochta na bpáistí a spreagadh.

Is é an chéad chéim eile ná **Casadh sa Scéal – Leabhar Saothair B, Ich.17** a léamh.



## Casadh sa scéal

### Ábhair phlé:

- *An dtiocfadh leat an Greille scéalaíochta a úsáid chun casadh a chur i scéal?*
- *Cén fáth, meas sibh, a mbainfeadh páistí taitneamh as scéalta den chineál seo?*
- *An bhfuil aon smaoineamh eile agaibh le haghaidh casadh a chur i scéalta eile?*

Déan na tuismitheoirí a roinnt i ngrúpaí. Ná bíodh na grúpaí róbheag nó is gnách go mbíonn cuid mhaith carachтар sna seanscéalta. Mol seanscéal amháin do gach grúpa (nó lig dóibh scéal a roghnú). Abair leo leas a bhaint as na treoracha chun casadh a chur sa scéal ar shlí gur geall le scéal úrnua ar fad é. Beidh orthu toradh a gcuid oibre a chur i láthair an ranga go léir.

Sula dtosaíonn siad ar chor ar bith, meabhraigh do na tuismitheoirí gur breá le páistí bréagáin a úsáid chun cur leis an scéal agus freisin iad féin a ghléasadh. Taispeáin dóibh na puipéid agus na hábhair a úsáidtear chun puipéid a dhéanamh. Is féidir cuntas a thabhairt ar conas puipéid a dhéanamh agus tagairt do **Leabhar Saothair B, Ich.18 – Puipéid a dhéanamh**. Ná déan dearmad na hábhair dhéanta cultacha agus áiseanna eile a lua.

Abair leis na grúpaí na puipéid, na cultacha agus na bréagáin a fhí isteach sa scéal chun an scéalaíocht féin a dhéanamh níos drámatúla. Is féidir leo na háiseanna seo go léir a úsáid nó ceann nó dhó a roghnú. Is é an rud is tábhacthaí ar fad ná go dtabharfaidís scóip ionlán dá samhlaíocht féin.


Cuir fiche nóiméad nó mar sin ar fáil le haghaidh na scéalta a chur i láthair.



Déan plé ansin ar ghníomhaíochtaí eile scéalaíochta a d'fhéadfáí a reáchtáil amach anseo. Cuir i gcás:

- pacáistí scéalaíochta a dhéanamh
- cuireadh a thabhairt do scéalaí gairmiúil teacht chuig seisiún éigin amach anseo,
- plé a dhéanamh ar scéala do pháistí in aoisghrúpaí níos sine.





## Casadh sa scéal


Baineann páistí an-spórt as an ngreann agus an súgradh a bhaineann leis an gcineál seo scéalaíochta. Más mian leat 'casadh' a chur i seanscéal níl le déanamh ach é a athrú go dtí go n-oireann sé don chuspóir atá i gceist agat.


- \* Is féidir na carachtair sa scéal a thiontú ina n-ainmhithe nó ina n-eachtrannaigh ó phláinéad i bhfad i gcéin, nó fiú amháin daoine den teaghlaigh a chur ina n-áit
- \* Is féidir plota an scéil a chur in cibé treo is mian leat
- \* Is féidir an áit agus an t-am ina bhfuil an scéal suite a athrú ar fad
- \* Is féidir an scéal a insint ó pheirspictíocht eile ar fad.

### Mar shampla:

Níl fáth ar bith nach dtitfeadh scéal na *dtrí mhuicín bheaga* amach faoi uisce. Thiocfadh na *trí rón bheaga* a bheith ann in áit na *dtrí mhuicín bheaga*, nó níos fearr fós, *Na trí mhuicín mara*. Thiocfadh *ochtapas ollmhór ocrach* a dhéanamh den *mhac tíre*. Thiocfadh leo tithe a dhéanamh den fheamainn, de shliogáin nó d'adhmad ó longa báite...

Thiocfadh 'An Prionsa a bhí ina Fhrog' a athrú ar an dóigh chéanna go dtí 'An Prionsa a bhí ina Dhamhán Alla'. Sa scéal bunaidh, pógann an banphrionsa é agus déanann fear de arís. Ní gó daoibhse cloí leis sin. Cad é mar a bheadh an scéal dá bpógfadh an frog an banphrionsa agus í a thiontú ina frog?






## Puipéid a dhéanamh


### Puipéad stoca:

1. D'fhoinn na súile agus an tsrón a dhéanamh, faigh cnaipí nó píosaí ciocalacha de pháipéar daite agus greamaigh den stoca iad.
2. Gearr teanga nó béal amach as píosa páipéir.
3. Más mian leat gruaig a chur ar cheann an phuipéid, is féidir olann nó fionnadh a ghreamú ar an stoca.




### Puipéad a dhéanamh de thiúbán cairtchláir.

1. Ag úsáid gliú nó seilitéipe, clúdaigh an tiúbán le páipéar daite. Seo é corp an phuipéid..
2. Is féidir cibé ornáidí is mian leat a tharraingt a ghearradh amach nó a ghreamú (mar shampla, cnaipí, carbhat agus araile).
3. Déan ciocal mór a ghearradh amach as páipéar. Seo é ceann an phuipéid agus beidh aghaidh le tarraingt air.
4. Déan an ceann a ghreamú den tiúbán.
5. Is féidir rudaí breise a chur leis, de réir mar is mian leat féin. Mar shampla, olann a úsáid le haghaidh gruaige, gealra (glitter) agus araile)...





10 nóm.



## Athchoimre ar an Seisiún

Iarr ar na tuismitheoirí tuairimí a nochtadh faoi na gníomhaíochtaí scéalaíochta sa seisiún seo.

### Ábhair phlé:


- *Cad iad na gníomhaíochtaí ba mhó a thaitin leo?*
- *An bhfuil tuiscint níos fhearr acu ar struchtúir scéalaíochta de thoradh na ngníomhaíochtaí seo?*
- *Conas a chabhraíonn an scéalaíocht le páistí a scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta a fhorbairt?*



## Gníomhaíocht Bhaile 5 – Scéalaíocht

Léigh trí **Gníomhaíocht Bhaile 5 – Scéalaíocht** ina bhfuil dornán gníomhaíochtaí scéalaíochta ar féidir leis na tuismitheoirí triail a bhaint astu sa bhaile. Cuir i gcuimhne dóibh go mbeidh orthu cur síos ar conas a d'éisigh leo le linn an chéad seisiún eile.

Déan tagairt arís do **Súil ar chúrsaí cainte agus éisteachta**.



## Scéalaíocht

Cad iad na scéalta is maith leat a insint do do pháiste féin?

---

---

---

Cad iad na scéalta is mó a thaitníonn leis an bpáiste?

---

---

---

An nglacann an páiste páirt sa scéalaíocht in am ar bith?

---

---

---

An mbeadh an páiste in ann an scéala athinsint?

---

---

---

Cé hiad na carachtair is mó a thaitníonn leis an bpáiste?

---

---


---

An féidir leis an bpáiste cur síos ar thús, lár agus ar dheireadh scéil?

---

---

---



## Nótaí an tSeisiúin

Cad iad na rudaí ar éirigh go maith leo sa seisiún seo?

---

---

---

An raibh aon deacrachartaí ar leith ann?

---

---

---

Ar nocht na tuismitheoirí aon tuairim i leith ábhar an tseisiúin seo?

---

---

---

Cad é mar a rinne tú freastal ar riachtanais agus ar ábhair spéise éagsúla?

---

---


---

An bhfuil aon ní ann a dhéanfá ar shlí eile dá mbeadh seisiún mar seo le reáchtáil agat arís?

---

---

---




Nótaí an tSeisiúin

# 6

## Leabhair a léamh le chéile







### Sa seisiún seo, beidh na tuismitheoirí:

- ag cur eolais ar conas a dhéantar scileanna litearthachta a fhorbairt trí mheán na léitheoireachta agus trína bheith ag caint faoi leabhair;
- buanna leabhar maith a phlé lena gcuid páistí;
- plé a dhéanamh faoi bhealaí chun cur le suim agus le tuiscint na bpáistí maidir le leabhair.

Réimse	Tasc	Am	Lth.
Réamhrá		10 nóim.	126
Cad iad na buanna a bhaineann le leabhar maith? 1		30 nóim.	127-128
Tuiscintí páistí óga i leith leabhar	2	15 nóim.	129
Ag caint faoi leabhair	3	20 nóim.	130-131
Foclóir na léitheoireachta			132
Ag caint faoi leabhair			133
Ábhair léitheoireachta	4	15 nóim.	134
Leabhair a léamh le chéile			135
Bíonn scéal á insint i ngach aon phictiúr	5	30 nóim.	136
Conas do phictiúir scéalaíochta a úsáid			137
Achoimre ar an seisiún		10 noim.	138
Gníomhaiocht bhaile 6 – Leabhair a léamh le chéile sa bhaile			138
Súil ar chúrsaí léitheoireachta			139
Leabhar a léamh le chéile sa bhaile			140
Nótaí an tSeisiúin			141-142



## Réamhrá

Beidh an seisiún seo ag cur leis an bplé a rinneadh le linn **Sheisiún 5 – Scéalaíocht**. Glactar leis go bhfuil tú i ndiaidh léargas a thabhairt ar cé chomh tábhachtach is atá scileanna scéalaíochta do pháistí agus iad ag tosú amach ar scoil.

### Uillmhúchán:



Bailigh le chéile roinnt leabhar de chineálacha éagsúla: leabhair phictiúr, leabhair aibítre, leabhair le clúdaigh éadaigh, leabhair le clúdach crua, leabhair ina nochtar radharc éigin nuair a thógtar flapa, leabhair a rinneadh sa bhaile, leabhair seanscéalta, leabhair ramás, cnuasaigh de sheanscéalta agus d'fhinscéalta Gaelacha, leabhair faoi charachtair theilifíse, leabhair faoi ainmhithe, leabhair a bhfuil téipeanna scéalaíochta ag gabháil leo, céadleabhair scoile, leabhair *Letterland* agus leabhair eolais ar nós na leabhar a chuireann Usborne ar fáil.

Mura bhfuil acmhainní go leor agaibh chun leabhair a cheannach, is féidir go mbeidh an leabharlann áitiúil in ann leabhair a thabhairt ar iasacht le haghaidh an taispeántais.

Cuir na leabhair ar taispeántas le go mbeidh deis ag na tuismitheoirí breathnú orthu.

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Gabh siar ar **Ghníomhaíocht Bhaile 5 – Scéalaíocht**.

Beifear ag díriú ar leabhair le linn an tseisiún seo. Pléifear cé chomh tábhachtach is atá sé leabhair a léamh agus páistí a spreagadh chun taitneamh a bhaint as leabhair mhaithe agus meas a bheith acu orthu. Chomh maith leis sin, foghlaimeoidh na tuismitheoirí cé chomh tábhachtach is atá sé go mbeadh deiseanna ag páistí leabhair a léamh sa bhaile chun go n-éireoidh go maith leo agus iad ar scoil.

### Ceisteanna:

- ✿ Cén fáth, meas tú, an dtaitníonn sé le páistí scéalta a chloisteáil?
- ✿ Cad iad na leabhair is fearr a thaitníonn le bhur gcuid páistí?
- ✿ An roghnaíonn na páistí a gcuid leabhar féin?
- ✿ Cad iad na leabhair a fheiceann na páistí á léamh agat féin?





## Cad iad na buanna a bhaineann le leabhar maith?

**Uillmhúchán:**



Beidh SMEACH-CHAIRT AGUS MARCÓIRÍ DE DHÍTH ORT.

BÍ CINNTE GO BHFUL TAISPEÁNTAS LEABHAR RÉIDH AGAT FAOI MAR A MHÍNÍTEAR SA RÉAMHRÁ.

**Stiúradh na gniomhaíochta:**

Bíodh dreas dianmhachnaimh ann chun smaointe a chur ar fáil maidir leis na buanna a bhíonn ag leabhar 'maith' do pháistí. Scríobh na moltaí síos ar an SMEACH-CHAIRT.

**Freagraí samplacha:**

- ✿ Tá léaráidí daite ann.
- ✿ Ní chailleann siad suim ann.
- ✿ Tá an friotal deas simplí, gan an iomarca focal a bheith ann.
- ✿ Bíonn ramáis agus roinnt rudaí eile ann a bhfuil eolas ag na páistí orthu cheana féin nó ar féidir leo iad a thuar. Is fusa dóibh ansin páirt a ghlaicadh sa scéal.
- ✿ Tá greann sa leabhar; is breá le páistí leabhar greannmhar.
- ✿ Tá carachtair bhríomhara spórtúla ann, idir 'dhea-dhaoine' agus 'dhrochdhaoine'.
- ✿ Cuirtear ainmhithe inár láthair agus iad i mbun rudaí a shamhlaítear le daoine daonna de ghnáth.
- ✿ Spreagann an leabhar samhlaíocht na bpáistí.
- ✿ Foghlaimíonn na páistí rud éigin ón scéal.

Cad iad na rudaí a thaitníonn/nach dtaitníonn leis na tuismitheoirí maidir le leabhair do pháistí?

**Ábhair phlé:**

- ✿ Ar ghnách le daoine scéalta a léamh leatsa nuair a bhí tú i do pháiste?
- ✿ An raibh leabhar ar leith a raibh dúil mhór agat ann?
- ✿ Cén cineál leabhar is maith leat a léamh le do pháistí féin?
- ✿ An bhfuil amanna agus áiteanna ar leith atá oiriúnach le haghaidh leabhair a léamh le chéile?

Iarr ar na tuismitheoirí breathnú ar dhornán leabhar spréite amach ar thábla. Iarr orthu smaoineamh ar na moltaí a rinne siad faoi cad is leabhar maith ann agus leabhair a roghnú dá bpáistí de réir na moltaí sin. Ba chóir do gach duine leabhar nó dhó a roghnú agus a scrúdú go mion. Cuir timpeall deich nóniméad nó ceathrú uaire an chloig ar fáil le haghaidh an phróisis roghnaithe seo.



## Cad iad na buanna a bhaineann le leabhar maith?

Nuar atá leabhar nó dhó roghnaithe ag gach duine de na tuismitheoirí, iarr orthu dul ag obair i bpéirí nó i ngrúpaí beaga agus plé a dhéanamh ar na cúiseanna a roghnaigh siad na leabhair áirithe seo dá bpáistí.

I ndiaidh deich nóiméad, cuir an grúpa i gceann a chéile arís agus gabh siar ar an liosta smaointe a bhí ann faoi cad is leabhar maith ann. Scríobh síos aon smaoineamh breise a chuireann na tuismitheoirí ar fáil agus tabhair cuntas gearr arís ar na príomhphointí a bhaineann le leabhar maith.

Cuir críoch ar an ngníomhaíocht seo le plé gairid ar conas is fearr leabhair a léamh le páistí. Cuir i gcuimhne do na tuismitheoirí nach gcaithfidh siad fanacht i muinín an téacs le linn dóibh a bheith ag léamh i gcuideachta na bpáistí. Is féidir blaiseadh den scéal ar go leor leor bealaí eile. Má tá tuismitheoirí i láthair a bhíonn ag léamh dá gcuid páistí go minic, níor mhiste ceisteanna mar seo a chur orthu:

- ✿ *An bhfuil bealach ar leith ann chun scéalta a insint a thaitníonn leis na páistí thar bhealaí eile?*
- ✿ *An maith leo tusa a bheith ag léamh ó leathanach go leathanach nó an mbíonn siad ag cur isteach ar do chuid léitheoireachta, ag cur ceisteanna nó ag cur a dtuairimí féin in iúl faoin scéal?*
- ✿ *An ndéanann siad iarracht an chéad eachtra eile sa scéal a thuar?*
- ✿ *An dtugann siad buille faoi thuairim faoi cad é atá le tarlú sa scéal, bunaithe ar na pictiúir a fheiceann siad sa leabhar?*
- ✿ *An n-iarrann siad ort an scéal céanna a léamh agus a athléamh arís is arís eile? Cén fáth?*
- ✿ *Más rud é go bhfuil an scéal ar eolas acu, an mbíonn siad ag cuidiú leat 'an scéal a insint' de réir mar a bhíonn tú ag léamh?*
- ✿ *Ar tharla sé riamh go raibh tú ag iarraidh an scéal a ghiorrú agus gur mheabhraigh an páiste duit (agus é rud beag míshásta, b'fhéidir) go raibh tú i ndiaidh píosa a fhágáil ar lár?*



Gach seans go mbeidh tú ag iarraidh leabhair ar téip a chur san áireamh. Is iomaí sin leabhar ar téip atá oiriúnach do dhaoine fásta agus do pháistí. Is féidir go mbeidh a leithéid ar fáil sa leabharlann áitiúil.



Má tá am go leor agat, níor mhiste leabhar a léamh i láthair na dtuismitheoirí, mar eiseamláir ar conas leabhar a léamh amach os ard do pháistí.



## Tuiscintí páistí óga i leith leabhar

### Ullmhúchán:

Déan leabhar pictiúr mór a ullmhú agus clúdaigh an teideal agus an téacs le páipéar sa dóigh is nach bhfuil le feiceáil ach na pictiúir.

### Stiúradh na gníomhaiochta:

Díríonn an gníomhaíocht seo aird ar chuid de na rudaí a fhoghlaímíonn páistí i dtaobh leabhar fiú sula dtéann siad chun na scoile.

- \* Tiontaigh leabhar bunoscionn agus tabhair do dhuine de na tuismitheoirí é. Iarr ar an tuismitheoir teideal an leabhair a aimsiú.
- \* Tabhair an leabhar do dhuine eile do na tuismitheoirí. Iarr ar an tuismitheoir sin dul go dtí an chéad leathanach den scéal.
- \* Iarr ar dhuine eile de na tuismitheoirí a m(h)éar a chur ag gluaiseacht thar an gcéad trí líne den téacs.
- \* Iarr ar thuismitheoirí eile an leathanach a thiontú.
- \* Iarr ar thuismitheoir eile an leathanach deireanach a aimsiú.

Is é cuspóir na gníomhaiochta seo na tuismitheoirí a chur ag láimhseáil leabhar. Mínigh dóibh go bhfoghlaimíonn páistí rud nó dhó faoin léitheoireacht trí leabhair a láimhseáil ar an gcaoi seo, fiú sula dtig leo léamh nó scríobh ar chor ar bith.

Cuidíonn sé leo eolas a chur ar:

- \* conas leabhair a láimhseáil
- \* an leabhar a oscailt ag túis an scéil
- \* tosú ag barr an leathanaigh
- \* an téacs a leanúint ón taobh clé go dtí an taobh deas.

Is é an chéad chéim eile ná an leabhar mór a d'ullmhaigh tú níos luaithe a thabhairt amach, is é sin an leabhar a bhfuil an téacs ann clúdaithe agat. Iarr ar na tuismitheoirí breathnú ar na pictiúir agus scéal a chumadh bunaithe ar na pictiúir. Is féidir ansin an téacs a noctadh agus an dá scéal a chur i gcomparáid le chéile. Bíonn an-ghreann go deo ag baint leis an ngníomhaíocht seo in amanna!

Déan féin dreas cainte faoin taitneamh a bhaineann páistí as breathnú ar leabhair agus scéalta a chumadh ó chuimhne nó scéal a bhunú ar na pictiúir.



## Ag caint faoi leabhair

### Uillmhúchán:



Beidh smeach-chairt agus marcóirí de dhíth ort.



Déan tagairt do **Leabhar Saothair C, Ich. 2 – Foclóir na Léitheoireachta agus Ich. 3 – Ag caint faoi leabhair**.

### Stiúradh na gníomhaiochta:

Iarr ar na tuismitheoirí dul go dtí **Leabhar Saothair C, Ich.2 – Foclóir na Léitheoireachta**.

Déan na tuismitheoirí a roinnt i bpéirí. Tabhair leabhar do gach beirt agus iarr orthu na codanna sin den leabhar a luaitear in **Foclóir na Léitheoireachta** a aimsiú.

Cuir an grúpa i gceann a chéile arís i ndiaidh cúig nó deich nóiméad.

Fiafraigh de na tuismitheoirí cad chuige a bhfuil sé tábhachtach go dtuigfeadh na páistí an friotal a úsáideann múinteoirí le linn dóibh a bheith ag caint faoi leabhair.

**Déan tagairt do Leabhar Saothair C, Ich 3 – Ag caint faoi leabhair.**

Nuair a thosaíonn páistí ag léamh sa scoil, beifear ag súil go mbeidh siad in ann scileanna eile a léiriú seachas téacs a léamh ar ordú an mhúinteora. Beidh orthu a léiriú go dtuigeannt siad an t-ábhar atá a léamh acu. Is é atá in **Ag caint faoi leabhair**, mar sin, léargas ar chuid de na scileanna a bhaineann le tuiscint léitheoireachta. Fiú amháin sna Naónáin Shóisearacha beidh múinteoirí ag cur ceisteanna ar na páistí faoi na rudaí a bhíonn á léamh acu agus na rudaí a léann daoine eile leo.

Cuir dreas dianmhachnaimh ar bun ag iarraidh ceisteanna a chur ar fáil a bheadh úsáideach do na tuismitheoirí agus iad ag iarraidh na páistí a chur ag caint faoi leabhair. Is fearr síriú ar aon leabhar amháin sa phlé seo, chun go gcoinneofar fócas ar ábhar na gníomhaiochta.

### Ceisteanna samplacha le haghaidh ‘Na Trí Mhuicín Bheaga’:

An scéal a thuar

‘Féach ar an bpictiúr seo. Cén cineál scéil atá le hinsint atá sa leabhar seo, meas tú?’

‘Shéid an mac thíre teach an muicín bhig ar shiúl. Caithfidh sé go bhfuil an muicín beag ar mire faoi sin! Cad é a dhéanfaidh séanois, meas tú?’

Eachtraí an scéil a chur in ord

‘Cén cineál tí a bhí sa chéad teach a tógadh? Agus an dara teach? Agus an tríú ceann?’



20 nóim.



## Ag caint faoi leabhair

An scéal a  
choimriú

'Anois, cad é a raibh an scéal sin faoi?

Tuairim a nocthadh  
i dtaobh scéil

'An raibh dúil agat sa scéal sin? Cén fáth?'  
'Cad é is mó a thaitin leat faoi?'  
'Cad é a shíl tú den Mhac Tíre Mór Gránna?'

Eachtraí sa scéal  
a thabhairt chun  
cuimhne


'An cuimhin leat an scéal úd a léamar faoi na Trí Mhuicín  
Bheaga? Cad é an t-ábhar a d'úsáid na muicíní beaga  
chun a gcuid tithe a thógáil?'


Cúis agus tionchar  
a mhíniú

'Cad chuige ar úsáid an tríú muicín beag bríci chun a  
a theach siúd a thógáil?'

Smaointe agus  
eachtraí sa scéal  
a cheangal le taithí  
saoil an pháiste féin

'Bhí an Mac Tíre Mór Gránna ar buile leis na muicíní  
beaga, nach raibh? An raibh tusa riamh ar buile le haon  
duine?'





## Foclóir na léitheoireachta

Seo sraith focal a bhaineann le leabhair agus léitheoireacht. An bhfuil siad ar eolas ag bur gcuid páistí féin?

teideal

**TIMPEALL AN TI**



údar


leathanach

cló

tús

críoch

**Tá mé i mo chodladh**



línte

uimhreacha leathanach

barr

bun


maisitheoir


pictiúir

clé

deas

caibidil





## Ag caint faoi leabhair

Nuair a bheidh do pháiste ar scoil beifear ag súil go mbeidh sé/sí in ann rudaí eile a dhéanamh seachas téacs a léamh. Ar na rudaí sin tá:

**Pictiúr nó abairt a úsáid chun an chuid eile den scéal a thuar.**

**Imeachtaí an scéil a chur in ord – an chéad rud a tharla, an chéad rud eile, an rud deireanach agus araile.**

**An scéal a choimriú – a leagan giorraithe féin den scéal iomlán a insint.**

**An scéal a mheas nó tuairim a nochtadh ina thaobh.**

**Gnéithe den scéal a thabhairt chun cuimhne lá is faide annon.**

**A mhíniú cén chúis a bhí leis na heachtraí a thit amach sa scéal, agus a mhíniú cén tionchar a bhí acu.**

**Na smaointe agus na heachtraí sa scéal a cheangal lena dtaithí saoil féin.**





## Ábhair léitheoireachta

### Uillmhúchán:



Beidh smeach-chairt agus marcóirí de dhíth ort.



Déan tagairt do **Leabhar Saothair C, Ich. 2 – Leabhair a léamh le chéile.**

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Iarr ar na tuismitheoirí a machnamh a dhéanamh faoi na hábhair léitheoireachta atá sa bhaile acu. Cuir i gcuimhne dóibh gurb iomaí cineál ábhair léitheoireachta atá ann seachas leabhair scéalaíochta.

Má bhíonn sé deacair do na tuismitheoirí cuimhneamh ar chineálacha eile ábhair léitheoireachta, ní miste duitse rudaí mar seo a leanas a lua leo:

nuachtán	leabhair scoile	leabhair phaidreacha
irisí	leabhair oideas cócaireachta	lámhleabhair threoracha
catalóga	foclóirí	leabhair theileafóin/seoltaí

Déan liosta dá gcuid smaointe ar an smeach-chairt.

### Ábhair phlé:

- *An bhfeiceann na páistí daoine eile sa teaghlaigh i mbun léitheoireachta?*
- *Cad iad na rudaí a bhíonn á léamh sa bhaile?*
- *Cad é mar is féidir na páistí a dhéanamh páirteach i gcineálacha léitheoireachta seachas leabhair scéalaíochta a léamh?*

Seo deis mhaith le bheith ag caint ar sheirbhísí leabharlainne.

- *An bhfuil aon duine ann a bhaineann úsáid as an leabharlann?*
- *An bhfuil cártaí leabharlainne agaibh?*
- *An bhfuil a fhios agaibh conas teacht ar na leabhair atá de dhíth oraibh?*
- *An bhfuil aon duine ag iarraidh tuilleadh eolais a fháil i dtaoibh na leabharlainne?*


Léigí agus pléigí **Leabhair a léamh le chéile – Leabhar Saothair C, Ich. 4.**



Is maith le lucht leabharlainne deis a fháil chun seirbhísí na leabharlainne a mhíniú do dhaoine. Má tá suim ag lucht an chúrsa ann, ba chóir dul i dteagmháil leis an leabharlannaí áitiúil le go dtiocfaidh sé/sí ar cuairt chuig ceann de na seisiúin.



Deis mhaith atá ann dreas cainte a dhéanamh ar ábhair léitheoireachta ar leith, cuir i gcás 'leabhair do dhéagóirí' nó 'leabhair oideachasúla'.



## Leabhair a léamh le chéile

Bíonn go leor ar eolas ag páistí faoi chúrsaí léitheoireachta agus conas ciall a bhaint as leabhair, fiú sula dtéann siad chun na scoile ar chor ar bith. Gach blúire eolais a fhoghlaimíonn siad, is amhlaidh a chuidíonn sé leo teacht ar thuisceint ar an léitheoireacht nuair a thosaíonn siad féin ag léamh.

### Cad é is féidir a dhéanamh chun cuidiú leo?

- Lig don pháiste na rudaí atá á léamh agat féin a fheiceáil.
- Bíodh leabhair agus irisí in áiteanna ar fud an tí le gur féidir leis an bpáiste breathnú orthu.
- Cuir am ar fáil le leabhair a léamh le chéile.
- Lig don pháiste a chuid leabhar féin a roghnú agus a láimhseáil.
- Bígí ag caint faoi na pictiúir.
- Má tá focail nó litreacha sa téacs a bhfuil eolas ag an bpáiste orthu, ba chóir a aird a dhíriú orthu.
- Lig dó na leathanaigh a thiontú.
- Léigh na leabhair atá bunaithe ar fhís-scannáin agus ar chláir theilifíse, leithéidí – **Muzzy, Tomás an Traein, Cailín na Luatha** agus araile.
- Téigí chun na leabharlainne le chéile.
- Ceannaigh leabhair mar bhronntanais.
- Bí ag malartú leabhar le cairde.





## Bíonn scéal á insint i ngach aon phictiúr

### Uillmhúchán:



Beidh ábhair fhíse de gach cineál de dhíth ort: seanirisí, cártaí poist, póstaer, nuachtáin, stionsail, léaráidí fáisc-ealaíne (*Clipart*), páipéar daite, agus ábhair a bhfuil uigeacht (*texture*) ar leith ag baint leo: ribíní, olann chadáis, fabraicí de gach cineál. Is féidir lipéid Post-it a úsáid chun flapaí a dhéanamh. Beidh marcóirí, badhrónna, siosúir agus gliú de dhíth chomh maith.

Beidh leathanach póstaer A3 de dhíth le haghaidh gach tuismitheora chomh maith.



Deán tagairt do **Leabhar Saothair C, Ich. 5 – Conas do phictiúr scéalaíochta a úsáid**.

### Stiúradh na gniomhaiochta:

Ceapadh an ghníomhaiocht seo chun freastal ar thuismitheoirí nach bhfuil ar a suaimhneas agus iad ag léamh lena gcuid páistí féin (toisc, b'fhéidir, fadhbanna litearthachta a bheith acu féin). Ligeann pictiúr scéalaíochta dóibh scileanna teanga an pháisté a forbairt trí bheith ag caint faoi scéalta.


Abair leis na tuismitheoirí pictiúir scéalaíochta a dhéanamh agus iad a thabhairt chun an bhaile go dtí na páistí. Ní gó go mbeadh scéal ar leith ar intinn acu. Níl le déanamh ag na tuismitheoirí ach breathnú trí na hábhair go léir agus pictiúr a chruthú atá bríomhar agus spleodrach agus a mbeadh dúil ag páistí ann.

### Roinnt moltaí:

- ✿ Bíodh roinnt mhaith caractar ann (daoine, ainmhithe, léaráidí cartúin).
- ✿ Bíodh na carachtair suite in áiteanna nach mbeifeá ag súil leo (séabra ar fheirm, moncaí i siopa éadaí).
- ✿ Is féidir cuid den phictiúr a cheilt trí na lipéid Post-it a úsáid chun flapaí a dhéanamh.
- ✿ Bíodh daoine clúiteacha ann ar dócha go n-aithneodh na páistí iad.
- ✿ Bíodh pictiúir ann de rudaí a bhfuil eolas ag na páistí orthu, bia, bréagáin, uirlisí agus araile.
- ✿ Is féidir pictiúr a rinne na páistí iad féin, nó pictiúir de dhaoine den teaghlaigh, a fhí isteach ann.
- ✿ Is féidir ábhair uigeacha (*textural materials*) a úsáid sa phictiúr. Cuir i gcás, olann, ribíní agus araile.

Déan iarracht na tuismitheoirí a chur ag obair i ngrúpaí beaga sa chaoi is gur féidir leo smaointe agus ábhair a mhalartú.

Deán tagairt do **Leabhar Saothair C, Ich 5 – Conas do phictiúr scéalaíochta a úsáid** agus cuir plé ar siúl ina thaobh.



## Conas do phictiúr scéalaíochta a úsáid

Áis is ea **an pictiúr scéalaíochta** a chuideoidh leat samhlaíocht agus scileanna teanga an pháiste a fhorbairt.

**Iarr ar an bpáiste scéal an phictiúir a insint:**

- Cad é mar a chuirtear tú s leis an scéal?
- Cé atá le feiceáil sa phictiúr?
- Cad é atá ag titim amach?
- Cad é an chéad rud eile a thitfidh amach?
- Cén fáth sin?
- Cén deireadh a bheidh ar an scéal?

**Iarr ar an bpáiste rudaí sa phictiúr a ainmniú agus cur síos orthu:**


- Cad é atá le feiceáil sa phictiúr seo?
- An bhfeiceann tú an \_\_\_\_\_?
- Cá mhéad acu atá le feiceáil?
- Cén t-ainm ab fhearr a d'oirfeadh don phictiúr seo?

**Iarr ar an bpáiste scéal an phictiúir a athinsint do dhuine eile:**

- Ar mhiste leat an scéal a insint do Mhamó?

**Déan an scéal a cheangal le taithí an pháiste féin:**

- An bhfuil áit eile a mbíonn \_\_\_\_\_ le feiceáil?
- An gcuirfimid aon rud eile leis an bpictiúr?



## Achoimre ar an seisiún

Caith cúig nóiméad nó mar sin chun féachaint siar ar phríomhphointí sheisiún an lae inniu. Cuir ceisteanna mar seo a leanas:

- ❖ *Maidir le leabhair a léamh agus a bheith ag caint faoi leabhair, conas a chabhraíonn sin le do pháistí agus iad ag foghlaim na léitheoireachta?*
- ❖ *An féidir libh smaoineamh ar cheisteanna a spreagfadhbhur gcuid páistí chun labhairt faoi leabhair?*
- ❖ *Cad iad na buanna a bhaineann le leabhar maith do pháistí?*

Gabh go dtí **Leabhar Saothair C, Ich. 6 – Súil ar chúrsaí léitheoireachta**.

Cuir i gcuimhne do na tuismitheoirí gurb é an rud atá i gceist le **Súil ar chúrsaí léitheoireachta** ná deis a thabhairt dóibh scileanna na bpáistí a fhaire de réir mar a bhíonn siad ag foghlaim scileanna léitheoireachta. Nuair a léann na tuismitheoirí leabhair i gcuideachta na bpáistí, ba chóir dóibh nóta a bhreacadh síos faoi na scileanna a léiríonn na páistí. Is féidir leo ina dhiaidh sin na ‘húlla’ a dhathú in **Súil ar chúrsaí léitheoireachta**.




## Gníomhaíocht bhaile 6 – Leabhair a léamh le chéile sa bhaile


Léigh trí **Gníomhaíocht Bhaile 6 – Leabhair a léamh le chéile sa bhaile**.

Sa gníomhaíocht seo, beidh ar na tuismitheoirí am a chaitheamh sa bhaile agus leabhair a léamh i gcuideachta na bpáistí nó triail a bhaint as an **b pictiúr scéalaíochta**. Más féidir é ar chor ar bith, ba chóir ligean dóibh na leabhair a roghnaigh siad ag túis an tseisiún a thabhairt chun an bhaile leo.

Cuir i gcuimhne do na tuismitheoirí go mbeifear ag súil leo labhairt ag an gcéad seisiún eile faoi na rudaí a thug siad faoi deara le linn dóibh a bheith i mbun na gníomhaíochta baile.



## Súil ar chúrsaí léitheoireachta



Ainm

Aois

Déan fótachóipeanna de réir mar is gá



## Leabhair a léamh le chéile sa bhaile

Cuir am ar fáil gach seachtain chun leabhair a léamh i gcuideachta an pháiste, uair amháin sa lá, más féidir é.

Cad iad na leabhair a léigh tú féin agus do pháiste le chéile an tseachtain seo?

.....  
.....  
.....

Cad iad na gnéithe de na leabhair a thaitin leis an bpáiste?

.....  
.....  
.....

Ar bhain tú úsáid as an **b pictiúr scéalaíochta**? Cén chaoi ar úsáid tú é?

.....  
.....  
.....

Cuimhnigh agus roinnt ama a chur ar fáil chun scileanna léitheoireachta an pháiste a fhaire. Is féidir leas a bhaint as **Súil ar chúrsaí léitheoireachta** chuige seo.

.....  
.....  
.....



## Nótaí an tSeisiúin

Cad iad na rudai ar éirigh go maith leo sa seisiún seo?

.....  
.....  
.....

An raibh aon deacrachtaí ar leith ann?

.....  
.....  
.....

Ar nocht na tuismitheoirí aon tuairim i leith ábhar an tseisiúin seo?


.....  
.....  
.....

Cad é mar a rinne tú freastal ar riachtanais agus ábhair spéise éagsúla?

.....  
.....  
.....

An bhfuil aon ní ann a dhéanfá ar shlí eile dá mbeadh seisiún mar seo le  
réachtáil agat arís?

.....  
.....  
.....



Nótaí an tSeisiúin

# 7

## An cló timeall orainn








### Sa seisiún seo, beidh na tuismitheoirí:

- ag féachaint conas a spreagtar scileanna léitheoireachta agus scríbh-neoireachta trána bheith ag plé leis na hábhair chlóite thart timpeall orainn;
- an ghnáthúsáid a bhaineann páistí as léitheoireacht agus scríbhneoreacht a phlé;
- deiseanna a aimsiú le haghaidh na páistí a chur ag plé leis na hábhair chlóite atá timpeall orthu;
- straitéisí a phlé le haghaidh scileanna idirdhealaithe amhairc (*visual discrimination skills*) a fhorbairt trí ghnáthimeachtaí sa bhaile.

Réimse	Tasc	Am	Lth.
Réamhrá		10 nóim.	146
Cad é atá sa mhála poist?	1	20 nóim.	147-148
An cló timpeall orainn	2	35 nóim.	149-150
 Foclóir cló			151
 Gnáthábhair chlóite			152-153
Ag cur eolais ar litreacha	3	25 nóim.	154-155
 Ag foghlaim faoi litreacha			156
Cluichí cló	4	30 nóim.	157
 Biongó cistine			158
 Cluiche na n-ainmneacha			159
Achoimre ar an seisiún		10 nóim.	160
Gníomhaíocht bhaille 7 – Cluichi cló a imirt			160
 Cluichi cló a imirt			161
Nótaí an tSeisiúin			162



## Réamhrá

Ullmhúchán:



Beidh marcóirí agus smeach-chairt de dhíth ort.

Stiúradh na gniomhaíochta:

Gabh siar ar **Ghníomhaíocht Bhaile 6 – Leabhair a léamh le chéile sa bhaile.**

Is é is ábhar don seisiún seo na hábhair chlóite atá timpeall orainn.


Úsáidtear an téarma 'cló timpeallachta' chun cur síos ar an iliomad cineálacha cló a mbíonn daoine ag plé leo go mion minic sa bhaile agus sa phobal – comharthaí, póstaer, lipéid, nuachtáin, irisí, litreacha, fógraí, treoracha, ábhar pacáistithe, foirmeacha agus araile.

Is féidir le páistí atá an-óg ar fad iontas a chur ar thuismitheoirí agus na lipéid ar chuid de na hearraí san ollmhargadh 'a léamh' nó na comharthaí ar éadan siopa a 'thuiscint'.

Beidh deis ag na tuismitheoirí le linn an tseisiúin seo fáil amach faoin méid a thuigeann páistí faoi na hábhair chlóite timpeall orthu agus freisin plé a dhéanamh ar conas a chabhraíonn an teagmháil seo le páistí a gcumas léitheoireachta a forbairt.


**Scríobh na ceisteanna seo ar an smeach-chairt:**

- ✿ Cad iad na rudaí a thugann páistí deará faoi na hábhair chlóite thart orthu?
- ✿ Cad é a fhoghlaimíonn páistí i dtaobh na léitheoireachta de thoradh ar a dteagmháil le hábhair chlóite timpeall orthu?
- ✿ Cad é is féidir le tuismitheoirí a dhéanamh chun cur le feasacht na bpáistí maidir leis na hábhair chlóite thart orthu?





20 nóim.



## Cad é atá sa mhála poist?

### Ullmhúchán:



Beidh marcóirí agus smeach-chairt de dhíth ort.



Bailigh le chéile roinnt ábhar is gnách le daoine a fháil sa phost gach lá: bille leictreachais, bileog dhaite fógraíochta, litir phearsanta lámhscríofa.

### Stiúradh na gníomhaiochta:

Abair leis na tuismitheoirí a ligean orthu féin go bhfuil siad sa bhaile ar maidin nó tráthnóna. Tá siad gnóthach agus díreach ar tí an teach a fhágáil nuair a chaithéann fear an phoist trí litir isteach. Lig dóibh spléachadh a fháil ar an ábhar a d'ullmhaigh tú níos luaithe ach ná habair cad é go díreach atá ann.

Iarr ar na tuismitheoirí a chur i gcás gur dóibhsean a tugadh na litreacha agus go bhfuil siad féin ag breathnú orthu ag iarraidh cinneadh a dhéanamh ar cad é ab fhearr a dhéanfaidís leo?

Is dócha go mbeidh na tuismitheoirí in ann gach ceann de na litreacha a aithint agus go dtabharfaidh siad freagraí éagsúla ar cén t-ord ina léifidís iad. Mar shampla:

'Thabharfainn spléachadh gasta ar an mbille leictreachais, chaithfinn an bhileog sa bhosca bruscair agus choinneoinn an litir go dtí go mbeadh deis agam í a léamh mar is ceart'.

nó


'D'osclóinn an litir agus léifinn in áit na mbonn í. Chuirfinn an bille leictreachais ar an tseilf i dteannta na mbillí eile agus chaithfinn an bhileog ar shiúl.'

### Ceisteanna:

*Ní raibh sibh in ann na trí phíosa a léamh ón áit a bhfuil sibh i bhur suí. Cén chaoi a bhfuil a fhios agaibh, mar sin, gur bille leictreachais, bileog fógraíochta agus litir phearsanta a bhí ann?*

### Freagraí samplacha:

- lógó nó pictiúr ar an gclúdach
- méid, cruth nó dearadh an chlúdaigh
- fuinneog a bheith ar an gclúdach
- na hathanna a bhí air
- an cineál stampa a bhí ann
- an seoladh a bheith lámhscríofa nó clóscríofa



## Cad é atá sa mhála poist?

*Cén t-eolas a bhain sibh as an méid sin?*

### Freagraí samplacha:

- \* clúdach donn agus fuinneog ann = bille
- \* lógó agus dearadh = comharthaí an Bhoird Soláthair Leictreachais
- \* peannaireacht inaitheanta a bheith ar an gclúdach = litir phearsanta
- \* méid, cruth agus dath = de réir mar a bheifeá ag súil leis le bileog fógraíochta

*Cén chaoi a mbíonn a fhios agat?*

### Freagraí samplacha

- \* litreacha mar seo a bheith faigthe agat roimhe
- \* bíonn tú ag súil le cineál áirithe litreacha a fháil sa phost
- \* is furasta cineálacha áirithe clúdach a aithint
- \* is féidir a bhfuil istigh a mheas de réir an chlúdaigh

Scríobh síos a gcuid freagraí ar an smeach-chairt.

Léiríonn an ghníomhaíocht seo conas a bhaineann léitheoirí leas as **leideanna físe** (gnéithe áirithe den téacs, ar nós leagan amach, pictiúir, lógónna, stíleanna cló), **eolas cúnla agus seantaithí ar chineálacha éagsúla téacsanna** chun:

- \* cineál an téacs a aithint;
- \* an comhthéacs ina bhfuiltear ag cur an téacs i láthair a dhéanamh amach;
- \* roghanna a dhéanamh faoin méid a léann siad agus faoin modh léitheoireachta;
- \* ciall a bhaint as an téacs.

Déan tagairt siar do **Sheisiún a Sé – Leabhair a léamh le chéile**. Ba é a rinne na tuismitheoirí le linn an tseisiúin sin ná féachaint ar ghnéithe físiúla de théacsanna agus de phictiúir scéalaíochta a chabbraíonn le páistí scéal an téacs a insint. Le linn dúinn a bheith ag féachaint ar ábhair chlóite sa seisiún seo, beimid ag diríú go háirithe ar na gnéithe físiúla de na hábhair sin. Díreofar ar conas a úsáideann páistí na leideanna físiúla seo, chomh maith leis an eolas atá acu ar chomhthéacsanna éagsúla ina n-úsáidtear cló, chun ciall a bhaint as an bhfocal clóite.



## An cló timpeall orainn

### Uillmhúchán:



Beidh marcóirí, Blu-Tack agus smeach-chairt de dhíth ort.



Roghnaigh roinnt cártaí Photopak ina bhfuil cineálacha éagsúla gnáthábhar cló le feiceáil.



Bailigh le chéile meascán de ábhair chlóite den chineál a fheiceann páistí sa bhaile agus sa phobal: comharthaí, póstaeir, lipéid, fógraí, ábhar pacáistithe, foirmeacha, catalóga, bróisiúir, bileoga, irisí, nuachtáin, cártaí, litreacha, biachláir, baill éadaigh.



Déan tagairt do **Leabhar Saothair C, Ich. 8 – Foclóir cló agus leathanaigh 9-10 – An cló timpeall orainn.**

### Stiúradh na ghníomhaíochta:

Tá ábhair chlóite thart orainn i ngach aon áit, ach toisc go bhfuil an oiread sin taithí againn orthu, is annamh a thugaimid faoi deara iad. Ceapadh an ghníomhaíocht seo d'fhonn a chur in iúl do na tuismitheoirí go mbíonn teagmháil ag na páistí le hábhair chlóite gach uile lá.

Déan na tuismitheoirí a roinnt in dhá ghrúpa. Tabhair leathanach smeach-chairte, dornán cártaí Photopak agus roinnt ábhar clóite do gach grúpa. Iarr ar ghrúpa amháin dreas dianmhachnaimh a dhéanamh chun samplaí a sholáthar de ábhair chlóite a bhíonn le feiceáil ag na páistí sa bhaile. Abair leo liosta díobh seo a scríobh ar an leathanach smeach-chairte. Iarr ar an ngrúpa eile dreas dianmhachnaimh a dhéanamh ag iaraidh samplaí a sholáthar de ábhair chlóite a bhíonn le feiceáil sa phobal. Beidh orthu iad seo a scríobh síos ar an leathanach smeach-chairte. Ba chóir go mbeadh na cártaí Photopak agus na samplaí clóite ina gcabhair acu.

I ndiaidh deich nóiméad nó ceathrú uaire an chloig, cuir an dá ghrúpa i gceann a chéile arís agus lig dóibh tuairimí a mhalartú le chéile. Greamaigh an dá leathanach smeach-chairte den bhalla sa chaoi is go bhfeiceann gach duine iad.

### Ceisteanna:

*Ar thug tú faoi deara riamh go raibh páistí an-óga in ann:*

- » *na milseáin is mó a bhfuil dúil acu iontu a roghnú ag an gcuntar?*
- » *cineál ar leith calóg a aimsiú i siopa nó sa phrios?*
- » *an fí-scannán a bhfuil siad ag iaraidh amharc air a bhaint amach as cnuasach fí-scannán?*
- » *ainm siopa a scairteadh amach agus sibh ag siúl thart air?*
- » *an RTÉ Guide nó an páipéar áitiúil a phiocadh amach sa siopa nuachtán?*
- » *lógó a aithint ar mhála siopadóireachta*



## An cló timpeall orainn

- Ar shíl tú riamh earraí a cheannach do na páistí atá níos saoire ná na hearraí is mó a bhfuil éileamh orthu (cuir i gcás deoch chóla seachas Coke, bábog gan ainm seachas Barbie nó foireann bloc tógála atá ag déanamh aithrise ar Lego) agus go bhfuair tú amach nach bhfuil sé chomh furasta sin dallamullóg a chur orthu
  - Cén chaoi a mbíonn a fhios ag páistí na rudaí seo
- Scríobh na freagraí a sholáthraíonn na tuismitheoirí ar an smeach-chairt.

Inis dóibh go bhfoghlaimíonn páistí conas **leideanna físiúla** a úsáid (chomh maith le leideanna a bhaineann leas as na céadfaí eile) sa chaoi is go mbeidh siad in ann dealú idir rudaí a bhfuil taithí acu orthu agus rudaí nach bhfuil aon taithí acu orthu, rudaí a bhfuil dúil acu iontu agus rudaí nach bhfuil dúil ar bith acu iontu, rudaí ar leo iad agus rudaí ar le daoine eile iad. Fiú amháin babaithe beaga, ní bhíonn siad i bhfad ag cur eolais ar na leideanna a theastaíonn chun a gcuid riachtanas a aimsiú.

Baineann páistí leas as **leideanna comhthéacs** chomh maith (an réamheolas atá acu ar a bhfuil ag titim amach agus ar chiall cibé téacs a bheadh i gceist) chun focail a aithint agus ciall a bhaint as na hábhair chlóite a fheiceann siad thart orthu féin. Is scileanna iad seo a bhíonn in úsáid ag léitheoirí maithe freisin. Mar shampla, bhain na tuismitheoirí feidhm as **leideanna físiúla agus leideanna comhthéacs** le linn na gníomhaíochta deireanaí.

Iarr ar na tuismitheoirí cur síos ar roinnt gnéithe físiúla a bhaineann leis na hábhair chlóite atá timpeall orainn agus a d'fhéadfadh leid a thabhairt do na páistí ar bhrí an téacs.


### Freagraí samplacha:

- pictiúir
- lógonna inaitheanta
- aghaidheanna inaitheanta
- ionad nó suíomh éigin atá buan
- cruth
- dathanna
- méid
- comhthéacs buan nach dtagann aon athrú air
- roinnt litreacha nó uimhreacha a aithint

Iarr ar na tuismitheoirí a machnamh a dhéanamh faoi ghnáthimeachtaí an tí agus roinnt imeachtaí a ainmniú a mbíonn cló á úsáid lena linn (mar shampla ag roghnú calóg, suibhe, bainne, sú oráiste san ollmhargadh).


Bíodh dreas cainte ann mar gheall ar an bhfoclóir a bhaineann leis na hábhair chlóite atá thart orainn. Déan tagairt do **Leabhar Saothair C, Ich 8 – Foclóir cló**.

Cuir críoch ar an seisiún le **Leabhar Saothair C, leathanaigh 9-10 – Gnáthábhair chlóite**. Bíodh plé ann ar na rudaí is féidir leis na tuismitheoirí a dhéanamh chun feasacht na bpáistí a spreagadh maidir leis na hábhair chlóite atá thart orthu.



## Foclóir cló





## Gnáthábhair chlóite

Cad é a fhoghlaimíonn páistí ó na hábhair chlóite atá thart orthu?

Foghlaimíonn siad:

- go mbíonn teachtaireacht ag dul le gach ábhar clóite;
- gurb iomaí sin úsáid a bhaintear as cló;
- gur féidir cló a chur i láthair ar go leor leor bealaí éagsúla;
- go dtuigeann gach duine cé chomh luachmhar is atá sé;
- go mbíonn dlúthbhaint ag ábhair chlóite le gnáthimeachtaí agus le hócáidí ar leith.

Is mian le páistí an léitheoireacht a fhoghlaim de thoradh ar an tuiscint atá acu ar thábhacht na n-ábhar clóite atá timpeall orthu.

Is féidir leat an páiste a spreagadh le go gcuirfidh sí tuilleadh suime sna hábhair chlóite atá thart uirthi. Seo roinnt moltaí:

**Dírigh a haird ar chomharthaí, póstaer, ainmneacha siopaí.**

Cad é a deir an comhartha sin?

An dtig leat ainm an tsiopa sin a insint dom?

**Bígí ag caint faoin eolas atá ar fáil ar lipéid.**

I gcás bia, déan an dáta a sheiceáil, féachaint an bhfuil an bia úr.

I gcás éadaí, féachraigí ar na lipéid, féachaint an bhfuil an mhéid cheart ann.

**Bígí ag caint faoi threoracha ar ábhair phacáistithe.**

Cé chomh fada is ba chóir dúinn an pizza seo a choinneáil san oigheann?

Féachaimis ar na treoracha a insíonn duit conas an cluiche seo a imirt.

**Bíodh do pháiste páirteach i ngnáthimeachtaí ina mbaintear úsáid as cló.**


Cé acu fí-scannán atá uait?

Tá mála siúcra sa phrios. An bhfaighfeá dom é?

**Mínigh cad é atá ar siúl agat le linn duit féin a bheith ag baint úsáide as gnáthábhair chlóite.**

Tá mé ag féachaint san Eolaire Teileafóin, ag iarraidh uimhir theileafóin an ospidéil a aimsiú.

Féachfaidh mé ar an bhféilire, féachaint cén lá den tseachtain ar a dtiteann an dóú lá dhéag.



## Gnáthábhair chlóite

Iarr ar an bpáiste rudaí a bhfuil taithí aici orthu a thaispeáint duit.

An bhfeiceann tú na milseáin úd a bhfuil dúil agat iontu?

Cén cnaipe a bhrúnn tú leis na bananaí a mheá?

**Bí ag moladh an pháiste as ábhair chlóite ar leith a aithint.**

Is ea, sin é an nuachtán Lá. Maith thú. Anois, cá huair a thosaíonn an clár úd?

Sin iad na calóga a bhfuil dúil ag do dheartháir iontu. Is maith thú a chonaic ar an tseifil iad.

**Bígí ag ligean oraiwbh go bhfuil sibh i mbun siopa nó oifig phoist nó bialainne agus bígí ag imirt cluichí cló a bhaineann úsáid as rudaí a bhfuil taithí ag an bpáiste orthu, cuir i gcás bia, bréagáin, seónna teilifíse agus araile.**

Cóinnigh ábhair chlóite a aithníonn an páiste istigh i leabhar: comharthaí, airmneacha, lipéid agus araile.

Bhur gcuid smaointe féin:

---



---



---



---



---



---



---



---




---



---



---



## Ag cur eolais ar litreacha

### Uillmhúchán:



Beidh marcóirí, *Blu-Tack* agus smeach-chairt de dhíth ort.



Roghnaigh roinnt cártáí *Photopak* ina bhfuil cineálacha éagsúla gnáthábhar cló le feiceáil.

Bailiugh le chéile meascán d'ábhair chlóite: irisí, nuachtáin, bróisiúir, póstaer, cineálacha éagsúla peannaireachta, nuachtlitreacha, cártáí, fógraí, ábhar pacáistithe, lipéid.



Bíodh leathanáigh A3, siosúir, marcóirí agus gliú go leor ann chun na tuismitheoirí a chur ag obair i mbeirteanna.



Déan tagairt do **Leabhar Saothair C, Ich. 11 – Ag cur eolais ar litreacha**.

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Abair leis na tuismitheoirí go mbeidh siad ag obair i mbeirteanna. Tabhair rogha de na hábhair chlóite do gach grúpa, chomh maith le leathanach A3 agus litir den aibítir scríofa ar gach leathanach acu, siosúir, gliú agus marcóirí. Is é an rud atá le déanamh acu breathnú trí na hábhair chlóite agus samplaí téacs a ghearradh amach a bhfuil an litir a tugadh dóibh le feiceáil iontu. Caithfidh siad ansin a gcuid focal samplach a ghreamú den leathanach. Meabhraigh dóibh gur cheart a oiread agus is féidir méideanna agus stíleanna cló a aimsiú.

Fan deich nóiméad nó ceathrú uaire an chloig agus iarr ar na tuismitheoirí breathnú ar na focail atá greamaithe ar na leathanáigh acu. Abair leo ciorcal a tharraingt thart ar aon fhocail a mheasann siad a d'aithneodh na páistí.

Cuir an grúpa i gceann a chéile arís agus iarr ar gach péire a gcuid samplaí a chur i láthair. Greamaigh na leathanáigh de na ballaí sa chaoi is go bhfeicfidh gach duine iad.

### Ceisteanna:

*Cad iad na slite ina gcuirtear litreacha agus focail i láthair sna samplaí?*

### Freagraí samplacha:

- \* stíleanna éagsúla cló
- \* iad a bheith lámhscriofa nó clóite
- \* cló de mhéideanna éagsúla
- \* ceannlitreacha agus litreacha beaga
- \* uimhreacha a bheith measctha trí na litreacha
- \* an téacs a bheith ag dul i dtreonna éagsúla



## Ag cur eolais ar litreacha

- \* litreacha a bheith scríofa ar phictiúir
- \* lógónna a bhfuil litreacha iontu

*Féach ar na focail chiorclaithe i ngach sampla. Cén fáth, meas sibh, a mbeadh eolas ag páistí ar na píosaí téacs seo seachas píosaí eile?*

*Smaoinigh tamall ar chomhthéacs na samplaí seo. Cén t-eolas a d'fhéadfadh páistí a úsáid chun cabhrú leo an téacs a aithint?*

### Freagraí samplacha:

- \* an áit ina bhfuil an cló
- \* an cineál téacs atá ann (fógra, comhartha agus araile)
- \* pictiúir nó lógónna atá leis
- \* a stór focal féin


*Smaoinigh ar na **leideanna físiúla** atá sna litreacha/focail iad féin. An bhfuil aon ghnéithe ar leith ann a chuideodh le páistí iad a aithint?*

### Freagraí samplacha:

- |  |  |
|--|--|
| * méid                                 | * cé chomh tiubh is atá an cló             |
| * spásáil idir litreacha               | * na litreacha a bheith mór nó beag        |
| * an treo ina bhfuil an téacs le léamh | * dathanna                                 |
| * stíleanna peannaireachta             | * na litreacha a bheith ina gcuid den lógó |
| * cruth na litreacha                   | * patrún litreacha                         |

Is gnách, nuair a 'léann' páistí scaoilteoga milseáin (nó clúdaigh fí-s-scannán, nó boscaí calóg, nó cártaí breithláe nó eile), gurb é atá ag tarlú dáiríre go bhfuil siad ag úsáid an eolais atá acu i dtíortha chomhthéacs an ábhair chlóite. Baineann siad leas freisin as a gcumas chun leideanna físiúla a thuiscint chun go mbeidh a fhios acu céin chiall a bhaineann lena leithéid seo nó a leithéid siúd d'fhocal. Má dhéantar na leideanna seo a cheilt orthu, bíonn sé i bhfad níos deacra ar an bpáiste an focal a aithint. B'fhéidir, mar shampla, go n-aithneodh páiste an focal 'bainne' nuair a fheiceann sé ar chartán bainne é ach nach dtiocfadh leis an focal céanna a aimsiú ar leathanach a bheadh lán de théacs. Is de réir a chéile a fhoghlaimíonn siad conas litreacha a aithint i gcomhthéacsanna éagsúla.

Cuir críoch ar an ngníomhaíocht seo le plé ar na moltaí i **Leabhar Saothair C**, Ich. 11 – Ag cur eolais ar litreacha.



## Ag foghlaim faoi litreacha

Bíonn cuid mhór ar eolas ag páistí i dtaobh na léitheoireachta agus conas ciall a bhaint as ábhair chlóite, fiú sula dtéann siad chun na scoile ar chor ar bith. De réir mar a bhíonn siad ag cur eolais ar ábhair chlóite, bíonn siad ag cur lena dtuiscint ar an léitheoreacht chomh maith. Scil luath an-tábhachtach maidir leis an léitheoreacht de is ea litreacha a aithint thar a chéile.

Seo roinnt bealaí ina dtig libh cuidiú leis an bpáiste eolas a chur ar litreacha:

- ❖ Tosaigh le hainm an pháiste.
- ❖ Bíodh leabhar ar leith ann le haghaidh pictiúir a tharraingt agus cleachtadh a fháil ar litreacha ainm an pháiste
- ❖ Dírigh a haird ar litreacha atá ina hainm féin de réir mar a thagann siad aníos i gcomharthaí, i bpóstaeir, in irisí agus araile
- ❖ Taispeáin di ainm na sráide ina gcónaíonn sibh, nó ainm an bhaile ar chomharthaí bóthair.
- ❖ Bí ag caint ar an gcuma atá ar litreacha áirithe, mar shampla go bhfuil S mar a bheadh nathair ann.
- ❖ Le linn daoibh a bheith amuigh ag siúl nó istigh sa charr, féach an dtig leis an bpáiste cuid de litreacha na haibítre a aimsiú ar chomharthaí agus ar ábhair chlóite eile atá timpeall.
- ❖ Bíodh leabhar ar leith ann le haghaidh pictiúir aibítre.
- ❖ D'fhéadfáí míreanna mearáí aibítre a dhéanamh.
- ❖ Bígí ag imirt cluichí a bhaineann le litreacha agus uimhreacha a aithint.

Bhur gcuid smaointe féin:

---



---



---



---



---



## Cluichí cló

### Uillmhúchán:



Beidh marcóirí agus smeach-chairt de dhíth ort.



Bailigh le chéile dornán cluichí aibítre atá ar fáil sa cheantar, mar shampla, cártaí, Letterland, cluichí cainte, fadhbchlúichí (puzzles), litreacha maighnéadacha.



Bailigh le chéile na hábhair a theastaíonn chun **biongó cistine** agus **cluiche na n-ainmneacha** a ullmhú.

Uillmhaigh samplaí de gach cluiche.

Déan tagairt do **Leabhar Saothair C, Ich. 12 – Biongó cistine agus Ich. 13 – Cluiche na n-ainmneacha**.

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Iarr ar an ngrúpa breathnú ar na cluichí aibítre.

Bíodh rogha de na cluichí atá le ceannach sna siopaí ann chomh maith le samplaí de **biongó cistine** agus **cluiche na n-ainmneacha** a rinne tú féin níos lúaithe. Mínigh rialacha na gcluichí de réir mar is gá.

Iarr ar na tuismitheoirí dul isteach i ngrúpaí agus na buanna a bhaineann le ceann nó dhó de na cluichí a phlé.

Cad iad na deiseanna foghlama a bhaineann leis na cluichí? Ní súgradh amháin atá i gceist anseo, ach scileanna comhrá, ag fanacht le do sheal féin agus araile.


Dírigh a n-aird ansin ar an dá chluiche a rinneadh sa bhaile. Taispeáin dóibh na hábhair a úsáidtear chun an dá chluiche a dhéanamh agus iarr orthu ceann acu a dhéanamh iad féin. Is féidir leo tabhairt faoin dá chluiche, má tá an t-am ann chuige.

Déan tagairt do **Leabhar Saothair C, Ich. 12 agus Ich. 13**. Mínigh conas **Biongó cistine** agus **Cluiche na n-ainmneacha** a dhéanamh.

Nuair atá na cluichí déanta, cuir am ar fáil le haghaidh iad a imirt agus plé a dhéanamh ina dtaobh.

### Ceisteanna:

- An bhfuil deiseanna ann chun na cluichí seo a imirt sa bhaile?
- Cé dó a n-oireann na cluichí seo?
- An mbeadh suim ag deartháir nó ag deirfiúr atá níos sine ná na páistí beaga na cluichí seo a imirt?
- An rachadh sé chun sochair d'aon duine eile sa teaghlach na cluichí seo a imirt? Cén chaoi?
- Cad iad na scileanna a bhíonn á bhforbairt de thoradh ar na cluichí seo a imirt?



## Biongó cistine

Beidh na rudaí seo a leanas de dhíth ort:

- ábhar pacáistithe (boscaí, scaoilteoga) ina raibh calóga, brioscáí, milseáin, pizza, brioscáí prátaí, arán, púdar níocháin agus mar sin de. Teastóidh ar a laghad 2 shampla le haghaidh gach aon earra a roghnaíonn tú.
- boscaí cairtchláir (boscaí calóg, cuir i gcás) nó boird bhiongó agus 'paca cártáí'
- gliú
- siosúr

An cluiche a dhéanamh:

- 1 Gearr amach péirí focal/lógónna ó dhornán boscaí calóg, scaoilteoga agus araile. Déan dhá fhoireann mheatseála díobh.
- 2 Déan foireann amháin de na focail/lógónna a ghreadú de leathanach cairtchláir. Seo é an bord biongó.
- 3 Cuir an fhoireann eile focal/lógónna ar leataobh le haghaidh a n-úsáidte sa 'phaca cártáí'.
- 4 Déan cártáí den mhéid is den chruth céanna a ghearradh amach as an gcairtchlár. Is féidir rialóir a úsáid chuige seo.
- 5 Déan na focail/lógónna a ghreadú de na cártáí. Seo é an 'paca cártáí'.

Conas an cluiche a imirt:


Is cluiche meaitseála é seo.

- Tugtar bord biongó do gach imreoir.
- Is é a dhéanann gach imreoir ar a sheal ná cártá amháin de chuid an phaca a thiontú agus féachaint lena mheatseáil. Más rud é go bhfuil meaitseáil ann, cuireann an t-imreoir an cártá ar bharr an fhocail mheatseála ar an mbord biongó.
- Is é an buaiteoir an té is túisce a chlúdaíonn na focail go léir ar an mbord.

Smaointe eile le haghaidh biongó cistine a imirt:

- D'fhéadfadh duine páirt an 'bholscaire bhiongó (*bingo caller*) a ghlacadh.
- D'fhéadfaí rial a leagan síos go gcaithfidh na himreoirí an focal a léamh amach sula gceadófaí an mheatseáil
- Bheadh ar pháistí an-óga an pacá a spré amach d'fhoinn na cártáí meaitseála a aimsiú.

Bhur gcuid smaointe féin:



## Cluiche na n-ainmneacha

Ár mbuíochas le tuismitheoirí an chláir 'Learning Together' in Norfolk a cheap an cluiche seo.

### Beidh na rudaí seo a leanas de dhíth:

- roinnt leathanach cairtchláir le haghaidh cártáí imeartha a dhéanamh
- siosúir, rialóirí agus marcóirí

### Conas an cluiche a dhéanamh:


- 1 Déan bord imeartha do gach aon imreoir. Níl ann ach leathanach cairtchláir a bhfuil ainm an imreora scríofa air.
- 2 Déan roinnt eile leathanach cairtchláir a rialú i ndronuilleoga den mhéid chéanna. Is é seo an paca cártáí ar a scríobhfaidh tú na litreacha. Beidh ar na himreoirí na litreacha seo a mheatseáil le litreacha a n-ainmneacha féin.
- 3 Gearr amach na cártáí agus scríobh litir amháin ar gach cárta. Seo é an 'paca'.

### Conas an cluiche a imirt:

Cabhraíonn an cluiche seo le páistí óga litreacha a aithint trí iarraidh orthu na litreacha ina n-ainmneacha féin a mheatseáil leis na litreacha ar na cártáí.

- Suíonn na himreoirí síos agus a mbord imeartha os a gcomhair.
- Cuirtear an paca cártáí i lár an tábla.
- Tosaíonn an imirt. Tógann na himreoirí roinnt cártáí as an bpaca. Tá cead acu cártá amháin a thógáil le haghaidh gach litir ina n-ainm féin. Cuir i gcás leanbh darbh ainm Ciara – is amhlaidh a thógfadh sí cúig chárta.
- Cuireann na himreoirí na cártáí síos ar na boird imeartha go bhfeicfidh siad an bhfuil aon chárta ann a mheatseálann aon litir ina n-ainmneacha féin. Cuireann siad uathu aon chárta nach meaitseálann. Mar chúiteamh air sin, tá cead acu an lón céanna cártáí a bhaint amach as an bpaca. Cuir i gcás go bhfuair an leanbh ceithre chárta gan mheatseáil. Is amhlaidh atá cead aige ceithre chárta nua a thabhairt leis.
- Is é an buaiteoir an té is túisce a mheatseálann gach litir atá ina ainm féin.






## Achoimre ar an seisiún

Caith súil siar ar an seisiún seo trí dhul ar ais go dtí **Súil ar chúrsaí léitheoireachta – Leabhar Saothair C, Ich 6.**

### Ceisteanna:


- \* *Cad iad na scileanna léitheoireachta a fhorbraíonn páistí ón teagmháil a bhíonn acu le hábhair chlóite timpeall orthu?*
- \* *Cá mhéad de na scileanna seo a luaitear in Súil ar chúrsaí léitheoireachta?*
- \* *Maidir le scileanna a bhaineann le teagmháil na bpáistí le hábhair chlóite, an bhfuil aon scileanna eile ar féidir a chur leis an méid a luaitear in Súil ar chúrsaí léitheoireachta?*
- \* *Cad iad na deiseanna atá sa bhaile agus sa phobal le haghaidh scileanna léitheoireachta a spreagadh?*



## Gníomhaíocht bhaile 7 – Cluichí cló a imirt

Léigh trí **Gníomhaíocht Bhaile 7 – Cluichí cló a imirt**. Iarrtar ar na tuismitheoirí **bióngó cistíne** nó **cluiche na n-ainmneacha** a imirt sa bhaile am éigin le linn na seachtaine agus cuimhneamh ar aon rud a thugann siad faoi deara le linn an tsúgartha.

Cuir i gcuimhne do na tuismitheoirí go mbeifear ag súil leo labhairt ag an gcéad seisiún eile faoi na rudaí a thug siad faoi deara le linn dóibh a bheith i mbun na gníomhaíochta baile.



## Cluichí cló a imirt

Cuir am ar fáil chun **biongó cistine** nó **cluiche na n-ainmneacha** a imirt leis an bpáiste am éigin an tseachtain seo.

Cén cluiche a d'imir sibh?

---



---



---

Cad iad na gnéithe den chluiche seo a thaitin leis an bpáiste?

---



---



---

Ar ghlac aon duine den teaghach páirt sa chluiche?

---



---



---

An bhfuil aon smaointe agat maidir le gnéithe nua a chur leis an gcluiche, é a athrú nó a dhéanamh cinnte nach gcailleann na páistí suim ann?

---



---



---

An bhfuil aon smaointe eile agat maidir le deiseanna a chruthú chun a bheith ag caint le páistí faoi ábhair chlóite sa bhaile?


---



---



---



## Nótaí an tSeisiúin

Cad iad na rudaí ar éirigh go maith leo sa seisiún seo?

An raibh aon deacrachtaí ar leith ann?

Ar nocht na tuismitheoirí aon tuairim i leith ábhar an tseisiúin seo?

Cad é mar a rinne tú freastal ar riachtanais agus ábhair spéise éagsúla?

An bhfuil aon ní ann a dhéanfá ar shlí eile dá mbeadh seisiún mar seo le reáchtáil agat arís?

# 8

Fonn  
scribhneoir eachta







### Sa seisiún seo, beidh na tuismitheoirí:

- ag caint faoina ndearcadh agus a mothúcháin féin i leith na scríbhneoireachta;
- cuirfidh siad eolas ar na céimeanna forbartha a thagann ar pheannaireacht na bpáistí, ó bheith ag dathú agus ag tarraingt pictiúr go dtí na chéad iarrachtaí scrioblála agus litreacha a chruthú;
- pléifidh siad na gnáthrudáí a d'fhéadfadh cabhrú leis an scríbhneireacht, matáin na lámh a neartú, comhordú súl is lámh a fheabhsú agus scileanna idirdhealaithe amhairc (*visual discrimination skills*) a forbairt;
- beidh na tuismitheoirí ag caint ar fhocail agus ar théarmaí a bhaineann leis an scríbhneireacht.

Réimse	Tasc	Am	Lth.
Réamhrá		10 nóim.	166
<b>Cad é is scríbhneireacht ann?</b>	<b>1</b>	<b>15</b> nóim.	<b>167-168</b>
<b>Bua na scríbhneireachta</b>	<b>2</b>	<b>20</b> nóim.	<b>169-170</b>
 Luathiarachtaí scríbhneireachta			171
<b>Céimeanna sa luathscríbhneireacht</b>	<b>3</b>	<b>30</b> nóim.	<b>172-173</b>
 Luathiarachtaí scríbhneireachta			174-180
<b>Neart an phinn</b>	<b>4</b>	<b>25</b> nóim.	<b>181</b>
 Neart an phinn			182
 Fadhbchlúiche poncanna a dhéanamh			183
<b>Foclóir na scríbhneireachta</b>	<b>5</b>	<b>20</b> nóim.	<b>184</b>
 Foclóir na scríbhneireachta			185
Achoimre ar an seisiún		10 nóim.	186
Gníomhaíocht bhaile 8 – 'Súil ar chúrsaí scríbhneireachta'			186
 Súil ar chúrsaí scríbhneireachta			187
Súil ar chúrsaí scríbhneireachta' – conas é a úsáid			188
Nótaí an tseisiúin			189



## Réamhrá

Uillmhúchán:



Beidh marcóirí agus smeach-chairt de dhíth ort.

**Stiúradh na gníomhaíochta:**

Gabh siar ar **Ghníomhaíocht Bhaile 7 – Cluichí cló a imirt**. Le linn an tseisiúin sin, moladh roinnt gníomhaíochtaí chun páistí agus tuismitheoirí a chur ag obair leis na hábhair chlóite atá thart orthu. I measc na ngníomhaíochtaí sin bhí cóipeáil, rianadh agus litreacha a chruthú.

Beidh na chéad dá sheisiún eile tugtha suas do conas a chruthaíonn páistí óga litreacha agus, chomh maith leis sin, do chuid de na gnáthimeachtaí a chabhraíonn leo scileanna léitheoireachta a fhobairt. Beidh na tuismitheoirí ag cur eolais ar na scileanna a theastaíonn i bhfoghlaim na léitheoireachta. Beidh plé ar conas is féidir páistí a chur ag scríobh sula dtéann siad chun na scoile agus ar conas is féidir le tuismitheoirí tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na páistí le linn dóibh a bheith ag iarraidh an scríbhneoireacht a chleachtadh.


**Scríobh na ceisteanna seo a leanas ar smeach-chairt:**

- *Cad is scríbhneoireacht ann?*
- *Conas a ullmháíonn páistí iad féin i gcomhair na scríbhneoireachta?*
- *Cad is féidir le tuismitheoirí a dhéanamh chun cabhrú lena bpáistí scileanna scríbhneoireachta a fhobairt*





15 níomh.



## Cad é is scríbhneoireacht ann?

### Uillmhúchán:

Scríobh na focail SEA agus Ní HEA i litreacha móra ar dhá leathanach A4. Greamaigh leathanach amháin díobh den bhalla abhus agus ceann den bhalla thall.

Le téip nó le téad, déan líne i lár an urláir a dhéanann dhá leath den seomra. Cuir na cathaoireacha ar leataobh agus abair leis na tuismitheoirí seasamh i lár an tseomra.


### Stiúradh na gníomhaíochta:

Mínigh dóibh go bhfuil tú chun roinnt ceisteanna a léamh amach mar gheall ar chúrsaí scríbhneoireachta. Dírigh a n-aird ar na comharthaí 'IS EA' agus 'Ní HEA' agus abair leo go mbeidh siad ag dul i dtreo ceann amháin de na comharthaí seo de réir mar a thugann siad freagra dearfach nó freagra diúltach ar cheist. Mura bhfuil siad ionlán cinnte, is féidir leo dul píosa den bhealach, nó fiú amháin seasamh i lár an tseomra.

Tá roinnt ceisteanna samplacha tugtha thíos, ach gach seans go mbeidh tú ag iarraidh do cheisteanna féin a chur leo. I ndiaidh duit gach ceist a léamh amach, déan iarracht plé éigin a chur sa siúl mar gheall ar dheardadh na dtuismitheoirí, go háirithe má tá easaontas ina measc.

### Ceisteanna:


- \* *An rud í an scríbhneoireacht a chaithfeas duine a fhoghlaim ar scoil?*
- \* *An gcaithfidh tú a bheith in ann litriú chun gur féidir leat scríobh?*
- \* *An bhfuil peannaireacht reatha (joined writing) níos fíore ná litreacha a phriontaíl?*
- \* *An comhartha intleachta í peannaireacht mhaith?*
- \* *An ndéarfá go bhfuil líníocht/tarraingt pictiúr ina cineál scríbhneoireachta?*
- \* *An ndéarfá go bhfuil an clóscríobh ina chineál scríbhneoireachta?*
- \* *An ndéarfá go bhfuil lógónna ina gcineál scríbhneoireachta?*
- \* *Ar cheart go mbeadh deiseanna ag páistí scríobh ar ábhair seachas ar pháipéar?*
- \* *Ar athraigh dearcadh daoine i leith na scríbhneoireachta ó bhí tusa ar scoil?*



## Cad é is scríbhneoireacht ann?

Ag deireadh na gníomhaíochta seo, níor mhiste duit a mhíniú go mbíonn dearcadh 'oifigiúil' ag daoine ar cad is scríbhneoireacht ann. Is amhlaidh a chuaigh dearcadh daoine eile i bhfeidhm orthu nuair a bhí siad féin ag iarraidh an scríbhneoireacht a fhoghlaim, agus freisin dearcadh a dtuismitheoirí agus a múinteoirí. Ach athraíonn gach aon rud le himeacht aimsire, agus is cinnte gur athraigh coincheapa, stíleanna agus cuspóirí scríbhneireachta agus gur athraigh dearcadh daoine i leith na scríbhneireachta chomh maith.

Gach seans go bhfuil polasaithe agus tuairimí i leith na scríbhneireachta tar éis athrú ó bhí na tuismitheoirí ar scoil. Ar na hathruithe is tábhachtaí tá na hathruithe atá tagtha ar chleachtais scoile maidir le hiarrachtaí scríbhneireachta na bpáistí. Tuigeann lucht oideachais inniu gur sa bhaile ba chóir don pháiste tosú ar an scríbhneireacht a fhoghlaim agus go bhfuil ról tábhachtach ag na tuismitheoirí maidir leis na páistí a spreagadh chun páirt a ghlacadh in imeachtaí scríbhneireachta agus cabhrú leo na scileanna a fhoghlaim atá riachtanach le haghaidh na scríbhneireachta.





## Bua na scríbhneoireachta

### Uillmhúchán:



Beidh smeach-chairt de dhíth ort, marcóirí, criáin thiubha, pinn ghránbhioracha (ball-point pens), pinn luaidhe daite, pinn tobair agus duilleoga bainc gan aon fhocal scríofa orthu.



Déan tagairt do **Leabhar Saothair D, Ich. 2 – Luathiarachtaí scríbhneoireachta**.

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Tabhair ceann de na huirlísí scríbhneoireachta (peann, crián agus araille) agus duilleog bhainc do gach duine de na tuismitheoirí. Iarr orthu na duilleoga a líonadh agus gan a ngnáthlámh scríbhneoireachta a úsáid. Cuir i gcás gur gnách le duine scríobh leis an lámh dheis. Beidh ar an duine sin scríobh leis an lámh chlé agus a mhalaire. Gach 30 soicind nó mar sin, ordáigh dóibh na huirlísí scríbhneoireachta a mhalartú agus leanúint orthu ag scríobh.

I ndiaidh roinnt nóiméad de seo, cuir críoch leis an obair agus iarr ar na tuismitheoirí a machnamh a dhéanamh faoin ngníomhaíocht.


Is é cuspóir na gníomhaíochta seo ná cur i gcuimhne do thuismitheoirí cé chomh deacair is atá sé uirlis scríbhneoireachta a láimhseáil agus litreacha a chruthú.

### Ceisteanna:

- \* An raibh sé deacair scríobh le lámh eile seachas an lámh lena scríobhann tú de ghnáth? Cén fáth a raibh sé chomh deacair sin, dar leat?
- \* An raibh aon ní ann a chuidigh leat nó a rinne an obair níos éasca?
- \* An féidir leat aon cheann de na scileanna a d'úsáid tú le linn duit a bheith ag scríobh a ainmniú?

### Freagraí samplacha:

- |   |  |
|---|--|
| <ul style="list-style-type: none"> <li>* comhordú lámh is súl</li> <li>* uirlis scríbhneoireachta a láimhseáil</li> <li>* do mheáchan a leagan ar an bpáipéar</li> <li>* gluaiseacht suas síos (<i>up and down movement</i>)</li> <li>* ag scríobh i línte</li> <li>* poncaíocht</li> </ul> | <ul style="list-style-type: none"> <li>* scileanna mínluaileacha (<i>fine motor skills</i>)</li> <li>* suíomh coirp le linn don duine a bheith ag scríobh</li> <li>* gluaiseacht ó chlé go deas</li> <li>* litreacha a bheith ar aonmhéid agus spásáil litreacha</li> <li>* litreacha a chruthú</li> <li>* litriú</li> </ul> |
|---|--|



## Bua na scríbhneoireachta

Iarr ar na tuismitheoirí tuilleadh machnaimh a dhéanamh faoi na mothúcháin a bhí orthu le linn dóibh a bheith ag iarraidh na duilleoga bainc a líonadh. An léir dóibh, de thoradh ar an taithí sin, aon cheann de na fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ag na páistí le linn dóibh a bheith ag foghlaim na scríbhneoireachta?

### Freagraí samplacha:

- bhí siad neirbhíseach – a lámha fliuch le hallas agus rud beag teann
- bhí siad ag cur a meáchain ar an mbord an iomarca
- bhí siad faoi bhrú toisc go raibh daoine ag féachaint orthu
- ní raibh a gcomhordú go rómhaith
- d'éirigh a lámha nimhneach/tuirseach
- tháinig deacrachtáí foghlama/dislécse chun cinn
- is gnách le cuid acu scríobh leis an lámh chlé
- níor tuigeadh na treoracha
- ní raibh siad in ann cuimhneamh ar conas na litreacha a chruthú
- scríobh cuid acu litreacha áirithe droim ar ais
- bhí deacrachtáí acu litreacha a chur in ord agus na focail a litriú mar is ceart

Meabhráigh do na tuismitheoirí go bhfuil sé tábhachtach páistí a dhéanamh páirteach in imeachtaí a fhorbraíonn matáin na láimhe. Bíonn scileanna eile le forbairt atá riachtanach i gcomhair na scríbhneoireachta, cuir i gcás scileanna comhordaithe súl agus lámh. Ba chóir iad a bheith páirteach ina leithéid sula dtéann siad chun na scoile ar chor ar bith, nó fiú sula dtosaíonn siad ar litreacha a chruthú. Teastaíonn scileanna idirdhealaithe amhairc (visual discrimination skills) ó pháistí chomh maith le go mbeidh siad in ann litreacha a aithint, a chóipeáil agus a athchruthú.

An cuimhin leis na tuismitheoirí an plé a rinneadh ar scileanna idirdhealaithe amhairc a bhí ann le linn **Seisiún 7 – an cló timpeall orainn?**

Déan tagairt do **Leabhar Saothair D, Ich. 2 – Luathiarachtaí scríbhneoireachta**, áit a bhfaighidh tú gníomhaíochtaí le haghaidh matáin na lámh agus comhordú súl agus lámh a fhorbairt. Iarr ar na tuismitheoirí roinnt smaointe eile a chur ar fáil iad féin.





## Luathiarachtaí scríbhneoireachta

Cuireann páistí spéis sa scríbhneoireacht ó bheith ag amharc ar dhaoine fásta i mbun na scríbhneoireachta ó lá go lá. Is mar sin a fhoghlaimíonn siad gurb iomai cuspóir atá leis an scríbhneoireacht. Fiú agus iad ag tosú amach ag scriobláil, tuigeann páistí gur slí is ea an scríbhneoireacht chun smaointe a chur i láthair daoine eile.

Caithfidh an páiste matáin na lámh agus comhordú súl agus lámh a fhorbairt le go mbeidh sé in ann peann luaidhe a láimhseáil le haghaidh pictiúr a tharraingt nó litreacha a bhreacadh síos. Is féidir leatsa cabhrú leis na scileanna seo a fhorbairt de réir a chéile agus é a dhéanamh páirteach i ngnáthimeachtaí a bhaineann leis an scríbhneoireacht.

Rud a chuideoidh leis an bpáiste matáin na lámh agus comhordú súl agus lámh a fhorbairt ná ligean dó cuidiú leat istigh sa chistin. D'fhéadfadh sé tabhairt faoi obair den chineál seo:

- \* plúr a scagadh,
- \* uibheacha a bhualadh,
- \* fuidreamh (*batter*) a shuaitheadh le spúnóg mhór
- \* subh a leathadh ar arán.


Ba cheart freisin leathanáigh agus uirlísí scríbhneoireachta a chur ar fáil don pháiste. Is fusa do pháiste óg greim a choinneáil ar chrián tiubh, ar phíosa tiubh cailce nó ar scuab phéinte a bhfuil cos thiubh uirthi seachas peann deas caol. Lig dó a bheith ag tarraingt agus ag scriobláil, ag rianadh agus ag dathú.

Ábhair eile ar fónamh is ea fadhbchluichí poncanna (*dot to dot puzzles*), míreanna mearaí simplí agus leabhair dhathadóireachta. Ba cheart na hábhair seo a roghnú go cúramach. Is gnách go mbíonn treoir éigin faoin aoisghrúpa dá n-oireann siad scríofa ar bhosca nó ar chlúdach na leabhar fadhbchluichí, míreanna mearaí agus earraí eile den sórt.

Cuimhnigh agus iarrachtaí an pháiste a mholadh. Cuir a chuid pictiúr ar taispeáint agus bí ag caint leis ina dtaoibh!

Seo roinnt smaointe eile:

- \* cnaipí ar bhaill éadaigh a dhúnadh agus a scaoileadh
- \* cluichí gabhála (*games of catch*) a imirt
- \* taos súgartha (*playdough*) a mhúnlú agus rudaí a thógáil leis
- \* ag súgradh le blocanna tógála, Lego agus araile
- \* méarphéinteáil
- \* iallacha bróg a cheangal
- \* playing with sand
- \* trial a bhaint as siosúir den chineál a cheaptar do pháistí
- \* ag súgradh le cártáí
- \* playing clapping games



## Céimeanna sa Luathscríbhneoreacht

### Uillmhúchán:



Déan tagairt do **Leabhar Saothair D, leathanaigh 3–9 – Luathiarachtaí scríbhneoreachta**. Déan fótachóipeanna de gach ceann de na sampláí scríbhneoreachta ach fág ar lár na cuntas agus na nótaí mínithe ag bun na leathanach. Iarr ar na tuismitheoirí samplaí de scríbhneoreacht agus d’obair ealaíne a bpáistí féin a thabhairt leo.

### Stiúradh na gníomhaiochta:

Mínigh dóibh go bhfoghlaimíonn páistí an scríbhneoreacht ar shlite éagsúla agus nach ar an aois chéanna a fhraigheann gach duine acu máistreacht uirthi. Bíonn an-éagsúlacht go deo sa scríbhneoreacht a dhéanann páistí óga. Mar sin féin, tá mionstaidéar déanta ar scríbhneoreacht pháistí ag aoiseanna nó ag céimeanna éagsúla dá saol agus tá a fhios againn de thairbhe an staidéir sin go bhfuil gnéithe ar leith ann a léiríonn gach uile pháiste de réir mar a bhíonn scileanna scríbhneoreachta á bhforbairt acu. Is mór an chabhair do thuismitheoirí a bheith eolach ar na gnéithe seo sa chaoi is gur féidir leo scileanna scríbhneoreachta na bpáistí a chothú.

Déan muintir an ranga a roinnt i ngrúpaí beaga agus tabhair rogha de shamplaí scríbhneoreachta do gach grúpa acu.

### Iarr ar na tuismitheoirí na samplaí a rangú mar seo a leanas:

- *An aithníonn siad an sampla scríbhneoreachta a rinne an páiste is óige ar fad?*
- *An aithníonn siad an sampla scríbhneoreachta a rinne an páiste is sine ar fad?*
- *An féidir leo aois na bpáistí a mheatseáil leis na samplaí scríbhneoreachta?*

### Bíodh plé ann faoi iarrachtaí na bpáistí ar litreacha a chruthú.

- *An bhfuil línte, ciorcail agus leathchiorcail le feiceáil?*
- *An dóigh leo go bhfuil na páistí ag iarráidh cruthanna atá feicthe acu a athchruthú, fiú mura bhfuil a fhios ag na páistí díreach cad iad na cruthanna sin?*
- *Cén áit ar dócha go bhfaca siad na cruthanna seo?*

### Bíodh plé ann faoi chuspóirí na scríbhinní seo.

- *An dóigh leo nach bhfuil na páistí ach ag aithris ar rud éigin atá feicthe acu, nó an bhfuil cuspóir éigin leis an obair scríbhneoreachta atá ar siúl acu?*
- *An bhfuil aon duine sásta buille faoi thuairim a thabhairt ar cén cuspóir atá ann?*

Iarr ar gach grúpa a dtuairimí a chur i láthair.




## Céimeanna sa luathscríbhneoireacht

I ndiaidh do na tuismitheoirí a dtuairimí a chur i láthair is féidir breathnú ar na samplaí arís. An uair seo, ní miste na notaí mínithe ag bun gach leathanáigh de na samplaí scríbhneoireachta a léamh amach.


Is féidir céimeanna agus patrúin a aithint i luathriarrachtaí scríbhneoireachta agus líníochta na bpáistí agus is chuige sin atá an ghníomhaíocht seo. Tá leideanna sna patrúin seo a thugann eolas dúinn ar conas a théann páistí i mbun na scríbhneoireachta. Bíonn an-éagsúlacht scileanna scríbhneoireachta i measc páistí, fiú páistí atá san aoisghráupa céanna. Is féidir, mar shampla, go mbeadh páiste amháin trí bliana d'aois ag tarraingt ciorcal ar leathanach fad is atá páiste den aois chéanna ag iarraidh litreacha a ainm féin a chóipeáil.

Cuir i gcuimhne do na tuismitheoirí go bhfuil na samplaí le fáil i **Leabhar Saothair D, leathanáigh 3-9** agus gur féidir leo tuilleadh staidéir a dhéanamh orthu de réir mar a oireann dóibh féin.






## Luathiarachtaí scríbhneoirreachta




1. Tosaíonn páistí ar a gcuid scileanna scríbhneoirreachta a fhorbairt trí spéis a chur sa scríbhneoreacht agus sa líníocht/tarraingt pictiúr. Tosaíonn siad le marcanna, línte agus cruthanna a bhreacadh ar an leathanach. Is ag an gcéim seo a fhoghlaimíonn siad conas greim a choinneáil ar chrián nó ar pheann luaidhe.

*Ba í Jenny, bliain agus ocht mí d'aois, a rinne an sampla seo. Is léir go bhfuil an-fhonn uirthi an scríbhneoreacht a chleachtadh. Láimhseáil sí an crián go deas cliste agus í ag breacadh línte soiléire cinnte ar an bpáipéar..*




## Luathiarachtaí scríbhneoirreachta




2. Léiríonn páistí go dtuigeann siad an difear idir líníocht/pictiúir a tharraingt agus an scríbhneoirreacht trí mharcanna ar leith a bhreacadh le haghaidh na líníochta agus marcanna de chineál eile a bhreacadh le haghaidh litreacha/focal. Tosaíonn seo amach mar scriobláil, ach de réir a chéile bíonn patrúin inaitheanta le sonrú; ciorcail, cuir i gcás.

*Ba í Lucy, 2 bhliain 9 mí d'aois, a rinne an pictiúr seo. Tá patrúin luatha agus cuspóir le sonrú ar a cuid scríbhneoirreachta. Tharraing sí pictiúr dá máthair agus dá hathair agus chuir sí go leor leor rudaí leis, ar nós malaí, féasóg, pollairí sróine. Tá 'Mamaí' agus 'Dadaí' scríofa os cionn chloigeann na beirte i scriobláil a bhfuil patrún atríallach (repetitive) ar leith le sonrú uirthi.*



## Luathiarachtaí scríbhneoireachta




3. Faoin am seo, tá páistí in ann litreacha a chruthú trí chóipeáil nó trí phoncanna a rianadh. Gach seans go mbeidh siad ag iarraidh triail a bhaint as cineálacha éagsúla scríbhneoireachta. Mar shampla, is féidir go ndéanfaidh siad blúirí de chomharthaí agus de phóstaeir a chóipeáil.

*Ba é Fionn, 4 bliana agus 4 mhí d'aois, a rinne an sampla seo. Dhírig sé a aird ar litreacha a chruthú. Is mian leis a ainm féin a litriú. D'iarr sé ar an múinteoir an t-ainm a scríobh amach sa chaoi is go dtiocfadh leis na litreacha a chóipeáil.*




## Luathiarachtaí scribhneoirreachta




- Is féidir le páistí roinnt litreacha a chruthú gan chabbair, cuir i gcás a n-ainmneacha féin nó sraith litreacha. Bíonn páistí fós ag baint trialach as rudai faoin am seo, agus tá an maisiú ina chuid thábhachtach den saothar a chuireann siad ar fáil.

*Ba í Emma, 3 bliana agus 6 mhí, a rinne an sampla seo. Tá sí ag iarraidh a léiriú do dhaoine gur féidir léi focail a scríobh. Mar chruthú air sin, feicimid go bhfuil teachtaireacht an tsampla seo níos tábhacthaí ná an pictiúr féin. Thosaigh sí leis na focail sin ar féidir léi iad a scríobh gan chabbair: a hainm féin agus FBI. Lean sí uirthi ansin agus chóipeáil ainmneacha daoine den teaghlaigh agus ainm an chláir theilifíse is mó a thaitníonn léi, 'Barney'.*



## Luathiarachtaí scríbhneoirreachta




5. Tuigeann páistí go gcaithfidh siad focail a scríobh chun teachtaireacht a chur in iúl. Is minic ag an gcéim seo go n-iarrann páistí ar dhaoine fásta na rudaí atá scríofa acu a léamh. Is beag le rá na scileanna litrithe atá acu, ach bíonn a fhios acu go maith cad é atá siad ag iarraidh a chur in iúl.

*Ba í Catherine, 5 bliana 6 mhí, a rinne an sampla seo. Tá teachtaireacht shoiléir ann a chuireann síos ar an bpictiúr a tharraing sí: 'I have a tent and I grow flowers'. Tá sí fós ar an gcéad chéim de phróiseas foghlamtha an litrithe, agus is léir go bhfuil eolas aici ar roinnt fuaiméanna consan agus gutai. Is léir freisin go bhfuil a fhios aici gur sa treo ó chlé go deas is gnách le daoine scríobh agus tosú arís ag túis na chéad líne eile.*




## Luathiarachtaí scribhneoirreachta




This is Ciara ( This is Hannah  
 hisis Clionadh and Caoimhe

6. Tosaíonn páistí ag scríobh ar shlí atá níos soiléire agus níos fusa a thuiscent. Baineann siad leas as fuaiméanna tosaigh agus deiridh ach ní dócha go mbainfidh siad mórán leasa as gutaí. Gach seans go mbeidh litriú roinnt focal simplí iomlán ceart acu, leithéidí 'cat' 'mé' agus 'an'.

Ba í Caoimhe, 6 bliana 6 mhí, a rinne an sampla seo. Tá rudai ann a thabharfadhl le fios go bhfuil eolas maith aici ar litriú, ar ghramadach agus ar phoncaíocht. Bíodh sin mar atá, fanann sí i muinín focal simplí a bhfuil a fhios aici conas iad a litriú. D'éirigh léi sraith dhíreach abairtí a chur le chéile agus ceannlitreacha ag túis gach abairte acu.



## Luathiarachtaí scríbhneoireachta



7. Bíonn páistí in ann 'téacs' a scríobh ag an gcéim seo. Bíonn siad ag tosú amach ar smaointe a chur in alt a chéile ar shlí chiallmhar shoiléir. Tosaíonn siad ar phoncanna lánstad a úsáid chomh maith le focail ceangail ar nós 'agus' agus 'ach' d'fhonn struchtúr níos fearr a chur ar a gcuid scríbhneoireachta. Cé nach mbíonn mórán airde acu ar litriú ag an gcéim seo, tá fianaise ann go dtosaíonn páistí ar rialacha litrithe a úsáid agus focail a fhuaimniú chun cabhrú leo iad a litriú.

*Ba é Killian, 6 bliana 7 mí, a rinne an sampla seo. Is féidir leis 'téacs' a scríobh. Bíonn abairtí iomlána aige, le poncanna lánstad agus ceannlitreacha. Cuireann sé a chuid abairtí in ord agus bíonn ciall ag baint leo. Tá cumas maith litrithe ann.*



25 nóim.



## Neart an phinn

### Uillmhúchán:



Beidh smeach-chairt agus marcóirí de dhíth ort.



Uillmhaigh roinnt cártaí stionsail ar a bhfuil fadhbchluichí poncanna (dot to dot puzzles) simplí. Chuige seo, is féidir pictiúir an-simplí as leabhar dathadóireachta a rianadh, nó línlíocht fháisc-ealaíne (*Clipart drawings*) a mhéadú, nó úsáid a bhaint as stionsail do pháistí. Bíodh páipéar agus marcóirí ann le riarráid ar na tuismitheoirí.



Déan tagairt do **Leabhar Saothair D, Ich 10 – Fadhbchluiche poncanna a dhéanamh.**

### Stiúradh na gníomhaíochta:


Le linn na gníomhaíochta seo, beifear ag plé cuid de na bealaí ar féidir le tuismitheoirí cabhrú le hiarrachtaí scríbhneoireachta na bpáistí. Tá gníomhaíochtaí luathscríbhneoireachta ann a ceapadh le deiseanna cleachta a thabhairt do na páistí agus iad ag iarraidh peann luaidhe a láimhseáil. Sampla de sin is ea patrún a tharraingt. Cleachtadh is ea é a chabhraíonn le páistí rudaí a chur san ord ceart. Is fusa do pháistí foghlaim conas patrún a athchruthú san ord ceart ná tosú glan amach le litreacha agus le focail. Rachaidh an taithí chun sochair dóibh níos faide anonn, agus iad ag iarraidh litreacha a chur san ord ceart agus focail a litriú.

Gabh go dtí **Leabhar Saothair D, Ich. 10 – Neart an phinn** agus cuir plé ar bun faoina bhfuil ann.

Iarr ar na tuismitheoirí roinnt patrún simplí poncanna a dhéanamh fá choinne tabhairt chun an bhaile. Tabhair roinnt leathanach páipéir agus roinnt marcóirí do gach tuismitheoir. Cuir thart na cártaí stionsail a d'ullmhaigh tú níos luaithe. Dírigh aird na dtuismitheoirí ar **Leabhar Saothair D, Ich.11 – Fadhbchluiche poncanna a dhéanamh.** Cuir in iúl dóibh go bhfuil roinnt bealaí ann chun a leithéid d'fhadhbchluiche a dhéanamh.

Seans go mbeidh cuid de na tuismitheoirí neirbhíseach faoi chúrsaí litrithe. Meabhraigh dóibh nach gá do pháistí óga a gceann a bhuaireamh le litriú – tá go leor eile le foghlaim acu seachas sin. Bíodh sin mar atá, seans nár mhiste leis na tuismitheoirí seisiúin bhreise a reáchtáil chun scileanna litrithe páistí eile leo a fheabhsú, nó fiú a scileanna litrithe féin.






## Neart an phinn

Is féidir cabhrú leis an bpáiste í fín a ullmhú chun litreacha a scríobh trí phatrúin a chóipeáil agus a tharraingt. Cabhraíonn sé seo le scileanna comhordaithe súl agus lámh a forbairt, scileanna atá riachtanach le haghaidh litreacha a chruthú. Má chuirtear an páiste ag obair ar línte a tharraingt sa treo ó chlé go deas, ní fada go n-éireoidh sí cleachta ar léamh agus scríobh sa treo céanna.

Tarraing roinnt patrún agus iarr ar an bpáiste iad a chóipeáil. Lig di fín patrúin a tharraingt a gcaithfidh tusa iad a chóipeáil. Ná bí ag súil go mbeadh an páiste in ann an patrún a chóipeáil go hiontach dílis. B'fhéidir nach ndéanfaidh sí ach rud beag scrioblála i dtosach báire. Is de réir a chéile a fhoghlaímítear an scríbhneoireacht.

### Seo roinnt smaointe le haghaidh patrúin a dhéanamh:

- Fráma patrúin (*pattern frame*) a tharraingt thart ar phictiúr.
- Cluichí a imirt ina gcaithfidh an páiste línte a tharraingt chun gnéithe den phictiúr a thabhairt le chéile. D'fhéadfaí, mar shampla, cat agus luchóg a tharraingt agus iarraighe ar an bpáiste iad a cheangal.
- Pictiúr a tharraingt a bhfuil líne nó ciocal fágtha ar lár ann. Iarr ar an bpáiste na píosaí atá ar iarraighe a bhreacadh. Mar shampla, cupán gan chluas.
- Fadhbchluichí lúbra (*maze puzzles*) agus fadhbchluichí poncanna an-simplí a dhearadh.
- An cluiche úd '*take a line for a walk*'.
- Coirníní a chur ar shreang (*string beads*).
- Slabhra den pháipéar daite.
- Patrúin a tharraingt sa ghaineamh.
- Gach cineál líníochta agus dathadóireachta a spreagadh.




## Fadhbchluiche poncanna a dhéanamh

Beidh na rudaí seo a leanas de dhíth ort:


- \* leabhar dathadóireachta, cairtchlár (bosca calóg), siosúir, marcóirí agus páipéar.

Déan pictiúr deas simplí as leabhar dathadóireachta a tharraingt nó a rianadh ar an gcairtchlár. Gearr amach é le gur féidir stionsal a dhéanamh.

Cuir an stionsal i lár leathanaigh.  
Déan na mionghnéithe agus na gnéithe cúlra a bhreacadh ar dtús  
chun go mbeidh leid éigin ag an bpáiste ar cad é ba chóir a bheith sa phictiúr. Is féidir fadhbchluiche poncanna a dhéanamh de ar cheachtar de na bealaí seo a leanas:




Déan an pictiúr a rianadh ach bíodh bearnaí sna línte ar shlí go gcaithfidh an páiste iad a cheangal.



1

Is féidir na línte a rianadh i sraith phoncanna agus caithfidh an páiste líne a tharraingt ó phonc go ponc.



2

Is leor roinnt línte a rianadh chun leid a thabhairt ar cad é ba chóir a bheith sa phictiúr. Ansin, ag obair sa treo ó chlé go deas, is féidir sraith phoncanna a rianadh agus uimhir a chur le gach ponc acu. Caithfidh an páiste líne a tharraingt ó phonc go ponc.



3



## Foclóir na scríbhneoireachta

### Uillmhúchán:



Beidh marcóirí agus smeach-chairt de dhíth ort.



Déan tagairt do **Leabhar Saothair D, Ich 12 – Foclóir na scríbhneoireachta**.

### Stiúradh na gníomhaíochta:


Gabh siar ar sheisiúin eile inar pléadh na focail agus na téarmaí a úsáidtear chun cur síos ar ghníomhaíochtaí agus ar scileanna teanga. Mar shampla, **Seisiún 6 – Leabhair a léamh le chéile**, ina ndearnadh plé ar fhocail a úsáidtear le linn do dhaoine a bheith ag caint ar leabhair. Sampla eile is ea **Seisiún 7 – An cló timpeall orainn**, áit a raibh plé ar na focail a úsáidtear le linn do dhaoine a bheith ag caint ar na hábhair chlóite thart orthu.

Bíodh dreas dianmhachnaimh ann chun focail a bhaineann leis an scríbhneoreacht a thabhairt chun cuimhne. Iarr ar na tuismitheoirí a bheith ag smaoineamh ar fhocail a úsáidtear chun cur síos ar urlísí na scríbhneoreachta, ar ábhair le haghaidh na scríbhneoreachta, ar litreacha, focail agus abairtí a chruthú agus chomh maith leis sin ar na cuspóirí a bhíonn le cineálacha éagsúla scríbhneoreachta. Scríobh a gcuid moltaí síos ar an smeach-chairt.

Gabh go dtí **Leabhar Saothair D, Ich. 12 – Foclóir na scríbhneoireachta**. Cuir an liosta a d'ullmhaigh na tuismitheoirí i gcomparáid leis an liosta seo. Is féidir leis na tuismitheoirí aon fhocal breise a bheadh ann a scríobh isteach sna boscaí bána.

Faoi mar a rinne tú sna seisiúin eile, bí ag caint ar an tábhacht a bhaineann le páistí a chur ar an eolas faoi na focail choitianta a úsáidtear le linn dúinn a bheith ag caint ar an scríbhneoreacht. Nuair a théann na páistí chun na scoile, beifear ag súil go mbeidh siad in ann na focail seo a úsáid chun cur síos ar struchtúr agus ar phróiseas na scríbhneoreachta. Gach seans nach bhfuil aon chur amach ag na páistí ar an bhfoclóir seo, fiú amháin iad siúd a bhfuil roinnt scileanna scríbhneoreachta acu cheana féin.






## Foclóir na scríbhneoireachta

An bhfuil aon cheann de na focail seo ar eolas ag an bpáiste?





## Achoimre ar an seisiún

Caith súil siar ar an seisiún seo trí dhul siar ar na ceisteanna a scríobh tú ar an smeach-chairt nuair a bhí tú ag cur tús leis an seisiún:

- *Cad is scríbhneoireacht ann?*
- *Conas a ullmhaíonn páistí iad féin le haghaidh na scríbhneoireachta?*
- *Cad é is féidir leat a dhéanamh chun cuidiú leis na páistí a scileanna scríbhneoireachta a fhorbairt?*

Iarr ar na tuismitheoirí dreas dianmhachnaimh a dhéanamh chun freagraí ar na ceisteanna seo a chur ar fáil.




## Gníomhaíocht bhaile 8 – ‘Súil ar chúrsaí scríbhneoireachta’ – conas é a úsáid

Is féidir leis na tuismitheoirí na fadhbchlúichí poncanna a thabhairt chun an bhaile le haghaidh na bpáistí.


Chomh maith leis sin, cuir **Súil ar chúrsaí scríbhneoireachta – Bileog Saothair D, Ich.13** i láthair na dtuismitheoirí. Iarr orthu an leathanach a líonadh díreach mar a rinne siad i gcás **Súil ar chúrsaí léitheoireachta** agus **Súil ar chúrsaí cainte agus éisteachta**. Abair leo aird ar leith a thabhairt ar iarrachtaí scríbhneoireachta na bpáistí idir seo agus an chéad seisiún eile.


Ba chóir dóibh iarracht ar leith a dhéanamh chun rudaí mar seo a leanas a thabhairt faoi deara: cad iad na rudaí a scríobhann na páistí, cá mbíonn siad ag scríobh, cá huair a bhíonn siad ag scríobh agus cad chuige. Iarr orthu na ceisteanna i **nGníomhaíocht Bhaile 8 – ‘Súil ar chúrsaí scríbhneoireachta’ – conas é a úsáid**.

Cuir i gcuimhne do na tuismitheoirí go mbeifear ag súil leo labhairt ag an gcéad seisiún eile faoi na rudaí a thug siad faoi deara le linn dóibh a bheith i mbun na gníomhaíochta baile.



## Súil ar chúrsáí scríbhneoirreachta





## 'Súil ar chúrsaí scríbhneoireachta' – conas é a úsáid

Maidir leis na scileanna a luadh in **Súil ar chúrsaí scríbhneoireachta**, an bhfuil aon cheann acu á léiriú ag do pháiste féin go fóill?

---



---



---



---

Ainmnigh cuid de na hamanna agus de na háiteanna ina mbíonn an páiste i mbun cleachtaí beaga scríbhneoireachta.

---



---



---



---

Ainmnigh cuid de na fáthanna a mbíonn an páiste ag scríobh.

---



---



---



---

An bhfuil aon rud eile a d'fhéadfá a dhéanamh chun cabhrú leis an bpáiste na scileanna a fhorbairt atá riachtanach don scríbhneoiracht?

---




---



---



---



## Nótaí an tSeisiúin


Cad iad na rudaí ar éirigh go maith leo sa seisiún seo?

An raibh aon deacrachtaí ar leith ann?

Ar nocht na tuismitheoirí aon tuairim i leith ábhar an tseisiúin seo?

Cad é mar a rinne tú freastal ar riachtanais agus ar ábhair spéise éagsúla?

An bhfuil aon ní ann a dhéanfá ar shlí eile dá mbeadh seisiún mar seo le  
réachtáil agat arís?




Nótaí an tSeisiúin

9

An  
ghnáth-  
scríbhneoiracht








### Sa seisiún seo, beidh na tuismitheoirí:

- ag plé na gcúiseanna a mbímid ag scríobh gach uile lá;
- ag caint faoi na rudaí a spreagann páistí chun scríbhneoireachtá;
- ag caint ar cé chomh tábhachtach is atá sé go bhfeicfeadh na páistí daoine fásta i mbun scríbhneoireachtá;
- ag aimsiú deiseanna leis na páistí a chur ag scríobh.

Réimse	Tasc	Am	Lth.
Réamhrá		10 nóim.	194
<b>Cuspóirí scríbhneoireachtá</b>	<b>1</b>	<b>25</b> nóim.	<b>195-196</b>
<b>An ghnáthscríbhneioreacht</b>	<b>2</b>	<b>25</b> nóim.	<b>197</b>
Gnáthócáidí scríbhneioreachtá			199
Ag scríobh agus ag súgradh	3	15 nóim.	200
Ag scríobh agus ag súgradh			201
Tuilleadh gníomhaíochtaí scríbhneioreachtá			202
<b>Foireann urlísí a dhéanamh don scríbhneoir</b>	<b>4</b>	<b>45</b> nóim.	<b>203-204</b>
Achoimre ar an seisiún		10 nóim.	205
Gníomhaíocht bhaile 9 – Ag scríobh agus ag spraoi			205
Ag scríobh agus ag spraoi			206
Nótaí an tseisiúin			207



## Réamhrá

**Uillmhúchán:**



Beidh marcóirí agus smeach-chairt de dhíth ort.

**Stiúradh na gníomhaíochta:**


Gabh siar ar **Ghníomhaíocht Bhaile 8 – ‘Súil ar chúrsaí scríbhneoireachta, conas é a úsáid’**. Iarr ar na páistí cuid de na rudaí a thug siad faoi deara faoi iarrachtaí scríbhneoireachta na bpáistí a chur i láthair. Dírigh isteach ar cén áit, cén t-am agus cén fáth a mbíonn na páistí ag scríobh.

Cuir i gcuimhne do na tuismitheoirí gurb é an obair ba mhó a rinneadh an tseachtain seo caite ná díriú ar na scileanna a theastaíonn ó pháistí agus iad ag foghlaim na scríbhneoireachta. Sa seisiún seo, beifear ag díriú ar na rudaí a spreagann na páistí chun an scríbhneoreacht a fhoghlaím agus conas is féidir le tuismitheoirí deiseanna a chur ar fáil a spreagfaidh na páistí chun scríbhneoreachta.

**Scríobh na ceisteanna seo a leanas ar an smeach-chairt:**

- Cén uair agus cén áit a mbíonn tú féin ag scríobh?
- Luagh roinnt cúiseanna a mbíonn tú ag scríobh.
- Cad iad na rudaí a spreagann fonn scríbhneoreachta i bpáistí?





## Cuspóirí scríbhneoireachta

### Uillmhúchán:



Beidh marcóirí agus smeach-chairt de dhíth ort.



Roghnaigh roinnt cártáí Photopak ina léirítéar páistí i mbun scríbhneoireachta nó ag amharc ar dhaoine atá i mbun na scríbhneoireachta.



Beidh tú ag tagairt do na luathiarachtaí scríbhneoireachta i **Leabhar Saothair D, Ich. 3-9.**

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Déan na tuismitheoirí a roinnt i ngrúpaí. Tabhair amach na cártáí *Photopak* a roghnaigh tú níos lúaithe. Iarr ar na tuismitheoirí breathnú ar na gníomhaíochtaí scríbhneoireachta atá ar siúl ag na daoine atá le feiceáil sna pictiúir.

### Scríobh na ceisteanna seo ar an smeach-chairt:

- \* Cén cineál gníomhaíochtaí scríbhneoireachta atá le feiceáil sna grianghraif?
- \* Cad iad na grianghraif ina léirítéar páistí ag breathnú ar ghníomhaíochtaí scríbhneoireachta?
- \* Cad iad na grianghraif ina léirítéar páistí i mbun ghníomhaíochtaí scríbhneoireachta?

Lig do na grúpaí deich nóiméad nó mar sin a chaitheamh lena ndianmhachnamh a dhéanamh. Iarr orthu ansin a dtuairimí a chur i láthair.


Déan tagairt siar do **Luathiarachtaí Scríbhneoireachta i Leabhar Saothair D, leathanaigh 3-9.** Meabhraigh do na tuismitheoirí gur obair dheacair is ea an scríbhneoireacht. Mar sin féin, is iomaí sin páiste a dhéanann tréaniarracht chun scríobh, fiú agus iad an-óg ar fad.

### Ceisteanna:

- \* An léir ar na pictiúir seo cén cuspóir atá leis an ngníomhaíocht scríbhneoireachta a léirítéar iontu?
- \* An eol duit cad iad na háiteanna agus cad iad na hamanna ina mbíonn tú féin agus do pháistí i mbun scríbhneoireachta?
- \* Cad é a spreagann páistí chun scríbhneireachta, meas tú?

### Freagraí samplacha:

- \* Is maith le páistí a n-ainmneacha féin a scríobh.
- \* Feiceann siad daoine eile ag scríobh.
- \* Is mian leo litreacha nó cártaí a scríobh.
- \* Is mian leo teachtaireacht a chur chuig Daidí na Nollag.



## Cuspóirí Scríbhneoreachta

- Is mian leo focail a chur i dteannta a gcuid pictiúr.
- Is mian leo liostaí a dhéanamh.
- Is maith leo lipéid a chur ar rudaí.
- Is mian leo rudaí a chóipeáil.
- Is maith leo ligean dá samhlaíocht agus a bheith ag cur i gcéill.

Mínigh dóibh gur riachtanas sóisialta do pháistí atá sa chaint agus gur riachtanas sóisialta é chomh maith céanna a spreagann iad chun an scríbhneoreacht a fhoghlaim. Tá páirt mhór ag tuismitheoirí (agus ag daoine eile den teaghlaich) maidir le fonn scríbhneoreachta na bpáistí a chothú agus a bheith ina n-eiseamláir do na páistí maidir leis an scríbhneoreacht de. Ba chóir go bhfeicfeadh na páistí a gcuid tuismitheoirí i mbun ghníomhaíochtaí scríbhneoreachta éagsúla agus go n-iarrfadh na tuismitheoirí ar na páistí páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí sin, i gcás gur féidir sin.

Is mar seo a chothaítear suim na bpáistí sa scríbhneoreacht, trí iad a dhéanamh páirteach i ngníomhaíochtaí scríbhneoreachta. Tá sé seo lán chomh tábhachtach maidir le forbairt na scríbhneoreachta agus atá aon cheann de na cleachtaí a luadh roimhe chun scileanna a fhorbairt.





## An ghnáthscríbhneoireacht

**Uillmhúchán:**



Uillmhaigh an t-eolas agus na treoracha le haghaidh na gníomhaíochtaí samplacha scríbhneoireachta.

**Gníomhaíochtaí samplacha scríbhneoireachta:**

- Earráí a roghnú as catalóg agus foirm ordúithe a líonadh.
- Cártá breithlæ a scríobh.
- Teachtaireacht a chur chuig bean darb ainm Máire ag insint di gur ghlaigh Seán agus go mbeidh moill dhá uair an chloig air.
- Liosta siopadóireachta a ullmhú le haghaidh chóisir bhreithlæ pháiste.
- Nótá a scríobh ar son do pháiste go dtí a mhúinteoir.
- Seoladh agus uimhir theileafóin a chóipeáil as fógra nuachtáin.
- Oideas cócaireachta le cara de do chuid a chóipeáil.



Déan tagairt do **Leabhar Saothair D, Ich. 15 – Gníomhaíochtaí gnáthscríbhneoireachta.**

**Stiúradh na gníomhaíochta:**

Iarr ar na tuismitheoirí dul ag obair i mbeirteanna. Tabhair gníomhaíocht shamplach scríbhneoireachta do gach péire acu. Le linn dóibh a bheith ag obair uirthi, scríobh na ceisteanna seo a leanas ar an smeach-chairt:

- *An gcaithfidh tú labhairt le duine ar bith le gur féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh?*
- *An gcaithfidh tú eolas ar bith a léamh le gur féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh?*
- *An gcaithfidh tú a bheith ag plé le huimhreacha le gur féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh?*
- *Arbh fhearr leat tabhairt faoin gníomhaíocht seo le daoine eile nó díreach i d'aonar?*

Fan deich nóiméad agus cuir muintir an tseisiúin i gceann a chéile arís. Iarr orthu a dtuairimí a chur i láthair. Meabhraigh dóibh gur gnách linn smaoineamh ar an scríbhneoireacht mar shaothar a dhéannan daoine agus iad ina n-aonar. Is é fírinne an scéil, áfach, gur gnách go mbíonn daoine eile páirteach sna gníomhaíochtaí scríbhneoireachta is coitianta ar fad. Is gnách freisin nach bhfuil sna gníomhaíochtaí seo ach cuid de phróiseas cumarsáide agus go mbíonn caint, éisteacht, léitheoireacht nó uimhreacha i gceist chomh maith.




## An ghnáthscríbhneoireacht

Maidir leis na gnáthghníomhaíochtaí scríbhneoireachta seo, is amhlaidh gur deiseanna iad:

- le go bhfeicfidh na páistí a dtuismitheoirí agus daoine eile den teaghlaigh i mbun scríbhneoireachta;
- le go nglacfaidh na páistí páirt i ngníomhaíocht 'daoine fásta';
- le haghaidh a bheith ag caint faoi chúrsaí scríbhneoireachta;
- le blaiseadh den scríbhneireacht mar chuid de phróiseas cumarsáide a bhfuil caint, léitheoireacht agus uimhreacha i gceist ann chomh maith.

Iarr ar na tuismitheoirí bealaí a phlé ina bhféadfaí páistí óga a dhéanamh páirteach i gcuid de na gníomhaíochtaí a rinneadh ar ball.

Cuir críoch leis an ngníomhaíocht seo trí thagairt a dhéanamh do **Leabhar Saothair D, Ich. 15 – Gnáthócáidí scríbhneireachta**.



## Gnáthócáidí scríbhneoireachta

Cuirfidh do pháiste suim sa scríbhneoireacht trína bheith ag breathnú ort féin agus ar dhaoine eile sa teaghlaigh ag scríobh ar mhaithe le cuspóirí éagsúla. Seo roinnt smaointe le haghaidh páistí a dhéanamh páirteach i ngnáthshaothair scríbhneoireachta sa bhaile. Fiú mura bhfuil sí réidh le peann a chur le páir, bainfidh sí sult as bheith ag breathnú ort agus a bheith ag caint leat faoi na saothair scríbhneoireachta seo.

- |  |   |
|--|---|
| <b>Liostaí a dhéanamh</b>                | liostaí siopadóireachta, liostaí de rudaí atá le déanamh, liostaí de rudaí atá siad ag iarraidh don Nollaig, liostaí de dhaoine a bhfuil siad ag iarraidh go dtiocfaidís go dtí cóisir, liostaí de rudaí a chaithfidh siad a thabhairt leo ar thuras, rudaí a dtiocfadh leo a dhéanamh nuair a thagann Mamó ar cuairt |
| <b>Teachtaireachtaí a bhreacadh síos</b> | teachtaireachtaí teileafóin, teachtaireachtaí ó chuairteoirí, treoracha le haghaidh oideas cócaireachta.  |
| <b>Cártaí a shíniú</b>                   | cártaí Nollag, cártaí breithlæ, cárta Vailintín, cártaí buíochais.  |
| <b>Litreacha a scríobh</b>               | chuig daoine muinteartha, athair mór nó máthair mhór, aintíní, uncailí, col ceathracha agus cairde.   |
| <b>Lipéid a dhearadh</b>                 | le greamú de na rudaí ar leo iad, leithéidí leabhair, bréagáin, éadaí agus trealamh spóirt nó a ghreamú de dhoras a seomra nó de sheilfeanna.   |
| <b>Biachlár a dhéanamh</b>               | le haghaidh breithlæ nó béis speisialta ar lá saoire.   |
| <b>Focail a scríobh ar phictiúir</b>     | chun teideal a thabhairt don phictiúr nó comhrá a scríobh idir na daoine sa phictiúr nó fiú chun an pictiúr a shíniú.   |

Bhur gcuid smaointe féin:

---



---



---



---



---



---



---



---



---



---



---



---




---



## Ag scríobh agus ag súgradh

**Uillmhúchán:**



Beidh marcóirí agus smeach-chairt de dhíth ort.

Déan tagairt do **Leabhar Saothair D, Ich. 16 – Ag scríobh agus ag súgradh agus do Ich. 17 – Tuilleadh gníomhaíochtaí scríbhneoireachta.**

**Stiúradh na gníomhaíochta:**

Bíodh dreas dianmhachnaimh ann faoi rudaí a d'fhéadfadh a bheith ina ndeiseanna maithe chun an scríbhneoireacht a chleachtadh.

**Ábhair phlé:**


- *An mbíonn cluichí chur i gcéill (pretend games) á n-imirt ag na páistí?*
- *Cad iad na rudaí is maith leo cur i gcéill?*
- *An mbíonn páistí níos sine ná iad páirteach sa súgradh?*
- *An féidir an scríbhneoireacht a fhí isteach sa súgradh seo nó, má tá scríbhneoireacht ina cuid de cheana féin, an féidir í a fhorbairt tuilleadh?*
- *Cad iad na rudaí a d'fhéadfadh na páistí a scríobh mar chuid de chluiche chur i gcéill?*
- *An bhfuil amanna nó áiteanna ar leith ina dtiocfadh leat ligean do na páistí a gcuid scríbhneoireachta chur i gcéill a dhéanamh fad is atá tusa i mbun scríbhneoireachta dáiríre?*

Scríobh a gcuid freagraí síos ar an smeach-chairt.

Mínigh dóibh gur slí eile is ea an scríbhneoireacht chur i gcéill (*pretend writing*) chun cabhrú le páistí eolas a chur ar na cuspóirí éagsúla a bhaineann leis an scríbhneoireacht.

Léigí agus pléigí **Leabhar Saothair D, Ich. 16 – Ag scríobh agus ag súgradh agus Ich. 17 – Tuilleadh gníomhaíochtaí scríbhneoireachta.**





## Ag scríobh agus ag súgradh

### Siopa:

- Bailigh le chéile boscaí folmha bia, ar nós boscaí calóg, scaoilteoga brioscaí, cartáin uibheacha, buidéil leacht níocháin.
- Cabhraigh leis an bpáiste praghaslipéid a scríobh orthu.
- Bain úsáid as airgead *Monopoly* nó déan do chuid féin.
- Tabhair peann luaidhe agus páipéar don pháiste le gur féidir leis liosta siopadóireachta a scríobh.
- Déan scipéad (*till*) de sheanbhosca bróg.
- Déan comhartha siopa.

### Bialann:

- Lig don pháiste an tábla a chóiriú/na gréithe a leagan amach.
- Ullmhaigh cártá bia beag simplí. Bíodh pictiúir ann chun na miasa éagsúla a léiriú.
- Bíodh leabhar beag nótaí ann chun 'na horduithe' a bhreacadh síos.
- Bain úsáid as airgead *Monopoly* nó déan do chuid féin.
- Déan scipéad (*till*) de sheanbhosca bróg.

### Scoil:

- Bíodh clár dubh ann nó píosa mór páipéir ann ar féidir é a cheangal nó a ghreamú den bhalla.
- Bailigh le chéile cailc, pinn luaidhe, leabhair bheaga nótaí agus leabhair scéalaíochta.
- Bíodh boscaí móra cairtchláir ann chomh maith. Seo iad na 'deasca' sa seomra ranga.
- Abair leis an bpáiste an seomra ranga a mhaisiú le litreacha na haibítre, le huimhreacha agus le pictiúir.

### Teach:

- Cabhraigh leis an bpáiste puball a dhéanamh trí blaincéad nó trí bhraillín a chur ina luí thar roinnt cathaoireachta. Seo é a 'teachín' beag féin.
- Seans nach di féin an teach ar chor ar bith, ach dá cuid bábóig agus béiríní.
- Cuir páipéar, criáin agus marcóirí ar fáil di le gur féidir léi comhartha breá daite a dhéanamh le haghaidh an tí.

Bhur gcuid smaointe féin:


---



---



---



## Tuilleadh gníomhaíochtaí scríbhneoireachta

Cóinnigh leabhar le haghaidh na bpictiúr, na gcártaí agus na n-iarrachtaí scríbhneoireachta a dhéanann an páiste.

Iarr ar an bpáiste pictiúir a tharraingt le haghaidh scéil agus iad a ghreadú sa leabhar nó i leabhar nótaí. Thiocfadh leis an mbeirt agaibh ansin an téacs a scríobh le chéile.

Tabhair cailc don pháiste agus lig di scríobh ar an tsráid amuigh. Teagasc di conas bord le haghaidh chleas na bacóide (*hopscotch*) a tharraingt. Glanfar ar shiúl é leis an gcéad chith báistí.

Tá sé tábhachtach an-éagsúlacht gníomhaíochtaí scríbhneoireachta a chur ar fáil don pháiste toisc:

- ✿ go gcabhraíonn siad léi a bheith féinmhuijnín each maidir le cúrsaí scríbhneoireachta;
- ✿ ullmháíonn siad í le haghaidh saothair scríbhneoireachta a bheidh le déanamh ar scoil;
- ✿ cabhraíonn siad léi teacht ar thuiscint mar gheall ar chuspóir na scríbhneoireachta;
- ✿ deiseanna is ea iad lena tarraingt isteach in imeachtaí an teaghlaigh agus an phobail.

Bhur gcuid smaointe féin:

---



---



---



---



---



---



## Foireann uirlisí a dhéanamh don scríbhneoir

Le buiochas do mhuintir *Learning Together* in Norfolk as an tseift seo a mholadh dúinn.

### Ullmhúchán:



Beidh marcóirí agus smeach-chairt de dhíth ort.



Cuir le chéile ábhair agus uirlisí a bhíonn ag teastáil ó scríbhneoirí – páipéar (leathanaigh A4, páipéar ceirde (*craft paper*), páipéar le línte agus páipéar gan línte, cairtchlár, nótaí beaga 'Post it'), marcóirí, criain, pinn luaidhe, cailc, seanchártáí Nollag, páipéar beartán, seanirisí, ribíní, olann chadáis, siosúir, taos greamaitheach (*paste*) nó gliú, boscaí plaisteacha nó boscaí uirlisí. Má tá an grúpa ar bheagán acmhainní airgeadais, seans go mbeidh an t-ollmhargadh áitiúil toilteanach roinnt boscaí plaisteacha a chur ar fáil den chineál a mbíonn trátaí agus muisiriúin á gcoinneáil iontu.

Déan foireann uirlisí samplach a ullmhú. Bíodh roinnt cártáí a rinne sibh féin ann, lipéid, biachláir, fadhbchluichí poncanna (*dot to dot puzzles*), leathanaigh dhaite agus araile.

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Iarr ar na tuismitheoirí dreas dianmhachnaimh a dhéanamh faoi conas is féidir leo iarrachtaí a bpáistí a spreagadh agus deiseanna a chur ar fáil le haghaidh na scríbhneoreachta. Cuid thábhachtach de sin is ea acmhainní a chur ar fáil dóibh.


Caith tamall ag plé na n-acmhainní is féidir leis na tuismitheoirí a chur ar fáil maidir le:

- ◆ cuspóirí na scríbhneoreachta;
- ◆ ábhair scríbhneoreachta;
- ◆ áit atá oiriúnach don scríbhneoreacht;
- ◆ am agus spás le haghaidh na scríbhneoreachta.

Luaigh leo roinnt gníomhaíochtaí scríbhneoreachta nach bhfuil chomh coitianta sin uilig, ar nós litreacha a scríobh sa ghaineamh, litreacha a dhéanamh de théad, scríobh ar chraiceann, cailc a úsáid chun scríobh ar an tsráid.

Taispeáin an foireann uirlisí samplach agus na hábhair atá istigh inti. Tabhair foireann shamplach do gach tuismitheoir agus bíodh roinnt uirlisí scríbhneoreachta inti (oiread agus is féidir a cheannach gan dul thar bhuiséad).

D'fhéadfadh na tuismitheoirí an foireann uirlisí scríbhneoreachta a chur in oiriúint dá bpáistí féin. D'fhéadfaí, mar shampla, an bosca a mhaisiú nó ainmneacha na bpáistí a scríobh air. Beidh siad féin in ann tuilleadh uirlisí scríbhneoreachta a chur isteach inti a bhfuil dul ag na páistí iontu.



## Foireann uirlisí a dhéanamh don scríbhneoir

D'fhéadfadh na tuismitheoirí acmhainní mar seo a leanas a dhéanamh:

- cártaí ar a bhfuil pictiúir ó sheanirisí, pinn luaidhe daite, olann chadáis agus ábhair mhaisithe eile;
- biachláir agus liostaí siopadóireachta ar a bhfuil pictiúir de na cineálacha bia is mó a bhfuil dúil ag na páistí iontu;
- léaráidí fáiscealaíne (*Clipart drawings*) a mhéadú agus iad a fhótachóipeáil le gur féidir leis na páistí iad a dhathú;
- nótaí beaga a bhfuil teachtaireachtaí mar seo a leanas scríofa orthu: 'Le buiochas ó Thomás'; 'An dtiocfá go dtí cóisir bhreithlá Chiara?'
- pictiúir de lucht spóirt agus spáis le haghaidh ainmneacha a scriobh.

Déan iarracht na tuismitheoirí a spreagadh chun smaointe, scileanna agus eolas a chur i láthair an ranga le linn na gníomhaíochta.


Thiocfadh leis na tuismitheoirí dul thart ar na siopaí áitiúla ag iarraidh margáí maithe a aimsiú. Thiocfadh leo ansin an t-eolas a chur i láthair mhuintir an tseisiúin.

D'fhéadfaí an ghníomhaíocht seo a fhí isteach i rang ríomhaireachta.





10 nóim.




## Achoimre ar an seisiún

Iarr ar na tuismitheoirí súil siar a chaitheamh ar an seisiún agus a machnamh a dhéanamh faoi conas is féidir leo iarrachtaí scríbhneoireachta na bpáistí a spreagadh sa bhaile.

- *Cad iad cuspóirí na bpáistí agus iad ag iarraidh scríobh?*
- *Cén úsáid a bhaineann na páistí as an scríbhneoireacht?*
- *Cad é mar is féidir libhse scileanna scríbhneoireachta a léiriú do na páistí?*

Déan tagairt do **Leabhar Saothair D, Ich. 13 – Súil ar chúrsaí scríbhneoireachta**. Meabhráigh do na tuismitheoirí leanúint orthu ag faire scileanna scríbhneoireachta na bpáistí.



## Gníomhaíocht bhaile 9 – Ag scríobh agus ag spraoi

Léigh trí **Gníomhaíocht bhaile – ag scríobh agus ag spraoi**, ina n-iarrtar ar na tuismitheoirí ceann amháin de na gníomhaíochtaí sa seisiún seo a roghnú agus í a thriail sa bhaile i gcuideachta na bpáistí.



## Ag scríobh agus ag spraoi

Roghnaigh ceann de na gníomhaíochtaí scríbhneoireachta agus bain triail aisti sa bhaile.

- » Déan rud éigin a bhaineann úsáid as foireann uirlisí an scríbhneora.
- » Bíodh an páiste páirteach i gceann de na gnáthócáidí scríbhneoireachta.
- » Bígí ag ligean oraibh féin go bhfuil sibh i mbun siopa/scoile/bialainne/tí.

Cén ghníomhaíocht a roghnaigh tú?

---



---



---

An raibh aon cheann de na rudaí seo a leanas ina chuid den ghníomhaíocht: caint agus éisteacht, léitheoireacht nó uimhreacha a úsáid?

---



---



---

Cad iad na rudaí a thaitin leis an bpáiste faoin ngníomhaíocht seo?

---



---



---

An raibh baill eile den teaghach nó cairde páirteach sa ghníomhaíocht seo?  
Cad é a rinne siad?

---



---



---

Cad é a d'fhoghlaim an páiste de thoradh na gníomhaíchta seo?


---



---



---



## Nótaí an tSeisiúin

Cad iad na rudaí ar éirigh go maith leo sa seisiún seo?

---

---

---

An raibh aon deacrachtaí ar leith ann?

---

---

---

Ar nocht na tuismitheoirí aon tuairim i leith ábhar an tseisiúin seo?

---

---

---

Cad é mar a rinne tú freastal ar riachtanais agus ar ábhair spéise éagsúla?

---

---


---

An bhfuil aon ní ann a dhéanfá ar shlí eile dá mbeadh seisiún mar seo le reáchtáil agat arís?

---

---

---



## Nótaí an tSeisiúin

# 10

Gafa le mata







### Sa seisiún seo, beidh na tuismitheoirí:

- ag plé na ngnéithe den mhatamaitic a bhíonn in úsáid acu féin ó lá go lá;
- ag féachaint cé chomh tábhachtach is atá a dtaití féin ar an mhatamaitic;
- ag cur eolais ar an bhfriotal a úsáidtear sa mhatamaitic;
- ag plé slite chun tuiscint na bpáistí ar an mhatamaitic a fheabhsú i gcomhthéacs ghnáthimeachtaí an lae.

Réimse	Tasc	Am	Lth.
Réamhrá		10 nóim.	212
<b>Uimhreacha timpeall orainn</b>	<b>1</b>	<b>15</b> nóim.	<b>213-215</b>
<b>Uirlisí matamaitice</b>	<b>2</b>	<b>20</b> nóim.	<b>216-217</b>
<b>Friotal na matamaitice</b>	<b>3</b>	<b>45</b> nóim.	<b>218-219</b>
 Ag caint faoin mhatamaitic		220	
<b>Gafa le mata</b>	<b>4</b>	<b>30</b> nóim.	<b>221</b>
 Ag úsáid na matamaitice ó lá go lá		222	
 Ag cuidiú le do pháiste sa mhatamaitic		223-224	
Achoímré ar an seisiún		10 nóim.	225
Gníomhaíocht bhaile 10 – An mhatamaític sa bhaile		225	
 Súil ar an mhatamaitic		226	
 An mhatamaitic sa bhaile		227	
Nótaí an tseisiúin		228	



## Réamhrá

### Uillmhúchán:



Beidh marcóirí agus smeach-chairt de dhíth ort.

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Caith súil siar ar **Ghníomhaíocht Bhaile 9 – Ag Scríobh agus ag Spraoi**.

Is iomaí duine a déarfadh leat nach bhfuil sa mhatamaitic ach ábhar scoile nach bhfuil baint aige leis an saol lasmuigh den scoil. Ní i gcónai a thuigtear cé chomh minic a bhaintear úsáid as an mhatamaitic i ngnáthchúrsaí an teaghlaigh. De thoradh air sin, is minic nach léir do dhaoine an cuidiú is féidir leosan a thabhairt dá gcuid páistí agus a dtuiscint ar an mhatamaitic a fhorbairt.

Cuir tú le seisiún an lae inniu le plé gairid ar dhearcadh na dtuismitheoirí i dtaobh na matamaitice. Bí réidh leis an bplé a stiúradh, sa chaoi is go gclúdaítear na pointí ginearálta a dhéanann na tuismitheoirí mar gheall ar a dtaithí féin ar an mhatamaitic (le linn dóibh a bheith ar scoil, mar shampla) agus dearcadh na dtuismitheoirí maidir leis an úsáid a bhaineann siad féin as an mhatamaitic i ngnáthchúrsaí an tsaoil.


### Ceisteanna:

- Cén chuimhne atá agat ar an taithí a bhí agat ar an mhatamaitic le linn duit a bheith ar scoil?
- Ar thaitin an mhatamaitic leat? Cén fáth?
- An ábhar a bhí ann nár thaitin leat ar chor ar bith? Cén fáth?
- Conas a úsáideann daoine fásata an mhatamaitic i ngnáthchúrsaí an tsaoil?





15 nóim.



## Uimhreacha timpeall orainn

Uillmhúchán:



Léigh an mholadh dar teideal **Dúisígí, a Bhuachaillí!**

**Stiúradh na gníomhaíochta:**

Abair leis na tuismitheoirí go bhfuil tú chun scéal gearr a léamh mar gheall ar mháthair ag caint lena triúr mac le linn dóibh a bheith ag éirí agus ag déanamh réidh le dul ar scoil. Is iad na gasúir atá i gceist ná Matt, atá dhá bhliain déag d'aois, Pól, atá seacht mbliana d'aois agus Jason, atá trí bliana d'aois. Is mar seo a chuirtear tús leis an scéal: tá an mháthair i ndiaidh múscailt agus a fháil amach nár bhuaile an clog aláraim ar maidin. Iarr ar na tuismitheoirí a ligean orthu féin gurb iadsan an gasúr óg codlatach, Jason, agus go bhfuil siad ag éisteacht leis na rudaí a deir an mháthair agus í ag iaraidh na páistí a chur amach chun na scoile. Abair leo aird ar leith a bheith acu ar na huimhreacha atá le cloisteáil i gcaint na máthar.

Léigh **Dúisígí, a Bhuachaillí**, ag ligean ort féin gur tusa an mháthair bhocht a bhfuil an-fhuadar uirthi faoi na páistí a bheith déanach ar scoil.

Nuair atá an scéal léite agat, lig do na tuismitheoirí pointí ginearálta a dhéanamh agus nuair a bheidh sé sin déanta, cuir ceisteanna mar seo a leanas orthu:

- Cé chomh minic is a luadh uimhreacha sa scéal?
- Cad é dó a raibh na huimhreacha ag tagairt?
- Do bharúil go dtuigfeadh Jason an fheidhm atá le cuid de na huimhreacha seo? Cad iad na huimhreacha is dóiche a thuigfeadh sé?
- Do bharúil go mbíonn a leithéid de chaint le cloisteáil in bhur dteach féin in am ar bith?

Luamar cheana go mbíonn páistí ag cur eolais ar an léitheoireacht agus ar an scríbhneoireacht sula dtéann siad chun na scoile ar chor ar bith. Tá an rud céanna fíor maidir le huimhreacha:

- Feiceann siad daoine fásta ag úsáid uimhreacha ar go leor leor slite éagsúla.
- Cloiseann siad daoine fásta ag caint faoi uimhreacha.
- Faigheann siad cleachtadh ar uimhreacha a úsáid le linn dóibh a bheith i mbun a ngnáthimeachtaí féin.
- Is gearr go dtuigeann siad go bhfuil idir chiall agus chuspóir ag baint le huimhreacha.

Sa sampla seo, tá Jason ag éisteacht le daoine ag caint faoi uimhreacha; chomh maith leis sin, feiceann sé daoine i mbun rudaí a bhfuil baint acu le huimhreacha; fiú amháin go mbaineann sé féin trial as cuid de na rudaí sin!



## Uimhreacha timpeall orainn

### Dúisígí, a bhuaachaillí!


A Mhatt! A Phóil! A Jason! Dúisígí! Tá sé ag tarraigte ar a naoi a chlog. Níor bhuaile an clog aláraim ar maidin. D'éirigh Daid ar a sé a chlog agus caithfidh sé go ndearna sé dearmad an clog a shocrú arís. Déanaigí deifir anois! Cuirigí oraibh bhuar gcuid éadaí nó beidh sibh mall ag baint na scoile amach. A Phóil, bí thusa ag cuidiú le Jason a chuid éadaigh a chur air féin. Seo geansaí deas te agus *jeans* dó. Tá sé fuar amuigh. A Mhatt, an uair amháin a bheas tú réidh, tig leat tosú ar na ceapairí a dhéanamh. Cuirfidh mise an citeal síos agus déanfaidh mé an bricfeasta. Tá slisíní cáise istigh sa chuisneoir a dtig leat a bheith agat agus tá barraí seacláide sa phrios. Ceann amháin an duine, mura miste leat. Tá mé ag iarraidh go mairfidh siad seachtain.

A bhuaachaillí, a bhuaachaillí, cad é an mhoill a bhí oraibh? Táimid go mór ar gcúl ar maidin. D'inis mé do Niamh go bpiocfainn Marie suas ón bhfeighlí linbh agus síob chun na scoile a thabhairt di. Anois, ní cuimhin liom seoladh an fheighlí linbh. A Mhatt, tá a fhios agat muintir Uí Chinnéide atá ina gcónaí ar Ardán Naomh Máirtín? Uimhir a cúig déag, an ea? An bhfuil a fhios agat céan uimhir theileafóin atá acu? Déan gar dom agus aimsigh sa leabhar é. 43557? Scríobh síos dom é, maith an fear. Cuirfidh mé scairt orthu i gcionn bomaite agus déarfaidh mé leo nach mbeimid i bhfad eile. An bhfuil na ceapairí sin déanta agat go fóill?

A Jason, cad chuige a bhfuil tú ag siúl mar a bheadh bacach ann? Arú, a Phóil, nach bhfeiceann tú go bhfuil na bróga ciotach air? Nár iarr mé ort cuidiú leis é féin a chóiriú? Cad é? Ní raibh cuidiú ar bith de dhíth air? Bhuel, chím sin. Tá an geansaí air an bealach ciotach forsta. Lig dó! Ith do bhricfeasta agus déanfaidh mise é a chóiriú. Seo do chuid calóg. Imigh leat agus faigh trí spúnóg amach as an drár fad is a dhéanaimse an t-arán rósta. Faigh duine agaibh an bainne amach as an chuisneoir. Bí cinnte agus amharc ar na dátaí atá orthu agus an ceann is sine acu a úsáid. An bhfuil an citeal bruite? Ba bhreá liom cupán tae.

Cad é atá tú ag rá? Do gheansaí atá de dhíth ort? An bhfuil cluiche agaibh inniu? A Phóil, níor inis tú riagh dom go raibh cluiche le bheith ann Dé Máirt. Amharc sa phrios. Mura bhfuil do gheansaí ann is dócha gur sa chiseán níocháin atá sé. A Mhatt, ná bí ag magadh ar do dheartáir. Imreoir iontach tábhachtach atá sa chúl báire. Nach eisean a chaitheann an geansaí a bhfuil uimhir a haon scríofa air? Agus ní fíor go gcaillfidh siad deich a náid. Ná bíodh aird ar bith agat air, a Phóil. A Mhatt, le do thoil, ná bí ag magadh ar do dheartáir. Is cuma liom cad é a dúirt sé, fiú má dúirt nach bhfuil aon mhaithe ionatsa mar lántosaí. Nach bhfuil sé ráite agam céad uair libh – tá an bheirt agaibh chomh holc lena chéile. Arú, in ainm Dé, ná lig do Jason an bainne a dhoirteadh. Tá lítear bainne ródaor le go ndoirtfí ar an urlár é.

Cad é an boladh sin? An bhfuil an t-arán á dhó? Pleoid air! Cé a shocraigh an tóstáer ar mharc a sé? Cad é? Ó, bhí an t-arán beagnach reoite ó bheith sa



## Uimhreacha timpeall orainn

chuisneoir agus b'fhéidir gurb é sin an fáth ar ardaigh Daid teas an tóstaeir.

Ceathrú i ndiaidh a naoi agus ní raibh faill agam fiú amháin cupán tae a ól go fóill. Gaibhthe, a Jason, go ndéanfaidh mé do gheansaí a chóiriú agus d'aghaidh a ní. Agus sibhse, a ghasúraí móra, an bhfuil bhur gcuid oibre ar fad déanta agaibh? Ar chuir sibh an bia isteach sna boscaí lóin? Imígí libh amach go dtí an carr. Seo, tugaigí libh na málaí scoile. A Dhia, shílfeá go bhfuil tonna meáchain iontu. Tá go breá, seo linn. Ó, a dhiabhall! Cá háit ar fhág mé eochracha an chairr?



## Uirlisí matamaitice

### Uillmhúchán:



Bailigh le chéile cnuasach maith d'uirlisi agus d'acraí a bhíonn in úsáid sa bhaile le linn do dhaoine a bheith i mbun oibre a bhfuil gnéithe den mhatamaitic ag baint léi: cupáin agus spúnóga tomhais, babhlái measctha, gearrthóirí brioscáil (*biscuit cutters*), crúiscíní, sásپain, scálaí, cloig, féilirí, teirmiméadair, rialóirí, miosúir, buicéid, teileafóin, eolai teileafóin, cianrialtán (*remote control*), áireamhán, léarscáileanna, compás, peann luaidhe, páipéar, cláir fógraí, catalóga, RTÉ Guide, ciseán níocháin, deighilteoirí gréithe airgid (*silverware separators*), cartán uibheacha.

Déan colláis a léiríonn rudaí a mbaintear úsáid astu go mion minic agus a bhfuil gné mhatamaiticiúil ag baint leo, cuir i gcás fógráin nuachtáin, pictiúir de phlátaí ceadúnaí ar fheithicíl, pictiúir de chomharthaí bóthair; pictiúir d'uaineadóirí (*timers*) den chineál a bhíonn ar chócaireáin, pictiúir de dhiaileanna (*dials*) den chineál a bhíonn ar mheaisní níocháin, ar oighinn mhicreathonnacha, ar chócaireáin; roinnt uimhreacha teileafóin; cairteacha aimsire; eolas faoin scór i gcluichí spóirt; earraí ar a bhfuil lipéid 'spriocdháta diola'; praghaslipéid; lipéid ar éadaí a thugann eolas faoi mhéid; lipéid a thugann eolas faoi mheáchan agus faoi thoirt.



Taispeáin roinnt grianghraif *Photopak* a léiríonn tuismitheoirí agus páistí ag baint úsáid as uimhreacha i ngnáthchúrsaí an tsaoil.

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Is é cuspóir na gníomhaíochta seo ná fianaise a chur os comhair na dtuismitheoirí a léiríonn daoibh cé chomh minic a bhaintear feidhm as coincheapa matamaitice sa bhaile. Iarr ar na tuismitheoirí breathnú ar na huirlisi agus ar na rudaí eile atá ar taispeáint agat. I ndiaidh nóiméid nó dhó, cuir ag obair i bpéirí nó i ngrúpaí beaga iad agus tabhair roinnt rudaí do gach grúpa le gur féidir leo iad a iniúchadh go mion.

### Ábhair phlé:

- An n-úsáideann tú féin aon cheann de na huirlisi seo in am ar bith? Cé acu? An bhfuil aon rud sa chnuasach a bhfuil iontas ort é a bheith ann?
- Cad iad na huirlisi a úsáideann tú gach uile lá, nó roinnt uaireanta sa tseachtain, nó go hannah?
- Cad iad na gníomhaíochtaí matamaitice a mbíonn na huirlisi seo in úsáid iontu?
- An bhfeiceann tú uirlisi mar seo in úsáid ag do chuid páistí féin?



20 nóim.



## Uirlísí matamaitice

- *An mbíonn tú ag labhairt leo faoin obair atá ar siúl agat?*
- *An bhfuil a fhios ag na páistí cén chaoi a n-úsáidtear cuid de na huirlísí seo?*

Iarr ar gach grúpa rud éigin a rá faoi na huirlísí a tugadh dóibh.



Is féidir go mbeidh cuid de na tuismitheoirí ag iarraidh tuilleadh eolais ar conas áireamhán agus ríomhairí a úsáid.



## Friotal na matamaitice

### Uillmhúchán:



Beídh smeach-chairt agus marcóirí de dhíth ort.

Roghnaigh roinnt rudaí ó na huirlísí matamaitice i **nGníomhaiocht 2** le plé a spreagadh mar gheall ar fhiotal na matamaitice.



Taispeáin cártáí *Photopak* ina léirítear tuismitheoirí agus páistí ag úsáid uimhreacha i gcomhthéacsanna nádúrtha.

Taispeáin an cholláis a rinneadh le haghaidh **Gníomhaiocht 2**, is é sin an cholláis ina léirítear tuilleadh samplaí den mhatamaitic sa ghnáthshaol.

Faigh roinnt cártáí innéacs agus scríobh ceannteidil orthu ar nós 'am', 'meáchan', 'méid', 'treo', 'achar', 'suim', 'ord'. Is féidir iad seo a úsáid mar chártaí topaice (*topic cards*).

Déan tagairt do **Leabhar Saothair E, Ich. 2 – Ag caint faoin mhatamaitic.**

### Stiúradh na gníomhaiochta:

Déan na tuismitheoirí a roinnt i bpéirí nó i ngrúpaí beaga. Tabhair na rudaí seo a leanas do gach grúpa: cárta topaice, leathanach smeach-chairte agus marcóir. Abair leo smaoineamh ar oiread focal agus frásáí agus is féidir leo a bhaineann leis an topaic a tugadh dóibh. Bheadh sé ina chabhair dóibh le linn na gníomhaiochta seo siúl thart ar an seomra ag féachaint ar na pictiúir ar na ballaí, ar an gcolláis agus ar na huirlísí matamaitice.

Seans gur mhaith leat féin roinnt téarmaí a sholáthar, idir shaintearmaí agus théarmaí ginearálta, nó fiú amháin roinnt frásáí a bhíonn le cluinstín sa ghnáthchaint.

### Sampla: AM

clog	uaireadóir	féilire
coinne	nóiméad	uair an chloig
soicind	clog aláram	seachtain
mí	déanach/mall	luath
in am	inné	spriocdháta díola
bliain	an tseachtain seo caite	an tseachtain seo chugainn
mílaois	céad bliain	ar gcúl/chun deiridh
leath i ndiaidh a dó	chun tosaigh sa sceideal	i bhfaiteadh na súl
cé mhéad ama	cothrom lae	i gcionn bomaite



45 nóim.



## Friotal na matamaitice


I ndiaidh cheathrú uaire an chloig nó mar sin, cuir an grúpa i gceann a chéile arís agus lig do na tuismitheoirí a liostaí focal a chur i láthair. Ba chóir go mbeadh stór mór focal ann faoin am a bhfuil na liostaí go léir curtha i láthair! Cuir i gcuimhne do na tuismitheoirí gur sa bhaile a chloiseann páistí cuid mhór de na focail seo den chéad uair.


Anois, léigh amach arís an scéal úd **Dúisígí, a Bhuachaillí ó Ghníomhaíocht 1**. An babhta seo, iarr ar na tuismitheoirí aire ar leith a thabhairt do na focail a bhaineann leis na topaicí matamaitice atá pléite agaibh. Nuair atá an scéal léite agat, iarr orthu roinnt samplaí a lua.

Cuir críoch leis an ngníomhaíocht le plé ar **Ag Caint faoin Mhatamaitic, Leabhar Saothair E, Ich. 2**.

An chaint seo go léir ar chúrsaí matamaitice, seans go gcuirfidh sí na tuismitheoirí ag machnamh faoi na riachtanais mhatamaitice atá acu féin. Ábhar amháin, mar shampla, a mbíonn an-suim ag daoine ann ná an chaoi le hairgead a bhainistiú. D'fhéadfáí cuireadh a thabhairt d'ionadaí áitiúil de chuid na Seirbhíse Comhairle Airgid & Buiséid teacht go dtí ceann de na seisiúin.

Más mian leat tuilleadh ama a chaitheamh leis an ábhar seo, d'fhéadfáí na tuismitheoirí a roinnt i ngrúpaí agus iarraidh orthu a gcuid scéalta féin a scríobh a léiríonn conas a úsáidtear an mhatamaitic i ngnáthchúrsaí an lae.





## Ag caint faoin mhatamaitic

Is féidir cuid mhór focal matamaitice a mhúineadh don pháiste. Féach na samplaí seo thíos:

<b>Am</b>	<b>Meáchan</b>
<b>Méid</b>	<b>Suim/lón</b>
<b>Ord</b>	<b>Treo</b>

- Tabhair gach uchtach don pháiste rudaí a chur i gcosúlacht agus i gcomparáid le chéile.
- Déan roinnt focal matamaitice a fhí isteach sna scéalta a insíonn tú dóibh.
- Dírigh aird an pháiste ar na focail mhatamaitice ar chomharthaí agus ar lipéid.
- Cuidigh leis an bpáiste na focail mhatamaitice a fhoghlaim a bheidh ag teastáil uaidh agus é ar scoil.



## Gafa le mata

### Uillmhúchán:



Bíodh roinnt fadhbanna matamaitice réidh agat den chineál a thagann aníos sa ghnáthshaol. Beidh ar na tuismitheoirí na fadhbanna seo a fhuascailt. Seo roinnt moltaí:

- Cuir mala plúir, mala siúcra agus mala de shoid aráin (*bread soda*) i dtrí channa agus gach canna acu difriúil ó thaobh méide de.
- Faigh dhá bhábog agus déan a gcuid éadaigh a mheascadh. Caithfidh na héadaí cearta a chur ar gach bábog.
- Trí bhrontanas a chlúdach le leathanach amháin de pháipéar beartáin.
- Babhla milseán a roinnt go cothrom.
- Iallacha bróg a cheangal.
- Stocaí a mheatseáil.
- Gach dath i bpaca cártaí a chur in ord ón gcárta is airde luach go dtí an cárta is suaraí.
- Cártá breithláe a scríobh agus seoladh a chur ar an gclúdach.
- Duine a threorú ón seomra ina bhfuil sé go dtí an leithreas.
- Fad an tseomra a thomhas.

Déan tagairt do **Leabhar Saothair, E, Ich. 3 - Ag úsáid na matamaitice ó lá go lá.**



Déan tagairt do **Leabhar Saothair, E, Ich. 4-5 – Ag cuidiú le do pháiste sa mhatamaitic.**

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Iarr ar na tuismitheoirí a bheith ag obair i bpéirí. Tabhair ceann de na fadhbanna matamaitice do gach grúpa acu agus iarr orthu í a fhuascailt.

Nuir atá an fhadhb fuascailte acu, fiafraigh díobh cad é mar a rinne siad é.

Má theastaíonn tuilleadh leideanna, is féidir tagairt do **Leabhar Saothair E, Ich 3 – Ag úsáid na matamaitice ó lá go lá.**

I ndiaidh deich nóiméad nó ceathrú uaire an chloig, cuir an grúpa i gceann a chéile arís agus iarr orthu a dtuairimí a chur i láthair.


### Ceisteanna:

- Cad é mar a d'fhuasail tú an fhadhb seo?
- Cén scil mhatamaitice a d'úsáid tú?
- Cad é mar a thiocfadh leat páistí a dhéanamh páirteach sa ghníomhaíocht seo?

Cuir deireadh leis an ghníomhaíocht le tagairt do **Leabhar Saothair, leathanaigh 4-5 – Ag cuidiú le do pháiste sa mhatamaitic.**



Seans gur mhaith leat comhrá a chur ar siúl faoi cé chomh tábhachtach is atá scileanna 'buille faoi thuairim' maidir le fadhbanna matamaitice a fhuascailt.



## Ag úsáid na matamaitice ó lá go lá

Bíonn an mhatamaitic in úsáid againn ar go leor leor bealaí.

**Smaoinigh ar na rudaí a dhéanann tú féin agus na páistí le chéile gach lá.**

*Cad iad na rudaí a bhfuil gnéithe den mhatamaitic ag baint leo?*

**Smaoinigh ar chuid de na cluichí a bhíonn á n-imirt agaibh.**

*Cad iad na scileanna matamaitice a úsáidtear le linn daoibh a bheith ag súgradh?*

**Smaoinigh ar ramáis, ar amhráin agus ar scéalta.**

*An mbíonn an mhatamaitic i gceist in aon cheann de na rudaí seo?*

**Smaoinigh ar na siúlóidí a bhíonn agaibh tríd an mbaile.**

*Cad iad na samplaí de ghnáthúsáid mhatamaitice a bhíonn le feiceáil?*

**An ndéanann sibh:**

- uimhreacha a úsáid?
- rudaí a chur in ord?
- rudaí a shórtáil?
- rudaí a chur i gcatagóirí éagsúla?
- meáchan a sheiceáil?
- treonna a úsáid?
- rudaí a chomhaireamh?
- rudaí a chur i gcomparáid le chéile?
- rudaí a mheatseáil?
- rudaí a thomhas?
- cúrsaí ama a mheas?
- cruthanna a mheas?

**Is gníomhaíochtaí matamaitice iad seo go léir.**



## Ag cuidiú le do pháiste sa mhatamaitic

Luamar cheana go mbíonn páistí ag cur eolais ar an léitheoireacht agus ar an scríbhneoireacht sula dtéann siad chun na scoile ar chor ar bith. Tá an rud céanna fíor maidir leis an mhatamaitic. Feiceann páistí a dtuismitheoirí féin ag úsáid uimhreacha, agus cloiseann siad daoine fásta ag caint faoi uimhreacha. Is gearr go dtuigeann siad go bhfuil idir chiall agus chuspóir ag baint le huimhreacha.

Seo roinnt moltaí le cuidiú le do pháiste sa mhatamaitic:

### Uimhreacha a úsáid

Beidh cleachtadh go leor de dhíth air sula dtagann sé ar thuiscint cheart ar uimhreacha.


- Dírigh aird ar na huimhreacha atá thart air: cloig, féilirí, comharthaí agus araile.
- Déan rudaí a chomhaireamh, a athchomhaireamh agus a athchomhaireamh arís: "Cá mhéad blocanna Lego atá agat?", "Cá mhéad milseán a fuair tú?", "An miste leat trí úll a fháil dom?"
- Ní miste suimiú simplí a dhéanamh: "Chuir mé brioscá amháin sa bhosca lóin agus tá mé ag cur brioscá eile isteach anois. Cá mhéad brioscáí atá ann anois?"
- Ní miste roinnt fadhbanna simplí dealaithe a chur ina láthair. "Tá trí ispín fágtha sa chuisneoir ach tá mé le ceann acu a thabhairt duit le do dhinnéar. Cá mhéad a bheas fágtha ansin?"

### Ag féachaint ar phatrúin, ag meaitseáil agus ag sórtáil.

- Dírigh aird an pháiste ar phatrúin: "Nach deas an patrún stríocach sin ar do léine – dearg, gorm, glas, dearg, gorm, glas." Iarr ar an bpáiste féin cur síos ar phatrúin.
- Déanaigí an bheirt agaibh éadaí nite a shórtáil. Lig don pháiste stocaí a mheaitseáil.
- Indiaidh daoibh an tsiopadóireacht a dhéanamh, cuidigh leis an bpáiste an bia a **shórtáil** agus a chur sna priosanna cearta.

### Spás agus treo

- Tabhair soithí móra agus soithí beaga dó agus é san fholcadán le gur féidir leis súgradh leo.
- Cuir míreanna mearaí simplí ar fáil dó.
- Bí ag caint leis faoi dheas agus faoi chlé.



## Ag cuidiú le do pháiste sa mhatamaitic

### Ag caint faoin mhatamaitic

- Bain feidhm as focail a chuireann rudaí i gcomparáid le chéile: "Cé acu tráta is mó?" nó "Cé acu bosca is airde?"
- Bí ag canadh amhrán a bhfuil uimhreacha luaite iontu: 'Andaí Leisciúil'.
- Bí ag aithris ramás dóibh a bhfuil uimhreacha luaite iontu: 'A hAon, a Dó, a Trí, Luchóga Beaga Buí'.
- Léigh leabhair a bhfuil uimhreacha luaite iontu 'Na Trí Mhuicín Bheaga'.

### Bí ag caint faoi chúrsaí ama


- Cuir féilire ar taispeáint in áit a bhfeicfidh an páiste é. Is féidir é a úsáid chun labhairt faoi laethanta na seachtaine. Is féidir imeacht an ama roimh laethanta breithe agus ócайдí eile a mharcáil trí tic a chur leis na laethanta de réir mar a chaitear iad.
- Is féidir coincheapa ama a chur i láthair an pháiste agus a aird a dhíriú ar uimhreacha agus ar an gclog.
- Bain úsáid as an treoir teilifíse chun am craolta na gclár is mó a thaitníonn leo a chinntiú.

### Bain leas as airgead

- Le linn daoibh a bheith ag siopadóireacht, lig don pháiste praghас na n-earraí a fheiceáil.
- Bí ag caint faoin bpraghас atá ar earráí agus cuir i gcomórtas le chéile iad: "25 pingin an ceann atá na hulla seo agus 15 pingin an ceann atá na horáistí. Sílim gur cheart dúinn na horáistí a cheannach."
- Cuir thusa agus an páiste 'siopa' ar bun. Bailigh le chéile roinnt paicéad agus cannaí folmha agus roinnt máláí siopadóireachta freisin. Is féidir bhur gcuid 'airgid' féin a dhéanamh nó úsáid a bhaint as airgead ceart.




10 nóim.



## Achoimre ar an seisiún

Téigh siar ar na príomhphointí a pléadh inniu agus cuir ceisteanna mar seo a leanas ar na tuismitheoirí:

- *Cad iad na háiteanna agus na hamanna ina bhfeiceann nó a gcloiseann na páistí tú féin ag baint úsáide as an mhatamaitic?*
- *Ainmnigh roinnt gnéithe de do thaithí phraiticiúil féin ar an mhatamaitic ar féidir leat a roinnt leis na páistí.*
- *Cad é mar is féidir leat cuidiú leis na páistí eolas a chur ar an bhfriotal a úsáidtear le linn do dhaoine a bheith ag caint ar an mhatamaitic?*



## Gníomhaíocht bhaile 10 – An mhatamaitic sa bhaile


Iarr ar na tuismitheoirí triail a bhaint as ar a laghad ceann amháin de na smaointe a mholtar in **Ag cuidiú le do pháiste sa mhatamaitic**.

Chomh maith leis sin, iarr ar na tuismitheoirí breathnú ar **Bileog Saothair E, Ich. 6 – Súil ar an mhatamaitic**.


Idir seo agus an chéad seisiún eile, ba chóir do na tuismitheoirí a bheith ag faire amach, féachaint conas a bhaineann a gcuid páistí úsáid as an mhatamaitic.

**Cuir i gcás, an mbíonn na páistí:**

- ag spraoi le blocanna tógála?
- ag imirt físchluichí (*video games*)
- ag comhaireamh cibé méid airgid a bhíonn le caitheamh acu?
- ag leagan amach na ngréithe ar an mbord?
- ag breathnú ar an *RTÉ Guide*, féachaint cá huair a thosaíonn clár teilifíse a bhfuil dúil acu ann?



## Súil ar an mhatamaaitic



Ainm \_\_\_\_\_

Aois \_\_\_\_\_

Déan fótachóipeanna de réir mar is gá



## An mhatamaitic sa bhaile

Cén ghníomhaíocht mhatamaitice a thriail tú an tseachtain seo?

---



---



---

Conas a thaitin an ghníomhaíocht leat féin agus leis an bpáiste?

---



---



---

Cad iad na gníomhaíochtaí eile ar mhaith leat triail a bhaint astu?

---



---



---

Ar chabhraigh **Súil ar an Mhatamaitic** leat aon rud a thabhairt faoi deara faoi scileanna matamaitice do pháiste?

---



---



---

An bhfuil aon scileanna eile ann ar mhaith leat a chur leis an liosta in **Súil ar an Mhatamaitic?**


---



---



---



## Nótaí an tSeisiúin

Cad iad na rudaí ar éirigh go maith leo sa seisiún seo?

---

---

---

An raibh aon deacrachtaí ar leith ann?

---

---

---

Ar nocht na tuismitheoirí aon tuairim i leith ábhar an tseisiúin seo?

---

---

---

Cad é mar a rinne tú freastal ar riachtanais agus ar ábhair spéise éagsúla?

---

---

---

An bhuil aon ní ann a dhéanfá ar shlí eile dá mbeadh seisiún mar seo le reáchtáil agat arís?

---

---


---

# 11

Ag spraoi  
le mata







### Sa seisiún seo, beidh na tuismitheoirí:

- ag blaiseadh den mhatamaitic trí chluichí agus trí ghníomhaíochtaí súgartha;
- ag plé coincheapa matamaitice le ramáis, le hamhráin agus le scéalaíocht;
- ag plé deiseanna chun ligean do na páistí blaiseadh den mhatamaitic trí scéalta agus trí shúgradh;
- ag déanamh cluiche le haghaidh a imeartha sa bhaile.

Réimse	Tasc	Arm	Lth.
Réamhrá		10 nóim.	232
<b>Ag spraoi leis an mhatamaitic</b>	<b>1</b>	<b>45</b> nóim.	<b>233-234</b>
 Tuilleadh gníomhaíochtaí súgartha a bhfuil baint acu le mata			235
<b>Scéalta agus uimhreacha</b>	<b>2</b>	<b>30</b> nóim.	<b>236-237</b>
<b>Cluiche a dhéanamh</b>	<b>3</b>	<b>30</b> nóim.	<b>238-239</b>
 Ag foghlaim ó chluichí			240
 Cluichí cártáí			241-242
 Cluichí boird			243-245
 Míreanna mearaí			246
Achoimre ar an seisiún		10 nóim.	247
Gníomhaíocht bhaile 11 – Cluichí a imirt			247
 Ag imirt cluichí			248
Nótaí an tseisiúin			249-250



## Réamhrá

### Uillmhúchán:



Beidh smeach-chairt agus marcóirí de dhíth ort.


### Stiúradh na gníomhaíochta:


Iarr ar na tuismitheoirí tuairimí a noctadadh i dtaobh **Gníomhaíocht Bhaile 10 – An mhatamaitic sa bhaile**. Scríobh síos a gcuid ráiteas ar an smeach-chairt.

### Ceisteanna:

- *Cad iad na gníomhaíochtaí matamaitice a thriail tú?*
- *Cad iad na scileanna mata ó Súil ar an Mhatamaitic a thug tú faoi deara do pháistí a bheith a n-úsáid?*
- *An bhfuil scileanna mata eile ann ba mhaith leat a chur leis an Súil ar an Mhatamaitic?*

Ceapadh seisiún an lae inniu chun plé níos doimhne a dhéanamh ar na coincheapa a luadh le linn **Sheisiún 10**. Le linn an tseisiúin seo, beidh na tuismitheoirí ag féachaint ar conas scileanna matamaitice na bpáistí a fhorbairt trí leas a bhaint as gníomhaíochtaí súgartha ar nós cluichí, ramáis agus scéalta.





## Ag spraoi leis an mhatamaitic

### Uillmhúchán:



Bíodh rogha de chluichí agus de ghníomhaíochtaí súgartha ann ar féidir leis na tuismitheoirí triail a bhaint astu. Ba cheart na cluichí seo a bheith fágtha in áiteanna éagsúla sa seomra sa dóigh is gur féidir leis na tuismitheoirí siúl thart agus triail a bhaint as cuid acu. Bíodh treoracha simplí ann, más gá, ar conas an cluiche a imirt nó dul i mbun na gníomhaíochta.

### Roinnt moltaí le haghaidh gníomhaíochtaí súgartha:

- Nathracha agus dréimírí
- fadhbchluiche simplí míreanna mearai
- cluiche cártai
- cluiche ina mbíonn liathróid á caitheamh agus á ceapadh
- biongó
- cluiche le carranna nó leoraithe nó ‘feithicí’ eile
- *Lego* nó blocanna tógála de chineál éigin eile
- *Playdoh* nó taos súgartha de chineál éigin eile
- páipéar, marcóirí nó criáin

Ní gá gach ceann de na naoi gníomhaíochtaí seo a úsáid, ach ba cheart cúig cinn ar a laghad a bheith ann.



Déan tagairt do **Leabhar Saothair E, Ich. 3 – Ag úsáid na matamaitice ó lá go lá.**

Beidh tú ag tagairt freisin do **Leabhar Saothair E, Ich. 8 – Tuilleadh gníomhaíochtaí súgartha ina n-úsáidtear an mhatamaitic**

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Caith síul siar ar **Sheisiún 10, Gníomhaíocht 4 – Gafa le Mata**, áit ar pléadh na gnáthimeachtaí a bhféadfaí leas a bhaint astu chun léargas a thabhairt do na páistí ar choinchéapa matamaitice.

Téigh siar ar chuid de na gníomhaíochtaí agus na coincheapa a pléadh, mar shampla, éadaí nite a fhilleadh agus a chur i bpriosanna agus gníomhaíochtaí eile a bhfuil sórtáil agus meaitseáil i gceist leo.

Mínigh go mbeidh an seisiún seo tugtha suas do chluichí agus do ghníomhaíochtaí súgartha eile ar féidir leas a bhaint astu agus deiseanna foghlama a sholáthar i dtaobh na matamaitice.



## Ag spraoi leis an mhatamaític

Dírigh aird na dtuismitheoirí ar na gníomhaíochtaí súgartha agus cluichí atá ullmhaithe agat. Iarr orthu dul ag obair i bpéirí nó ingrúpaí beaga agus, le linn na 30 nóiméad amach romhainn, triail a bhaint as cuid de na gníomhaíochtaí. Níor mhiste a mholadh dóibh cúig nóiméad a chaitheamh le gach gníomhaíocht acu agus roinnt machnaimh a dhéanamh ansin ar cad é a rinne siad.

An n-aithníonn siad na scileanna matamaitice atá i gceist sna gníomhaíochtaí seo? Déan tagairt do **Leabhar Saothair E, Ich. 3 – Ag úsáid na matamaitice ó lá go lá**.

An n-Aithníonn siad aon scileanna eile a bhaineann leis na gníomhaíochtaí súgartha seo? Iarr ar gach péire a bhfuil le rá acu a scríobh síos ar na leathanaigh a thug tú dóibh.

Lig do na grúpaí a bheith ag obair ar feadh leathuair an chloig ach cuir an rang i gceann a chéile arís, le plé a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ar baineadh triail astu. Iarr ar na tuismitheoirí a bhfuil tugtha faoi deara acu a chur i láthair an ranga.

Is féidir tuilleadh plé a dhéanamh ar na smaointe atá i **Leabhar Saothair, Ich. 8 – Tuilleadh gníomhaíochtaí súgartha ina n-úsáidtear scileanna matamaitice**.





## Tuilleadh gniomhaíochtaí súgartha ina n-úsáidtear scileanna matamaitice

- Méara na láimhe agus na coise a chomhaireamh
- Ag spraoi le snáitheanna agus le spóil snátha
- Ag ligean oraibh go bhfuil sibh i mbun siopa a reáchtáil
- Éadaí a chur ar bhábóga nó ar bhéiríní
- Ag imirt folach bíog / ag dul i bhfolach ar a chéile
- Teach súgartha nó puball a dhéanamh
- Ag spraoi le gaineamh nó le huisce
- Ag imirt chleas na bacóide (*hopscotch*)
- Ag sórtáil bréagán
- Leabhair gearrthóg (*scrapbooks*) a choimeád
- Cártáí a dhéanamh
- Cluichí tomhais a imirt

Bhur gcuid smaointe féin:

---



---




---



---



---



## Scéalta agus uimhreacha

### Uillmhúchán:



Roghnaigh cuid de na scéalta is mó a mbíonn tóir ag páistí orthu, mar shampla:

**'Na Trí Mhuicín Bheaga'**

**'Cailín na Luaithe' (Cinderella)**

**'An Ainnir Fhionn agus na Trí Bhéar'**

Bíodh dornán leabhar ann freisin le haghaidh scileanna uimhriochta a mhúineadh, leabhair faoin am, faoi chruthanna, faoi chomhaireamh agus mar sin de.

Bíodh amhráin agus ramáis réidh agat a bhfuil uimhreacha ina ndlúthchuid diobh: 'A hAon a Dó, a Trí, Luchóga Beaga Bui', 'Chuaigh an mhuc seo chun an mhargaидh...' agus araile.

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Déan tagairt siar go **Seisiúin 4, 5 agus 6**, nuair a pléadh ramáis, amhráin, scéalta agus leabhair a léamh le chéile. Mínigh dóibh go mbeimid ag breathnú ar na gníomhaíochtaí seo arís i gcomhthéacs na matamaite.

Roghnaigh leabhar scéalaíochta. Beidh tusa ag léamh amach as an leabhar seo ach, sula dtosaíonn tú, abair leis na tuismitheoirí cluas le héisteacht a bheith orthu le haghaidh aon tagairtí d'uimhreacha, do chomhaireamh, d'am, do spás, do mheáchan, do mhéid, do threo, do shuim, do luach, d'ord, do phatrúin agus do sheicheamh (*sequencing*). Tosaigh ar an scéal a léamh. Stop ó am go chéile le seans a thabhairt do na tuismitheoirí aon rud atá tugtha faoi deara acu a lua. Is féidir leid nó dhó a thabhairt dóibh, más gá. Nuair a mheasann tú go dtuigeann siad cuspóir na gníomhaíochta, iarr orthu féin leabhair eile a léamh agus a phlé i ngrúpaí beaga. Lig dóibh bheith ag léamh agus ag plé ar feadh deich nóiméad nó ceathrú uaire an chloig sula n-iarrann tú ar gach grúpa cuntas a thabhairt ar a bhfuil tugtha faoi deara acu.

Gheobhaidh na tuismitheoirí amach go bhfuil an mhatamaitic fite fuaité sna scéalta atá léite acu. Más mian leat an plé seo a fhorbairt, níor mhiste a fhiafraí diobh céin fáth a bhfuil sé sin amhlaidh. Gach seans go n-inseoidh siad duit go bhfuil an mhatamaitic ina huirlis éifeachtach chun cur síos ar rudaí, chun smaointe agus eolas a mhalartú agus chun fadhbanna a fhuascailt. Tá sin chomh fíor i gcás na scéalaíochta agus atá sé i gcás an ghnáthshaoil.



## Scéalta agus uimhreacha

Dúradh roimhe seo gur deis iontach le haghaidh foghlama is ea gnáthimeachtaí an teaghlaigh, toisc go mbíonn seantaithí ag na páistí orthu, ar shlí go mbíonn siad ar a suaimhneas. Tá sin fíor i gcás na scéalaíochta freisin.

Cuir deireadh leis an ngníomhaíocht seo le tagairt d'amhráin agus do ramáis a bhfuil uimhreacha ina ndlúthchuid díobh.

Níor mhiste, sula gcríochnaíonn sibh, plé a dhéanamh ar leabhair a dhíríonn go speisialta ar scileanna uimhríochta.



## Cluiche a dhéanamh

### Uillmhúchán:



Uillmhaigh taispeántas de chluichí samplacha cosúil leis na cinn a mbeidh sé de rogha ag na tuismitheoirí iad a dhéanamh: cluichí boird, puzail míreanna mearaí agus cluichí cártáí.

Airigh cluichí a ceannaíodh i siopaí agus cluichí a rinneadh sa bhaile.

Bailigh roinnt ábhair le cluichí a dhéanamh: cairtchláir (boscaí calóg); páipéar; floraithe cluiche don bhord spinners\* agus bingo; irisí; licíní áirimh (pasta, pónairí, clocha paidrín, srl.); siosúr; glae; marcóirí; stionsail; pictiúir Clipart.



Déan tagairt do **Leabhar Saothair E, Ich. 9 - Ag foghlaim ó chluichí agus Leabhar Saothair E, Ich. 10 - Cluichí Cártáí, Ich. 11 - Cluichí boird, Ich 14 puzail míreanna mearaí.**

\* cnaipí damhsa

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Cuir i gcuimhne do na tuismitheoirí go bhfuil cluichí ina slí iontach chun an fhoghlaím a éascú, mar a chonacamar le linn na seisiún eile.

- Baineann páistí taitneamh as cluichí.
- Bíonn idirghníomhaíocht i gceist: le daoine fásta nó le páistí eile.
- Baintear feidhm as na céadfaí go léir le linn don pháiste a bheith ag imirt cluiche. Bíonn amharc agus éisteacht de dhíth chun rudaí a chur i gcrích.
- Bíonn seaneolas ag na páistí ar na cluichí seo sa chaoi is gur creatlach iad le haghaidh scileanna nua a fhorbairt agus a chleachtadh.
- Is creatlach iad na cluichí seo a ligean do pháistí scileanna éagsúla a tharraingt le chéile.

### Ceisteanna:

- Cad iad na cluichí a imríonn bhur bpáistí féin?
- Cé a bhíonn á n-imirt leo?
- Cad iad na cluichí is mó a thaitníonn leo?
- Cad é a fhoghlaímíonn na páistí ó bheith ag imirt na gcluichí seo, dar leat?

Déan tagairt do **Leabhar Saothair E, Ich. 9 – Ag spraoi is ag foghlaim.**



## Cluiche a dhéanamh

Mínigh dóibh cuspóir na hoibre a bheidh ar siúl acu ar feadh leathuair an chloig nó mar sin. Beidh orthu cluiche a roghnú a mheasann siad a thaitneoidh leis na páistí agus iad féin an cluiche sin a dhéanamh le tabhairt chun an bhaile leo. Tá scileanna matamaítice de dhíth i ngach ceann de na cluichí agus scileanna sóisialta agus litearthachta freisin.

Tá trí chluiche ar féidir iad a chur i láthair mhuintir an ranga agus a iarraidh orthu iad a dhéanamh. Is iomaí cineál cluiche eile is féidir a dhéanamh bunaithe orthu seo. Tá go leor leor cineálacha míreanna mearaí ann, na céadta cineál cluiche boird, agus níl áireamh ar líon na gcluichí cártá atá ann. Is féidir le tuismitheoirí go leor leor cluichí a sheiftí dá gcuid páistí ó eiseamláir na dtrí chluiche a chuirtear ina láthair anseo.

Iarr ar na tuismitheoirí roinnt nóiméad a chaitheamh ag breathnú ar na cluichí samplacha agus a machnamh a dhéanamh ar cén cineál cluiche ar mhaith leo a dhéanamh dá bpáistí féin.


Le linn dóibh a bheith ag teacht ar chinneadh faoin gcluiche a dhéanfaidh siad, ba chóir do na tuismitheoirí smaoineamh ar aois na bpáistí, ar na rudaí a bhfuil suim acu iontu agus a bhfuil siad maith chucu.

Nuair atá cinneadh déanta acu cé acu míreanna mearaí, cluiche boird nó cluiche cártá a dhéanfaidh siad, beidh orthu ábhar a roghnú.

- I gcás na míreanna mearaí, beidh orthu pictiúr a roghnú.
- I gcás an chluiche chárta, beidh orthu patrún nó pictiúr éigin a tharraingt nó a rianadh ar na cártáí.
- I gcás an chluiche bhoird, beidh orthu scéal nó téama a roghnú le haghaidh an chluiche.

Tá treoracha agus samplaí le haghaidh na gcluichí seo le fáil i **Leabhar Saothair E, leathanaigh 10-14.**





## Ag foghlaim ó chluichí

Cad é a foghlaimíonn páistí ó bheith ag imirt cluichí?

### Scileanna sóisialta

- treoracha a leanúint
- fanacht lena seal féin
- foighne
- obair ghrúpa
- ag caint is ag éisteacht
- gan an iomarca mórtais a dhéanamh nuair a bhuan siad cluiche agus gan a bheith ródhiomách nuair a chailleann siad
- freagacht a ghlagadh chucu féin

### Scileanna smaointeoiríreachta

- faire agus breathnú
- a n-aigne a dhíriú ar an ábhar
- scileanna cuimhne
- pleánail
- straitéisí a fhorbairt
- cinnteoireacht
- athchomhairle a dhéanamh


### Scileanna léitheoiríreachta agus scríbhneoiríreachta

- litreacha agus focail a aithint
- cruthanna agus siombailí a aithint
- fuaiméanna agus rímeanna a chloisteáil
- rudaí a chur in ord
- ord aibítreach a úsáid
- rudaí atá le titim amach a thuar

### Scileanna matamaitice

- uimhreacha a aithint
- dathanna a aithint
- comhaireamh
- sórtáil agus meaitseáil
- ord uimhriúil a úsáid
- scileanna tomhais agus measúnaithe





## Cluichí cártaí

### Ábhair

Cairtchlár (ó bhoscaí calóg), rialóir, siosúr, stionsail nó pictiúir, marcóirí.

### Treoracha

Déan an cairtchlár a thomhas agus gearr amach na cártaí ar shlí go bhfuil siad ar aon mhéid.

Déan íomhá éigin a tharraingt nó a rianadh ar gach cárta. Bíodh idir phéirí agus foirne de thrí chárta ann.

### Samplaí

Úlla, oráistí, bananaí, cairéid, prátaí, piseanna, bróga, buataisí, bróga reatha, sceana, foirc, spúnóga, tarracóir, carr, leoraí.

### Imirt


Is féidir trí chluiche ar a laghad a imirt leis na cártaí seo.

### Iasc sa linn

Tugtar trí chárta do gach imreoir. Scaiptear na cártaí eile i bhfáinne mar a bheadh bruacha linn uisce ann. Is é cuspóir an chluiche trí chárta a mheaitseáil. Piocann gach duine de na himreoirí, seal i ndiaidh a chéile, cárta amháin ó ‘bhruach na habhann’. Seans gur leathchárta péire atá ann, nó go gcuirfear ar ais i measc na gcártaí eile é, nó go gcoinneofar é agus go gcuirfear cárta eile ar ais ina áit. Gach péire atá ag meaitseáil, cuirtear ina luí béal suas iad, sa chaoi is gur féidir le gach duine a fheiceáil go bhfuil siad ag meaitseáil. Is é an chéad duine a mbíonn trí phéire meaitseála aige a bhaineann an cluiche.

### 1,2,3 Amach

Tá an cluiche seo cosúil ar bhealaí le ‘Iasc sa Linn’ ach is é cuspóir an chluiche seo ná foireann chártaí (úll, oráiste, banana) a fháil amach as an linn. Is é an chéad duine a bhfuil a leithéid d’foireann aige a bhaineann an cluiche.



## Cluichí cártai

### Meaitseáil

Leagtar na cártai amach béal fúthu i bpatrún dronuilleogach (ocht gcárta trasna agus trí chárta síos). Déanann gach imreoir, ar a sheal, dhá chárta a thiontú. Má tá meaitseáil ann, coinníonn sé iad. Mura bhfuil meaitseáil ann caithfidh sé iad a thiontú béal fúthu arís. Leanann an cluiche ar aghaidh go dtí go bhfuil gach cárta meaitseáilte. Is é an duine is mó a bhfuil cártáí aige a bhaineann.

**Seans gurbh fhearr le páistí níos sine pacá cártaí a ceannaíodh i siopa a úsáid le linn dóibh a bheith ag foghlaim cluichí cártai.**



## Cluichí boird

### Ábhair

Cluiche boird agus cairtchlár (ó *bhoscaí calóg*), cnaipí damhsa (*spinners*) licíní (*counters*).

### Treoracha

Roghnaigh téama le haghaidh an chluiche, agus déan an bord a dhearadh de réir an téama sin.

### Samplaí

Cuir i gcás go bhfuil cluiche siopadóireachta ann, d'fhéadfaí cuid de na spásanna folmha a líonadh le pictiúir de na cineálacha éagsúla bia atá ar fáil sna siopaí, nó le pictiúir de chineálacha siopa agus a gcuid lógónna.

I gcás cluiche zú, d'fhéadfaí cuid de na spásanna folmha a líonadh le pictiúir d'ainmhithe a bhíonn le feiceáil i zú, cuir i gcás eilifintí, moncaithe, tígair agus araile.

Más baile mór is téama don chluiche, d'fhéadfaí cuid de na spásanna folmha a líonadh le pictiúir de rudaí atá le fáil i mbaile, cuir i gcás scoil, eaglais, oifig phoist agus araile.

### Imirt


Baintear casadh as an gcnaipe damhsa agus bogtar an licín chun tosaigh méid áirithe spásanna. Nuair a thagann an t-imreoir go dtí spás a bhfuil pictiúr air, caithfidh sé ceist a fhreagairt i dtaobh an phictiúir.


### Sampla

Cuir i gcás, sa chluiche zú, go dtagann an t-imreoir go dtí pictiúr d'eilifint. D'fhéadfadh an tuismitheoir fiafraí de: 'Cén dath atá ar eilifint?'






Má bhíonn an freagra ceart ag an imreoir féadann siad seal eile a bheith acu.

Is é an chéad duine a shroicheadh an deireadh a bhuan an cluiche.







Déan fótachóipeanna de réir mar is gá.



Déan fótachóipeanna de réir mar is gá.



## Míreanna mearaí

### Ábhair

Cairtchlár (ó bhoscaí calóg), pictiúir (cuir i gcás fótachóipeanna méadaithe de dhaoine den teaghlaigh, pictiúir as irisí, líníochtaí, pictiúir Clipart), gliú, siosúr.


### Conas míreanna mearaí a dhéanamh


Roghnaigh pictiúr, gearr amach é agus greamaigh den chairtchlár le gliú é. Fan cúpla nóiméad go dtrioma sé. Gearr an cairtchlár go dtí go bhfuil sé síreach ar aon chruth leis an bpictiúr. Gearr amach na míreanna mearaí i gcruthanna éagsúla.

### Conas é a imirt

Caithfidh na páistí na míreanna mearaí a chur san ionad ceart chun an pictiúr a athchruthú.

Má éiríonn na cluichí seo ró-éasca don pháiste, is féidir na míreanna a dhéanamh níos lú nó fiú dhá fhoireann míreanna a mheascadh ina chéile agus iarraidh ar an bpáiste an dá cheann a fhuascailt.






## Achoimre ar an seisiún

Iarr ar na tuismitheoirí a machnamh a dhéanamh faoi phríomhphointí sheisiúin an lae inniu.

- *Cad iad na gníomhaíochtaí súgartha a clúdaíodh le linn an tseisiúin?*
- *Cad é mar is féidir na gníomhaíochtaí súgartha a úsáid chun deiseanna foghlama a sholáthar do na páistí i dtaobh na matamaitice?*
- *Cad é an t-eolas matamaiticiúil a fhoghlaímíonn páistí ó scéalta, ramáis agus amhráin?*

Déan tagairt do **Leabhar Saothair E, Ich. 6 – Súil ar an mhatamaitic**. An gcabhródh gníomhaíochtaí súgartha le páistí aon cheann de na scileanna seo a fhorbairt? An bhfuil na tuismitheoirí ag iarraidh aon scileanna breise matamaitice a chur leis an liosta scileanna?



## Gníomhaíocht bhaile 11 – Cluichí a imirt

Iarr ar na tuismitheoirí beagán spraoi a bheith acu leis na páistí agus an cluiche a rinne siad le linn an tseisiúin seo a imirt leis na páistí sa bhaile.

Cuir i gcuimhne do na tuismitheoirí a bheith ag faire ar na páistí le linn dóibh a bheith ag imirt an chluiche.

Déan tagairt do na ceisteanna i **Gníomhaíocht 11 – Cluichí a imirt**.

Beifear ag iarraidh ar na tuismitheoirí labhairt faoin mhéid a thug siad faoi deará le linn an chéad seisiúin eile.



## Ag imirt cluichí

Cén cluiche a d'imir tú leis an bpáiste?

---



---



---

Ar ghlac aon duine eile den teaghlaach páirt sa chluiche?

---



---



---

Cad iad na scileanna matamaitice a d'úsáid an páiste le linn an chluiche seo?

---



---



---

An raibh gnéithe den chluiche ann a raibh sé ródheacair ag an pháiste iad a dhéanamh gan chuidiú? Cad é mar a chuir tú an cuidiú sin ar fáil?

---



---



---

An mbíonn an mhatamaitic in úsáid ag an bpáiste i gcluichí nó i ngníomhaíochtaí súgartha eile? Luagh roinnt samplaí, le do thoil.


---



---



---



## Nótaí an tSeisiúin

Cad iad na rudaí ar éirigh go maith leo sa seisiún seo?

---

---

---

An raibh aon deacrachtaí ar leith ann?

---

---

---

Ar nocht na tuismitheoirí aon tuairim i leith ábhar an tseisiúin seo?

---

---

---

Cad é mar a rinne tú freastal ar riachtanais agus ábhair spéise éagsúla?

---

---


---

An bhuil aon ní ann a dhéanfá ar shlí eile dá mbeadh seisiún mar seo le  
réachtáil agat arís?

---

---

---




Nótaí an tSeisiúin

# 12

Leabhar a  
dhéanamh







### Sa seisiún seo, beidh na tuismitheoirí:

- ag teacht ar smaointe le haghaidh leabhair a d'fhéadfaí a dhéanamh ar son na bpáistí;
- ag déanamh leabhair a léifidh siad sa bhaile i gcuideachta na bpáistí;
- ag féachaint cad iad na deiseanna idirghníomhaíochta atá ann le linn don leabhar a bheith á dhéanamh;
- ag plé conas na gnéithe éagsúla foghlama a tharraingt le chéile le linn don leabhar a bheith á dhéanamh agus á léamh.

Reimse	Tasc	Am	Lth.
Réamhrá		10 nóim.	254
<b>Leabhair a dhéanamh le páistí</b>	<b>1</b>	<b>30 nóim.</b>	<b>255-256</b>
 Leabhair dár ndéanamh féin		257	
 Leabhair a dhéanamh		258	
 Leabhar le téama nó le cruth ar leith		259	
 Leabhar gearrthóg		260	
 Leabhar 'ardaigh an flapa'		261	
 Leabhar fiarláin		262	
<b>Leabhar a dhéanamh</b>	<b>2</b>	<b>90 nóim.</b>	<b>263-264</b>
Achoimre ar an seisiún		10 nóim.	265
Gníomhaíocht bhaile 11 – Leabhair de bhur ndéantús féin		265	
 Leabhair de bhur ndéantús féin		266	
Nótaí an tseisiúin		267-268	



## Réamhrá

### Uillmhúchán:



Beidh smeach-chairt agus marcóirí de dhíth ort.

Cuir le chéile taispeántas de leabhair do pháistí. Bíodh meascán maith de chineálacha leabhar ann. Bíodh roinnt mhaith leabhair 'spraoi' ann, cuir i gcás leabhair anfós (*pop-up books*), leabhair ina n-ardaítar flapa chun teacht ar an bpictiúr laistiar, leabhair a bhfuil uigeachtaí (*textures*) ar leith ag baint leo, leabhair uimhríochta agus céadleabhair shimplí do thachráin bheaga.

Ba chóir freisin roinnt leabhar a rinneadh sa bhaile a bheith ann. Mura bhfuil aon leabhar mar seo agat, ní miste tú féin cúpla ceann a dhéanamh agus an treoir in **Leabhair a dhéanamh** a leanúint. Féach **Leabhar Saothair F, Ich. 3.**

### Stiúradh na gníomhaíochta:


Tosaigh le súil siar ar an **nGníomhaíocht Bhaile** (Cuimhnigh go bhfuil **Leabhair a dhéanamh** ar cheann de na seisiún sin nach bhfuil ag brath ar an gceann roimhe ná ar an gceann ina dhiaidh. Ní miste don teagascóir é a fhí isteach pé uair is mian leis/léi féin. Ar an ábhar sin, níl gníomhaíocht bhaile ar leith ag gabháil leis).

Lig do na tuismitheoirí breathnú ar an taispeántas leabhar ar feadh roinnt nóméad.

Mínigh dóibh gurb é ábhar an tseisiúin seo leabhair dá gcuid féin a dhéanamh.

### Ceisteanna:

- An ndearna tú leabhair do na páistí roimhe seo?
- Cén cineál leabhar a rinne tú dóibh?
- An raibh lámh ag na páistí féin san obair?
- An raibh deis ag na páistí is sine sa teaghlaigh leabhair dá gcuid féin a dhéanamh agus iad ar scoil?



## Leabhair a dhéanamh le páistí

### Uillmhúchán:



Beidh smeach-chairt agus marcóirí de dhíth ort.



Beidh an taispeántas de leabhair do pháistí de dhíth sa ghníomhaíocht seo freisin.

Déan tagairt do **Leabhar Saothair F, Ich. 2 – Leabhair dár gcuid féin agus leathanaigh 3-7**, Leabhair a dhéanamh.

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Roghnaigh ceann de na leabhair ón taispeántas agus lig do na tuismitheoirí breathnú air. Iarr orthu cur síos ar na céimeanna a bhain le déanamh an leabhair seo, dar leo.

### Freagraí samplacha:

- ag teacht ar chinneadh ar cad é an cineál leabhair a bheadh ann
- scéal a chumadh
- ag iarraidh rudaí a tharla a thabhairt chun cuimhne
- ag cóipeáil nó ag rianadh
- ag gearradh agus ag greamú
- ag tarraingt pictiúr
- ag cuardach pictiúr in irisí
- ag scríobh téacs



larr ar na tuismitheoirí a machnamh a dhéanamh faoi na deiseanna foghlama a d'fhéadfadh páistí a thapú le linn do leabhar a bheith á dhéanamh.

### Freagraí samplacha:

- Bíonn suim ag páistí a gcuid smaointe a scríobh síos.
- Cabhróidh sé leo eolas a chur ar leabhair.
- Uillmhaíonn sé na páistí le haghaidh na léitheoireachta.
- Is féidir leo na leabhair a 'léamh' amach do dhaoine eile sa teaghlach.

Is féidir cur leis an gcomhrá agus tagairt do **Leabhar Saothair F, Ich. 2 – Leabhair dár gcuid féin**.

Gabh go dtí Pacáiste na dTuismitheoirí F, leathanaigh 3-7 – Leabhair a dhéanamh. Bíodh leabhair siopa agus leabhair bhaile agaibh ar féidir iad a chur i láthair na dtuismitheoirí chun plé a spreagadh ar conas a rinneadh iad.




## Leabhair a dhéanamh le páistí

Iarr ar na tuismitheoirí breathnú ar an meascán ábhar atá curtha ar fáil dóibh le haghaidh leabhair a dhéanamh. An leor iad chun na tuismitheoirí a chur ag smaoineamh faoi conas a chuirfidh siad chuige?

Iarr ar na tuismitheoirí moltaí a chur ar fáil le haghaidh cineálacha leabhair a d'fhéadfá i dhéanamh. Scríobh síos a gcuid moltaí ar an smeach-chairt. Déan tagairt do chuid de na moltaí i **Leabhar Saothair F, Ich. 2 – Leabhair dár gcuid féin**. Is féidir tuilleadh moltaí a chur leis, más mian.

Nuair atá liosta maith smaointe agaibh ní miste ligean do na tuismitheoirí deich nóiméad nó ceathrú uaire an chloig a chaitheamh ag smaoineamh ar na leabhair atá le déanamh acu.





## Leabhair dár ndéanamh féin

De réir mar a bhíonn páistí ag cur eolais ar leabhair agus ar scéalta daoine eile, is féidir go mbeidh siad ag iarraidh smaointe agus scéalta dá gcuid féin a scríobh síos. Bealach an-mhaith chun sin a dhéanamh is ea cuidiú leo a leabhar féin a dhéanamh. Forbairt nádúrtha atá ann agus bealach taitneamhach chun eolas a chur ar leabhair.

Is féidir leabhar a dhéanamh do pháistí de gach aois.

Is féidir leabhar a dhéanamh mar gheall ar rudaí a bhfuil a fhios agat suim a bheith ag an bpáiste iontu, mar shampla:

- scéal faoi thuras a rinne an teaghlaigh,
- leabhair 'mé féin' ina bhfuil pictiúir agus grianghraif den pháiste,
- leabhar faoi mhadra nó faoi chat nó faoi aon pheata eile a bheadh ann,
- leabhar ríme,
- scéalta faoi dhaoine eile sa teaghlaigh,
- leabhair faoi laethanta saoire – saoire na Nollag, na Cásca nó oíche Shamhna,
- leabhar mar gheall ar bhreithlá an pháiste,
- leabhar mar gheall ar dhul chun na scoile nó na naíscoile,
- leabhar mar gheall ar chuairt a thabhairt ar an bhfiaclóir, nó ar an dochtúir.


Is féidir leis an bpáiste eolas a chur ar 'mheicníocht' an leabhair trína bheith páirteach ina leabhar féin a dhéanamh. Ar na rudaí atá le foghlaim tá:

- go mbíonn clúdach ar gach leabhar, agus teideal scríofa air;
- bíonn leid sa teideal seo de ghnáth, a insíonn duit cén cineál leabhair atá ann;
- ligeann leabhar duit do chuid smaointe a chur in iúl do dhaoine eile;
- bíonn tú, lár agus deireadh le gach leabhar;
- is sa treo ó chlé go deis a léitear na leathanaigh.

An páiste atá i mbun leabhar a dhéanamh, beidh sé ag cur eolais ar ghnéithe den scríbhneoiréacht agus den uimhríocht chomh maith. Is féidir iarraidh air:

- cuidiú leat na focail a scríobh;
- pictiúir a tharraingt a oireann don téacs;
- pictiúir a ghearradh amach agus a ghreadamú de na leathanaigh;
- pictiúir agus rudaí eile a chur ar na leathanaigh;
- dearadh a ghearradh amach le haghaidh an leabhair;
- a dhéanamh cinnte go bhfuil uimhreacha ar na leathanaigh théacs.

**Thar aon rud eile, cuirfidh sé go móré le féinmhuijnín an pháiste a smaointe agus a eispéisír féin a bheith curtha ar fáil i bhfoirm leabhair, go háirithe má bhíonn daoine eile sa teaghlaigh á mholadh agus á spreagadh!**



## Leabhair a dhéanamh

Bealach an-mhaith is ea leabhair a dhéanamh chun suim an pháiste a spreagadh i dtreo na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta. Ní chaithfidh tú a bheith i d'ealaíontóir mór, mar ní theastaíonn ach beagán samhlaíochta. Níl le déanamh ach smaoineamh ar na rudaí a bhfuil suim ag an bpáiste iontu. Is féidir leat féin an leabhar a dhéanamh agus a thabhairt don pháiste nó an leabhar a dhéanamh i dteannta a chéile. Ní miste cén chomhairle a dhéanfaidh tú, nó beidh an páiste tógha go mór nuair a fheicfidh sé a chuid focal agus a shaol laethúil féin foilsithe i bhfoirm leabhair!


Is iomaí sin cineál leabhair a d'fhéadfaí a dhéanamh. Ina measc sin tá:


- leabhair a bhfuil téama ar leith ag baint leo
- leabhair a bhfuil cruth ar leith orthu
- leabhair ghearrthóg (*scrapbooks*)
- leabhair ina gcaithfidh flapa a ardú chun teacht ar an bpictiúr laistiar
- leabhair fhiarláin (*zig-zag books*)

Is é an chéad chéim ná cinneadh a dhéanamh mar gheall ar bhunchruth an leabhair.

### Bunchruth leabhair

- Cuir roinnt bileog pháipéis ar bharr a chéile.
- Fill ina dhá leath iad.
- Ceangail an taobh fillte le stáplaí nó, i ndiaidh duit é a pholladh, cuir ribín nó olann trí na poill chun an leabhar a cheangal.





## Leabhar le téama nó cruth ar leith


Déan an obair a gcuirtear síos air faoin gceannteideal **Bunchruth an leabhair**.


Ansin, déan cinneadh faoi ábhar an leabhair.

An bhfuil dúil ag an bpáiste i gcarranna, mar shampla? Déan leabhar mar gheall ar charranna, mar sin. Is féidir, fiú amháin, an páipéar a ghearradh sa chaoi is go bhfuil cruth gluaisteáin air.

An ndeachaigh sibh ar cuairt cois farraige le gairid? Déan leabhar mar gheall ar an turas sin agus gearr an páipéar sa chaoi is go bhfuil cruth éisc air.

Nó d'fhéadfá leabhar a scríobh dar teideal 'Ár dTeach'. Is féidir an páipéar a ghearradh sa chaoi is go bhfuil cruth tí air. Níor mhiste ligean don pháiste cuidíú san obair, mar shampla na fuinneoga agus an doras a líonadh le héadach daite. Maidir leis an taobh istigh den 'teach' d'fhéadfaí pictiúir de throscán, bia, bréagáin agus araile a ghearradh amach as irisí.





## Leabhar gearrthóg

Déan an obair a gcuirtear síos air faoin gceannteideal **Bunchruth an leabhair**.

Déan cinneadh faoi ábhar an leabhair, cuir i gcás 'na rudaí is mó a thaitníonn liom', 'an teaghlaigh', 'mo bhaile féin', 'ainmhithe' nó 'bréagáin'. Níl ábhar ar bith nach féidir é a chur in oiriúint do leabhar.


Gearr amach pictiúir as irisí agus as catalóga, nó greamaigh grianghraif isteach sa leabhar gearrthóg.


Má tá an páiste féin le bheith páirteach san obair seo, níor mhiste ligean dó na pictiúir a ghreamú de na leathanaigh. Bí ag caint leis i dtaobh na bpictiúr de réir mar atá sé á ngreamú.

Nuair atá sé réidh, fiafraigh de cad é ba mhaith leis tú a scríobh faoi bhun gach pictiúir. Léigh amach os ard na focail agus na habairtí i ndiaidh duit iad a scríobh.

Is féidir an clúdach a mhaisiu le páipéar balla nó le páipéar daite lonrach, nó ligean don pháiste pictiúr a tharraingt. Is é is tábhactaí ná go mbeadh an leabhar suaithinseach, tarraigteach.

Déan dhá pholl i dtaobh an leabhair agus ceangail le ribín nó le holann é.





## Leabhar 'ardaigh an flapa'

Is féidir leabhar 'ardaigh an flapa' a dhéanamh de leabhar de chinéal ar bith.


Níl aon smaoineamh nach féidir é a chur in oiriúint dá leithéid seo de leabhar.

Is mar seo a dhéantar leabhar 'ardaigh an flapa'. Déantar cuid de phictiúr (nó cuid den téacs) a cheilt taobh thiar d'fhlapa (píosa páipéir nó píosa éadaigh). Ní mór an flapa seo a ardú chun teacht ar an bpictiúr nó ar an téacs laistiar de.

Cuir i gcás go ndéanann tú leabhar mar gheall ar lá breithe an pháiste. Thiocfadh leat ceann de na bréagáin is mó a thaitníonn leis a chur i bhfolach taobh thiar d'fhlapa ar gach leathanach den leabhar.

Nó d'fhéadfaí focail áirithe a chlúdach le flapa beag. Cleas eile a d'fhéadfaí a úsáid ná pictiúr a tharraingt ar an bhflapa a léiríonn an focal atá ceilte. Mar shampla, más 'capall' an focal atá i bhfolach, is pictiúr de chapall ba chóir a tharraingt nó a ghreamú ar an bhflapa. Leid atá ann a chuireann pé focal a bheadh i gceist in iúl don pháiste. Is féidir leis an flapa a ardú ansin agus an focal scríofa a léamh.





## Leabhar fiarláin


I dtosach báire, teastaíonn stráice fada páipéir.

Déan an stráice a fhilleadh i dtreo amháin agus ar mhalaírt treo ina dhiaidh sin (ar nós cairdín) go dtí go mbaineann tú deireadh amach.

Is féidir do leabhar fiarlán féin a dhéanamh trí litir amháin a chur ar gach painéal i ndiaidh a chéile sa chaoi is go litríonn sé ainm an pháiste nó focal éigin eile.

Nó is féidir leabhar scéalaíochta a dhéanamh de agus abairt nó dhó a scríobh ar gach painéal.

Déan an leabhar a mhaisiú le pictiúir as irisí nó le pictiúir a tharraing sibh féin a ghreamú de gach painéal.





## Leabhar a dhéanamh

### Uillmhúchán:



Beidh na hábhair seo a leanas de dhíth:

- péint agus páipéar daite
- criain/marcóirí/pinn luaidhe
- scuaba péinte agus péint de dhathanna éagsúla
- stáplóir
- pritil pháipéir (*paper punch*)
- siosúr
- sreang
- gliú



Seo roinnt ábhar breise a dhéanann próiseas déanta an leabhair níos suimiúla agus níos cruthaithí. Bailigh le chéile oiread agus is féidir díobh:

- blúirí de pháipéar balla (bfodh siad difriúil ó chéile ó thaobh dearaidh agus uigeachta)
- stráicí éadaigh
- olann chniotála
- ribíní
- nuachtáin agus irisí
- olann chadáis
- scragall alúmanaim
- duilleoga, bláthanna, cochán triomaithe
- cnaipí agus seacainí (*sequins*)
- seanchártaí Nollag agus cártáí breithlæ
- pasta agus lintill triomaithe
- sliogáin
- aon phíosaí eile a chuideoidh le próiseas déanta an leabhair a dhéanamh chomh cruthaitheach spéisiúil agus is féidir.

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Ag cuimhneamh ar na smaointe a chuir siad ar fáil le linn **Ghníomhaíocht 1**, iarr ar na tuismitheoirí roinnt nóiméad a chaitheamh chun 'plota' a gcuid leabhar a leagan amach. Is féidir na hábhair a bhailíú ansin agus tosú ar na leabhair a dhéanamh.

Comhairligh dóibh na scéalta agus an friotal a choinneáil chomh simplí agus is féidir don chéad iarracht seo. Is iomaí sin leabhar atá an-spraíúil go deo agus



90 noim.



## Leabhar a dhéanamh

gan ach focal amháin nó abairt amháin ar gach leathanach ann.

Is féidir go mbeidh na tuismitheoirí ag iarraidh stíleanna **simplí** lámhscribh-neoireachta a chleachtadh. (Má tá fáil agat ar ríomhairí, d'fhéadfaí ligean do na tuismitheoirí a gcuid téacsanna a chur i gcló, a ghearradh amach agus a ghreamú isteach sna leabhair atá á ndéanamh acu).

Bí ag siúl timpeall le linn do na tuismitheoirí a bheith i mbun oibre, agus bí réidh le cuidiú a thabhairt de réir mar a bhíonn gá leis. Is féidir, cuir i gcás, go mbeidh comhairle de dhíth faoi chúrsaí litrithe.

Nuair atá gach duine réidh, iarr ar na tuismitheoirí a gcuid leabhar a thaispeáint dá chéile.


D'fhéadfaí a iarraidh ar gach tuismitheoirí tuairisc bheag shimplí a thabhairt ar an leabhar.

- *Cad é teideal an leabhair?*
- *Cén cineál leabhair atá ann (ficsean, scéal fíor, scéal béaloidis, leabhar faisnéise)?*
- *Cén fáth ar chinn tú ar leagan amach nó ar dhearadh ar leith seachas cinn eile a d'fhéadfaí a úsáid?*
- *An bhfuil tú sásta le toradh do shaothair? Cén fáth?*
- *Cén dearcadh a bheidh ag an bpáiste faoin leabhar, dar leat?*





10 nóim.




## Achoimre ar an seisiún

Cuir deireadh leis an seisiún le comhrá gearr mar gheall ar leabhair fhéindéanta. Cuir i gcuimhne de na tuismitheoirí gur deis iontach is ea leabhar a dhéanamh maidir le gach gné den fhoghlaim a tharraingt le chéile: caint agus éisteacht, léitheoireacht, scríbhneoireacht agus an mhatamaitic.


Mar achoimre ar an iomlán, breac síos ar an smeach-chairt na pointí is tábhactaí a tháinig aníos le linn an tseisiúin.

Iarr ar na tuismitheoirí a machnamh a dhéanamh faoi conas a bhainfidh siad leas as na leabhair a dhéanann siad féin agus iad sa bhaile i gcuideachta na bpáistí.



## Gníomhaíocht bhaile 12 – Leabhair de bhur ndéantús féin

Abair leis na tuismitheoirí na leabhair atá déanta acu a léamh i gcuideachta na bpáistí am éigin le linn na seachtaine. Is féidir, chun na tuismitheoirí a chur ag smaoineamh faoin ngníomhaíocht, tagairt do na ceisteanna in **Gníomhaíocht Bhaile 12 – Leabhar de bhur ndéantús féin**. Gach seans go mbeidh cuid de na tuismitheoirí ag iarraidh leabhar a dhéanamh sa bhaile i dteannta na bpáistí agus an saothar críochnaithe a thabhairt leo le cur i láthair mhuintir an ranga.



## Leabhair de bhur ndéantús féin

Cá huair a léigh sibh an leabhar le chéile, agus cén áit?

---

---

---

Cad iad na gnéithe den leabhar a thaitin leis an bpáiste?

---

---

---

An raibh aon rud le rá ag daoine eile sa teaghlaach i dtaobh an leabhair?

---

---


---

Cad iad na cineálacha leabhar eile a thaitníonn le do pháiste féin?

---

---

---



## Nótaí an tSeisiúin

Cad iad na rudaí ar éirigh go maith leo sa seisiún seo?

---

---

---

An raibh aon deacrachtaí ar leith ann?

---

---

---

Ar nocht na tuismitheoirí aon tuairim i leith ábhar an tseisiúin seo?

---

---

---

Cad é mar a rinne tú freastal ar riachtanais agus ar ábhair spéise éagsúla?

---

---


---

An bhuil aon ní ann a dhéanfá ar shlí eile dá mbeadh seisiún mar seo le  
réachtáil agat arís?

---

---


---




Nótaí an tSeisiúin

# 13

Ceann cursa








### Sa seisiún seo, beidh na tuismitheoirí:

- ag caitheamh súil siar ar an gcúrsa go dtí seo agus ag daingniú an mhéid atá foghlamtha acu;
- ag déanamh a machnaimh ar na dálaí foghlama éagsúla a raibh trácht orthu le linn an chúrsa;
- ag plé an ghaoil idir na hábhair éagsúla a clúdaíodh ó sheisiún go seisiún;
- bíodh bealaí éagsúla in úsáid agat chun na rudaí atá foghlamtha acu a chur ina láthair arís.

Réimse	Tasc	Am	Lth.
Réamhrá		10 nóim.	272-273
Creatlacha i gcomhair na foghlama	1	25 nóim.	<b>274-276</b>
Áit fheiliúnach don fhoghlaim			277
Dreas siopadóireachta	2	30 nóim.	<b>278-279</b>
Is sa bhaile a thosaíonn an fhoghlaim	3	60 nóim.	<b>280-281</b>
Achoimre ar an seisiún		10 nóim.	282
Gníomhaíocht bhaile 13 – Ag spraoi agus ag foghlaim			282
Ag spraoi agus ag foghlaim			283
Nótaí an tseisiúin			284



## Réamhrá

### Uillmhúchán:



Beidh smeach-chairt agus marcóirí de dhíth ort.

Bíodh taispeántas ullmhaithe agat a léiríonn na hábhair a clúdaíodh ó sheisiún go seisiún go dtí seo.

### Mar shampla:



Seisiún 1: an bosca a úsáideadh le haghaidh Cad é atá sa bhosca?

Seisiún 2: pictiúir Photopak a léiríonn tuismitheoirí ag feidhmiú mar mhúinteoirí

Seisiún 3: leathanach smeach-chairte le pictiúir Photopak agus bolgáin chainte (*talk bubbles*)

Seisiún 4: leathanach smeach-chairte ar a bhfuil ramás scríofa le haghaidh aithris ghrúpa

Seisiún 5: puipéid

Seisiún 6: leabhair scéalaíochta

Seisiún 7: Cluiche biongó cistine

Seisiún 8: roinnt pictiúr le páistí óga

Seisiún 9: foireann uirlísí do scríbhneoir

Seisiún 10: uirlísí le haghaidh na matamaítice

Seisiún 11: cluiche matamaítice a rinneadh sa bhaile

Seisiún 12: leabhar a rinneadh sa bhaile.

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Caith súil siar ar an **nGníomhaíocht Bhaile**.

Lig dóibh breathnú ar an taispeántas ar feadh timpeall cúig níoméad. Fág na hábhair ar taispeáint ar feadh an chuid eile den seisiún.

Mínigh cuspóir an tseisiúin seo dóibh, is é sin deis a thabhairt dóibh breathnú siar ar na hábhair a pléadh le linn an chúrsa agus a machnamh a dhéanamh ar an ngaol atá idir na hábhair sin. Thar gach rud eile, is mian leat go ndéanfaidís a machnamh ar an ngaol idir na scileanna éagsúla: labhairt agus éisteacht, léitheoireacht, scríbhneoireacht agus an mhatamaitic.

Luadh roinnt comhthéacsanna le linn an chúrsa ina mbíonn níos mó ná scil amháin ag teastáil ó na foghlaimeoirí. Cuir cuid acu seo i gcuimhne do na tuismitheoirí, mar shampla:



10 níom.



## Réamhrá

- bíonn idir labhairt agus éisteacht i gceist nuair a bhíonn páistí ag foghlaim na léitheoirreachta;
- nuair a scríobhann an páiste rud éigin, bíonn sé ag súil go léifear é;
- úsáidtear gnéithe den mhatamaitic agus den chomhaireamh chun cur síos ar rudaí a thiteann amach i scéalta.

Seans, i gcomhthéacs na scoile, go mbíonn na scileanna seo á múineadh mar ábhair ar leith, ach is fíor mar sin féin go mbíonn meascán de na scileanna seo de dhíth ar na páistí go minic ina ngnáthshaol. Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh muid gaol na scileanna seo lena chéile, mar is scileanna iad a bhíonn ag tacú lena chéile agus ag brath ar a chéile sa phróiseas foghlama.



## Creatlacha i gcomhair na foghlama

### Ullmhúchán:



Beidh SMEACH-CHAIRT AGUS MARCÓIRÍ DE DHÍTH ORT.



TÁ DHÁ GHNIOMHAÍOCHT ANN A D'FHÉADFAÍ A ÚSAÍD. ROGHNÁIGH AN CEANN A MHEASANN TÚ IS OIRIÚNAÍ DON GHRÚPA:

**Cad é atá ag tarlú?** Ar cheithre leathanach SMEACH-CHIRTE, ullmhaigh ceithre thaispeántas ina bhfuil cúig nó sé ghrianghraif *Photopak* faoi cheannteidil ar nós:

- gnáthimeachtaí an lae
- rudaí a bhíonn ar siúl sa cheantar
- cluichí agus súgradh
- scéalta, amhráin agus ramáis



**An saol i bpictiúir.** Teastaíonn roinnt pictiúr Photopak le haghaidh na gníomhaíochta seo.

Déan tagairt do **Leabhar Saothair F, Ich. 9 – Áit fheiliúnach don fhoghlaim.**

### Stiúradh na gníomhaíochta:

#### Cad é atá ag tarlú?

Cuir na tuismitheoirí i ngrúpaí de cheathrar. Tabhair marcóir do gach grúpa, chomh maith le ceann amháin de na leathanacha SMEACH-CHIRTE a d'ullmhaigh tú.

Iarr ar na tuismitheoirí breathnú ar an leathanach agus nótaí a bhreacadh síos i dtaobh na gníomhaíochtaí léitheoireachta, scríbhneoireachta, matamaitice, labhartha agus éisteachta atá léirithe iontu. Abair leo na nótaí seo a scríobh ar an leathanach féin, taobh leis na grianghraif.

Indiaidh deich nóiméad nó ceathrú uaire an chloig, cuir an rang i gceann a chéile arís agus lig do gach grúpa cúig nóiméad nó mar sin a chaitheamh ag cur a gcuid nótaí i gcomparáid le nótaí a chéile.

#### An saol i bpictiúir

Tabhair pictiúr Photopak amháin do gach duine de na tuismitheoirí. Bí cinnte agus grianghraif a roghnú a léiríonn samplaí de na rudaí seo a leanas:

- gnáthimeachtaí an lae
- rudaí a bhíonn ar siúl sa cheantar
- cluichí agus súgradh
- scéalta, amhráin agus ramáis.



## Creatlacha i gcomhair na foghlama

Scríobh na ceisteanna seo a leanas ar leathanach smeach-chairte.

- *Cad é atá ag tarlú sa phictiúr seo?*
- *An bhfuil aon cheann de na rudaí seo a leanas á léiriú sa phictiúr:  
labhairt agus éisteacht  
léitheoireacht  
scríbhneoireacht  
an mhatamaitic?*
- *An féidir leat na samplaí a aimsiú?*

Iarr ar na tuismitheoirí a machnamh a dhéanamh faoi na ceisteanna seo agus breathnú ar na cártáí ar feadh nóiméid nó dhó. Iarr orthu ansin a bhfuil tugtha faoi deara acu a chur i láthair an ranga. Bí ag tabhairt leideanna, más gá sin, agus déan cinnte go bhfuil gach duine páirteach sa ghníomhaíocht gan brú rómhór a chur ar aon duine.

Is cuma cé acu a d'úsáid tú, **Cad é atá ag tarlú** nó **An saol i bpictiúir**, is mar a chéile an chéad chéim eile. Nuair atá gach duine tar éis rud éigin a rá i dtaoibh na bpictiúir, is féidir leatsa deireadh a chur leis an gníomhaíocht le hachoirí ar an ionlán: go léiríonn gach ceann de na grianghraif gníomhaíochtaí a thiteann amach i dtimpeallacht foghlama a bhfuil seantaithí ag na páistí uirthi:

- gnáthimeachtaí an bhaile,
- áiteanna sa cheantar a bhfuil siad ina gcónaí ann,
- cluichí agus gníomhaíochtaí súgartha a bhfuil seaneolas acu orthu,
- scéalta, amhráin agus ramáis a bhfuil seantaithí acu orthu.

Cuir i gcuimhne do na tuismitheoirí go ndearnadh plé ar na timpeallachtaí seo le linn cuid de na seisiúin a bhí ann roimhe seo. Is ionann agus creatlacha foghlama iad, creatlacha a sholáthraíonn deiseanna foghlama do pháistí i gcomhthéacsanna a mbíonn siad ar a suaimhneas iontu. Ba chóir go mbeadh go leor samplaí de na deiseanna foghlama seo luaite ag na tuismitheoirí sna notaí a bhreac siad síos. Iarr ar na tuismitheoirí roinnt cúiseanna a lua a mhíneodh cén fáth a mbíonn na páistí ar a suaimhneas sna comhthéacsanna áirithe seo.




## Creatlacha i gcomhair na foghlama

### Freagraí samplacha:

- Tá aithne acu ar na daoine.
- Tá a fhios cén áit a bhfuil siad.
- Tá seaneolas acu ar an obair atá i gceist.
- Tá a fhios acu cad é atá le déanamh acu.
- Tá a fhios acu go bhfuil cabhair ar fáil má bhíonn fadhb ar bith ann.


Cuir deireadh leis an ngníomhaíocht ag tagairt do **Leabhar Saothair F, Ich. 9 – Áit fheiliúnach don fhoghlaim**.



## Áit fheiliúnach don foghlaim

Is nuair a bhíonn an páiste ar a suaimhneas is mó a bhíonn fonn uirthi triail a bhaint as rudaí nua. Is i gcomhthéacsanna mar seo a leanas a bhíonn an páiste ar a suaimhneas, agus réidh le rudaí nua a foghlaim:

**Nuar a bhíonn a fhios  
aici cá háit a bhuil sí.**



**Nuar a bhíonn aithne aici  
ar na daoine atá léi.**



**Nuar a bhíonn a fhios aici  
cad é atá ag tarlú**



**Nuar a bhíonn a fhios aici  
cad é atá le déanamh aici.**





## Dreas siopadóireachta

### Ullmhúchán:

Teastaíonn rud beag airgid i gcomhair na gníomhaíochta seo, agus bionn roinnt siopadóireachta le déanamh roimh ré.

Níor mhiste féachaint an mbeadh siopaí áitiúla sásta earraí a chur ar fáil saor in aisce, chun nach mbeidh an iomarca costais oraibh féin. Fiú amháin má tá an gníomhaíocht dar teideal **Dreas siopadóireachta** ródhaor daoibh, is féidir triail a bhaint as gníomhaíocht eile, **Earraí ón gcatalóg**.



Beidh meascán earraí de dhíth ort le haghaidh **Dreas siopadóireachta**, cuir i gcás cluichí, uirlisí ealaíne (páipéar, péint, scuaba agus araile), fadhbchlúichí agus araile. Cuir na hearraí seo ar taispeáint ar shlí dheas shlachtmhar.

Beidh 'mála siopadóireachta' de dhíth le haghaidh gach tuismitheora.

Beidh na rudai seo a leanas de dhíth le haghaidh **Earraí ón gcatalóg**: catalóga, bileoga fógraíochta, irisí, siosúr, gliú agus páipéar.



Scriobh na pointí plé seo ar leathanach smeach-chairte:

- *Cén fáth, dar leat, a mbeadh dúil ag do pháiste sa bhrónntanas a roghnaigh tú?*
- *An mbeadh an páiste i dteagmháil le daoine eile agus í ag súgradh leis an mbronntanas seo?*
- *An mbeadh dúil ag an bpáiste sa bhrónntanas seo ar feadh i bhfad, nó an mbeadh sé 'róleanbar' di taobh istigh d'achar gearr?*
- *Ainmnigh cuid de na rudai a d'fhoghlaimeodh an páiste agus í ag súgradh leis an mbronntanas seo.*

### Stiúradh na gníomhaíochta:

#### Dreas siopadóireachta

Abair leis na tuismitheoirí go dtugann an gníomhaíocht seo deis dóibh gach ar fhoghlaím siad le linn an chúrsa a chur i bhfeidhm.

Dírigh aird na dtuismitheoirí ar an taispeántas earraí atá ullmhaithe agat. Tabhair mála siopadóireachta do gach duine acu agus abair leo go bhfuil cead acu earra amháin a roghnú le tabhairt chun an bhaile leo. Comhairligh dóibh earra a roghnú a mbeadh dúil ag na páistí ann.



## Dreas siopadóireachta

Nuair atá a gcuid siopadóireachta déanta acu, cuir an grúpa i gceann a chéile arís agus iarr ar na tuismitheoirí labhairt faoi na rudaí a roghnaigh siad. Is féidir leas a bhaint as na pointí plé a scríobh tú ar an smeach-chairt chun an plé a spreagadh.


### Earraí ón gcatalóg

Abair leis na tuismitheoirí ligean orthu féin go bhfuil siad ag dul ag siopadóireacht. Cuir na catalóga, na hirisí, na bileoga fógraíochta agus araile ar bhord. Tabhair siosúr do gach tuismitheoir, chomh maith le leathanach bán, seilitéip nó gliú.

Tá cead ag gach duine € 15 - € 25 a chaitheamh ar bhronntanais dá bpáistí. Caithfidh siad na bronntanais a roghnú as na catalóga, as na hirisí agus as na bileoga fógraíochta. Nuair atá bronntanas roghnaithe acu, ba cheart dóibh pictiúr de a ghearradh amach agus a ghreamú den leathanach.

Nuair atá an tsiopadóireacht déanta ag gach duine, cuir an grúpa i gceann a chéile arís agus iarr ar na tuismitheoirí labhairt faoi na rudaí a roghnaigh siad. Is féidir leas a bhaint as na pointí plé a scríobh tú ar an smeach-chairt chun an plé a spreagadh.





60 náim.



## Is sa bhaile a thosaíonn an fhoghlaím

### Uillmhúchán:



Teastaíonn cóip den leabhar scéalaíochta 'Drochlá Ruairí' le tabhairt do gach tuismitheoir.



Beidh meascán ábhar de dhíth ort ar féidir leis na tuismitheoirí úsáid a bhaint astu agus iad i mbun a gcuid taispeántas a dhéanamh:

- roinnt cineálacha páipéir
- cairtchlár agus clár póstaeir (*poster board*)
- boscaí
- páipéar balla
- leabhair ghearrthóg (*scrapbooks*)
- sean-nuachtáin, irisí, pictiúir, cártáí poist agus araile
- ribíní, olann chadáis, stráicí éadaigh
- péint le haghaidh póstaeir a tharraingt, pinn, pinn luaidhe, marcóirí agus criáin
- rialóirí, siosúir, seilitéip, *Blu-Tack* agus gliú
- taos múnlaithe nó *Playdoh*.

Uillmhaigh féin roinnt taispeántas samplach a chuideoidh leis na tuismitheoirí a smaointe féin a fhorbairt, mar shampla:

- póstaer nó colláis nó pictiúr péinteáilte mar gheall ar fhoghlaím sa bhaile;
- bosca a bhfuil gnéithe éagsúla den fhoghlaím sa teaghlaach léirithe ar gach painéal de;
- scrolla páipéir bhalla ar a bhfuil pictiúir a léiríonn gníomhaíochtaí éagsúla foghlama;
- leabhar gearrthóg ina bhfuil smaointe i dtaobh na foghlama sa teaghlaach
- dealbha déanta den chré mhúnlaithe a léiríonn radharc éigin atá bainteach leis an bhfoghlaím sa teaghlaach

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Is é cuspóir na gníomhaíochta seo deis a thabhairt do gach duine de na tuismitheoirí a mhachnamh féin a dhéanamh ar a eispéiris féin agus na heispéiris sin a léiriú go thíosil do na daoine eile sa ghrúpa.

Is é an chéad chéim ná cóip de '**Drochlá Ruairí**' a thabhairt do gach tuismitheoir. Lig dóibh an scéal a léamh nó léigh amach dóibh é. larr orthu a mbarúlacha i dtaobh an scéil a thabhairt.



60 nóim.



## Is sa bhaile a thosaíonn an fhoghlaim


### Ceisteanna:


- An measann tú go dtaitneodh an scéal seo le do pháistí féin? Cén fáth sin?
- Cad iad na deiseanna foghlama a léirítear sa scéal seo?
- Cén chaoi a bhféadfaí an leabhar seo a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí foghlama?

Iarr ar na tuismitheoirí a leaganacha féin de 'Drochlá Ruairí' a chumadh, chun an méid a d'fhoghlaim siad le linn an chúrsa a léiriú. Taispeán dóibh na samplaí atá agat agus fiafraigh díobh cén chaoi ar ullmhaíodh iad, dar leo. Is féidir leo féin bealaí eile a roghnú le haghaidh a bhfuil ar eolas acu a thaispeáint. Má mheasann tú go mbeadh sé ina chuidiú, thiocfadh leat féin teidil a mholadh le haghaidh na dtaispeántas, cuir i gcás '**Is sa bhaile a thosaíonn an fhoghlaim**'.

Déan cinnte go bhfuil go leor spáis acu le bheith ag obair ann. Abair leo smaointe a phlé lena chéile agus ábhair a roinnt lena chéile. Bí tusa ar fáil le cabhair a thabhairt más gá. Lig dóibh timpeall 45 nóiméad a chaitheamh i mbun obair an tionscadail. Cuir an grúpa i gceann a chéile ansin agus iarr orthu a saothar a chur i láthair an ghrúpa.

Más rud é nach bhfuil cuid acu réidh go fóill, is féidir leo an tionscadal a chríochnú sa bhaile agus é a thabhairt isteach sa seisiún deireanach. Seans go mbeidh ort féin ábhair a thabhairt ar iasacht dóibh ar féidir leo úsáid a bhaint astu sa bhaile.






## Achoimre ar an seisiún

Iarr ar na tuismitheoirí a mbarúlacha a thabhairt i dtaobh na bpíosaí úd **Súil ar an labhairt, ar an éisteacht, ar an léitheoireacht, ar an scríbhneoireacht agus ar an mhatamaitic.**

- An raibh na píosaí **Súil ar...** ina gcuidiú ar chor ar bith?
- Cén gaol atá idir na píosaí éagsúla **Súil ar...?**
- Cén chaoi ar féidir leas a bhaint as na píosaí **Súil ar...** amach anseo?

Seans go mbeidh cuid de na tuismitheoirí ag iarraidh a gcuid tionscadal a chríochnú sa bhaile.

Tabhair cóip de '**Drochlá Ruairí**' do na tuismitheoirí le tabhairt abhaile chuig na páistí. Abair leo an leabhar a úsáid i dteannta na bpáistí agus a bheith ag caint leo mar gheall ar an scéal. Cuir i gcuimhne dóibh go mbeidh tú ag iarraidh orthu a mbarúlacha ar an ábhar seo a chur i láthair le linn an chéad seisiún eile.



## Gníomhaíocht bhaile 13 – Ag spraoi agus ag foghlaim

Iarr ar na tuismitheoirí roinnt ama a chur ar fáil le breathnú ar na páistí agus éisteacht leo agus iad ag imirt cluichí. Léigh trí na ceisteanna **in Gníomhaíocht Bhaile – Ag spraoi agus ag foghlaim** agus iarr ar na tuismitheoirí a machnamh a dhéanamh orthu le linn dóibh a bheith ag breathnú ar na páistí agus iad i mbun súgartha.



## Ag spraoi agus ag foghlaim

An maith le do pháiste féin cluichí cur i gcéill a imirt?

---



---



---

Cad é is ábhar do na cluichí cur i gcéill seo?

---



---



---

An bhfuil cluiche ar leith ann a thaitníonn go mór leis an bpáiste agus a imríonn sí go minic?

---



---



---

An úsáideann sí bréagán nó aon fhearas eile le linn an chluiche seo, nó an ngléasann sí í féin le haghaidh an chluiche?

---



---



---

An mbíonn páistí eile páirteach ann?

---



---



---

An bhfuil gnéithe den léitheoireacht, den scríbhneoireacht nó den mhatamaitic ag baint leis na cluichí seo? An féidir leat samplaí a lua?


---



---



---



### Nótaí an tSeisiúin

Cad iad na rudaí ar éirigh go maith leo sa seisiún seo?

---

---

---

An raibh aon deacrachartaí ar leith ann?

---

---

---

Ar nocht na tuismitheoirí aon tuairim i leith ábhar an tseisiúin seo?

---

---

---

Cad é mar a rinne tú freastal ar riachtanais agus ar ábhair spéise éagsúla?

---

---

---

An bhfuil aon ní ann a dhéanfá ar shlí eile dá mbeadh seisiún mar seo le  
réachtáil agat arís?

---

---


---

# 14

## Focail scoir








### Sa seisiún seo, beidh na tuismitheoirí:

- ag caint faoina dtaithí foghlama le linn an chúrsa seo;
- ag plé na rudaí is mó a bhfuil suim acu iontu agus a riachtanais foghlama amach anseo;
- ag plé na n-acmhainní pobail ar féidir le teaghlaigh leas a bhaint astu;
- measúnú a dhéanamh ar an gcúrsa ar fad.

Réimse	Tasc	Am	Lth.
Réamhrá		10 nóim.	288
<b>An doras a oscailt</b>	<b>1</b>	<b>30 nóim.</b>	<b>289</b>
<b>Ár n-acmhainní féin</b>	<b>2</b>	<b>45 nóim.</b>	<b>290</b>
Ár n-acmhainní féin			291
<b>An cúrsa á mheas</b>	<b>3</b>	<b>15 nóim.</b>	<b>292</b>
An cúrsa á mheas			293-294
<b>An meall mó ar deireadh</b>	<b>4</b>	<b>30 nóim.</b>	<b>295</b>
Nótaí measúnaithe le haghaidh an phacáiste seo (do na héascaitheoirí)			296-297
Nótaí an tSeisiúin			298



## Réamhrá

### Uillmhúchán:



Beidh smeach-chairt agus marcóirí de dhíth ort.



Bailigh le chéile ábhair le haghaidh taispeántais faoi acmhainní eile atá le fáil sa phobal, mar shampla ranganna do dhaoine fásta, cúrsaí FÁS agus scéimeanna oiliúna eile, seirbhísí naónlainne lae/feighlíocht leanáí, seirbhísí a thugann tacáfocht do theaghlaigh, seirbhísí cúnaimh dhlíthiúil, comhairle faoi bhainistiú airgid agus seirbhísí eile airgeadais, ionaid phobail, grúpaí tacáfochta, scéimeanna le haghaidh liúntais tithíochta agus cíosa, eolas faoin mBord Sláinte agus faoin gCóras Leasa Shóisialaigh. Bíodh roinnt eolairí teileafóin ann agus foinsí eile a thugann eolas faoin gceantar.

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Caith súil siar ar **Ghníomhaíocht Bhaile – Ag spraoi agus ag foghlaim**.


Iarr ar na tuismitheoirí a dtuairimí a noctadadh faoi **'Drochlá Ruairí'**.

Má tá aon duine de na tuismitheoirí ann a chríochnaigh an saothar sa bhaile, cuir am ar fáil le gur féidir leo a gcuid oibre a chur i láthair.

Is é atá sa seisiún deireanach seo ná straitéis a chuirfidh ar chumas na n-eascaitheoirí críoch a chur ar an gcúrsa agus tulileadh deiseanna foghlama a chur i láthair na dtuismitheoirí.

Mínigh do na tuismitheoirí gurb é seo an seisiún deireanach den chúrsa agus gurb é an rud is mó atá le déanamh ná comhghairdeas a dhéanamh leo as an bpáirt a ghlac siad sa chúrsa agus as an méid a chuir siad i gcrích lena linn. Beidh orthu chomh maith roinnt ama a chaitheamh ag déanamh a machnaimh faoin gcúrsa. Mar shampla, an ndearnadh freastal orthu faoi mar a bhí siad ag súil leis? Cad iad na riachtanais agus na hábhair spéise eile atá acu agus ag na páistí? Beidh tusa ag cur eolais ar fáil dóibh conas leas a bhaint as seirbhísí eile a oireann dá riachtanais agus dá n-ábhair spéise.





## An Doras a oscailt

### Uillmhúchán:



Beidh smeach-chairt, páipéar, marcóirí agus Blu-Tack de dhíth ort.

Scriobh na pointí plé ar an smeach-chairt.

### Stiúradh na gníomhaíochta:

Go dtí seo, bhí an cursa dírithe ar conas is féidir leis na tuismitheoirí cabhrú lena gcuid páistí sa phróiseas foghlama. Is é cuspóir an tseisiúin seo, áfach, ceangal a chruthú idir na rudaí a d'fhoghlaím na tuismitheoirí agus na chéad chéimeanna eile atá le tógáil.

Iarr ar na tuismitheoirí a bheith ag obair le chéile i ngrúpaí beirte. Tabhair leathanach smeach-chairte do gach beirt.

Dírigh a n-aird ar na ceisteanna atá scríofa ar an smeach-chairt agat.

Iarr orthu na ceisteanna seo a phlé i dteannta a gcomrádaithe agus a gcuid freagraí a scriobh ar leathanach smeach-chairte.

Nuair atá gach duine réidh, abair leo na leathanaigh a ghreadamú den bhalla. Is féidir leo ansin siúl thart agus na freagraí éagsúla a phlé lena chéile.

Bíodh aird ar leith agat ar a gcuid moltaí i dtaobh rudaí ba mhaith leo a fhoghlaím amach anseo. An bhfuil bealach ar bith ann a bhféadfadh bhur bhfoireannsa cursaí breise a sholáthar? An féidir leat féin comhairle a chur orthu le gur féidir leo leas a bhaint as seirbhísí asoideachais eile?

### Pointí plé:

- *Nuair a roghnaigh tú an cursa seo, an raibh aon tuairim agat faoin gcineál cursa a bheadh ann?*
- *Cad é an rud is tábhactaí, dar leat, a rinne tú le linn an chúrsa seo?*
- *An ndearna tú aon rud le linn an chúrsa a bhí ina ábhar bróid agus sásaimh duit?*
